


# An tAm i Láthair á Chosaint. An Todhchaí á Cothú.

Tuarascáil Bhliantúil 2024

EirGrid GROUP

# Clár na nÁbhar



| | |
|---|---|
| **RÉAMHRÁ** | **4** |
| **TUARASCÁIL ÓN gCATHAOIRLEACH** | **6** |
| **TUARASCÁIL AN PHRÍOMHFHEIDHMEANNAIGH** | **16** |
| **ATHBHREITHNIÚ AIRGEADAIS** | **28** |
| **ATHBHREITHNIÚ GNÓ** | **36** |
| An Dlí Aeráide agus Earnáil an Leictreachais | 37 |
| Aistriú Slán | 42 |
| Oibríochtaí Córais | 42 |
| An tIdirnascaire Ceilteach | 56 |
| Feidhmiú Bonneagair | 58 |
| Bonneagair a Cuireadh ar Fáil in 2023-24 | 59 |
| Amach ón gCósta | 66 |
| Tar éis 2030 | 68 |
| An Margadh Leictreachais Aonair (MLA) | 69 |
| **TUARASCÁIL AR GHNÓ FREAGRACH** | **74** |
| Ár dTuras Inbhuanaitheachta | 78 |
| Gníomhú Ar Son na hAeráide agus Claochlú an Chórais Leictreachais a Spreagadh | 80 |
| Tiomanta do Shochaí Inbhuanaithe | 88 |
| A bheith inár nGnólacht Freagrach | 106 |
| **RIALACHAS CORPARÁIDEACH** | **118** |
| Ráiteas Rialachais Chorparáidigh an Chathaoirligh | 119 |
| Tuarascáil Rialachais an Bhoird | 130 |
| Tuarascáil na Stiúrthóirí | 162 |
| Ráiteas Freagrachtaí na Stiúrthóirí | 166 |
| **ACRAINMNEACHA AGUS GLUAIS TÉARMAÍ** | **168** |
| **RÁITIS AIRGEADAIS** | **176** |

# Straitéis Ghrúpa
## go dtí 2025

### Ár gCuspóir
Athrú ó bhonn a dhéanamh ar an gcóras cumhachta ar son na nglúnta atá le teacht

### An Phríomhsprioc atá Againn
Earnáil leictreachais na hÉireann a threorú maidir le hinbhuanaitheacht agus dícharbónú



### Ár Spriocanna Tacúla

| Eangach agus margadh uile-oileáin na hÉireann a oibriú, a fhorbairt agus a fheabhsú | Obair a dhéanamh le páirtithe ar son athrú dearfach | Rannpháirtíocht a dhéanamh chun torthaí níos fearr do chách a bhaint amach |
|---|---|---|

# 2023-24 Súil Siar ar an mBliain

## An 1 Deireadh Fómhair 2023 go dtí an 30 Meán Fómhair 2024

Brabús roimh cháin
**€9.8m**

Bunbhrabús
**€25.6m**

Buaic-uaséileamh nua d'Éirinn:
**5,577 MV**
18 Eanáir 2024

An méid is mó fuinnimh gaoithe taifeadta d'Éirinn
**3,866 MV**
6 Nollaig 2023

**75% TNC** i bhfeidhm
665 uair níos mó ná 70% TNC
Staidéir do 80% TNC á ndéanamh

Acmhainneacht a fuinnmhíodh i mbliana:
**239 MV** Fuinneamh Gréine
**214 MV** Fuinneamh Gaoithe
**289 MV** Stóráil

Laghdaíodh an t-íoslíon gineadóirí traidisiúnta a theastaíonn ar an gcóras ó
**5 go 4 ↓**

Tógáil Thionscadal an Idirnascaire Cheiltigh
**575km**
a nascann Éire leis an bhFrainc

Os cionn
**800,000**
– an líon measta uaireanta oibre tiomnaithe don tionscadal ó síníodh an conradh

**€992,437**
curtha ar fáil ag Cistí Sochair Pobail EirGrid chun tacú le pobail agus le cúiseanna maithe áitiúla.

Foilsiú
**Cásanna Fuinnimh na Todhchaí 2023**
- pleanáil do riachtanais fuinnimh na hÉireann a bheidh ann sa todhchaí

**9** Seó Bóthair do Shaoránaigh Fuinnimh
a chuir breis is
**900**
duine a bhí i láthair ar an eolas



# Táimid ag athrú don todhchaí, duitse.

**Oibríonn agus forbraíonn EirGrid an córas tarchuir leictreachais in Éirinn agus, le déanaí, tugadh sainordú dó eangach amach ó chósta na hÉireann a oibriú agus a fhorbairt, agus a bheith ina úinéir uirthi. Oibrímid, forbraímid agus feabhsaímid an córas cumhachta agus an margadh leictreachais mórdhíola. Chomh maith leis sin, forbraímid agus oibrímid idirnascairí le heangacha in aice linn agus cumasaímid idirnascairí tríú páirtí. Seolaimid cumhacht ón áit a ngintear í chuig an áit ina bhfuil sí ag teastáil.**

Éileoidh an fás ar leictreachas glan ó fhoinsí in-athnuaite an córas leictreachais a athrú ó bhonn, agus tá ról lárnach ag EirGrid sa chomhthéacs seo. Toisc gur féidir leictreachas a ghiniúint gan astaíochtaí carbóin, beidh ról lárnach aige inár bhfreagairt ar an athrú aeráide.

Sa tuarascáil bhliantúil seo clúdaítear an tréimhse idir an 1 Deireadh Fómhair 2023 agus an 30 Meán Fómhair 2024. Le linn na tréimhse seo, leanamar de bheith ag obair chun an t-athrú is gá san earnáil leictreachais a chur i bhfeidhm chun spriocanna fuinnimh agus aeráide na hÉireann 2030 a bhaint amach, go háirithe maidir le garspriocanna suntasacha a bhaint amach chun an córas cumhachta a athrú agus ár mórthionscadail bhonneagair is airde tosaíochta a chur chun cinn.

Chomh maith le dlús a chur leis an aistriú fuinnimh agus le dícharbónú chomh héifeachtach agus chomh héifeachtúil agus is féidir ó thaobh costas de, tá sé ríthábhachtach go leantar de thacaíocht a thabhairt do shlándáil an tsoláthair. Lean EirGrid de bheith ag obair i ndlúthpháirt le príomhpháirtithe leasmhara chun déileáil leis an gceist seo ar bhonn gearrthéarmach agus le comhairle a chur ar fáil agus moltaí a dhéanamh maidir le straitéisí fadtéarmacha a d'fhéadfadh a bheith ag teastáil.



# Tuarascáil ón gCathaoirleach

01

## Réamhrá

Cúis áthais dom Tuarascáil Bhliantúil Ghrúpa EirGrid don bhliain airgeadais 2023-24 a chur i láthair. Bhí bliain rathúil ag EirGrid i mbun an chórais leictreachais a oibriú go sábháilte agus go slán, in ainneoin cúinsí dúshlánacha, agus ag an am céanna chomhlíon sé príomhghnéithe Straitéis *EirGrid 2020-2025* chun rannchuidiú le spriocanna fuinnimh in-athnuaite agus aeráide an Rialtais a bhaint amach.

Tá aitheantas idirnáisiúnta ar EirGrid as réitigh teicneolaíochta nuálaí a sholáthar chun tuilleadh fuinneamh in-athnuaite a chomhtháthú leis an eangach, rud a thacóidh le fuinneamh níos glaine a sholáthar sa todhchaí. Ag aon am amháin, is féidir le 75% de ghiniúint leictreachais na hÉireann teacht ó fhoinsí fuinnimh athraitheacha in-athnuaite ar nós na gaoithe agus na gréine, agus le linn na bliana airgeadais chuireamar dlús lenár gcuid oibre chun é seo a mhéadú go 80%, tasc nach beag a bhí ann.

Cé go n-aithnímid ár n-éachtaí ceannródaíocha maidir le fuinneamh in-athnuaite a chomhtháthú leis an eangach leictreachais, tá obair fós le déanamh agus dúshláin fós le sárú chun spriocanna uaillmhianacha dícharbónaithe an Rialtais a bhaint amach. Ní raibh an ghéarchéim aeráide riamh chomh forleathan agus tá na héifeachtaí fós ag dul i dtreise. Ba í 2023 an bhliain is teo ar domhan ó tosaíodh le taifid a dhéanamh; de réir taifid dhomhanda le 174 bliain anuas, tharla na deich mbliana is teo laistigh de dheich mbliana anuas (2014–2023), agus tá gach seans go ndéanfar na curiarrachtaí sin a shárú arís in 2024.





**Brendan Tuohy**
Cathaoirleach, EirGrid cpt

Is í an straitéis idirnáisiúnta atá glactha chun aghaidh a thabhairt ar thionchar an athraithe aeráide ná an méid is féidir a leictriú (ar chostas chomh réasúnta agus is féidir) a leictriú agus an córas leictreachais a dhícharbónú ina dhiaidh. Beidh ról ríthábhachtach ag an gcóras leictreachais agus cumhachta i dtaca le dul chun cinn eacnamaíoch agus sóisialta amach anseo, agus tá ról lárnach ag EirGrid ní hamháin chun tacú le cuspóirí na hÉireann chun aghaidh a thabhairt ar an athrú aeráide, ach freisin chun tacú leis an dul chun cinn seo amach anseo.

In 2023-24, rinne EirGrid dul chun cinn suntasach ar fud roinnt réimsí chun ár bpáirt a ghlacadh chun spriocanna na hÉireann i dtaca le dul i ngleic le hathrú aeráide a bhaint amach. Áiríodh leis seo cur i bhfeidhm leanúnach ár *dTreochláir maidir lenár dTodhchaí Leictreachais a Mhúnlú l1.1 (TTLM v1.1)* chun na hathruithe oibriúcháin eangaí a theastaíonn a phleanáil agus a chur i bhfeidhm, rud a d'athraigh an margadh leictreachais ó bhun, chomh maith le dul chun cinn a dhéanamh ar an *Idirnascaire Ceilteach* agus ar ár bpunann fhairsing de thionscadail forbartha líonra tarchuir. Leagamar amach freisin ár bhfís agus ár gcuspóirí uaillmhianacha do na cúig bliana amach romhainn trínár n-ullmhúcháin dár n-aighneacht Athbhreithnithe Praghsanna 6 (AP6) chuig an gCoimisiún um Rialáil Fóntais (CRU) chun freastal ar na héilimh mhéadaitheacha ar fhuinneamh sa todhchaí, rud a fhágann gur féidir 80% de leictreachas na hÉireann a ghiniúint ó fhoinsí fuinnimh in-athnuaite agus a sholáthraíonn córas leictreachais atá slán, iontaofa agus inacmhainne do thomhaltóirí.

## Fócas Beartais Fuinnimh na hEorpa

Bliain shuntasach a bhí ann ó thaobh forbairt beartais fuinnimh de ar leibhéal an AE. Tá Éire ag obair ar an *Treoir maidir le Fuinneamh In-athnuaite* (TFI III) leasaithe, ina leagtar amach sprioc ar fud an AE de 42.5% ar a laghad (ach a bhfuil 45% mar aidhm aige) d'fhuinneamh in-athnuaite san iomlán faoi 2030, a thrasuíomh. I mí na Nollag 2023, thángthas ar chomhaontú idir Parlaimint na hEorpa agus Comhairle an AE maidir le nuashonruithe ar *Dhearadh an Mhargaidh Leictreachais*. I mí Feabhra 2024, ag cur leis na spriocanna 2030 agus 2050 a leagadh síos cheana féin, d'fhoilsigh an Coimisiún Eorpach a *Sprioc Aeráide 2040*, ina moltar laghdú astaíochtaí Gás Ceaptha Teasa (GCTanna) de 90% faoi 2040 i gcomparáid le leibhéil in 1990, agus neodracht carbóin a bhaint amach go hiomlán faoi 2050.

I mí na Bealtaine 2024, shínigh Éire, an Bheilg agus an RA *Comhráiteas Trí-Náisiúnta* maidir le hidirnasc agus le foinsí in-athnuaite fuinnimh. Réiteoidh sé seo an bealach do thuilleadh comhair idir na trí thír, agus cuirfidh idirnasc amach anseo ar chumas na hÉireann rochtain a fháil ar níos mó margaí agus a lánacmhainneacht a bhaint amach maidir le forbairt fuinnimh gaoithe amach ón gcósta.

I mí Mheán Fómhair 2024, d'fhoilsigh an Coimisiún Eorpach *Tuarascáil ar Staid an Aontais Fuinnimh 2024*, inar léiríodh dul chun cinn suntasach agus leanúnach maidir le fás an fhuinnimh in-athnuaite. Ghin foinsí in-athnuaite 50% de leictreachas an AE sa chéad leath de 2024, agus tá fuinneamh gaoithe anois ar an dara foinse leictreachais is mó san AE, chun cinn ar ghás. Mar sin féin, tá obair agus dúshláin shuntasacha fós ann maidir le spriocanna aeráidneodrachta *2050* a bhaint amach agus maidir le praghsanna leictreachais a laghdú do thomhaltóirí ar fud an Aontais.

Chomh maith leis sin, i mí Mheán Fómhair foilsíodh *Todhchaí Iomaíochas na hEorpa*, ar a dtugtar 'Tuarascáil Draghi', ina leagtar amach na príomhthorthaí maidir le hearnáil fuinnimh an Aontais. Meastar sa tuarascáil go mbeidh €6 billiún d'infheistíocht ag teastáil go bliantúil do thionscadail eangaí agus idirnaisc, agus tugtar faoi deara go gcuideoidh uasghráduithe linn ní hamháin le dícharbónú, ach go mbeidh feabhas ar éifeachtúlachtaí, laghdófar costais agus go méadófar iomaíochas an AE dá bharr.

## Straitéis EirGrid a Chur i bhFeidhm

Tar éis dúinn ár straitéis a sheoladh in 2019, tá sé chomh hábhartha anois agus a bhí riamh, agus leanamar ar aghaidh ag déanamh dul chun cinn suntasach maidir lena haidhmeanna a bhaint amach. Chonacthas forbairtí úrnua le linn na bliana airgeadais seo caite maidir le fuinneamh in-athnuaite a chomhtháthú sa chóras leictreachais agus conair a leagan síos i dtreo córas dícharbónaithe.

Leanaimid de na gníomhartha a chur i bhfeidhm atá leagtha amach inár *dTreochlár TTLM l1.1*, atá riachtanach chun na cuspóirí beartais leictreachais atá leagtha amach i *bPleananna Gníomhaíochta Aeráide* an Rialtais a bhaint amach. Is mór an obair a theastaíonn chun na cuspóirí seo a bhaint amach, agus leanann EirGrid de bheith i dteagmháil leis na páirtithe leasmhara go léir mar chuid dá thiomantas maidir le cur chun feidhme.

Baineadh amach garsprioc shuntasach i stair fhuinneamh na hÉireann i mí na Samhna 2023, nuair a briseadh talamh don Idirnascaire Ceilteach, an chéad nasc fuinnimh díreach idir Éire agus mórthír na hEorpa. Bhaineamar amach garspriocanna tábhachtacha freisin maidir lenár mórthionscadail forbartha eangaí agus leanaimid de theagmháil a dhéanamh lenár bpáirtithe leasmhara chun dlús a chur leis na tionscadail tosaíochta atá aitheanta againn chun an tionchar is mó a sholáthar maidir le giniúint in-athnuaite a éascú.

In 2023-24, bhaineamar tasc suntasach amach trí laghdú a dhéanamh ar an líon íosta de ghnáthghineadóirí a theastaíonn chun oibriú ag aon am amháin ó chúig go ceithre (tá na gineadóirí seo riachtanach chun táimhe a sholáthar ar an gcóras leictreachais) agus tríd an soláthar seirbhísí ísealcharbóin a theastaíonn chun an eangach a chobhsú le leibhéil arda giniúna in-athnuaite a chur chun cinn. Chuireamar tús freisin le staidéir chun anailís a dhéanamh ar an méid fuinnimh in-athnuaite is féidir a chur ar an eangach ag aon am amháin a mhéadú tuilleadh, ar a dtugtar Treá Neamhshioncrónach Córais (TNC), ó 75% suas go 80%. Le haghaidh tuilleadh eolais ar TNC féach leathanach 44.

Leanadh d'fhorbairt a dhéanamh ar fhuinneamh gaoithe amach ón gcósta thar thionscadail Chéim 1 agus 2, lena n-áirítear dul chun cinn suntasach ar an gcreat rialála a theastaíonn. Leanaimid de bheith i dteagmháil le forbróirí Chéim 1 maidir le naisc eangaí agus comhaontuithe ceannacháin sócmhainní. I mí na Bealtaine 2024, d'fhoilsigh an Rialtas an *Creat um Fhuinneamh In-athnuaite Amach ón gCósta sa Todhchaí* ina leagtar síos 29 príomhghníomhaíocht chun cur chuige fadtéarmach agus plean-threoraithe na hÉireann maidir le gaoth amach ón gcósta a fhorbairt, is príomhfhorbairt atá ann do Chéim 2. Tar éis dheireadh na bliana airgeadais, baineadh garsprioc shuntasach amach nuair a d'fhaomh an tOireachtas an *Plean Limistéir Mhuirí Ainmnithe an Chósta Theas* (PLMA CT), inar leagadh amach ceithre limistéar mhuirí d'fhorbairt ghaoithe amach ón gcósta Chéim 2 sa todhchaí agus le go bhféadfar an dara ceant gaoithe amach ón gcósta (*STLIE Tonn Nua*) a dhéanamh sa chéad leath de 2025.

## Rannpháirtíocht Phoiblí agus Rannpháirtíocht sa Phobal

Agus líon mór dúshlán romhainn maidir leis an gcóras leictreachais a dhícharbónú, tá sé ríthábhachtach go leanfaimid ag obair go dlúth leis an bpobal agus le pobail áitiúla chun a chinntiú go bhfuil ár gcuid oibre ailínithe le daoine ar an talamh. Leanaimid de bheith tiomanta do chaidreamh a dhéanamh leis an bpobal agus tionchar dearfach a bheith againn ar na pobail áitiúla a mbímid ag obair leo trínár *Straitéis Rannpháirtíochta Phoiblí*.

Le linn na bliana airgeadais seo caite, leanadh lenár *Seónna ar Fhuinneamh do Shaoránaigh*, le himeachtaí faisnéise ar siúl i naoi gcontae. Agus muid ag obair lenár gcomhpháirtithe i Líonraí BSL agus Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann, is é an aidhm atá leis na himeachtaí seo ná eolas maidir lenár bpleananna chun an eangach a fhorbairt agus a chosaint don todhchaí a roinnt le pobail áitiúla, agus eolas a sholáthar maidir le micrighiniúint, uasghráduithe fuinnimh tí, deontais aisfheistithe, agus ár bpleananna forbartha réigiúnacha.

Leanamar freisin lenár ngníomhaíochtaí tábhachtacha teagmhála pobail áitiúla ar fud na tíre i gceantair a bhfuil tionchar ag ár dtionscadail bhonneagair orthu, lena n-áirítear imeachtaí faisnéise, comhairliúcháin phoiblí, fóraim phobail agus bronnadh cistí suntasacha sochair pobail chun tacú le cúiseanna áitiúla. Go háirithe, mar chuid dár n-obair shuntasach ar an Idirnascaire Ceilteach, chuamar i dteagmháil go mór le pobail áitiúla agus le húinéirí talún ar feadh an bhealaigh le linn dúinn an príomhthionscadal seo a chur i bhfeidhm. Bunaíodh *Ciste Sochair Pobail an Idirnascaire* Cheiltigh chun aitheantas a thabhairt do ról na bpobal áitiúil maidir le tacaíocht a thabhairt d'fhorbairt na heangaí leictreachais agus lena chinntiú go mbaineann siad leas as ár gcuid oibre sa cheantar. Go dtí deireadh na bliana airgeadais, bronnadh maoiniú ar luach €838,987 as Ciste Sochair Pobail iomlán de luach €2.4 milliún thar 29 tionscadal pobail in Oirthear Chorcaí.



## Slándáil an tSoláthair

Cuireadh an-chuid tionscadal GhiniúnaÉigeandála Sealadach (GES) i bhfeidhm sa bhliain 2023-24. In ainneoin roinnt moille ar an gcur i gcrích, tá acmhainneacht i bhfad níos ísle tuartha inár dtuarascáil ar Ionchas *Geimhridh 2024/25* maidir le foláirimh chórais thar thréimhse an gheimhridh, an toradh spreagúil é a chuireann leis an dul chun cinn atá déanta le trí bliana anuas ag EirGrid, CRU agus an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide (RCAC) chun an Clár um Shlándáil Soláthair Leictreachais faoi stiúir an CRU a chur i bhfeidhm.

In 2023-24 mhéadaigh na hÚdaráis Rialála an chaidhp phraghais ceant do na ceantanna margaidh acmhainneachta chomh maith le bearta eile a thabhairt isteach. Cabhróidh soláthair rathúil acmhainneacht trí na ceantanna seo le haghaidh a thabhairt ar dhúshláin slándála soláthair sna blianta amach romhainn.

## Seachadadh na Straitéise Inbhuanaitheachta

Táimid ag leanúint le cur chun cinn a dhéanamh ar *Straitéis Inbhuanaitheachta* Eirgrid a chur i bhfeidhm. Tá athrú á chur chun feidhme ag an eagraíocht d'fhonn a chinntiú gur féidir linn ár gcuspóirí straitéiseacha a chur i bhfeidhm ar fud caighdeáin chomhshaoil, shóisialta agus rialachais. Dírítear aird ar thuilleadh faisnéise sa rannán Gnó Fhreagraigh den Tuarascáil Bhliantúil seo.

Is díol suntais le linn 2023-24 é gur seoladh líonraí nua éagsúlachta faoi stiúir fostaithe EirGrid: Gender Matters, Bród, Culture Connect, agus Supported Embraced Enabled and Nurtured (S.E.E.N). Leanamar freisin lenár dtiomantas do thionscnaimh Gnó sa Phobal in Éirinn (GSPE) lena n-áirítear an Gealltanas Ardaithe, An Gealltanas Ísealcharbóin, Séala an Ghnó ag Obair go Freagrach, agus chuireamar críoch lenár mbeart loirg astaíochtaí carbóin 2023. I measc na dtionscnamh eile faoin straitéis seo tá sármhaitheas leanúnach i gcomhpháirtíochtaí sóisialta agus gealltanais chun an bhithéagsúlacht a chosaint agus a chothú.

Leanamar le hullmhúcháin a dhéanamh chun ár gclár inbhuanaitheachta a ailíniú le *Treoir maidir le Tuairisciú Corparáideach i dtaca le hInbhuanaitheacht* an AE (TTCI) trí phlean cur chun feidhme ilbhliantúil a threoróidh an eagraíocht agus í ag forbairt a céad tuarascáil TTIC don bhliain airgeadais 2026-27.

## Comhdhéanamh an Bhoird

Ba mhaith liom fáilte a chur roimh Ivan Schuster chuig Bord EirGrid cpt, arna cheapadh i mí an Mhárta 2024. Chuaigh an tUasal Michael O'Sullivan agus an tUasal Mark Foley ar scor ón mBord i mí na Nollag 2023 agus mí Aibreáin 2024 faoi seach agus ba mhaith liom aitheantas agus moladh a thabhairt dóibh as a gcuidiú leis an gcuideachta le linn an tseala a chaith siad ar an mBord. Is mian liom buíochas a ghabháil le comhaltaí uile an Bhoird as a gcuid cabhrach í le linn na bliana airgeadais.


Ar an 30 Meán Fómhair 2024, bhí folúntas amháin fós ar fáil ar Bhord EirGrid cpt, atá le haghaidh ról Phríomhfheidhmeannach Ghrúpa EirGrid, ról comhalta Boird ex-officio.

## Rialachas SONI

Tar éis chinneadh an Rialtóra Fóntas (RF) i dTuaisceart Éireann ar rialachas SONI in 2022, lean EirGrid agus SONI den chlár riachtanach díchumaisc a chur chun cinn le linn na bliana airgeadais, agus dhírigh sé ar réiteach pragmatach a éascú a laghdóidh an cur isteach ar an timpeallacht oibriúcháin.









## Ag Breathnú ar an Todhchaí

Le linn tréimhse ina bhfuil éiginnteacht shuntasach gheopholaitiúil ar fud an domhain, agus ina bhfuil go leor tíortha ag déanamh machnaimh ar conas a thabharfaidh siad aghaidh ar an athrú aeráide, tá sé ríthábhachtach go leanann Éire lena tiomantas dá páirt a ghlacadh chun aghaidh a thabhairt ar an athrú aeráide agus aistriú go sochaí ísealcharbóin. Agus dícheall á dhéanamh chun na spriocanna seo a bhaint amach, tá sé tábhachtach a thuiscint go bhfuil dúshláin shuntasacha le sárú agus go gcruthófaí fadhbanna móra don domhan mura mbainfear na spriocanna sin amach.

I measc na ndúshlán a dtabharfar aghaidh orthu beidh rolladh amach bonneagair shuntasaigh leictreachais (giniúint, stóráil agus tarchur) ar bhealach tráthúil agus éifeachtach. Ba cheart go dtuigfí go bhfuil an cumas chun acmhainneacht iompair eangach leictreachais na hÉireann a leathnú ríthábhachtach chun iomaíochas eacnamaíoch idirnáisiúnta na hÉireann a chinntiú agus go bhfuil sé ríthábhachtach chun an tír a oiriúnú chun leas a bhaint as tionscail agus teicneolaíochtaí sa todhchaí.

Níl na hacmhainní fuinnimh in-athnuaite atá ar fáil in Éirinn (gaoth, grian agus hidrea-acmhainneacht theoranta) ar fáil ach ó am go ham den chuid is mó agus is dócha go mbeidh dúshlán ar leith ann mar gheall air maidir le giniúint ísealcharbóin a sholáthar le linn tréimhsí nuair atá an ghaoth íseal agus nach bhfuil an ghrian ar fáil. Toisc go bhféadfadh raon níos leithne d'acmhainní in-athnuaite agus ísealcharbóin a bheith san áireamh sna roghanna atá ar fáil i dtíortha eile (amhail fuinneamh hidrileictreach, fuinneamh núicléach agus fuinneamh geoiteirmeach ar mhórscála), d'fhéadfadh sé seo ligean do thíortha eile buntáiste straitéiseach a bheith acu maidir lena gcórais fuinnimh a dhícharbónú, rud a d'fhéadfadh impleachtaí tromchúiseacha a bheith aige d'iomaíochas idirnáisiúnta na hÉireann. Tá sé ríthábhachtach mar sin go measfar gach rogha fhéideartha atá ar fáil chun a chinntiú go mbeidh córas fuinnimh na hÉireann sa todhchaí iontaofa, inbhuanaithe, iomaíoch go hidirnáisiúnta agus inacmhainne.

Ar a laghad, ní mór dúinn a bheith go hiomlán ar an eolas faoin tionchar a bhaineann leis an raon níos leithne roghanna atá ar fáil do na tíortha eile, agus ní mór raon iomlán na roghanna sin a bheith san áireamh inár n-anailísí féin, ionas gur féidir linn cinntí láneolasacha a dhéanamh. Thar an méid sin, ba cheart machnamh dáiríre a dhéanamh ar conas an raon roghanna atá ar fáil d'Éirinn a mhéadú, agus cé gur féidir nach bhfuil tóir ar chuid de na roghanna (mar shampla, úsáid fuinnimh núicléach), tá sé tábhachtach go ndéanfaí machnamh dáiríre orthu.

## Ráiteas Clabhsúir

Is mian liom buíochas a ghabháil leis an Aire Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide, Eamon Ryan TD, agus guím gach rath air tar éis dó a chinneadh éirí as a phost mar TD. Ba mhór againn a bheith ag obair leis agus ba mhaith linn ár mbuíochas a chur in iúl as an tacaíocht láidir a thug sé ní hamháin do EirGrid ach don earnáil leictreachais trí chéile freisin. Ba mhaith liom buíochas a ghabháil freisin lena oifigigh sa roinn agus leis an Ard-Rúnaí, Oonagh Buckley, as an tacaíocht a thug siad agus as a bheith ag comhoibriú le EirGrid le linn na bliana airgeadais. Gabhaim buíochas freisin leis an gCoimisiún um Rialáil Fóntais as a chuid oibre agus as an teagmháil a rinne sí linn i rith na bliana.

Gabhaim buíochas lenár gcomhghleacaithe in SONI Teo as a gcomhoibriú leanúnach i ndáil le cur chun feidhme chinneadh an Rialtóra Fóntas maidir le rialachas agus modhnuithe SONI ar a cheadúnas oibreora córais tarchuir (OCT).

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil freisin leis an bPríomhfheidhmeannach Eatramhach, Martin Corrigan, leis an bhFoireann Feidhmiúcháin, agus leis na comhaltaí eile atá ar an mBord liom as a dtiomantas, a gceannaireacht agus a dtacaíocht.

Mar fhocal scoir, thar ceann an Bhoird, ba mhaith liom ár ndaoine go léir in EirGrid a mholadh as a gcuid oibre leanúnaí chun cur i bhfeidhm ár Straitéise a chur chun cinn go rathúil. Cúis áthais ba ea an leibhéal tiomantais, díograise agus spreagtha a tugadh faoi deara i measc bhaill foirne Ghrúpa EirGrid le bliain anuas agus táimid an-bhuíoch as seo.

**Brendan Tuohy**
Cathaoirleach, EirGrid cpt



Feirm Ghaoithe Dhroim Cáithe, Co. Uíbh Fhailí

Grianghraf le Alta Bekker, Ceannasaí Comhlíontachta

Thosaigh Alta ag obair le EirGrid i mí Feabhra 2024 mar cheannasaí Comhlíontacha san fhoireann Rialachais, Riosca agus Comhlíontacha. Taitníonn siúlóidí dúlra agus grianghrafadóireacht léi.

Grids continue to grow.
While wind continues to blow,
Ireland leading the lines.

Strong ambition is clear,
While target deadlines grow near,
Ireland leading the lines.

Mosses regrow our bog,
While plans tackle carbon fog,
Ireland leading the lines.

Energy keeps us alive,
While embracing ambition and drive,
Ireland leading the lines.

Rolling green fields remain,
While turbines turn the vane,
It's no surprise – Ireland leading the lines.

'Living Lines'

Dán le Rachel Berney, Anailísí Tionscadail

Tá Rachel ag obair in EirGrid ón mbliain 2019. Oibríonn sí ar thionscadail laistigh den fhoireann Oibríochtaí sa Todhchaí. Tá sí paiseanta faoin aistriú fuinnimh amach anseo agus faoinár dtionchar ar an gcomhshaol.

# Tuarascáil an Phríomh-fheidhmeannaigh

02



## Réamhrá

Is cúis áthais dom a thuairisciú gur leanadh le cur i bhfeidhm rathúil ár Straitéise ar feadh na bliana airgeadais seo, rud a thacaíonn lenár spriocanna an córas leictreachais a athrú chun freastal ar riachtanais na nglúnta reatha agus na nglúnta atá le teacht.

Ó mhí Dheireadh Fómhair 2023, bhí tús curtha le tógáil an Idirnascaire Cheiltigh, bhí dul chun cinn déanta ar ullmhacht ghaoithe amach ón gcósta, bhí feabhsuithe suntasacha déanta ar ionchas slándála soláthair an Stáit, agus bhí rathúlacht ann maidir le roinnt garspriocanna tábhachtacha a bhaint amach thar ár dtionscadail forbartha eangaí is airde tosaíochta.

Ós rud é go mbeidh rannpháirtíocht ó gach páirtí laistigh den éiceachóras i gceist leis an aistriú go córas leictreachais dícharbónaithe, leanamar de bheith ag obair lenár bpáirtithe leasmhara go léir. Go háirithe, leanamar de bheith ag tacú le hobair na Roinne Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide (RCAC) agus an Choimisiúin um Rialáil Fóntais (CRU) agus sinn ag obair le chéile chun spriocanna fuinnimh agus aeráide na hÉireann a bhaint amach.






**Martin Corrigan**
Príomhfheidhmeannach (Eatramhach)

# Príomhéachtaí in 2023-24

## An t-aistriú go córas leictreachais dícharbónaithe

Bhaineamar amach roinnt garspriocanna suntasacha inár bplean um aistriú i rith 2023-24.

Tá Éire ar thús cadhnaíochta ar fud an domhain maidir leis an leibhéal giniúna in-athnuaite ar féidir a bheith ar an eangach ag aon am ar leith, ar a dtugar Treá Neamhshioncronach Córais (TNC). Tar éis dúinn caighdeán nua 75% TNC a ghlacadh i mí an Mhárta 2022, chonaiceamar 665 uair an chloig ina raibh TNC níos mó ná 70% le linn na bliana airgeadais seo. Chuireamar tús freisin i dtreo dheireadh na bliana le hullmhúcháin a dhéanamh le tús a chur le trialacha chun TNC a mhéadú go 80%.

I mí Aibreáin 2024, laghdaigh EirGrid íoslíon na ngineadóirí traidisiúnta móra a oibríonn ar an eangach ag aon am ar leith ó chúig cinn go ceithre cinn tar éis trialacha fairsinge. Ina theannta sin, bhronn EirGrid conarthaí ar cheithre theicneolaíocht comhtháthaithe fuinnimh in-athnuaite, ar a dtugtar comhdhlúthadáin shioncronacha, a sholáthróidh Seirbhísí Táimhe Ísealcharbóin (STI). Laghdóidh an dá fhorbairt seo an gá atá le gineadóirí breosla iontaise, rud a chruthóidh níos mó deiseanna d'fhoinsí in-athnuaite chun freastal ar éilimh fuinnimh mhéadaitheacha.

## Forbairtí an Mhargaidh

Tá forbairt riachtanais an mhargaidh faoi shainchúram an CRU, agus ar roinnt ábhar i gcomhpháirt leis an Rialtóir Fóntas do Thuaisceart Éireann trí Choiste an Mhargaidh Leictreachais Aonair (CMLA). Leanamar le príomhról a ghlacadh, áfach, i gcur i bhfeidhm i rith na bliana.

Maidir le margaí sa todhchaí, rinneadh dul chun cinn suntasach freisin ar ghníomhaíochtaí dearaidh agus forbartha ar ár dtionscadal Sceidealaithe agus Seolta, a bhfuil sé mar aidhm aige feabhas a chur ar theicneolaíochtaí cumasúcháin in-athnuaite nua ar na margaí cumhachta, agus tá sé beartaithe é a chur i bhfeidhm ar bhonn céimnithe i rith 2025.

Rinneadh obair le linn na bliana airgeadais ar Shocruithe Seirbhísí Córais sa Todhchaí (SSCT), creat chun Seirbhísí Córais a sholáthar, a thacaíonn le hoibriú slán an chórais leictreachais le leibhéil níos airde de ghiniúint neamhshioncronach.



## Bonneagar

Rinneamar dul chun cinn suntasach le linn na bliana airgeadais ar roinnt príomhthionscadail bhonneagair ar fud na tíre a d'éascaigh aistriú chuig Líonraí BSL mar Úinéir na Sócmhainní Tarchuir (ÚST).

Lean tionscadal *Baile Átha Cliath a Chumhachtú* de chuid EirGrid ag dul chun cinn go tapa agus aithníodh na Roghanna Bealaigh is Fearr Feidhmíocht do thrí cinn de na cúig thionscadal athsholáthair cáblaí 220 kV agus na roghanna bealaigh is fearr feidhmíocht atá ag teacht chun cinn don dá cheann eile. Tugadh cead pleanála freisin do dhá cheann de na fostáisiúin 220 kV.

Bhain tionscadal 110 kV Chonnacht Thuaidh garsprioc mhór amach i mí na Nollag 2023 nuair a tugadh ar láimh é do Líonraí BSL (LBSL) lena chur i bhfeidhm, agus leanadh den rannpháirtíocht fhairsing le páirtithe leasmhara agus leis an bpobal áitiúil ar feadh na bliana.

Chuireamar ár n-iarratas pleanála faoi bhráid an Bhoird Pleanála do thionscadal uasghrádaithe Oirthear na Mí-Baile Átha Cliath Thuaidh i mí an Mhárta 2024 agus tá imscrúduithe talún ar bun agus muid ag fanacht ar an gcinneadh.

Rinneadh dul chun cinn leanúnach thar raon tionscadal eile, agus tá sonraí ina leith le fáil ar leathanach 56.

## Slándáil an tSoláthair

i mí Dheireadh Fómhair 2023, d'fhoilsíomar tuarascáil Ionchais Geimhridh 2023/24 ina dtabharfadh faoi deara, in ainneoin go raibh feabhas mór tagtha ar an ionchas ón mbliain roimhe sin, gur fhan sé faoi bhun an chaighdeáin. Tuaradh gur 21 uair an chloig a bhí san Ionchas maidir le Cailliúint Lóid (ICL) do na cúig mhí den tréimhse gheimhridh 2023-24, rud a bhí laghdaithe go mór é ó 51 uair an chloig don gheimhreadh 2022-23. D'éirigh linn é seo a bhainistiú le linn 2023-24, gan ach foláireamh córais amháin in Éirinn mar gheall nár chomhlíon an acmhainneacht ghiniúna an t-éileamh sa tréimhse.

Leanamar de dhul chun cinn a dhéanamh ar chur i bhfeidhm an Chláir um Shlándáil Soláthair Leictreachais faoi stiúir an CRU, faoina bhfuil 505 MV de Ghiniúint Éigeandála Shealadach (GES) ar fáil anois más gá. Ina theannta sin, tá 190 MV de ghiniúint nua gásdhainte agus 270 MV de stóráil ceallraí nua ar fáil anois don gheimhreadh 2024-25, arna chur ar fáil trí cheantanna margaidh acmhainne.

Léiríodh an dul chun cinn seo i bhfeabhsuithe breise a leagtar amach inár *hIonchas Geimhridh 2024/25*, a foilsíodh tar éis dheireadh na bliana airgeadais.

## Idirnasc

Leanamar de dhul chun cinn láidir a dhéanamh ar an Idirnascaire Ceilteach, cábla 700 MV, 575km faoin bhfarraige a nascann eangacha leictreachais na hÉireann agus na Fraince. Tar éis comhaontuithe conartha sa bhliain airgeadais 2022-23, cuireadh tús le hobair thógála ar talamh i mí na Samhna 2023.

Faoi dheireadh na bliana airgeadais, clasaíodh agus duchtaíodh 28km den bhealach ar talamh in Éirinn agus suiteáladh 27km den chábla Srutha Ailtéarnaigh Ardvoltais (SAAV) faoin talamh. Rinneadh dul chun cinn ar raon oibreacha ullmhúcháin sular cuireadh tús le hoibreacha áite theacht i dtír i gCorcaigh ó dheireadh 2024 agus sula gcuirfear tús le suiteáil cáblaí fomhuirí ó 2025.

In 2023-24, chríochnaigh EirGid na gníomhaíochtaí maidir le hullmhacht oibríochtúla agus margaidh d'Idirnascaire Greenlink, a shíneann ón Oileán Mór i gCo. Loch Garman go Sir Benfro sa Bhreatain Bheag, roimh ullmhacht an chustaiméara le haghaidh oibríocht tráchtála. Is príomhghné eile é seo chun slándáil fuinnimh a sholáthar agus chun an t-aistriú fuinnimh a chumasú.

I dteannta ár gcuid oibre ar an idirnascaire Ceilteach agus an t-idirnascaire Greenlink, leanamar den Idirnascaire Thoir-Thiar a oibriú go sábháilte agus go slán i rith na bliana.

## Fuinneamh gaoithe amach ón gcósta a Fhorbairt

Tá an tionscal leictreachais in-athnuaite amach ón gcósta á fhorbairt de réir céimeanna. Maidir le tionscadail Chéim 1, tá forbairt agus tógáil na sócmhainní tarchuir chun na feirmeacha gaoithe a nascadh faoi stiúir forbróra, ach beidh na sócmhainní sin faoi úinéireacht EirGrid ar deireadh. I gcéim 2, forbróidh EirGrid na sócmhainní tarchuir agus beidh siad faoina úinéireacht. Sa dá chéim, beidh na sócmhainní giniúna a thógáil ag forbróirí.

Le linn na bliana airgeadais bhíomar i dteagmháil le forbróirí thionscadal Chéim 1 maidir leis na sonraíochtaí teicniúla do na sócmhainní a bheidh faoi úinéireacht EirGrid ar deireadh. Dhréachtaíomar Comhaontuithe Nasctha Tarchuir agus Comhaontú Ceannaigh Sócmhainní freisin agus reáchtálamar comhairliúchán ina leith seo ó mhí an Mheithimh go mí Mheán Fómhair 2024.

Rinneamar dul chun cinn suntasach ar fhorbairt roghanna do na sócmhainní tarchuir a theastaíonn do thionscadail Chéim 2, mar ullmhúchán do chomhairliúchán poiblí tar éis don Oireachtas Plean Limistéir Mhuirí Shainithe an Chósta Theas (PLMA CT) a fhaomhadh. Leagtar amach leis seo ceithre limistéar amach ón gCósta Theas le haghaidh forbairt gaoithe amach ón gcósta.

Forbairt shuntasach eile a rinneadh in 2023-24 ná ár dtionscadal tarchuir amach ón gcósta ó Chéim 2 a chur i bPlean Forbartha Líonra Deich mBliana (PFLDB) Líonra Eorpach na nOibritheoirí Córais Tarchuir Leictreachais (LEOCTL). Is réamhtheachtaí é seo dár n-iarratas ar a bheith san áireamh i liosta Tionscadail Leasa Choitinn (TLC) atá le teacht a bhfuil buntáistí tábhachtacha ag baint leis ó thaobh toiliú agus airgeadais de.

## Cásanna Fuinnimh na Todhchaí

Rinneamar dul chun cinn suntasach in 2023-24 maidir lenár gcuid réamh-mheastacháin agus pleanála fairsinge do na riachtanais líonra leictreachais a bheidh ann amach anseo. Foilsíodh tuarascáil *Cásanna Fuinnimh sa Todhchaí 2023* (CFT 2023), a d'fhoilsigh EirGrid agus SONI i gcomhpháirt lena chéile, i mí Bealtaine 2024 ina leagtar síos cásanna fadtéarmacha fuinnimh d'Éirinn agus do Thuaisceart Éireann agus breithnítear inti conas a d'fhéadfadh éileamh agus giniúint leictreachais athrú ó 2035 go 2050. Ag cur leis an obair seo, tá tús curtha againn leis na céimeanna tosaigh maidir lenár nGréasán Glan-Nialasach a phleanáil, a scrúdóidh an fhorbairt bonneagair eangaí a theastaíonn i gcomhthéacs an cháis leictriúcháin uasta do gach earnáil den gheilleagar, agus cásanna úsáide féideartha do spriocanna an Rialtais maidir le fuinneamh gaoithe amach ón gcósta.

## Athbhreithniú Praghsanna

Chuireamar ár gcás gnó i dtaca le Rialú Praghsanna SEMO faoi bhráid Choiste an Mhargaidh Leictreachais Aonair (CMLA) i mí an Mhárta 2024. Tar éis dheireadh ár mbliana airgeadais, chuireamar cás gnó cuimsitheach faoi bhráid an CRU maidir le hAthbhreithniú Praghsanna 6 (PR6), a bhaineann leis an tréimhse 2026-2030.


Táimid ag tnúth le leanúint lenár ndlúthchaidreamh leis na hÚdaráis Rialála sna míonna amach romhainn chun teacht ar thoradh deiridh maidir leis na rialuithe praghsanna seo.

## Rannpháirtíocht le Custaiméirí

Leanamar de dhul chun cinn a dhéanamh maidir lenár bhfís do chustaiméirí a chur i bhfeidhm. I rith na bliana sheolamar ár n-uirlis Bainistíochta Caidrimh Custaiméirí, rinneamar suirbhé ar rannpháirtíocht custaiméirí agus rinneamar tuilleadh feabhsuithe ar mhinicíocht agus ar cháilíocht ár rannpháirtíochta custaiméirí chun tacú le rannpháirtíocht níos éifeachtaí ar fud a réimse tionscadal agus a suíomh oibriúcháin.


## Inbhuanaitheacht

Leanamar de dhul chun cinn a dhéanamh ar chur i bhfeidhm ár straitéise inbhuanaitheachta. I rith na bliana ní raibh aon ghlanchaillteanas gnáthóg ar bith ann i gcás 100% dár dtionscadail uasghrádaithe líne lasnairde (lena méadaímid acmhainneacht nó rátáil trealaimh leictrigh) agus tionscadail stáisiúin, agus d'éirigh linn ghlangnóthachan bithéagsúlachta a bhaint amach i dtionscadal uasghrádaithe líne lasnairde amháin agus tionscadal stáisiúin amháin. Leanamar lenár gcomhpháirtíocht le SciFest agus na Nuálaithe Sóisialta Óga chun tacú le forbairt na dtacar scileanna a bheidh ag teastáil chun an t-aistriú fuinnimh a chumasú. Leanamar dár bhfeidhmíocht a léiriú trínár nochtaí ar raon ardán éigeantach agus neamhéigeantach. Tá dul chun cinn maith déanta againn freisin ar ár n-ullmhúcháin chun ceanglais na Treorach maidir le Tuairisciú Inbhuanaitheachta Corparáideach (TTIC) a comhlíonadh roimh ár mbliain airgeadais 2025-26.









## Conclúid

Is mian liom buíochas ó chroí a ghabháil le Brendan Tuohy, Cathaoirleach EirGrid cpt, agus comhaltaí Bhord EirGrid cpt. Thug siad tacaíocht luachmhar domsa agus do m'Fhoireann Feidhmiúcháin agus muid ag leanúint ar aghaidh le straitéis EirGrid a chur i bhfeidhm agus le hoibriú rathúil na heangaí agus na margaí leictreachais a chinntiú.

Is mian liom buíochas a ghabháil leis an Aire Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide, Eamon Ryan TD, agus oifigigh Roinne, a thacaigh linn i rith na bliana. Guím gach rath ar an Aire tar éis a chinneadh gan atoghadh a lorg.

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil leis an gCoimisiún um Rialáil Fóntais as teagmháil leanúnach ar ár gcuid oibre comhroinnte, anois agus amach anseo.

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil lenar gcomhghleacaithe in SONI agus muid ag dul ar aghaidh lenár ndíchumasc a chur i bhfeidhm.

Mar fhocal scoir, ba mhaith liom buíochas a ghabháil lenár ndaoine as a n-obair chrua dhochreidte chun an córas cumhachta a oibriú go rathúil, tacú lenár n-aistriú fuinnimh, agus chun garspriocanna móra na Straitéise a chur i bhfeidhm i rith na bliana.

Sa bhliain amach romhainn, leanfaimid orainn le dul chun cinn a dhéanamh ar ár n-aistriú chuig córas leictreachais dícharbónaithe, agus leanfaimid le teagmháil a dhéanamh le páirtithe leasmhara ar fud an éiceachórais chun tacú leis an iarracht chomhchoiteann atá ag teastáil ó chách chun ár gcuspóirí a bhaint amach agus chun leas a bhaint as na buntáistí a bhaineann le córas den sórt seo d'Éirinn.

**Martin Corrigan**
Príomhfheidhmeannach (Eatramhach), EirGrid cpt

# Dúshlán Leictreachais 2030

## Plean Gníomhaithe ar son na hAeráide

### Spriocanna go dtí 2030

**80%** den leictreachas ó fhoinsí in-athnuaite

| Fuinneamh gaoithe ar talamh | Fuinneamh gaoithe amach ón gcósta | Grianfhu-inneamh |
|---|---|---|
| 9 GV | 5 GV | 8 GV |

**+2.2 GV** gnáthghiniúint bhreise

↓ **75%** laghdú* ar astaíochtaí $CO_2$ don leictreachas

*i gcomparáid le leibhéil 2018

## Ár dTodhchaí Leictreachais a Mhúnlú

- Thart ar 350 Atreisiú Eangaí Nua
- 4 Idirnascairí Ardvoltais
- Athchóiriú an Mhargaidh
- Claochlú ar Oibríocht an Chórais
  95% d'fhuinneamh in-athnuaite ar an eangach ag aon am amháin
- Thart ar 3.8 GV de Stóráil Fhadtréimhseach
- Thart ar 20% Solúbthacht Éilimh
- Rannpháirtíocht

## 2030 Éileamh Leictreachais

Méadú thart ar **50%** ar éileamh leictreachais



'Sparkle'

Dán le Almero de Villers, Innealtóir Taighde Fuinnimh

Tá Almero de Villers ag obair le EirGrid ó 2023 i leith ar fhoireann an Údarais um Thaighde agus Léargas Córais Cumhachta. Ba é áilleacht na tuaithe in Éirinn agus grá na litríochta agus na filíochta a spreag a mháthair ann ó aois óg a bhí mar spreagadh aige an dán seo a scríobh.

Beanntraí, Co. Chorcaí

Grianghraf le Nóirín Clifford, Innealtóir Iarchéime

Was there ever a more beautiful place
Than our very own emerald isle
So let's keep it that way
And tarry for a tiny while
Wind and water we have in abundance
And oft the quick dance of the sun
So give us a whirl
With a twily twil twirl
And see how we flourish at will



Thosaigh Nóirín ag obair le EirGrid i mí Mheán Fómhair 2024 mar chuid den chlár iarchéime agus tá sí ag obair faoi láthair i bhfoireann beartais Mhargaí Cumhachta na Todhchaí.

# Athbhreithniú Airgeadais

03



## Ioncam agus Brabúsacht

Bhí ioncam an ghrúpa le haghaidh 2024 cothrom le €1,106m a bhí 3 % níos ísle ná an bhliain roimhe sin. Tagann ioncam an Ghrúpa ó tháillí rialaithe den chuid is mó. Tagann an príomhioncam ón táille maidir le hÚsáid Tarchuir an Chórais (UTC), ar muirear é atá le híoc ag gach úsáideoir de chuid na gcóras tarchuir in Éirinn.

Tuillimid ioncam táille freisin mar Oibritheoir Margaidh agus Oibritheoir an Mhargaidh Leictreachais Ainmnithe don Mhargadh Leictreachais Aonair (MLA). Tuilleann an tIdirnascaire Soir-Siar (ISS) airgead ó ioncam ó phlódú a eascraíonn as difreálacha praghais idir margadh an MLA agus margadh na Breataine Móire agus freisin as seirbhísí córais a sholáthar. Úsáidtear aon ioncam a thuilltear ar an idirnascaire seo chun ceanglais táille ISS a laghdú.

Cuireann gach ceadúnaí réamhaisnéis faoi bhráid an údaráis rialála ábhartha, roimh gach bliain táille. Clúdaíonn an réamhaisnéis éileamh na gcustaiméirí, costais dhíreacha, agus riachtanais ioncaim eile. Tar éis athbhreithniú mionsonraithe a dhéanamh, eisíonn na rialtóirí cinneadh foirmiúil maidir leis an ioncam incheadaithe ar féidir leis an ngnólacht é a aisghabháil. D'fhéadfadh an t-ioncam a bhailítear faoi na ceadúnais a bheith éagsúil leis na leibhéil a aontaíodh leis na rialtóirí roimhe sin ó bhliain go bliain. Tarlaíonn sé seo toisc go n-aontaítear na táillí bunaithe ar réamhaisnéisí agus go mbailítear iad bunaithe ar ídiú iarbhír fuinnimh. D'fhéadfadh costais a bheith éagsúil le leibhéil na réamhaisnéisí freisin. Dá bhrí sin, d'fhéadfadh sé go mbeadh ró-aisghabháil nó tearc-aisghabháil rialála na dtáillí sa bhliain i dtrácht nó coigeartú ró-aisghabhálacha nó tearc-aisghabhálacha na bliana roimhe sin san áireamh sna torthaí airgeadais in aon bhliain. De réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta um Thuairisciú Airgeadais (CITA), aithnítear na ró-aisghabhálacha nó na tearc-aisghabhálacha rialála seo sa bhliain ina dtarlaíonn siad, cé go ndéanfar iad a aisiompú i dtáillí i mblianta amach anseo.







**Michael Behan**
Príomhoifigeach Airgeadais, Grúpa EirGrid

Soláthraíonn Bearta Feidhmíochta Malartacha fianaise ar fheidhmíocht airgeadais, ar staid airgeadais, nó ar shreafaí airgid, seachas beart airgeadais atá sainithe nó sonraithe sa chreat tuairiscithe airgeadais is infheidhme. Féachann an Grúpa ar Bhunbhrabús mar Bheart Feidhmíochta Malartach tábhachtach don ghnó mar go dtugann sé léiriú ar an leibhéal brabúsachta nuair a chuirtear deireadh le ró-aisghabháil nó le tearc-aisgabháil rialála, i bhfianaise go ndéanfar iad seo a choigeartú i dtáille na mblianta atá le teacht, cé go gcloíonn brabús cuntasaíochta tuairiscithe roimh cháin le CITA. Is meastachán inmheánach ar bhrabúsacht an Ghrúpa é an bunbhrabús agus tá sé comhdhéanta den chuid is mó de na liúntais rialála éagsúla a tuilleadh as ár ngníomhaíochtaí ceadúnaithe agus ár ngníomhaíochtaí neamhrialaithe a dhéanamh.

Ba é €9.8m an brabús cuntasaíochta roimh cháin faoi CITA do 2024. Tháinig laghdú air seo ó €71.2m in 2023, mar gheall ar chostais a bhaineann le hAirteagal 13.7 den Phacáiste Fuinnimh Ghlain (féach nóta 21(a) de na Ráitis Airgeadais le haghaidh tuilleadh faisnéise) agus mar gheall ar dhifríochtaí uainiúcháin rialála, fritháirithe go páirteach ag gnóthachan ó dhí-chomhdhlúthú fochuideachta mar atá leagtha amach i nóta 6 de na Ráitis Airgeadais. Gan tionchar na ró-aisghábhalacha agus na dtearc-aisghabhálacha ar an mbrabús tuairiscithe a chur san áireamh, b'ionann an bunbhrabús do 2024 agus €25.6m (2023: €40.6m).

D'íoc EirGrid díbhinn de €4.0m i mí Iúil 2024 i leith 2023. Tá sé beartaithe go n-íocfar díbhinn de €4.0m le haghaidh 2024 sa dara ráithe de 2025.

## Rialúchán

Tá roinnt gníomhaíochtaí ceadúnaithe ag baint le EirGrid Group. Is iad EirGird cpt an tOibreoir Córais Tarchuir (OCT) in Éirinn, agus tá na gníomhaíochtaí seo á rialú ag an gCoimisiún um Rialáil Fóntais (CRU). Tá dhá cheadúnas ag an nGrúpa freisin mar Oibritheoir Idirnascaire, ceann amháin ón CRU agus ceann eile ó Oifig na Margaí Gáis agus Leictreachais (Ofgem) sa Bhreatain Mhór (BM). Ina theannta sin, comhghníomhaíonn EirGrid agus SONI mar an tOibreoir Margaidh Leictreachais Aonair (SEMO) do MLA, atá á rialú ag Coiste MLA (CMLA). Cuimsíonn an coiste seo CRU, RF, comhalta neamhspleách agus leaschomhalta neamhspleách.

Ar deireadh, d'ainmnigh CRU in Éirinn agus an Rialtóir Fóntas i dTuaisceart Éireann EirGrid cpt agus SONI Teo mar Oibritheoirí Ainmnithe sa Mhargadh Leictreachais (OAMLanna). Cuirimid seirbhísí OAML ar fáil trí SEMOpx, ar comhfhiontar conartha 75/25 idir EirGrid cpt agus SONI Teo é. Bíonn gníomhaíochtaí ceadúnaithe an Ghrúpa faoi réir ag rialú praghsanna ilbhlianta. Go ginearálta maireann siad seo ar feadh tréimhse cúig bliana.

## Cúrsaí Airgeadais

Leanaimid orainn ag díriú go géar ar shreafaí airgid agus acmhainní airgid an Ghrúpa atá ar fáil agus cuireadh saoráidí leordhóthanacha caipitil oibre ar bun chun leachtacht an Ghrúpa a chosaint.

Bhain an Tionscadal an Idirnascaire Cheiltigh Cinneadh Infheistíochta Airgeadais amach i mí na Samhna 2022 agus cuireadh €800m d'áiseanna maoinithe i bhfeidhm (i Mí na Samhna 2022) le roinnt iasachtóirí EirGrid (an Banc Eorpach Infheistíochta, Danske Bank, Barclays Bank, agus BNP Paribas), lenar bhain €600m d'iasachtaí téarma agus €200m d'áiseanna creidmheasa imrothlaigh. Rinneadh €582m den iasacht théarmach a fhálú trí bhabhtálacha ráta úis.

Tá tionscadal an Idirnascaire Cheiltigh á mhaoiniú freisin ag deontas de chuid na Saoráide um Chónascadh na hEorpa (SCE) ar fiú €530m ón nGníomhaireacht Feidhmiúcháin Eorpach um an Aeráid, Bonneagar agus Comhshaol (GFEABC). Is comhfhiontar de chuid Eirgrid cpt agus an OCT Francach, Réseau de Transport d'Electricité (RTE), é tionscadal an Idirnascaire Cheiltigh.

Baineann iasachtaíochtaí suntasacha eile an Ghrúpa leis an Idirnascaire Soir-Siar, a mbaineann dátaí fada aisíocaíochta leo agus atá iomlán fálaithe in aghaidh luaineachtaí rátaí úis.

Cuirimid fáilte roimh phreasráiteas an Aire Ryan i mí Dheireadh Fómhair 2024 maidir le hinstealladh díreach cothromais tosaigh de €750 milliún do EirGrid chun bonneagar leictreachais a fhorbairt, go háirithe, chun tacú le Céim 1 d'fhorbairt eangaí amach ón gcósta.

Is iad na tosaíochtaí sa bhliain atá romhainn ná leanúint ar aghaidh ag bainistiú na leachtachta go héifeachtach, lena n-áirítear maoiniú a fháil inár ról nua mar úinéir sócmhainní tarchuir Amach ón gCósta, sna blianta atá le teacht. Táimid ag súil le coinneáil ag obair le gach ceann dár n-iasachtóirí chun gníomhaíochtaí EirGrid a mhaoiniú in 2025.



## Rialachas SONI

Ar an 30 Lúnasa 2022, d'fhoilsigh an Rialtóir Fóntas (RF) a chinneadh maidir leis an modhnú ceadúnais a bhí beartaithe d'Oibreoir Córais Tarchuir SONI, a tháinig i bhfeidhm ar an 26 Deireadh Fómhair 2022.

Déanann na modhnuithe ceadúnais athrú bunúsach ar na socruithe rialachais idir SONI Teo agus a mháthairchuideachta (EirGrid cpt) agus éilíonn siad freisin go ndéanfaí SONI Teo a scaradh ó thaobh bainistíochta agus acmhainní de ó Ghrúpa EirGrid maidir le fostaithe, áitribh, TF agus córais eile, trealamh, áiseanna, próisis agus sócmhainní. Éilítear leis na coinníollacha ceadúnais nua freisin go mbeidh cinnteoireacht scairshealbhóirí teoranta do na nithe sin atá forchoimeádta do bhreithniú na scairshealbhóirí faoi Acht Chuideachtaí na Ríochta Aontaithe 2006.

Ar an 1 Deireadh Fómhair 2023, ceapadh bord neamhspleách nua SONI Teo tar éis don RF é a cheadú, an chéad chéim shuntasach i gcur i bhfeidhm na modhnuithe ceadúnais. Is faoi Bhord nua SONI Teo atá an chinnteoireacht agus an fhreagracht go léir a bhaineann le feidhmíocht SONI anois.

Mar atá leagtha amach i nóta 6 leis na ráitis airgeadais, ionchorpraíonn na Ráitis Airgeadais Chomhdhlúite ráitis airgeadais na Cuideachta agus na n-eintiteas arna rialú ag an gCuideachta (a fochuideachtaí). Baintear rialú amach nuair atá cumhacht ag an gCuideachta ar an infheisteoir, nó nuair atá sé nochta, nó nuair atá cearta aige ar aischur athraitheach ón mbaint atá aige leis an institiúid infheistiúcháin agus tá an cumas aige a chumhacht a úsáid chun dul i bhfeidhm ar a thoradh. Ar an mbonn sin, tá SONI Ltd. comhdhlúite i Ráitis Airgeadais an Ghrúpa suas go dtí an 30 Meán Fómhair 2023. Bunaíodh SEMO agus SEMOpx mar chomhoibríochtaí conarthacha 75/25 idir EirGrid cpt agus SONI Teoranta. Mar thoradh air sin, níl an cion 25% de SEMO agus SEMOpx comhdhlúite a thuilleadh mar chuid den Ghrúpa agus is ionann na codanna SEMO agus SEMOpx agus leas 75% EirGrid Cpt sna comhfhiontair chonarthacha. I bhfianaise na n-athruithe rialachais a theastaíonn mar thoradh ar chinneadh rialachais SONI RF, níl an Chuideachta in ann rialú SONI Teo léiriú a thuilleadh, agus mar thoradh air sin, tá sé dí-chomhdhlúite ó Ráitis Airgeadais an Ghrúpa ón 1 Deireadh Fómhair 2023. Dí-aithneofar sócmhainní agus dliteanais SONI ag a méideanna glanluacha; tá luach cóir an leasa choinnithe aitheanta mar infheistíocht i sócmhainn airgeadais; tá an difear idir an luach tugtha anonn agus an cóirluach ar an 1 Deireadh Fómhair 2023 aitheanta mar ghnóthachan sa Ráiteas Ioncaim; agus tá an t-athrú ar luach idir an 1 Deireadh Fómhair 2023 agus an 30 Meán Fómhair 2024 aitheanta sa Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach Eile.

## Ionchas Airgeadais

Tháinig méadú ar chlár comhardaithe EirGrid le linn 2023-24 le Sócmhainní Iomlána de €2.5bn ar an 30 Meán Fómhair 2024. Tá clár infheistíochta caipitil suntasach ag EirGrid do na blianta atá le teacht agus leanfaimid de láidreacht airgeadais EirGrid a fhorbairt chun bonneagar leictreachais ríthábhachtach a sholáthar a thacaíonn le haistriú na hÉireann go sochaí ísealcharbóin.

Michael Behan
Príomhoifigeach Airgeadais, Grúpa EirGrid



### Achoimre Airgeadais

| | 2024 (€m) | 2023 (€m) |
|---|---|---|
| Ioncam | 1,106.1 | 1,140.5 |
| Costais Dhíreacha | (977.2) | (868.0) |
| Costais Oibriúcháin Eile | (157.5) | (186.1) |
| (Caillteanas)/Brabús Oibriúcháin | (28.6) | 86.4 |
| Gnóthachan a eascróidh as dí-chomhdhlúthú na fochuideachta | 37.1 | – |
| Glanioncam Airgeadais/(Costais) | 1.3 | (15.2) |
| Brabús roimh cháin | 9.8 | 71.2 |
| Bunbhrabús | 25.6 | 40.6 |



'From Rock and Sea'

Dán le Abbey Corr, Innealtóir Iarchéime

Thosaigh Abbey ag obair mar chuid de chlár iarchéime EirGrid mí Mheán Fómhair 2023 agus oibríonn sí i bhfoireann na nOibríochtaí Córais. Tá suim aici sa reathaíocht, san fhilíocht, agus a bheith amuigh faoin aer.

When heather sways purple, paws scamper below
White towers bask in the sun, and glow,
When trees lift their limbs, shake green arms great,
White towers will spin to celebrate.

When breath sweeps the lands, bare and bleak
And with fright does our green isle creek,
When Éire turns tides of the skies at night,
They'll whirl their arms in the starlight.

White towers will rise from rock and
MSC Send pulses electric out steadily,
Each shift in the wind that brings times anew,
White towers, they're listening and planning for it too.

Com Dhíneol,
Co Chiarraí

Grianghraf le David Corcoran, Príomhinnealtóir Sinsearach na gCóras Cumhachta

Thosaigh David ag obair le EirGrid in 2017 agus is Príomhinnealtóir Sinsearach é i bhfoireann Sláine an Chórais. Tá sé ina Cheannaire ar an gClár Feidhmithe Ilbhliantúil agus ina Cheannaire ar Shruth Oibre Córais don Chomhchlár Trasfhoirmithe Bristeacha idir EirGrid agus BSL. Oibríonn sé freisin mar Rialtóir Eangaí Faoisimh Tarchuir san Ionad Náisiúnta Rialaithe.



# Athbhreithniú Gnó

04

## An Dlí Aeráide agus Earnáil an Leictreachais


Is príomhchuspóirí de chuid an Rialtais iad gníomhú ar son na haeráide agus dícharbónú ár ngeilleagair agus ár sochaí, agus tá ról ríthábhachtach ag leictreachas maidir leis an gcuspóir seo a bhaint amach. Cé go n-oibrímid chun an earnáil leictreachais a dhícharbónú tríd an eangach a uasghrádú, tá EirGrid i mbun pleanáil a dhéanamh freisin le haghaidh éileamh méadaitheach ar leictreachas de réir mar a leanann earnálacha ar nós iompar agus tithíocht ar aghaidh ag dícharbónú trí leictriú.

Faoin Acht um Ghníomhaíocht ar son na hAeráide agus um Fhorbairt Ísealcharbóin (Leasú), ní mór d'Éirinn laghdú 51% ar a hastaíochtaí gáis ceaptha teasa a bhaint amach faoi 2030 i gcomparáid le leibhéil 2018, mar chuid dá hiarracht chun geilleagar atá athléimneach ó thaobh aeráide de, saibhir ó thaobh na bithéagsúlachta de agus neodrach ó thaobh carbóin de a bhaint amach.


In 2022, thug an Rialtas Buiséid Charbóin isteach, inar leagadh amach teorainneacha d'astaíochtaí iomlána do na tréimhsí 2021-25, 2026-30 agus 2031-52, agus Uasteorainneacha Astaíochtaí Earnála, inar leagadh síos uasastaíochtaí gás ceaptha teasa (GCT) in aghaidh na hearnála laistigh de gach tréimhse bhuiséid. Tá tionchar ag an dara ceann acu seo ar obair EirGrid, toisc go bhfuil sprioc maidir le laghdú iomlán 75% ar astaíochtaí ag an earnáil leictreachais faoi 2030 i gcomparáid le leibhéil 2018, an t-ualach is mó as na hearnálacha ar fad.


Cuireann giniúint leictreachais in-athnuaite go mór leis na spriocanna dícharbónaithe seo a bhaint amach, agus mhéadaigh an Rialtas an ardaidhm don earnáil seo, agus sprioc de 80% de leictreachas in-athnuaite faoi 2030 leagtha síos sa Phlean Gníomhaíochta Aeráide 2023 (PGA23).


Inár gcuid oibre, táimid aireach go mbeidh sé dúshlánach spriocanna uaillmhianacha na hÉireann a bhaint amach, in éineacht le héileamh méadaithe ó dhícharbónú earnálacha eile, agus go mbeidh gá le comhoibriú gníomhach thar an éiceachóras ar fad.




*Tá sé molta ag an gComhairle Chomhairleach um Athrú Aeráide buiséad carbóin 2031-2035 a chur ar bhonn foirmiúil mar 160Mt, agus tá buiséad carbóin 120Mt molta aici don tréimhse 2036-2040.




*Sonraí a fuarthas ó Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann (SEAI). Áirítear leis seo athbhreithnithe ar shonraí na mblianta roimhe sin ag an SEAI.

# Beartas Fuinnimh agus Tírdhreach Rialála

## Éire

Tharla na forbairtí beartais seo a leanas le gníomhartha a sannadh do EirGrid sa bhliain airgeadais seo caite.

### Plean Gníomhaithe ar son na hAeráide 2024

(Formheasta ag an Rialtas i mí na Nollag, 2023)

9 ngníomh do EirGrid (mar cheannaire agus páirtí leasmhar araon), lena n-áirítear an t-íoslíon aonad gnáthghiniúna sioncronach a laghdú ó 5 go 4 in Éirinn chun leibhéil níos airde d'fhuinneamh in-athnuaite ar an gcóras a éascú agus laghdú ar astaíochtaí carbóin ó ghiniúint neamh-in-athnuaite.

### Slándáil Fuinnimh in Éirinn go dtí 2030

(Arna fhoilsiú i mí na Samhna 2023)

8 ngníomh do EirGrid, lena n-áirítear Clár Slándála Soláthair Leictreachais an CRU a chur i bhfeidhm, eangach leictreachais atá oiriúnach don fheidhm a fhorbairt, dlús a chur le solúbthacht córais cumhachta a chur i bhfeidhm.

### Creat na Todhchaí don Fhuinneamh In-Athnuaite Amach ón gCósta

(Arna fhoilsiú i mí na Bealtaine 2024)

Cuireadh de chúram ar EirGrid ár bPlean Feidhmithe Eangaí a leathnú amach ó R2 2024 go R2 2025.

### Creat Beartais do Stóráil Leictreachais

(Arna fhoilsiú i mí Iúil 2024)

5 ghníomhaíocht do EirGrid lena n-áirítear a bheith ag obair leis an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide (RCAC) agus LBSL ar thionscadal 'bosca gainimh' a chruthú chun eolas teicneolaíochta an dá Oibritheoir Córais ar theicneolaíochtaí stórála leictreachais atá ag teacht chun cinn a chur chun cinn ó 2024 ar aghaidh.





## Rannpháirtíocht an Rialtais

Éilíodh sa Phlean Gníomhaíochta ar son na hAeráide 2023 (PGA23) go mbunófaí an *Tascfhórsa um Leictreachas In-athnuaite a Luathú* "chun comhordú a dhéanamh ar sholáthar tapa agus méadaithe giniúna leictreachais in-athnuaite ar talamh"[1]. Bhí baint ghníomhach ag EirGrid leis an Tascfhórsa agus lena Ghrúpaí Oibre ábhartha le linn na bliana airgeadais seo caite, lena n-áirítear forbairt agus cur i bhfeidhm a chláir oibre. Mar an gcéanna, bunaíodh an *Tascfhórsa um Sheachadadh Gaoithe Amach ón gCósta* in 2022 agus leanann EirGrid dá pháirt a ghlacadh i gcur chun feidhme a chláir oibre agus cuireann sé go mór leis na Grúpaí Oibre.

Bhunaigh an RCAC an *Grúpa Éigeandála um Shlándáil Fuinnimh* (GESF) chun freagairt na hÉireann do thionchar an chogaidh san Úcráin ar an gcóras fuinnimh in Éirinn a chomhordú. Díríodh obair an ghrúpa ar an *bPacáiste Slándála Fuinnimh* chun spleáchas na hÉireann ar bhreoslaí iontaise a laghdú, chun tacú le tomhaltóirí, agus chun slándáil an tsoláthair a chinntiú. Glacann EirGrid páirt i gcur i bhfeidhm roinnt de na tionscnaimh faoin gclár seo.

1 *Tascfhórsa um Leictreachas In-athnuaite a Luathú, Téarmaí Tagartha 2023*

## An tAontas Eorpach

Ar an leibhéal Eorpach, bhí forbairt leanúnach ar bheartas fuinnimh agus aeráide an AE le linn na bliana airgeadais, lena n-áirítear tionscnaimh bhreise chun an t-aistriú fuinnimh ghlais a chur chun cinn arna spreagadh ag an *gComhaontú Glas don Eoraip agus an Pacáiste Fuinnimh Ghlain*. Tá luasghéarú na forbartha giniúna in-athnuaite i gcroílár uaillmhianta fuinnimh an AE, agus tháinig an *Treoir maidir le Fuinneamh In-athnuaite* (TFI III) athbhreithnithe agus *Treoir um Dhearadh an Mhargaidh Leictreachais* i bhfeidhm ar leibhéal an AE i mí na Samhna 2023 agus mí Iúil 2024 faoi seach, agus trasuíomh chuig dlí na hÉireann le teacht. Leagtar amach i *bPlean Gníomhaíochta an Aontais um Eangacha*, a seoladh i mí na Samhna 2023, gníomhaíochtaí chun an eangach leictreachais a fheabhsú, chun spás a chruthú le haghaidh níos mó giniúint in-athnuaite.

I mí Meán Fómhair 2024, foilsíodh tuarascáil maidir le *Todhchaí an Iomaíochais Eorpaigh* inar shainaithin Mario Draghi, iar-Uachtarán an Bhainc Cheannais Eorpaigh, raon riachtanas lena n-áirítear an gá atá le níos mó idirnascadh trasteorann agus infheistíocht eangaí chun iomaíochas agus slándáil fuinnimh an Aontais a fheabhsú.



# Aistriú Slán


## Oibríochtaí Córais

Le linn na bliana airgeadais, leanamar orainn ag oibriú an chórais leictreachais agus an mhargaidh go rathúil. In ainneoin ionchas dúshlánach geimhridh 2023-24, níor eisíodh ach foláireamh córais amháin in Éirinn sa tréimhse seo mar gheall ar infhaighteacht mhaith ar ghnáthghiniúint agus dlúthchomhordú le páirtithe leasmhara, lena n-áirítear OCTanna sa Bhreatain Mhór agus i dtíortha Eorpacha atá idirnasctha leis an mBreatain Mhór, chun allmhairí a áirithiú ar laethanta a mbeadh an córas faoi bhrú.

Taifeadadh buaicéilimh nua de 5,577 MV ar an 18 Eanáir 2024 ar 17:50. Taifeadadh buaicphointe gaoithe nua d'Éirinn de 3,866 MV ar an 3 Nollaig 2023 ar 15:42.


D'fhonn spriocanna 2030 a leagtar amach in PGA23 a bhaint amach, leanamar orainn ag déanamh dul chun cinn maidir leis an mbealach a oibrímid an córas cumhachta a athrú ó bhonn. San am atá thart, d'oibríomar córas cumhachta bunaithe ar ghnáthghiniúint a bhféadfaí treoir a sheoladh chuici chun cumhacht a ghiniúint ar leibhéal aschuir gan aon athraitheacht agus le gach aonad giniúna sioncronaithe lena chéile. Beidh ár gcóras cumhachta amach anseo ag baint úsáid as foinsí cumhachta in-athnuaite uaireanta atá go hiomlán athraitheach agus neamh-shioncronaithe. Tá Éire idirnasctha go héadrom i gcomparáid le dlínsí eile agus dá bharr sin tá sé casta an córas cumhachta a oibriú toisc nach bhfuil sé chomh solúbtha. Mar sin, tá EirGrid, ina ról mar OCT, ag tabhairt aghaidh ar dhúshláin oibriúcháin an chórais ar dtús, sula dtiocfaidh siad chun cinn i gcórais eile a bhfuil dlúthnasc eatarthu sna blianta atá le teacht.

Buaicéileamh Leictreachais Seachtainiúil na hÉireann




Meascán Breosla Leictreachais na hÉireann mar Chéatadán den Éileamh

*Tá na figiúirí slánaithe le hiad a chur i láthair go héasca.




**Fuinneamh In-ath-nuaite Iomlán 41.7%**

## Treá Neamhshioncronach Córais (TNC)

Tar éis glacadh le caighdeán nua de 75% Treá Neamhshioncronach Córais (TNC) i mí an Mhárta 2022, ar cheann na héachtaí ba thábhachtaí ab ea oibriú rathúil an chórais ag leibhéal os cionn 70% TNC le breis agus 665 uair an chloig. Tá méadú ar TNC ina phríomhchuid dár dTreochlár maidir lenár dTodhchaí Leictreachais a Mhúnlú I1.1 (TTLM I1.1) (féach leathanach 54). Cuireadh tús le staidéir in 2023-24 chun an figiúr TNC a mhéadú go 80% agus tá sé beartaithe againn é a mhéadú go 95% faoi 2030, rud atá ina chumasóir ríthábhachtach chun spriocanna fuinnimh in-athnuaite na hÉireann a bhaint amach. Tá an méid atá bainte amach againn sa réimse seo ar thús cadhnaíochta agus tá EirGrid aitheanta ag ár bpiaraí ag leibhéal idirnáisiúnta don obair seo.

### Céard é TNC?

San am atá caite, bhíodh gnáthghineadóirí ag feidhmiú ag an minicíocht chéanna, sioncronaithe leis an eangach leictreachais. Feidhmíonn giniúint in-athnuaite, cosúil le fuinneamh gaoithe agus gréine, ar bhealach difriúil (nó go neamhshioncronach). Chun spriocanna in-athnuaite 2030 na hÉireann a bhaint amach, beidh orainn a bheith in ann an eangach a oibriú le beagnach 100% d'fhoinsí leictreachais nach sioncronaíonn leis an gcóras leictreachais. Déanann EirGrid monatóireacht ar an méid iomlán TNC atá nasctha leis an eangach ag aon am ar leith. Tá an mhéadracht seo tábhachtach chun córas sábháilte, slán, athléimneach agus iontaofa a chinntiú fiú le leibhéil arda d'fhoinsí leictreachais neamhshioncrónacha.

## Líon na nGnáthaonad Giniúna Mór a Laghdú

I mí Aibreáin 2024, chríochnaíomar triail chriticiúil atá leagtha amach sa *Treochlár TTLM I1.1* agus laghdaíodh an t-íoslíon de ghnáthghineadóirí breosla iontaise nach mór dóibh oibriú ar eangach leictreachais na hÉireann ag aon am amháin ó chúig cinn go ceithre cinn. Tá gá le híoslíon gineadóirí breosla iontaise a rith chun cobhsaíocht an chórais chumhachta a chinntiú agus tá sé léirithe ag EirGrid anois gur féidir é seo a laghdú ó chúig ghineadóir go ceithre cinn. Fágfaidh sé seo go mbeifear in ann laghdú a dhéanamh ar astaíochtaí carbóin agus ar shrianta costais do thomhaltóirí agus cruthóidh sé seo níos mó deiseanna do ghineadóirí in-athnuaite ár gcuid riachtanas maidir le héileamh leictreachais a chomhlíonadh.

## Foláirimh Chórais

Trí shlándáil an tsoláthair a bhainistiú, go bhfuil dóthain leictreachais á ghiniúint chun freastal ar an éileamh ar chumhacht. Ní mór corrlach acmhainneachta giniúna a chur san áireamh sa leictreachas iomlán a ghintear freisin, rud a ligeann dúinn dul i ngleic le neamhchinnteachtaí. I measc na n-éiginnteachtaí seo tá aschur athraitheach giniúna gaoithe, agus an baol go múchfar gnáthghineadóirí gan choinne mar gheall ar lochtanna.

Sa chás nach gcomhlíonann corrlaigh den sórt sin na critéir atá leagtha amach againn, eisítear Foláireamh Córais. Déantar é sin de ghnáth nuair a bhíonn an ghiniúint ar fad atá ar fáil sroichte nó nuair atá sé tuartha go mbeidh an t-aschur uasta sroichte. De ghnáth, bíonn foláirimh gníomhach i rith thréimhse bhuaicéilimh an lae, dé ghnáth idir 17:00 agus 19:00. Le linn na dtréimhsí sin, úsáidimid gach beart atá ar fáil, gníomhartha giniúna agus ar thaobh an éilimh san áireamh. Tá na trí 'leibhéal stádais' den chóras leictreachais leagtha amach thíos:

| Stádas an Chórais Leictreachais | Sainmhíniú |
|---|---|
| Foláireamh | Tugann Foláireamh Córais rabhadh faoin seans atá ann go mbeidh fadhbanna sealadacha leis an soláthar leictreachais amach anseo, ionas gur féidir lenár n-innealtóirí agus leis an earnáil leictreachais trí chéile ullmhú chun gníomhartha réamhphleanáilte a chur i gcrích chun sláine na heangaí a chosaint. Go minic déileáiltear le Foláireamh Córais gan teagmhas nuair a bhíonn maolán (corrlach) leordhóthanach idir soláthar agus éileamh leictreachais. |
| Éigeandáil | Eisíonn an OCT Foláireamh Córais nuair a bhíonn riosca ard ann nach mbeifear in ann freastal ar an éileamh leictreachais ar fad. Oibríonn innealtóirí OCT i ndlúthchomhar le hinnealtóirí an Oibreora Córais Dáileacháin (OCD) chun gníomhartha réamhphleanáilte a chur i gcrích chun sláine na heangaí a chosaint. D'fhéadfadh bristeacha rialaithe agus laghdú sealadach ar sholáthar leictreachais do roinnt úsáideoirí a bheith i gceist leis na gníomhartha sin. |
| Mórtheagmhas Córais Cumhachta | Is éard atá i gceist le Mórtheagmhas Córais Cumhachta ná teagmhas ina gcailltear níos mó ná 50% de chumhacht an chórais leictreachais, nó teagmhas ina roinntear an córas i rannóga éagsúla, cuid acu a bhíonn gan chumhacht. I gcúinsí den sórt sin, cuireann an OCT bearta réamhullmhaithe i gcrích céim ar chéim, lena n-áirítear Plean Athchóirithe an Chórais Cumhachta. |

Staid Foláirimh Córais a thugtar ar an gcéad leibhéal agus staid Éigeandála Córais a thugtar ar an dara leibhéal. Má chailltear gnáthghineadóir nó idirnascaire mór le linn staid Foláirimh Córais, d'fhéadfadh an soláthar a theastaíonn chun freastal ar an mbuaicéileamh leictreachais a bheith i mbaol. Sa chás is measa, bheadh tomhaltóirí leictreachais á ndíscor mar thoradh air sin (Mórtheagmhas Córais Cumhachta).


## Rabhaidh Chorrlaigh Chórais

Soláthraíonn na Gineadóirí Sealadacha Éigeandála atá suiteáilte faoi *Chlár Slándála Soláthair Leictreachais* an CRU toilleadh ar féidir é a úsáid chun Foláireamh Córais nó Éigeandáil a sheachaint. Eiseoidh an tOibritheoir Córais Rabhadh Corrlaigh Córais nuair, mar gheall ar infhaighteacht na n-aonad neamh-mhargaidh seo, a sheachnaítear staid Foláireamh Córais nó Éigeandála a eisiúint.

**Foláirimh Chórais agus Rabhaidh Chorrlaigh**
Eisíodh dhá Rabhadh Corrlaigh Córais le linn 2023-24, ar an 18 Iúil agus an 23 Iúil, mar gheall ar laghdú ar an gcorrlach idir soláthar agus éileamh faoi bhun na gcaighdeán a fhorordófaí murach sin chun Foláireamh Córais a thionscnamh.

Chomh maith leis na Rabhaidh Chorrlaigh, eisíodh dhá Fholáireamh Córais le linn na bliana airgeadais. Tá sé seo i gcomparáid le naoi n-uaire sa bhliain airgeadais 2021-22 agus dhá uair sa bhliain 2022-23. Eisíodh an chéad cheann de na Foláirimh Chórais seo ar an 11 Samhain 2023, toisc nach raibh meascán de ghnáthghiniúint ar fáil, go raibh giniúint ghaoithe an-íseal, agus go raibh éileamh níos airde ná mar a bhíothas ag súil leis. Eisíodh an dara Foláireamh Córais ar an 21 Eanáir 2024, mar gheall ar na línte tarchuir a thruipeáil le linn Stoirm Isha.

Déanaimid monatóireacht leanúnach ar chorrlaigh ghiniúna, agus oibrímid lenár bpáirtithe leasmhara, idir rannpháirtithe sa mhargadh agus úsáideoirí móra fuinnimh, chun tréimhsí riosca a bhainistiú go réamhghníomhach agus chun ullmhú le haghaidh rabhaidh agus foláirimh córais, d'fhonn riosca go dtarlóidh suaitheadh a íoslaghdú agus soláthar slán leictreachais a chinntiú.



## Slándáil an tSoláthair


De réir mar a dhéanaimid dul chun cinn ar athruithe suntasacha a theastaíonn chun aistriú go córas cumhachta dícharbónaithe, tá sé ríthábhachtach go gcoimeádfaí an tslándáil.

Tá an Coimisiún um Rialáil Fóntais (CRU) freagrach in Éirinn as an tslándáil soláthair, mar atá leagtha amach in IR 60 de 2005, Rialacháin na gComhphobal Eorpach (An Margadh Inmheánach sa Leictreachas) 2005. Sa chás go bhfuil EirGrid den tuairim go bhfuil an tslándáil soláthair i mbaol nó gur dócha go mbeidh sí i mbaol, cuirfimid comhairle ar an CRU agus déanfaimid moltaí maidir le bearta chun déileáil leis seo. Tá freagracht ar CRU ansin as na bearta sin (nó bearta eile) a dhéanamh de réir mar a mheasann sé is gá chun an tslándáil soláthair a chosaint.

Faoin *gClár um Shlándáil Soláthair Leictreachais* faoi stiúir an CRU, d'oibrigh EirGrid i ndlúthpháirt leis an CRU agus leis an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide (RCAC) chun cur chuige comhordaithe a chur i bhfeidhm chun déileáil le dúshláin a bhaineann leis an tslándáil soláthair in Éirinn, sa ghearrthéarma agus sa mheántéarma, chomh maith le bearta chun déileáil le slándáil san fhadtéarma.

Rinneadh dul chun cinn suntasach maidir le Giniúint Éigeandála Shealadach (GES) a chur ar fáil faoin gclár seo le linn 2023-24. I mí Dheireadh Fómhair 2021, d'eisigh an CRU treoir faoi Rialacháin CE chuig EirGrid chun thart ar 300 MV de Ghiniúint Éigeandála a chinntiú, ar a dtugtar Giniúint Éigeandála Shealadach 1(TEG1). D'éirigh linn aonaid GES 1 ar dhá shuíomh a fháil, a thástáil agus a chur ar fáil do Gheimhreadh 2023-24, ag soláthar 250 MV d'acmhainneacht. I mí an Mheithimh 2022, d'eisigh an CRU treoir bhreise do EirGrid chun timpeall 450 MV de Ghiniúint Éigeandála Shealadach (GES2) a fháil atá ag dhá shuíomh eile. Faoi dheireadh na bliana airgeadais bhí cur chun feidhme na dtionscadal seo beagnach críochnaithe.

**Éileamh Réamh-mheasta ar Leictreachas in Éirinn**




*MLAUO: Measúnú Leordhóthanachta Acmhainní Uile-Oileáin
**RAG: Ráiteas ar Acmhainneacht Ghiniúna

### Oibriú Córais Cumhachta, Geimhreadh 2023-24

Cabhraíonn ár dtuarascálacha maidir le hIonchas Geimhridh le heolas a dhéanamh don tionscal leictreachais agus tacaíonn siad leis an ullmhúchán do mhíonna an gheimhridh, a chlúdaíonn an tréimhse idir an 30 Deireadh Fómhair go dtí an 31 Márta. Déanann EirGrid staidéar ar an acmhainneacht ghiniúna a bhfuiltear ag súil léi agus ar an éileamh ar leictreachas atá tuartha chun a fháil amach an bhfuil corrlach leordhóthanach acmhainneachta giniúna ann. Ansin sainaithnítear san Ionchas Geimhridh tréimhsí ina bhfuil an corrlach idir acmhainneacht ghiniúna agus buaicéileamh tuartha íseal, agus ina bhféadfadh slándáil soláthair an chórais leictreachais a bheith i mbaol. Tá an measúnú bunaithe ar an bhfaisnéis is fearr atá ar fáil ag an am agus dá bhrí sin tá sé faoi réir athrú.

Thar thréimhse an gheimhridh 2023-24, d'fhan leordhóthanacht giniúna faoi bhrú le linn tréimhsí giniúna gaoithe ísle. Chuidigh socruithe tacaíochta cómhalartacha le OCTanna sa Bhreatain Mhór agus i dtíortha Eorpacha atá idirnasctha leis an mBreatain Mhór le líon na bhFoláireamh Córais a íoslaghdú le linn na dtréimhsí sin. Mar thoradh air sin, níor rugadh ach Foláireamh Córais amháin a bhain le corrlaigh laghdaithe acmhainneachta giniúna in Éirinn sa tréimhse gheimhridh 2023-24.

Sa tuarascáil *Ionchas Geimhridh 2023/24*, a foilsíodh i mí Dheireadh Fómhair 2023, ba é 21 uair an chloig in 2023-24 an t-ionchas maidir le cailliúint lóid in 2023-24, arna laghdú ó 51 uair le linn na tréimhse geimhridh 2022-23. Le linn na bliana airgeadais 2023-24, chuireamar ár n-ullmhacht do Gheimhreadh 2024-25 i gcrích, agus laghdaíodh an ICL tuilleadh go 3.6 uair an chloig mar gheall go príomha ar 505 MV de Ghiniúint Éigeandála Sealadach a cuireadh ar fáil, mar a tugadh faoi deara sa tuarascáil *Ionchas Geimhridh 2024/25* a foilsíodh i mí Dheireadh Fómhair 2024.

### An tIonchas maidir le Cailliúint Lóid

Is ionann an tIonchas maidir le Cailliúint Lóid agus líon na n-uaireanta i dtréimhse, bliain go hiondúil, a thuartar nach leor an ghiniúint atá ar fáil chun freastal ar an éileamh atá ann go láithreach bonn, arna ríomh le foirmle mhatamaitice bunaithe ar staidéir chórais. Dá airde an uimhir seo, is ea is mó an baol nach mbeidh dóthain giniúna ar fáil chun freastal ar an éileamh i gcónaí. Socraíonn an RCAC an caighdeán ICL a fheidhmíonn mar uasleibhéal riosca a mheasann sé ar chóir an córas a oibriú aige. Ó mhí na Nollag 2024, is é an caighdeán ICL ná trí huaire an chloig in aghaidh na bliana (ocht n-uaire in aghaidh na bliana roimhe sin).

### Ullmhacht Éigeandála

Faoinár gclár ullmhachta éigeandála, rinneamar athbhreithniú agus feabhsú ar ár bpleananna comhordaithe cumarsáide éigeandála. I rith na bliana airgeadais, chuireamar i gcrích raon cleachtaí atá leagtha amach sa Phlean Riosca-Ullmhachta d'Éirinn, a d'fhoilsigh CRU i mBealtaine 2023. Cuireann an clár seo eolas ar fáil freisin d'ullmhacht an Ghrúpa Náisiúnta Comhordaithe Éigeandála (GNCE) d'éigeandálaí san earnáil fuinnimh.





# An t-aistriú go córas leictreachais dícharbónaithe

Éilítear le sprioc na hÉireann de 80% FIF-L (olltomhaltas deiridh leictreachais ó fhoinsí in-athnuaite) faoi 2030 go nascfar 9 GV de ghiniúint ghaoithe ar talamh, 5 GV de ghiniúint ghaoithe amach ón gcósta agus 8 GV de ghiniúint ghréine faoi 2030.

Tá giniúint leictreachais i gcóras trom in-athnuaiteán neamhshioncrónach agus in ann athrú de bharr choinníollacha na haimsire, agus d'fhéadfadh sé go mbeadh neamhréir thréimhsiúil idir infhaighteacht ardleibhéil giniúna agus tréimhsí ardéilimh. Tá gá le heangach leictreachais na hÉireann a chlaochlú chun an úsáid is fearr a bhaint as fuinneamh in-athnuaite nuair atá neart ann agus chun tarchur leictreachais ó fhoinsí fuinnimh in-athnuaite chuig láithreacha a bhfuil éileamh ard ar fhuinneamh iontu a chumasú.

Tá gá le hinfheistíocht chriticiúil ó EirGrid ar fud a líonra agus oibríochtaí córais tarchuir, chomh maith le cur i bhfeidhm leanúnach athruithe margaidh, chun spriocanna fuinnimh in-athnuaite na hÉireann a bhaint amach. Tá gá le fás tapa ar theicneolaíochtaí giniúna in-athnuaite agus ísealcharbóin freisin, le cur i bhfeidhm agus nascadh teicneolaíochtaí nua a chumasaíonn eangach a fhéadfaidh spriocanna FIF-L a bhaint amach agus oibriú go hiontaofa agus go sábháilte le suas le 95% de ghiniúint neamhshioncrónach.

Is é an *Treochlár TTLM I1.1*, a threoraíonn ár gcuid oibre ar dhícharbónú an chórais leictreachais agus chun spriocanna in-athnuaite agus aeráide na hÉireann a bhaint amach, ina leagtar amach cur chuige córais iomláin le pleananna ilbhliantúla molta thar na ceithre shruth oibre seo a leanas chun uaillmhianta aeráide na hÉireann a chumasú:

- Bonneagar Líonra;
- Oibríochtaí Córais;
- Margaí Leictreachais; agus
- Rannpháirtíocht (féach an Rannóg Gnó Freagrach, leathanaigh 98-105).

## Bonneagar Líonra

Tá breis is 370 tionscadal treisithe líonra á gcur chun cinn ag EirGrid chun an eangach a neartú chun tacú le spriocanna 2030 na hÉireann a bhaint amach go rathúil. Tá sé casta infheistíocht a dhéanamh i mbonneagar líonra nua agus é a fhorbairt agus teastaíonn gníomhaíochtaí agus cumais phleanála, toilithe agus rannpháirtíocht fadtéarmacha. Dá bhrí sin, tá sé ríthábhachtach úsáid an bhonneagair líonra atá ann cheana a uasmhéadú agus ár gcur chuige pleanála a bharrfheabhsú do thionscadail bonneagair líonra nua.

Tá dul chun cinn suntasach déanta ar atreisiú líonra le linn na bliana airgeadais chun aistriú chuig Líonraí BSL (LBSL) mar Úinéir na Sócmhainní Tarchuir (UST) a chumasú le haghaidh chun an tionscadal deiridh a chur i bhfeidhm. Leanaimid de bheith ag comhoibriú go forleathan le LBSL agus de bheith ag amharc ar na roghanna go léir atá ar fáil chun deiseanna a aithint d'fhonn dlús a chur le dul chun cinn ár dtionscadail feidhmithe eangaí. Tá béim ar leith curtha againn ar ár dtionscadail ardtosaíochta ar fud ár bpunainne trí chéile a aithníodh mar thionscadail a chuireann na buntáistí is mó ar fáil don eangach agus dár bpáirtithe leasmhara. Féach le do thoil ar leathanaigh 56-67 le haghaidh tuilleadh sonraí faoin dul chun cinn is déanaí maidir lenár mórthionscadail bonneagair líonra.

Le linn na bliana airgeadais, leanamar ar aghaidh de dhul chun cinn suntasach a dhéanamh ar roinnt príomhthionscnamh chun tacú le cur chun feidhme ár bpunainne tionscadal.



I mí Eanáir 2024, d'fhoilsigh EirGrid agus LBSL an Clár Comhpháirteach um Chlaochlú Bristeacha (CCCB), atá i bhfeidhm anois agus a bhfuil tionchair dhearfacha aige. Cé go bhfuil gá leis chun bonneagar nua a chur ar fáil, tá dúshlán lóistíochtúil ag baint le bristeacha córais leictreachais a bhainistiú mar gheall ar luas agus scála an chlaochlaithe líonra a theastaíonn faoi 2030. Chun dul i ngleic leis na dúshláin sin, díríonn na réitigh atá leagtha amach sa CCCB ar infhaighteacht bristeacha a mhéadú agus úsáid agus éifeachtacht bristeacha a uasmhéadú.

Tháinig an chéad ghléas Rátála Líne Dinimiciúla (RLD), teicneolaíocht a chinneann an t-uas-sreabhadh cumhachta ar féidir freastal air go sábháilte ar líne lasnairde ag am ar bith bunaithe ar ghnáthchoinníollacha aimsire, i bhfeidhm i Márta 2024 ar chiorcad 110 kV an Lisín-Durlas. Ina theannta sin, críochnaíodh triail tógála cuaille ilchodach agus táimid ag súil leis an gcineál seo teicneolaíochta a úsáid sa todhchaí chun amlínte cur chun feidhme a luathú agus buntáistí gaolmhara eile a bhaint amach ar nós tionchar amhairc a laghdú agus marthanacht a mhéadú, nuair is cuí.

## Oibríochtaí Córais

Chun spriocanna 2030 na hÉireann a bhaint amach, tá gá le hathrú mór ar an gcaoi a bhfeidhmíonn an córas cumhachta, agus táimid ag obair ar cheithre phríomhchlár chun é seo a bhaint amach:

- Tá prótacail agus beartais oibríochtúla nua á bhforbairt againn;
- Táimid ag cinntiú go bhfuil na caighdeáin oibriúcháin agus na seirbhísí córais cuí i bhfeidhm againn;
- Tá feabhas á dhéanamh againn ar ár gcumas samhaltaithe agus ár n-uirlisí oibríochtúla san ionad rialaithe náisiúnta; agus
- Tá teicneolaíochtaí agus nuálaíochtaí nua á gcumasú againn ar an gcóras cumhachta.

Tá EirGrid ag obair le SONI, an OCT i dTuaisceart Éireann faoi seach, agus le LBSL mar an tOibreoir Córais Dáilte (OCD), ar fud na gceithre chlár.

Le linn 2023-24 bhaineamar amach go leor príomhchuspóirí, agus sonraítear cuid acu sna leathanaigh seo a leanas.

Tá táimhe córais ar cheann de na príomhriachtanais chun go n-oibreoidh Oibritheoir Córais córas cumhachta slán. I mí Iúil 2024, thug EirGrid próiseas soláthair chun críche chun conarthaí a dhámhachtain le haghaidh teicneolaíocht comhdhlúthadáin shioncrónaigh, a sholáthróidh Seirbhísí Táimhe Ísealcharbóin (STI). Nuair a nascfar na tionscadail seo, le STI beifear in ann an t-íoslíon gineadóirí breosla iontaise, a úsáideadh go traidisiúnta chun táimhe córais a sholáthar, a laghdú tuilleadh amach anseo ón íosmhéid de cheithre cinn faoi láthair.

Chun cur chuige comhleanúnach a chinntiú maidir le feidhmiú agus barrfheabhsú an chórais cumhachta ina iomláine, thángthas ar chomhaontú maidir le dearadh ardleibhéil de Shamhail Oibriúcháin na Todhchaí OCT agus OCD le linn na bliana airgeadais 2023-24. Soláthraíonn an tsamhail seo tacar comhaontuithe, creataí, prótacal agus córas a chumasóidh comhordú sábháilte agus slán idir an OCT agus an OCD, agus ag an am céanna réitigh chomhroinnte a sholáthar do na dúshláin atá romhainn.

### Treochlár Beartais Oibriúcháin

Leagtar amach sa *Treochlár Beartais Oibriúcháin 2023-2030* ár bplean go dtí 2030 chun spás a chruthú d'fhás leanúnach ar ghiniúint in-athnuaite athraitheach, neamhshioncrónach. Déantar cur síos ann ar an gcomhthéacs, na gníomhaithe, na hamlínte, na garspriocanna, na gníomhaíochtaí agus tionchair ar pháirtithe leasmhara a bhfuil gá leo i ngach réimse beartais oibríochtúil chun uaillmhian spriocanna dícharbónaithe na hÉireann don earnáil leictreachais a chomhlíonadh.

### Fuair EirGrid Gradam as an Nuálaíocht Teicneolaíochta agus an Comhtháthú Córais is Fearr

I mí na Samhna 2023, bronnadh an gradam 'Dea-Chleachtas na Bliana' mar chuid den Tionscnamh Eangaí In-athnuaite ar EirGrid as nuálaíocht teicneolaíochta agus comhtháthú córais dár dtionscnamh chun an t-Ardú Cumhachta is incheadaithe um athrú minicíochta ar an eangach a dhúbailt ó 0.5 go 1 Hertz in aghaidh an tsoicind. Téarma teicniúil is ea an Ráta Athraithe Minicíochta (RAM) a chuireann síos ar an ráta ar a n-athraíonn an mhinicíocht le linn teagmhas éagothroime córais. Aithníodh i staidéir mhionsonraithe go bhfuil gá leis an uasmhéid RAM is incheadaithe ar an gcóras cumhachta a mhéadú chun tacú le spriocanna fuinnimh in-athnuaite na hÉireann.

Sula bhfuair sé an dámhachtain seo, chuir EirGrid clár oibre ilbhliantúil agus ilpháirtithe leasmhara i gcrích chun an caighdeán RAM a athrú le go leor snáitheanna agus páirtithe leasmhara éagsúla. Tháinig méadú mar gheall air seo ar leibhéil giniúna in-athnuaite ar an gcóras cumhachta, rud a laghdaigh déine carbóin an tsoláthair leictreachais agus as ar cruthaíodh córas cumhachta níos inbhuanaithe go ginearálta.

*Eoin Kennedy, Stiúrthóir Nuálaíochta agus Pleanála, ag fáil ghradam 'Dea-Chleachtas na Bliana' ón Tionscnamh Eangaí In-athnuaite.*



## Margadh Fuinnimh

Tá gá le hathrú ar dhearadh an mhargaidh leictreachais mar fhreagra ar bheartais agus ar threoracha rialála, chun spriocanna méadaithe dícharbónaithe na hÉireann a bhaint amach agus chun inacmhainneacht a chinntiú do thomhaltóirí deiridh. Ní mór margaí leictreachais a ailíniú leis na dúshláin oibriúcháin a bhaineann le comhtháthú méideanna móra fuinnimh in-athnuaite a éascú, agus tá gá le socruithe trádála nasctha idir an Margadh Leictreachais Aonair, an Bhreatain Mhór, agus margaí an AE. Chun an cuspóir seo a bhaint amach, tá na pleananna ilbhliantúla seo a leanas ar siúl faoi láthair:

**Clár Sceidealaithe agus Seolta (CSS)**
Tá sé mar aidhm ag an CSS rochtain ar theicneolaíochtaí cumasúcháin in-athnuaite nua isteach sna margaí cumhachta a fheabhsú. Cinntíonn sé freisin go gcomhlíontar gnéithe den Phacáiste Fuinnimh Ghlain (PFG). Éascaíonn an CSS lárionaid rialaithe chun bainistiú níos fearr a dhéanamh ar na leibhéil mhéadaitheacha fuinnimh in-athnuaite agus ar an gcastacht a bhaineann le teicneolaíochtaí sócmhainne atá ag teacht chun cinn don eangach. Cumasaíonn sé freisin comhlíonadh na sainorduithe rialála reatha agus amach anseo agus soláthraíonn sé cinnteacht ioncaim le haghaidh infheistíochtaí in ábhair in-athnuaite agus teicneolaíochtaí nuálacha don mhargadh agus don eangach.

Rinneadh dul chun cinn suntasach in 2023-24 ar ghníomhaíochtaí dearaidh agus forbartha, agus cuirfear i bhfeidhm iad go céimneach le linn 2025.

**Socruithe Todhchaí do Sheirbhísí Córais (STSC)**
Áirithíonn seirbhísí córais oibriú slán agus cobhsaí na heangaí trí leibhéil minicíochta agus voltais a rialú, agus trí fhreagraí a sholáthar nuair a tharlaíonn suaitheadh córais. Is iad gnáthghineadóirí a chuireann na seirbhísí seo ar fáil go traidisiúnta, ach comhlíonann fuinneamh gaoithe, taobh an éilimh, aonaid stórála ceallraí agus teicneolaíochtaí eile an ról seo níos minice anois. Is é cuspóir STCS creat iomaíoch a chur ar fáil chun seirbhísí córais a sholáthar, a áirithíonn oibriú slán agus iontaofa an chórais leictreachais le leibhéil níos airde de ghiniúint neamhshioncronach.

Le linn 2023-24, d'éirigh le EirGrid roinnt príomhghníomhaíochtaí a thabhairt chun críche lena n-áirítear an chéad chéim de *Threochlár um Chur Chun Feidhme Céimnithe SSCT* a fhoilsiú i mí an Mhárta 2024, reáchtáladh comhairliúchán poiblí ar chur i bhfeidhm an *Mhuirir nua um Sheirbhísí Córais Uile-Oileáin* i mí Iúil 2024, agus foilsíodh an *Treochlár um Chur Chun Feidhme Céimnithe SSCT Leagan 2.0* nuashonraithe i mí Mheán Fómhair 2024 i gcomhar le OCTÉ.

**Stóráil Fhadtréimhseach Fuinnimh (SFF)**
Le hanailís a rinne EirGrid, sainaithníodh Stóráil Fhadtréimhseach Fuinnimh (SFF) mar phríomhéascaitheoir ar an gclaochlú is gá chun cuspóirí fuinnimh agus aeráide na hÉireann a bhaint amach. De réir mar a thagann méadú ar threá giniúna in-athnuaite neamhshioncrónaí, tagann méadú ar cheisteanna ar nós srianadh líonra, barrachas in-athnuaite, agus ciorruithe in-athnuaite freisin. Tá sé mar aidhm ag cur i bhfeidhm SFF dul i ngleic leis na saincheisteanna seo, lena n-áirítear astaíochtaí carbóin agus costais ghiniúna uile-oileáin a laghdú.

I mí Dheireadh Fómhair 2023, bhíomar i dteagmháil leis an tionscal agus le páirtithe leasmhara trí Ghairm ar Fhianaise ar na Roghanna Soláthair Margaidh do SFF, agus sainaithníodh bearna luacha saothair d'infheisteoirí i bhforbairt SFF. Lenár bhFreagra ar an nGairm ar Fhianaise ar SFF i mí an Mhárta 2024, scrúdaíodh na bacainní féideartha sin ar infheistíocht agus roghanna mionsonraithe le haghaidh sruthanna nua ioncaim chun a chinntiú go bhfaightear stóráil ar bhealach a sholáthraíonn an luach is fearr don tomhaltóir.

Thug RCAC treoir do CRU agus EirGrid chun meicníocht soláthair mharthanach a dhearadh chun sócmhainní stórála a nascadh.



## An Chomhairle Chomhairleach i dtaca lenár dTodhchaí Leictreachais a Mhúnlú

Bhunaigh EirGrid agus SONI *An Chomhairle Chomhairleach i dtaca lenár dTodhchaí Leictreachais a Mhúnlú* tar éis measúnú a dhéanamh ar roghanna féideartha chun rannpháirtíocht leanúnach tionscail a éascú maidir leis na pleananna, cuspóirí agus dúshláin atá leagtha amach i *dTreochlár TTLM I1.1*. Is grúpa de thart ar 30 saineolaí ábhair atá páirteach i gComhairle Chomhairleach Ár dTodhchaí Leictreachais a Mhúnlú a dhéanann ionadaíocht ar earnálacha éagsúla de chuid thionscal an leictreachais.

Ní féidir ár *dTreochlár TTLM I1.1* a chur i bhfeidhm go rathúil ach amháin le comhoibriú agus tacaíocht ón tionscal agus ón bpobal áitiúil, agus tá an Chomhairle Chomhairleach TTLM ina comhpháirt riachtanach de seo. Tugann baill na comhairle léargais luachmhara, mar sin is féidir dlús a chur le dul chun cinn ar a chur i bhfeidhm, rud atá déanta Buaileann an fóram seo le chéile trí huaire sa bhliain chun cur i bhfeidhm *Threochlár TTLM I1.1* a phlé, a athbhreithniú agus chun tacú leis. Le linn 2023-24, tar éis léirithe spéise a lorg, rinneadh athnuachan ar chomhaltas Chomhairle Chomhairleach an TTLM agus leathnaíodh í.



# An tIdirnascaire Ceilteach

Is nasc leictreachais faoin bhfarraige é an tIdirnascaire Ceilteach atá á thógáil faoi láthair chun malartú fuinnimh a chumasú idir Éire agus an Fhrainc. Ón 2011 i leith, tá EirGrid ag obair lena mhacasamhail OCT na Fraince, Réseau de Transport d'Electricité (RTE), chun an t-idirnascaire a phleanáil, a fhorbairt agus a thógáil, a bheidh thart ar 575km ar fad agus a mbeidh acmhainneacht 700 MV aige. Tá costas tuartha de thart ar €1.6 billiún air agus tá sé á mhaoiniú i bpáirt ag an Aontas Eorpach mar Thionscadal Thábhachtach ar mhaithe le Leas na hEorpa i gCoitinne (TTLE).

Soláthróidh an tIdirnascaire Ceilteach buntáistí tábhachtacha do chustaiméirí agus do mhargaí in Éirinn, sa Fhrainc agus san AE. Áiritheoidh sé go mbeidh an soláthar leictreachais níos sláine, agus déanfaidh sé an soláthar fuinnimh a éagsúlú ós é an chéad idirnascaire idir Éirinn agus mór-roinn na hEorpa. Cabhróidh sé freisin le spriocanna dícharbónaithe na hÉireann a bhaint amach agus cuideoidh sé le costas leictreachais a laghdú.

Go dtí deireadh na bliana airgeadais, rinneadh breis agus 800,000 uair an chloig oibre ar an tionscadal ó síníodh conarthaí le Siemens Energy agus leis an déantóir cábla Francach Nexans. Rinneadh obair shuntasach le linn na bliana airgeadais, le 25km de 42km den bhealach cábla talún in Éirinn duchtaithe agus os cionn 27km de chábla Srutha Ailtéarnaigh Ardvoltais (SAAV) faoi thalamh suiteáilte. Rinneadh dul chun cinn freisin ar an stáisiún tiontaire i mBaile Ádaim, Co. Chorcaí. Ag an bpointe nasctha eangaí i gCnoc Rátha, Co. Chorcaí, bhí oibreacha sibhialta beagnach críochnaithe ag deireadh na bliana airgeadais. Rinneadh na chéad mhionstaidéir sheandálaíochta ag Trá an Chaisleáin Cria, Eochaill, Co. Chorcaí, mar ullmhúchán d'oibreacha áite theacht i dtír an chábla le tosú i dtreo dheireadh 2024.


Leanadh le dul chun cinn ar shuirbhéireacht mhara ar chodanna de bhealach an chábla fhomhuirí le linn na bliana airgeadais, mar ullmhúchán don chéad chábla a shuiteáil sa Mhuir Cheilteach. Rinneadh trialacha clasaithe, glanadh bollán bealaigh, agus gearradh cáblaí as seirbhís i rith mhíonna an tsamhraidh in 2024, mar ullmhúchán do chábla mara a leagan atá le tosú in 2025.

Sa Fhrainc, chuaigh an tógáil ar aghaidh go tapa freisin i rith na bliana, le 20% de bhealach an chábla talún clasaithe agus duchtaithe, agus tá tógáil an stáisiúin tiontaire ag céim thar a bheith forbartha.

Féach leathanach 100 chun eolas a fháil ar rannpháirtíocht an phobail agus ar Chiste Sochair Pobail an Idirnascaire Cheiltigh.

**Co-financed by the Connecting Europe Facility of the European Union**





# Feidhmiú Bonneagair

Mar a luadh cheana i gcodanna roimhe seo, tá breis is 370 tionscadal tarchuir á gcur chun cinn ag EirGrid d'fhonn an córas cumhachta a atreisiú chun tacú leis an bhforbairt eacnamaíoch agus shóisialta amach anseo, chun an tslándáil soláthair a chinntiú agus chun éascaíocht a dhéanamh ar an méid suntasach fuinnimh in-athnuaite a cheangal a theastaíonn chun spriocanna 2030 na hÉireann a bhaint amach. Tugtar sa rannán seo a leanas achoimre agus uasdátú stádais ar chuid dár gcláir agus dár dtionscadail ríthábhachtacha, ardtosaíochta infheistíochta bonneagair.

## Baile Átha Cliath a Chumhachtú

Is éard atá i gceist leis an gclár 'Baile Átha Cliath a Chumhachtú', a bunaíodh in 2022, uasghrádú mór ar eangach leictreachais Bhaile Átha Cliath chun baint amach spriocanna Phlean Gníomhaíochta Aeráide an Rialtais a éascú, agus an bonneagar atá ag dul in aois a athsholáthar chun freastal ar an éileamh méadaitheach ar fhuinneamh sa phríomhchathair. San áireamh sa tionscadal seo tá thart ar 55km de chábliú faoi thalamh a athsholáthar ar fud na cathrach chomh maith le fostáisiúin atá ann cheana a leathnú agus fostáisiúin nua a sholáthar i gceantair thábhachtacha chun acmhainneacht bhreise a sholáthar.

Le linn na bliana airgeadais leanamar de na tionscadail ríthábhachtacha seo a chur chun cinn go tapa, agus baineadh amach roinnt garspriocanna tábhachtacha. Tar éis comhairliúchán poiblí, d'fhoilsigh EirGrid na Roghanna Bealaigh Is Fearr Feidhmíocht (RBFF) do thrí cinn de na cúig thionscadal athsholáthair cáblaí 220 kV. Tá sé beartaithe againn teicnící cáblaithe amach ón gcósta a úsáid ar bhealaí éagsúla chun cur isteach ar an bpobal agus ar ghnólachtaí a íoslaghdú, agus cuspóirí an tionscadail a chomhlíonadh ag an am céanna.

Cuireadh na RBFFanna in iúl trí litir a sheoladh chuig tithe agus gnólachtaí sa phobal feadh na mbealaí agus freisin trí imeachtaí faisnéise poiblí agus cur i láthair a rinneadh ag fóraim áitiúla pobail agus gnó an tionscadail.

# Bonneagair a Cuireadh ar Fáil in 2023-24

## An 1 Deireadh Fómhair 2023 go dtí an 30 Meán Fómhair 2024

**51**
**Bhain tionscadail Comhaontú Tionscadail amach le BSL***

**289 MV**
Nascadh stóráil le heangach

**26**
**Fuinnmhíodh tionscadail nua**

**Baile Átha Cliath a Chumhachtú:**
Foilsíodh na Bealaí Is Fearr Feidhmíocht le haghaidh 3 chábla

**Baile Átha Cliath a Chumhachtú:**
Tugadh cead pleanála do dhá stáisiún tarchuir

Baineadh comhaontú tionscadail amach do 5 cinn dár mórthionscadail bonneagair eangaí*

**239 MV**
Nascadh fuinneamh na gréine le heangach

**214 MV**
Nascadh fuinneamh gaoithe le heangach

Prótacail nua ar rannpháirtíocht luath le BSL

**€39.4m**
Caiteachas Iomlán Líonra OCT

**370+**
Tionscadail sa Phunann Soláthair Líonraí**


Foilsíodh Comhchlár Bristeacha EirGrid/LBSL

* Is éard atá i gComhaontú Tionscadail ná tionscadail a thabhairt ar láimh ó EirGrid go Líonraí BSL lena gcur i bhfeidhm.
** Is é ár bPunann Soláthair Líonra ár gclár oibreacha chun an córas tarchuir in Éirinn a neartú agus chun fuinneamh gaoithe ar talamh agus amach ón gcósta, giniúint gréine agus gnáthghiniúint a nascadh.

Cumhdaítear sa léarscáil thíos an RBFF do thionscadail Fhionnghlaise go dtí an Port Thuaidh, Carraig Mhaighin go dtí an Poll Beag agus an Port Thuaidh go dtí an Poll Beag agus an RBFF atá ag teacht chun cinn don dá bhealach ó Inse Chór go dtí an Poll Beag. Is é Fionnghlas go dtí an Port Thuaidh an tionscadal athsholáthair cáblaí ina bhfuil an dul chun is mó déanta aige agus táthar ag súil go dtabharfar ar láimh go foirmiúil é do LBSL faoi dheireadh 2024 le haghaidh dearadh mionsonraithe, soláthar agus tógáil.

Is príomhghnéithe de chuid chlár Ag Cumhachtú Bhaile Átha Cliath iad na fostáisiúin atá ann cheana féin a shíneadh agus fostáisiún nua a fhorbairt, agus rinneadh dul chun cinn suntasach i rith na bliana airgeadais, agus cead pleanála faighte againn chun fostáisiún 220 kV Belcamp a leathnú agus fostáisiún nua 220 kV a fhorbairt sa Pholl Beag i mí na Nollag 2023.

## Baile Átha Cliath a Chumhachtú: Léarscáil de na Roghanna Bealaí is Fearr Feidhmíocht









Leanamar d'fhorbairt a dhéanamh ar na sonraí dearaidh agus tógála a bhí fágtha don dá fhostáisiún i gcomhar le LBSL agus tá ullmhúcháin á ndéanamh againn chun na tionscadail seo a thabhairt ar láimh go foirmiúil chuig LBSL faoi dheireadh 2024 agus tabharfaidh LBSL ar aghaidh iad ansin le linn na gcéimeanna mionsonraithe dearaidh, soláthair agus tógála.

Tar éis do LBSL iarratas a dhéanamh, chuireamar staidéir chun cinn ar dhá thionscadal treisiúcháin eangaí a bhaineann le comhéadain idir na gréasáin tarchuir (ardvoltais) agus dáileacháin (voltas níos ísle). Cuirfidh na tionscadail seo, Fine Gall Thoir-an Mhí agus Cill Dara-Baile Átha Cliath, acmhainneacht ar fáil chun freastal ar éileamh méadaitheach ó fhorbairt maoine cónaithe agus tráchtála agus leictriú teasa agus iompair ar fud Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath. Ullmhaíodh comhairliúcháin phoiblí le seoladh i bhfómhar 2024.

Is pointe comhéadain ríthábhachtach é an Pointe Mórsholáthair Lár Bhaile Átha Cliath (PMS) idir an líonra tarchuir ardvoltais agus an líonra dáileacháin voltais níos ísle. Tar éis mionstaidéir a dhéanamh, rinneadh meastóireacht ar roinnt roghanna don láithreán fostáisiúin seo, agus sainaithníodh an rogha is fearr feidhmíocht ar shuíomh de chuid LBSL. Chuathas i mbun comhairliúchán poiblí forleathan i rith an tsamhraidh 2024, lena n-áirítear imeachtaí faisnéise a reáchtáil, eolas a chur ar fáil d'ionadaithe tofa agus comhairleoirí áitiúla, bróisiúir thionscadail a sheachadadh chuig breis is 5,000 teach sa cheantar agus eolas a chur ar fáil do chomhaltaí Fhóram Bonneagair Bhaile Átha Cliath.

### Fóram Bonneagair Bhaile Átha Cliath

Ba é EirGrid a bhunaigh Fóram Bonneagair Bhaile Átha Cliath agus ceapadh Cathaoirleach neamhspleách, chun comhoibriú éifeachtach le Líonraí BSL (LBSL) mar OCD a chumasú, mar aon le comhoibriú le fóntais eile faoi úinéireacht an stáit, soláthraithe iompair agus údaráis áitiúla. Is é cuspóir an Fhóraim ná pleanáil, forbairt, cur i bhfeidhm agus monatóireacht na dtionscadal ábhartha a chomhordú ar fud chlár na n-oibreacha atá á chur i gcrích chun príomhbhonneagar leictreachais i mBaile Átha Cliath agus sna ceantair máguaird a neartú. Áirítear leis na comhaltaí, Údarás Aerfort Bhaile Átha Cliath, Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath, Comhlacht Chalafort Átha Cliath, Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin, EirGrid, LBSL, Comhairle Contae Fhine Gall, Líonraí Gáis Éireann, Iarnród Éireann, Uisce Éireann, an tÚdarás Náisiúnta Iompair, Comhairle Contae Bhaile Átha Cliath Theas, Bonneagar Iompair Éireann agus Uiscebhealaí Éireann.

Tá Fóram Bonneagair Bhaile Átha Cliath ag obair go héifeachtach agus tá deireadh curtha leis an ngá atá le 22km breise de chábla sna gréasáin bóithre ó bunaíodh é. Is dócha gur éirigh leis é seo a dhéanamh trí chomhoibriú a dhéanamh le gníomhaireachtaí agus údaráis áitiúla chun cur isteach ar phobail agus ar ghnóthaí áitiúla a laghdú agus chun feidhme clár á bhrostú.

### Tionscadal 110 kV Chonnacht Thuaidh

Is éard atá i gceist i dtionscadal Chonnacht Thuaidh ná cábla leictreachais nua faoi thalamh 110 kV 60km ó fhostáisiún na Maighe i mBéal an Átha, Co. Mhaigh Eo, go fostáisiún na Tóna Rua i mBealach an Doirín, Co Ros Comáin. Tá gá freisin le huasghráduithe agus le hoibreacha sínithe ar fhostáisiúin na Muaidhe agus na Tóna Rua ar an líne lasnairde 110 kV atá ann cheana féin idir fostáisiúin na Tóna Tua agus an Átha Leacaigh i gCo. Ros Comáin agus is cuid den tionscadal iad.

Gintear méid mór leictreachais in-athnuaite i dTuaisceart Chonnacht i láthair na huaire agus tá acmhainneacht bhreise beartaithe sna blianta amach romhainn. Neartófar an eangach sa réigiún mar gheall ar an gcábla tarchuir nua agus uasghrádú na línte lasnairde chun gur féidir méadú ar an acmhainneacht agus éileamh a bhfuil coinne léi a láimhseáil. Cabhróidh sé seo le tacaíocht a thabhairt d'fhorbairt leanúnach shóisialta agus eacnamaíoch an cheantair agus chun an t-aistriú go sochaí ísealcharbóin a chumasú tuilleadh.

Tar éis cead pleanála a fháil ón mBord Pleanála (ABP) i Meán Fómhair 2023, aistríodh an tionscadal do LBSL le cur i bhfeidhm i mí na Nollag 2023. Ó shin i leith, lean an grúpa oibre a bunaíodh chun aghaidh a thabhairt go comhoibritheach ar thuairimí pleanála, comhdhéanta de Bhonneagar Iompair Éireann (BIE), EirGrid, LBSL agus páirtithe leasmhara ábhartha eile, lean siad ar aghaidh ag déanamh athbhreithniú fairsing ar na dearaí, ag déanamh suirbhéanna breise agus athdhearadh i rith na bliana, arbh é comhaontú ar an dearadh a dtoradh ag deireadh na bliana airgeadais.

I mí Lúnasa 2024, rinneadh dul chun cinn ar fhoirgníocht ardfhorbartha ar 900m de dhuchtú cábla bóthair a shuiteáil i mBéal Átha na Muice. Rinneadh an obair seo sular thug Comhairle Contae Mhaigh Eo faoi oibreacha sceidealaithe athdhromchlaithe bóithre, cur chuige comhoibritheach a glacadh chun cur isteach sa cheantar a íoslaghdú agus chun atochailt an bhóthair a sheachaint. Leanadh ar aghaidh le rannpháirtíocht fhairsing le páirtithe leasmhara agus leis an bpobal áitiúil i rith na bliana, lena n-áirítear rannpháirtíocht i gcruinnithe ceantar bardasach inar tugadh aitheantas agus moladh don chomhoibriú idir na páirtithe leasmhara go léir. Thionóil an Fóram Pobail go rialta i rith na bliana, chun nuashonruithe a sholáthar maidir le tionscadail agus Ciste Sochair Pobail.

### Uasghrádú ar Eangach Cill Dara-an Mhí

Cuirfidh Uasghrádú Eangach Cill Dara-an Mhí nasc leictreachais ardacmhainneachta 400 kV faoi thalamh ar fáil idir Baile Uí Dhuinn, Contae Chill Dara agus Fearann na Coille, Contae na Mí. Meastar go bhfuil an tionscadal riachtanach chun spriocanna fuinnimh in-athnuaite 2030 an Rialtais a chomhlíonadh, lena n-áirítear leictreachas a iompar ó fheirmeacha amach ón gcósta amach anseo. Cabhróidh sé freisin le freastal ar an éileamh méadaitheach ar leictreachas in oirthear na hÉireann, mar gheall ar mhéadú ar an daonra agus ar ghníomhaíocht gheilleagrach sa réigiún.

I mí Iúil 2023, tugadh ceanglais nua isteach maidir le baint fálta sceach mar gheall ar athrú ar rialacháin phleanála, agus tá gá anois le Tuarascáil iomlán ar Mheasúnacht Tionchair Timpeallachta (TMTT). Cuireadh TMTT isteach le faisnéis tacaíochta faoi bhráid ABP i mí an Mhárta 2024. Ina dhiaidh sin, thug EirGrid faoi chomhairliúchán poiblí cúig seachtaine maidir leis an bhfaisnéis phleanála bhreise idir Bealtaine agus Meitheamh 2024, mar a d'iarr ABP.

Leanadh ar aghaidh le rannpháirtíocht shuntasach le páirtithe leasmhara, úinéirí talún agus leis an bpobal áitiúil i rith na bliana seo, lena n-áirítear tríd an bhfóram pobail. Ag deireadh na bliana airgeadais, bhíomar ag fanacht ar chinneadh ón údarás pleanála agus bhíomar ag obair le LBSL ar scóip an tionscadail chun go bhféadfaí é a thabhairt ar láimh lena chur i bhfeidhm, gach cead pleanála a fháil.

## Uasghrádú ar Eangach Oirthear na Mí-Baile Átha Cliath Thuaidh

Is éard atá i gceist le tionscadal uasghrádaithe Oirthear na Mí-Baile Átha Cliath Thuaidh ná cábla 37km ardacmhainneachta 400 kV faoi thalamh a fhorbairt ó Fhearann na Coille, Contae na Mí go Belcamp i dtuaisceart Bhaile Átha Cliath. Tá Oirthear na Mí agus Fine Gall i measc na limistéar daonna is mó fáis sa tír, agus leis an bhfás seo, tá éileamh níos airde ar leictreachas. Cabhróidh an tionscadal seo le tacú leis an éileamh méadaitheach ar leictreachas sa cheantar.

I mí an Mhárta 2024, chuir EirGrid iarratas pleanála um Fhorbairt Bonneagair Straitéisigh faoi bhráid ABP, tar éis measúnachtaí fairsinge teicniúla agus timpeallachta, comhairliúcháin, agus plé le pobail áitiúla agus le páirtithe leasmhara eile. I mí Iúil 2024, d'fhreagair EirGrid d'aighneachtaí a fuair ABP, agus ag deireadh na bliana airgeadais bhíomar ag fanacht le dearbhú ar chinneadh pleanála agus bhíomar ag obair le LBSL ar scóip an tionscadail chun go bhféadfaí é a thabhairt ar láimh lena chur i bhfeidhm, ach cead pleanála a fháil.

Tá tús curtha ag EirGrid freisin le himscrúduithe talún feadh bhealach an chábla, a bhfuil gá leo chun na coinníollacha talún a aithint agus chun na seirbhísí faoi thalamh a chinneadh a bheidh mar bhonn eolais do chéim dheartha mhionsonraithe an tionscadail.

## Tionscadal Atreisithe Laois-Cill Chainnigh

Is tionscnamh athneartaithe eangaí é tionscadal Laois-Cill Chainnigh a bhaineann le líne tharchuir nua 110 kV a fhorbairt idir an dá chontae agus nasc nua leis an líonra 400 kV sa réigiún. Tá roinnt tionscadal tógála i gceist leis na forbairtí bonneagair atá beartaithe, lena n-áirítear dhá fhostáisiún nua atá suite soir ó dheas ó Phort Laoise agus i mBéal Átha Ragad i dtuaisceart Chill Chainnigh. Déanfar uasghrádú ar fhostáisiún i gcathair Chill Chainnigh agus tógfar líne tharchuir idir an dá stáisiún nua freisin.

Le linn 2023-24, rinneadh roinnt forbairtí tábhachtacha ar an tionscadal seo. Cuireadh an conraitheoir sibhialta chuig suíomh fostáisiúin 400 kV/110 kV Chúil na Baice agus críochnaíodh oibreacha fairsinge fiosrúcháin talún agus rinneadh dul chun cinn maith ar oibreacha tógála ag deireadh na bliana airgeadais, agus bhí obair ar an líne lasnairde 110 kV idir Baile Ragadaigh agus Cúil na Baice thart ar 90% réidh.

Tháinig an Fóram Pobail le chéile go rialta i rith na bliana agus bronnadh €153,450 ar eagraíochtaí pobail agus seachbhrabúsacha áitiúla ó Chiste Sochair Pobail Laois-Cill Chainnigh Céim 2. Le haghaidh tuilleadh eolais féach leathanach 102.

## An tIdirnascaire Thuaidh-Theas

Is líne tharchuir lasnairde 138km 400 kV é tionscadal an Idirnascaire Thuaidh-Theas, a thrasnaíonn contaetha na Mí, an Chabháin agus Mhuineacháin in Éirinn agus contaetha Ard Mhacha agus Thír Eoghain i dTuaisceart Éireann, áit a mbeidh an líne nasctha le fostáisiún nua 400 kV/275 kV atá beartaithe i dTúr Liadhnáin, Co. Thír Eoghain. Tá an tIdirnascaire Thuaidh-Theas ríthábhachtach chun a chinntiú go bhfuil líonra tarchuir láidir againn a bheidh in ann an soláthar leictreachais a theastaíonn chun tacú le riachtanais fuinnimh na hÉireann sa todhchaí a chinntiú, agus chun spriocanna fuinnimh in-athnuaite na hÉireann a bhaint amach. Tríd is tríd, éascaítear giniúint leictreachais níos in-athnuaite isteach san eangach mar gheall ar an nasc feabhsaithe idir ár líonraí, rud atá riachtanach chun spriocanna gníomhaíochta aeráide na hÉireann a bhaint amach agus chun ár neamhspleáchas fuinnimh a mhéadú trí spleáchas ar bhreoslaí iontaise allmhairithe a laghdú. Cuirfidh an t-idirnascaire sochair ar fáil freisin do phobail áitiúla an Oirthuaiscirt trí mhéadú a dhéanamh ar acmhainneacht leictreachais sa réigiún, rud a chuideoidh le hinfheistíocht isteach agus fostaíocht a mhealladh.

Tá cead pleanála iomlán ag an tionscadal in Éirinn agus i dTuaisceart Éireann araon agus tá sé ag dul ar aghaidh chuig céim na tógála faoi mhaoirseacht LBSL agus NIE Networks. Tugadh an príomhchreat tairisceana tógála do cheathrar conraitheoirí atá bunaithe in Éirinn i mí na Nollag 2023.

In 2023-24, thosaigh EirGrid le teagmháil a dhéanamh le thart ar 400 úinéir talún a raibh ar phacáiste cúitimh dheonaigh chun rochtain ar thalamh a chinntiú i bhfoirm éasúintí feadh bhealach na líne lasnairde.

Tugadh an tionscadal ar láimh go foirmiúil do NIE Networks chun tús a chur leis an gcéim thógála ó mhí na Samhna 2024 i dTuaisceart Éireann.



## Foinsí Fuinnimh do Chustaiméirí – Fuinneamh In-athnuaite agus Stóráil Fuinnimh

Le linn 2023-24, fuinnmhíodh roinnt tionscadal fuinnimh in-athnuaite ag an leibhéal tarchuir, lena n-áirítear trí thionscadal feirmeacha gaoithe ar an gcladach agus ceithre fheirm ghréine. Tá toilleadh comhcheangailte 453 MV ag na tionscadail giniúna in-athnuaite seo agus beidh ról tábhachtach acu maidir le dul chun cinn a dhéanamh i dtreo spriocanna 2030 na hÉireann maidir le fuinneamh in-athnuaite a bhaint amach. Rinneadh trí thionscadal de Chórais Stórála Fuinnimh Ceallraí (CSFC) a cheangal freisin, le toilleadh comhcheangailte de 289 MV. Is ionann é sin agus 742 MV san iomlán de thoilleadh in-athnuaite agus stórála atá nasctha ag leibhéal tarchuir i rith na bliana.

Tá dúshláin ag baint leis an líon mór teicneolaíochtaí nua seo a nascadh leis an gcóras tarchuir. Lean EirGrid ar aghaidh de thionscadal a bhainistiú go héifeachtach trí chomhoibriú dlúth leis na custaiméirí nasctha agus lenár gcomhpháirtí seachadta LBSL, lena chinntiú go n-éireoidh leo.

## Amach ón gCósta

Fianaise ar uaillmhianta méadaithe an Rialtais maidir le gníomhú ar son na haeráide 80% de leictreachas in-athnuaite a sholáthar faoi 2030 - is ea go n-áirítear in PGA24 an cuspóir go suiteálfar 5 GV de ghiniúint gaoithe amach ón gcósta faoi dheireadh na tréimhse deich mbliana.

Le linn 2023-24, leanadh den obair ar ról leathnaithe EirGrid a chur i bhfeidhm, inar cuimsíodh oibriú agus úinéireacht eangaí tarchuir leictreachais amach ón gcósta na hÉireann, mar atá sainithe ag [Ráiteas Beartais an Rialtais ar an gCreat do Chóras Tarchuir Leictreachais Amach ó chósta na hÉireann (2021)](). Leagtar amach ann trí chéim d'fhorbairt eangaí amach ón gcósta, agus an chéad chéim bunaithe ar mhúnla díláraithe atá faoi stiúir an fhorbróra, rud a athraíonn go múnla atá láraithe go hiomlán agus atá bunaithe ar phlean sa tríú céim. Beidh gach céim ailínithe le ceantanna faoin Scéim Tacaíochta um Leictreachas In-athnuaite Amach ón gCósta (STLIE) faoi stiúir an Rialtais.

### Céim 1

Ó mhí Iúil 2023 go mí an Mheithimh 2024, reáchtáil EirGrid sraith seisiún rannpháirtíochta le forbróirí Feirmeacha Gaoithe Amach ón gCósta ó Chéim 1, a dhírigh ar dhréachtaí tosaigh den Chomhaontú um Nasc Tarchuir agus de chonarthaí an Chomhaontaithe Ceannaigh Sócmhainní a chur chun cinn. Cuireadh deireadh leis an rannpháirtíocht seo le seoladh comhairliúchán poiblí ar na comhaontuithe conarthacha seo i mí an Mheithimh 2024. D'fhorbair EirGrid na sonraíochtaí teicniúla do shócmhainní tarchuir amach ón gcósta freisin a thógfaidh forbróirí, agus chuaigh sé i dteagmháil leis na forbróirí chun athbhreithniú a dhéanamh ar a gcuid dearaí.

I rith 2023-24, chuir EirGrid gníomhaíochtaí chun cinn mar chuid dá Phlean Ullmhachta le haghaidh Sócmhainní Amach ón gCósta (PUSAC), clár mionsonraithe chun gníomhaíochtaí a sholáthar a theastaíonn le cinntiú gur féidir leis a shainchúram a chomhlíonadh maidir le gach céim amach ón gcósta. Cuimsíonn PUSE 31 clár oibre, agus rinneadh dul chun cinn ar na príomhréimsí go léir i rith na bliana airgeadais.

### Céim 2

I bhFómhar 2023, sheol EirGrid an tionscadal *Tionscadal Tarchuir Amach ón gCósta - An Cósta Theas* agus d'fhoilsigh sé an [Treochlár um Fhuinneamh Amach ón gCósta sa Todhchaí a Mhúnlú](), atá dírithe ar fheasacht a mhúscailt ar a ról agus ar a ghníomhaíochtaí mar ullmhúchán do spriocanna fuinnimh amach ón gcósta an Rialtais agus chun iad a chomhlíonadh go rathúil.

Is é atá i gceist leis an tionscadal Tonn Nua (STLIE 2.1) ná feirm ghaoithe amach ón gcósta a fhorbairt faoi stiúir an phlean, a sholáthróidh suas le 900 MV de thoilleadh breise leictreachais. Tá gá le bonneagar suntasach ar talamh agus amach ón gcósta chun an tionscadal seo a nascadh leis an eangach, agus i rith mhí Dheireadh Fómhair agus mhí na Samhna 2023 reáchtáil EirGrid roinnt imeachtaí rannpháirtíochta poiblí ar fud áiteanna i gCorcaigh agus i Loch Garman chun feasacht a ardú ar an tionscadal.

Bhunaigh EirGrid Creat um Sheirbhísí Muirí amach ón gcósta freisin in 2023-24, tar éis próiseas soláthair rialaithe. Tugann an creat seo rochtain do EirGrid ar raon sainseirbhísí suirbhéireachta mara, agus is príomhghníomhaíocht luathchéime iad siúd do chlár Chéim 2 agus faoi réir toilithe pleanála.

Forbairt shuntasach eile a rinneadh in 2023-24 ná tionscadal tarchuir amach ón gcósta ó Chéim 2 de chuid EirGrid a bheith mar chuid de Phlean Forbartha Líonra Deich mBliana (PFLDB) Líonra Eorpach na nOibritheoirí Córais Tarchuir Leictreachais (LEOCTL). Is réamhtheachtaí é seo d'iarratas ar an tionscadal a chur ar an liosta Tionscadal Leasa Choitinn (TLC) atá le teacht.

Le ceadú an PLMA CT agus téarma agus coinníollacha an dara ceant amach ón gcósta i mí Dheireadh Fómhair 2024, tá an ceant le haghaidh forbairt feirme gaoithe Chéim 2 laistigh den chéad limistéar ainmnithe PLMA CT (Tonn Nua) le bheith ar siúl in 2025.

## Creat Todhchaí Amach ón gCósta

Lean EirGrid ar aghaidh de bheith ag obair le LEOCTL agus OCTanna Eorpacha eile chun an chéad [Phlean Forbartha Líonra Amach ón gCósta]() (PFLAC) a chur le chéile a d'fhoilsigh LEOCTL mí Eanáir 2024. Léireofar sa PFLE conas a d'fhéadfadh eangach leictreachais amach ón gcósta uile-Eorpach, uaillmhianta bhallstáit an AE maidir le fuinneamh in-athnuaite amach ón gcósta a chomhlíonadh in 2040 agus in 2050. Tacaíonn torthaí an PFLE le measúnú ar bhonneagar tarchuir ilchuspóireach amach ón gcósta idir Éire agus áiteanna eile san Eoraip lena n-áirítear an Bhreatain Mhór agus an Fhrainc.

Tá ról gníomhach ag EirGrid freisin le OCTanna eile faoi Dhearbhú Ostend agus é mar aidhm aige tionscadail tarchuir amach ón gcósta a aithint agus a mheasúnú agus beartas trasteorann a fhorbairt maidir le forbairt tarchuir amach ón gcósta. Áirítear leis an obair seo comparáid a dhéanamh idir toipeolaíochtaí éagsúla tarchuir amach ón gcósta agus leanfar ar aghaidh leis go dtí 2025.

Beidh ról mór ag idirnaisc le dlínsí eile i ndáil le deis a thabhairt d'Éirinn a toilleadh suntasach fuinnimh in-athnuaite amach ón gcósta a chomhlíonadh. Tá EirGrid ag plé deiseanna breise idirnaisc trasteorann le OCTanna eile.

### Treochlár amach ón gcósta LEOCTL

Bhunaigh LEOCTL an Sainghrúpa Amach ón gCósta in 2024 chun tacú le comhordú idir OCTanna Eorpacha ar ábhair a bhaineann le fuinneamh gaoithe amach ón gcósta agus chun athbhreithniú a dhéanamh ar sheasaimh LEOCTL maidir le forbairt amach ón gcósta. Áirítear leis sin forbairt an chéad Treochláir Gaoithe amach ón gcósta de chuid LEOCTL, lena leagtar amach plean chun athruithe a theastaíonn ar rialacháin an AE agus cur chuige OCTanna a chur chun feidhme chun freastal ar uaillmhianta in-athnuaite maidir le fuinneamh gaoithe amach ón gcósta an AE, lena n-áirítear forbairt eangaí amach ón gcósta, agus cheap an Sainghrúpa amach ón gcósta EirGrid mar chathaoirleach ar fhorbairt an treochláir seo.



## Tar éis 2030

In 2023-24, reáchtáil EirGrid comhairliúchán maidir le *Cásanna Fuinnimh an Lae Amárach 2023* (CFLA 2023) agus d'fhoilsigh sé *Tuarascáil Deiridh CFT 2023* i mí na Bealtaine 2024.

Léirítear in CFLA 2023 na cásanna fadtéarmacha fuinnimh d'Éirinn agus do Thuaisceart Éireann agus déantar machnamh ar an gcaoi a bhféadfadh an t-éileamh agus an ghiniúint leictreachais forbairt sa tréimhse idir 2035 agus 2050. Is príomhthionscnamh straitéiseach é seo do EirGrid a bheidh mar bhonn eolais le pleanáil agus forbairt fhadtéarmach an chórais leictreachais, don tréimhse idir 2035 agus 2050.

Tar éis CFT 2023 a fhoilsiú, tá EirGrid ag tabhairt faoi Mheasúnacht ar Riachtanais Chórais CFT 2023, a ndéanann scrúdú ar éifeacht an fháis ar éileamh agus ar ghiniúint leictreachais a leagtar amach sna cásanna a luaithe is a chuirtear na tionscadail líonra atá molta inár *dTreochlár TTLM I1.1* i bhfeidhm. Is tionscadal ríthábhachtach é seo chun tacú lenár bhfís do líonra neodrach ó thaobh fuinnimh.

In 2023-24, chuireamar tús lenár dtionscadal Líonra Neodrach ó thaobh Fuinnimh, ar céim thosaigh é den phleanáil do líonra neodrach ó thaobh fuinnimh agus a dhíríonn ar chás ina mbeadh uasráta leictrithe i ngach earnáil den gheilleagar, chomh maith le hullmhú do gach cás den éileamh ar leictreachas sa todhchaí. Déanfar scrúdú leis an tionscadal freisin ar na forbairtí líonra a theastaíonn chun uaillmhianta maidir le gaoth amach ón gcósta na hÉireann a chomhlíonadh mar atá leagtha amach i *gCreat an Rialtais um Fhuinneamh In-athnuaite Amach ón gCósta sa Todhchaí*, a foilsíodh i mí na Bealtaine 2024. Tá sé beartaithe ag EirGrid an chéad phlean líonra ardleibhéil, táscach agus optamaithe ó thaobh costas de a fhorbairt ina sainaithneofar seicheamh na bhforbairtí atá ag teastáil, a dhéanfar a scagadh tuilleadh de réir mar a fhorbróidh réamh-mheastacháin ar ghiniúint agus éileamh a bheidh ann le himeacht ama.

Beidh forbairt agus cur i bhfeidhm rathúil plean Líonra Neodrach ó thaobh Fuinnimh amach anseo ag brath ar rannpháirtíocht leis an éiceachóras fuinnimh iomlán agus ar threoir uaidh.



# An Margadh Leictreachais Aonair (MLA)

### Oibríochtaí MLA

Le linn 2023-24, leanadh ar aghaidh le hoibríochtaí laethúla an MLA agus reáchtáladh na ceantanna fuinnimh go léir thar ceann an Choiste um an Margadh Leictreachais Aonair (CMLA) a cuireadh i gcrích mar a bhí beartaithe, ríomhadh praghsanna míchothromaíochta ar bhonn 5 nóiméad, agus bhí feidhmeanna socraíochta ag oibriú laistigh de phríomhtháscairí feidhmíochta caighdeánacha.


Le linn na bliana airgeadais, chláraigh an MLA 67 aonad margaidh breise, lena n-áirítear 19 n-aonad gan sócmhainní, naoi n-aonad gaoithe, trí aonad ceallraí, cúig aonad gréine, trí aonad ar thaobh an éilimh agus 20 aonad soláthair.

### Scéimeanna Tacaíochta Fuinnimh In-athnuaite

Tacaítear le forbairt na giniúna in-athnuaite trí *Scéim Tacaíochta Leictreachais In-athnuaite* (STLI) an Rialtais atá maoinithe ag tomhaltóirí leictreachais. Cuireadh de chúram ar EirGrid ceantanna STLI a oibriú thar ceann an Rialtais.

I mí na Bealtaine 2024, rinne EirGrid bainistiú ar an bpróiseas tairisceana don cheathrú ceant i dtaca le scéim ar talamh (STLI 4), agus bhí 43 tionscadal cáilithe chun páirt a ghlacadh sa phróiseas. Reáchtáladh an ceant i mí Lúnasa 2024 le 27 tionscadal rathúil, agus cuireadh c. 1,334 MV do thoilleadh fuinnimh in-athnuaite, ar fáil, a bhí comhdhéanta de c. 374 MV gaoithe ar talamh agus c. 960 MV fuinneamh gréine.

**Torthaí Comparáideacha Ceant STLI**



## Ceantanna Margaidh Toillte

Is príomheilimint den mhargadh mórdhíola leictreachais uile-oileáin iad ceantanna margaidh toillte, agus tá siad deartha chun soláthar iontaofa leictreachais a sholáthar ar an gcostas is ísle is féidir do thomhaltóirí fuinnimh. Is é an aidhm atá ann le ceantanna freisin stáisiúin chumhachta nua agus níos éifeachtaí a spreagadh sa mhargadh.

I mí an Mheithimh 2024, fuair EirGrid méadú faoi thrí ar líon na n-iarratas ar cheant toillte T-4 2028/2029 (is ionann T-4 agus toilleadh a dhaingniú ceithre bliana roimh ré) i gcomparáid leis an gceant T-4 2027/2028 roimhe a reáchtáladh in 2023. Foilsíodh torthaí cáilíochta sealadacha i mí Iúil 2024 agus bhí an ceant le bheith ar siúl i mí na Samhna 2024.

## Tionchair dhomhanda ar fhuinneamh


Tríd an gcomhfhiontar - An tOibritheoir an Mhargaidh Leictreachais Aonair (SEMO), oibríonn EirGrid agus SONI an MLA, agus níl aon tionchar díreach ag SEMO ar phraghsanna leictreachais. I rith na bliana airgeadais, tháinig laghdú ar phraghsanna mórdhíola leictreachais san Eoraip, go príomha mar gheall ar chobhsú agus laghdú ar phraghsanna gáis, méadú ar chumas in-athnuaite sa chóras, agus aisghabháil toillte núicléiche sa Fhrainc.

Le linn na tréimhse seo, cláraíodh na leibhéil is airde riamh de ghiniúint ghaoithe agus ghréine, rud a d'fhág gur laghdaíodh tomhaltas gáis i meascán leictreachais na hEorpa. Is é a bhí mar thoradh ar an athrú seo ná sreafaí onnmhairiúcháin fuinnimh suntasacha idir tíortha. In ainneoin an fháis leanúnaigh ar fhoinsí fuinnimh in-athnuaite, tá gás fós an rud is mó a imríonn tionchar ar phraghsanna laistigh den MLA. Mar sin féin, mar gheall ar an laghdú ar phraghsanna gáis agus ar ghiniúint mhéadaithe in-athnuaite, b'ionann praghsanna Margaidh Lá Roimh Ré (MLRR) agus €103.09/MVh ar an meán sa bhliain, laghdú 27% i gcomparáid leis an mbliain roimhe sin.


Chruthaigh aisghabháil an toillte núicléiche sa Fhrainc, mar aon le méadú suntasach ar thoilleadh fuinnimh gréine agus gaoithe ar fud na hEorpa agus na Breataine Móire, staid ina raibh an iomarca fuinnimh á tháirge. Mar gheall ar shreafaí láidre fuinnimh shaoir, tá an Bhreatain Mhór, agus an MLA dá bharr, ar cheann de na hallmhaireoirí fuinnimh is mó san Eoraip.


Tá agus beidh infheistíocht leanúnach inár dtoilleadh in-athnuaite in Éirinn, ina cuid thábhachtach chun neamhspleáchas an tsoláthair fuinnimh a chinntiú. É sin ráite, is comhpháirt thábhachtach dár bpunann ghiniúna fós é gás agus beidh ról leanúnach aige mar bhreosla idirthréimhse, agus is gné ríthábhachtach dár slándáil fuinnimh fhoriomláin é an tslándáil soláthair gáis a chinntiú.

**Praghsanna Leictreachais i gcomparáid le Praghsanna Gáis**




**Praghas Margaidh Lá Roimh Ré Leictreachais Aonair de réir Bliana**





Co. Lú

Grianghraf le
Darren Hawdon,
Bainisteoir Tionscadail

Thosaigh Darren Hawdon ag obair in EirGrid i mí Aibreáin 2024 agus oibríonn sé i bhfoireann Tionscadail Líonra na hÉireann.

'The answer, my friend'

Dán le
John Sheehy, Bainisteoir Caidrimh Comhpháirtithe

Thosaigh John Sheehy ag obair le EirGrid in 2015, agus oibríonn sé anois i mBainistíocht Díoltóirí agus Comhpháirtithe Straitéiseacha. Creideann sé go gcruthaíonn teanga an aigne agus gur foinse fuinnimh in-athnuaite í féin!

Blow, wind, blow
Along memories of younger days
Through forgotten alleyways
Through the sunny haze
Of dandelion seeds dropping down below

Go, child, go
Through those fields
Your energy like a wheel
Turning, a powerful feeling
Propelling you just so

Blow, wind, blow,
Turn those steely arms
Producing electric charms
For villages and farms –
Let us reap, so let us sow



# Tuarascáil ar Ghnó Freagrach

05

# Bliain san Inbhuanaitheacht

## Ciste Sochair Pobail

Bronnadh **€992,437**

**43** grúpa pobail

## Seónna Bóthair do Shaoránaigh Fuinnimh

**9** suíomh

Breis is **900** duine a bhí i láthair

## Bithéagsúlacht

Glanghnóthachan Bithéagsúlachta a baineadh amach ar dhá thionscadal

Aisfheistíodh **31.7km** de línte lasnairde le hatreodóirí eitilte éan chun imbhualadh éan a mhaolú

## Comhpháirtíochtaí Oideachais

**11ú Bliain** de Chomhpháirtíocht le Coláiste Pobail Achadh Eibhlín

SciFest

**61** Mic Léinn | **37** Tionscadail | **31** Scoileanna

An 2ú bliain inar bronnadh Ard-Ghradam um Aeráid Níos Glaine EirGrid ag Craobh Náisiúnta SciFest

## Soláthar Inbhuanaithe

Measúnacht Inbhuanaitheachta amach ón gcósta **curtha i gcrích**

## Rannpháirtíocht Fostaithe

Malartú Éadaí

**64** malartú

**320kg** de $CO_2$ a sábháladh

Glanadh Trá

**30** fostaí

Baineadh **100kg** de bhruscar

Cuimsiú Fostaithe

Bronnadh **Gealltanas Ardaithe**

**Bunaíodh 4 líonra**

Gender Matters

Bród

Culture Connect

Supported Embraced Enabled and Nurtured (S.E.E.N.)

## Taistil Inbhuanaithe

Bronnadh **Gradam Taistil Airgid ÚNI**

Bíonn **83%** d'fhostaithe ag taisteal go hinbhuanaithe

## Tuairisciú & Caighdeáin Inbhuanaitheachta

**ISO4001**
**ISO45001**
creidiúnaithe

Treoir maidir le Tuairisciú Corparáideach i dtaca le hInbhuanaitheacht (TTCI)

Tá an clár ar an mbóthar ceart i dtreo **FY2026**

## Lorg Carbóin

Dóchán Seasta

**Isliú 31% ar** astaíochtaí (teas & gineadóirí cúltaca)

Astaíochtaí Per Capita Fostaithe

**Isliú 9% ar** astaíochtaí Fostaithe EirGrid per capita (scóip 1 & 2)



# Ár dTuras Inbhuanaitheachta

Chun tacú lenár bpríomhchuspóir chun earnáil leictreachais an oileáin a threorú maidir le hinbhuanaitheacht agus dícharbónú, d'fhoilsíomar céad *Straitéis Inbhuanaitheachta EirGrid* in 2021. Déanann an straitéis seo ár spriocanna a ailíniú leis na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe (SFInna) is ábhartha agus is mó tionchar de chuid na NA agus tá sé bunaithe ar thrí cholún:

- Gníomhú ar son na haeráide agus claochlú an chórais leictreachais a chur chun cinn;
- Tiomantas do shochaí inbhuanaithe; agus
- A bheith inár ngnólacht freagrach.

Le linn na bliana airgeadais 2023-24, leanamar ar aghaidh de dhul chun cinn láidir a dhéanamh thar na colúin uile.



## Gníomhú ar son na hAeráide agus Claochlú an Chórais Leictreachais a chur chun cinn

Ár gcuspóirí faoin gcolún seo:

- Aistriú slán chuig córas leictreachais ísealcharbóin a spreagadh agus an meon agus na scileanna riachtanacha a chothú a theastaíonn chun an tírdhreach leictreachais a athrú; agus
- Oiriúnú don athrú aeráide a bheith mar chuid dár bpleanáil bainistíochta sócmhainní.

**Gníomhú ar son na hAeráide agus Claochlú an Chórais Leictreachais a chur chun cinn:** Faoin gcolún seo, tá *Treochlár maidir lenár dTodhchaí Leictreachais a Mhúnlú l1.1 (TTLM l1.1)* EirGrid á chur i bhfeidhm againn chun leanúint ar aghaidh chun spriocanna dícharbónaithe na hÉireann 2030 a bhaint amach go rathúil, i gcomhréir le cuspóirí aeráide an Rialtais. Tá tuilleadh sonraí ar chur i bhfeidhm an treochláir le fáil sa rannán Athbhreithniú Gnó.

Áirítear leis na héachtaí suntasacha a baineadh amach i rith na bliana laghdú ar íoslíon na ngineadóirí traidisiúnta móra a theastaíonn ar an gcóras leictreachais ó chúig cinn go ceithre cinn, bhí tuilleadh dul chun cinn ar ár n-obair cheannródaíoch chun an Treá Neamhshioncronach Córais (TNC) a mhéadú go dtí 80% sa deireadh, agus bhí dul chun cinn suntasach ar fud ár bpunainne tionscadail bonneagair líonra chun an córas tarchuir a fhorbairt. Ina theannta sin, chuireamar iarrachtaí oiriúnaithe don athrú aeráide chun cinn a bhaineann le bainistiú sócmhainní trí rioscaí fisiceacha a shainaithint agus trí bhearta maolaithe a chruthú.

Áiríodh leis an ngealltanas seo beagnach €1 milliún a dháileadh ar phobail áitiúla trínár gcistí sochair pobail. Tá ár gcomhpháirtíocht oideachais le SciFest agus ár gcomhpháirtíocht 11 bliana le Coláiste Pobail Achadh Eibhlín ag teacht faoin gcolún seo freisin. Cuireadh béim ar ár dtiomantas don éagsúlacht, don chothromas agus don ionchuimsiú nuair a bhunaigh EirGrid ceithre líonra faoi stiúir fostaithe i rith na bliana: Gender Matters, Bród, Culture Connect, agus Supported Embraced Enabled and Nurtured (S.E.E.N).



## Tiomanta do Shochaí Inbhuanaithe

Ár gcuspóirí faoin gcolún seo:

- Feasacht shochaíoch a chruthú agus bonn eolais a sholáthar maidir leis na dúshláin atá romhainn agus faoin ról is féidir linn go léir a imirt;
- Foghlaim agus forbairt scileanna ar fud na sochaí a éascú chun tacú leis an gclaochlú;
- Tacú le héagsúlacht agus ionchuimsiú agus iad a chur chun cinn trínár gceithre líonra faoi stiúir fostaithe a bhunú; agus
- Cultúr sláinte agus sábháilteachta a chur chun cinn.



## A bheith inár nGnólacht Freagrach

Ár gcuspóirí faoin gcolún seo:

- Inbhuanaitheacht a leabú tuilleadh i rialachas, cinntí agus feidhmiú ar fud an ghnó,
- Ár lorg carbóin féin a bhainistiú agus a laghdú;
- Na caighdeáin eiticiúla is airde a bhaint amach; agus
- Trédhearcacht maidir lenár bhfeidhmíocht neamhairgeadais a mhéadú.

**Tiomanta do Shochaí Inbhuanaithe:** I mbliana, threisíomar ár gcur chuige faoin gcolún seo trí leanúint lenár *Straitéis Rannpháirtíochta Poiblí*, a chur i bhfeidhm, trí chomhairliúcháin ríthábhachtacha a chur i gcrích ag tacú lenár gclár soláthair bonneagair agus ár dtiomantas do rannpháirtíocht pobail a choinneáil agus fás agus forbairt gairme fostaithe a chothú.

**A bheith inár nGnólacht Freagrach:** I gcomhréir lenár dtiomantas do thrédhearcacht agus inbhuanaitheacht, dhíríomar i rith 2023-24 ar ár n-ullmhacht a mhéadú do na ceanglais tuairiscithe éigeantacha nua faoin *Treoir maidir le Tuairisciú Corparáideach i dtaca le hInbhuanaitheacht* (TTCI). I rith na bliana, chuir EirGrid tús le measúnú mionsonraithe agus dá thoradh sin cuireadh plean feidhmithe ilbhliantúil le chéile a dtabharfaidh treoir dúinn maidir lenár gcéad tuarascáil TTIC réidh le hiniúchadh in 2027, chomh maith lenár measúnú bliantúil ar lorg carbóin a chur i gcrích.

# Gníomhú Ar Son na hAeráide agus Claochlú an Chórais Leictreachais a Spreagadh

Is é an tionchar is mó a imrímid anseo in Eirgrid ó thaobh na hinbhuanaitheachta de ná gníomhaíocht aeráide a spreagadh trínár gcion a dhéanamh ó thaobh claochlú an chórais cumhachta. Tá sé seo ríthábhachtach chun na buntáistí dícharbónaithe níos leithne ar fud na sochaí agus an gheilleagair a bhaint amach trí leictriú. Agus é sin á dhéanamh againn, is fúinne atá sé tacaíocht a thabhairt do thodhchaí glan-nialasach a chumasú in Éirinn.

Féach an rannán um Athbhreithniú Gnó den tuarascáil seo le haghaidh tuilleadh eolais ar an obair atá á déanamh ag EirGrid ar fud ár líonraí agus ár n-oibríochtaí, arna threorú ag ár *dTreochlár TTLM l1.1*, chun leibhéal athruithe nach bhfacthas riamh cheana a theastaíonn ar ár gcóras leictreachais aspreagadh chun spriocanna dícharbónaithe agus leictreachais in-athnuaite na hÉireann a éascú.

Éilíonn an eangach leictreachais athrú nach bhfacthas a leithéid riamh cheana go dtí 2030 de réir mar a chuirtear deireadh le gual agus giniúint breosla iontaise eile agus go ndéantar leibhéil mhéadaitheacha d'fhuinneamh in-athnuaite achomhtháthú sa chóras leictreachais. Ós rud é go bhfuil giniúint in-athnuaite athraitheach toisc go mbraitheann sí ar dhálaí aimsire, ní bhíonn ardleibhéil giniúna in-athnuaite i gcónaí ar fáil ag na tréimhsí is airde éileamh ar bhonn laethúil, seachtainiúil nó míosúil. Dá bhrí sin, beidh sé ina phríomhghné dár n-iarrachtaí dícharbónaithe an úsáid is mó is féidir a bhaint as fuinneamh in-athnuaite nuair abhíonn sé ar fáil go flúirseach agus an gá atá lena leithéid a mhúchadh le linn tréimhsí éilimh níos ísle trí theicneolaíochtaí ar nós stóráil fuinnimh a laghdú.


Ina theannta sin, tá gá leis an eangach a atreisiú lena chinntiú gur féidir leictreachas a tharchur ón áit a ngintear é go dtí an áit a bhfuil gá leis.

Leagtar amach inár *dTreochlár TTLM L1.1* na hoibríochtaí, na gréasáin agus na hathruithe margaidh atá de dhíth le gur féidir 80% de ghiniúint leictreachais a fháil ó fhuinneamh in-athnuaite, ar nós fuinneamh gaoithe agus na gréine, faoi 2030. Le haghaidh tuilleadh eolais ar chur i bhfeidhm ár *dTreochláir TTLM L1.1* in 2023-24, féach leathanach 54.

## Oiriúnú don Athrú Aeráide

Tá athrú ag teacht ar ár n-aeráid. Príomhthosaíocht ag EirGrid is ea a chinntiú go bhfuil an córas cumhachta ullmhaithe chun oiriúnú do na hathruithe seo. Tarlaíonn rioscaí fisiceacha a bhaineann le hathrú aeráide mar gheall ar na patrúin aimsire athraitheacha a bhaineann le hathrú aeráide. Tá roinnt staidéar déanta ag EirGrid ar thionchair an athraithe aeráide ar an gcóras tarchuir.

Aithníodh gurb iad tuilte a eascraíonn as imeachtaí frasaíochta as cuimse, ardú i leibhéil na farraige, agus borrthaí stoirme an baol is mó don chóras tarchuir. Cuireadh measúnuithe i gcrích chun ceantair agus stáisiúin agus sócmhainní líne lasnairde sonracha atá leochaileach do thionchair an athraithe aeráide a shainaithint. Rinneadh tuilleadh staidéir ar na láithreáin sin a sainaithníodh mar láithreáin atá leochaileach ó thaobh riosca tuilte de chun na bearta oiriúnaitheacha is gá do mhaolú an riosca sin a shainaithint.





Maidir le stáisiúin, tá bearta aitheanta againn lena n-áirítear oibreacha draenála, ardú bóithre rochtana, braiteoirí digiteacha le haghaidh leibhéal an uisce, agus cosaintí tuilte claífoirt a thógáil. Maidir le línte lasnairde, rinneadh measúnú ar bhuacacht, ar shocrú agus ar chreimeadh, agus moladh iniúchtaí mar chuid de ghnáthchothabháil agus tar éis tuilte. Fuair na tionscadail oiriúnaithe don athrú aeráide seo faomhadh caipitil in 2023 agus tá á ndéanamh faoi láthair agus táthar ag súil go gcríochnófar iad i mí Dheireadh Fómhair 2028.

Bhí baint ag EirGrid freisin le *Plean Oiriúnaithe Aeráide Earnáil Líonraí Leictreachais agus Gáis* an Rialtais. Mar chuid den ghrúpa seo, tá EirGrid freagrach as:

- Gníomhartha ón bplean a chur i bhfeidhm;
- Feasacht agus machnamh ar phleanáil agus dearadh;
- Rioscaí agus réimsí atá leochaileach mar gheall ar thionchair athraithe aeráide a shainaithint; agus
- Bearta oiriúnaithe a shainaithint.

## Tá EirGrid tiomanta do na gníomhartha seo a chomhlíonadh


### Measúnacht ar Riosca Tuilte ar Línte Tarchuir Lasnairde

Tá measúnú déanta ag EirGrid ar an riosca agus ar an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag tuilte ar dhá chuid de líne 400 kV Baile Uí Dhuinn – Gob na Muine. Aithníodh an dá chuid seo le dul faoi Mheasúnacht ar Riosca Tuilte atá Sonrach don Suíomh trí athbhreithniú a dhéanamh ar an obair a cuireadh i gcrích roimhe seo chun léarscáileanna suirbhéireachta ordanáis na hÉireann a dhéanamh agus an eangach tharchuir agus léarscáileanna tuilte forleagtha orthu.

**Cuid Laois-Cill Dara de Thúr 67 go 89**
Deimhníodh sa Mheasúnacht ar Riosca Tuile atá Sonrach don Suíomh go bhfuil an chontúirt ann go mbeidh tuilte abhainn sa chuid atá faoi chaibidil. Ina theannta sin, dheimhnigh cuairt ar an láithreán go luath i ndiaidh stoirme báistí go mbíonn tuilte ann go rialta sa chuid seo den líne tharchuir.

**Cuid Chontae an Chláir de Thúir 460 go 490**
Deimhníodh sa Mheasúnacht ar Riosca Tuilte atá Sonrach don Suíomh go bhfuil an chontúirt ann go mbeidh tuilte taoide sa chuid atá faoi chaibidil.

Mar chuid d'aighneacht EirGrid chuig CRU do thréimhse Athbhreithnithe Praghsanna 6, tá EirGrid ag iarraidh taighde breise a dhéanamh ar bhearta oiriúnaithe aeráide don chóras tarchuir, le béim ar bhearta oiriúnaithe chun an líonra a riar ag teochtaí níos airde agus trí thriomach. Is féidir leis an dá chás drochthionchar a bheith acu ar dhálaí oibriúcháin a mbeidh córas tarchuir nach bhfuil chomh héifeachtach sin mar thoradh orthu.



## Bithéagsúlacht

Agus tionscadail tarchuir leictreachais á bhforbairt, oibríonn EirGrid chun tionchair shuntasacha ar bhithéagsúlacht a sheachaint. Uaireanta mar gheall ar fhachtóirí seachtracha nó íogaireachtaí iomaíocha, ní féidir tionchair bhithéagsúlachta a sheachaint go hiomlán. Sna cásanna seo, déanaimid tionscadail a dhearadh chun tionchar a laghdú go leibhéal inghlactha.

Mar fhreagra ar an dá ghéarchéim bithéagsúlachta agus aeráide comhcheangailte, agus bonneagar in-athnuaite ríthábhachtach á fhorbairt agus an córas leictreachais á dhícharbónú, ba mhaith le EirGrid an dúlra a athbhunú pé áit ar féidir linn ar gach mórthionscadal.

### Dámhachtainí Gnó agus Airgeadais na hÉireann – Bithéagsúlacht

In 2023-24, bhí an-áthas ar EirGrid a bheith sa bhabhta ceannais sa chatagóir 'Ceannaireacht Bhithéagsúlachta sa Ghnó' de chuid na nDámhachtainí Gnó agus Airgeadais. Thug sé seo aitheantas don ról atá ag an mbithéagsúlacht i gcinnteoireacht EirGrid maidir le rogha na teicneolaíochta, na láithreán agus dhearadh na dtionscadal eangaí, agus aithníodh de gur fochritéar i measúnuithe ilchritéar EirGrid í an bhithéagsúlacht. Bhí fianaise ar ghníomhaíocht thábhachtach EirGrid ar athbhunú an dúlra ina chuid shuntasach den iarratas freisin.





*Sampla d'atreodóir eitiltí éan atá suiteáilte ar chábla leictreachais.*

## Gníomh Athbhunaithe Dúlra

Ó bunaíodh ceanglas conarthach maidir le 'Dearadh Cuimsitheach Dúlra' ar gach mórthionscadal caipitil in 2022, tá fás leanúnach déanta againn ar ár n-uaillmhian maidir leis an dúlra a athbhunú ar talamh agus amach ón gcósta.

In 2023-24, chinntíomar nach raibh Glanchaillteanas Gnáthóg[1] ar 100% dár dtionscadail uasghrádaithe líne lasnairde (ina méadaímid toilleadh nó rátáil trealaimh leictrigh), agus ar 100% dár dtionscadail stáisiúin. Chuaigh muid níos faide agus chinntíomar go raibh Glanghnóthachan Bithéagsúlachta ar cheann dár dtionscadail uasghrádaithe, agus ar cheann dár dtionscadail stáisiúin.

Cé nach féidir Glanchaillteanas gnáthóg féarthalún tirime agus fliche a sheachaint ar cheann dár mórthionscadail cábla faoi thalamh (Uasghrádú Eangaí idir Oirthear na Mí agus Baile Átha Cliath Thuaidh), éireoidh linn glanghnóthachan gnáthóg fálta sceach agus coillearnaí a bhaint amach mar gheall ar chúiteamh a dhéanfar lasmuigh den láthair. Cuirfidh ár gcomhpháirtí carthanachta, Trees on the Land, an cúiteamh seo ar fáil.

Chuidíomar le riosca imbhuailte éan le línte lasnairde a bhí ann cheana a mhaolú trí 'Atreodóirí Eitiltí Éan' (AEEnna) a aisfheistiú ar 28km de réisí línte lasnairde (go dtí iomlán de 53.2km). Seo méadú faoi thrí ar fhad an aisfheistithe amhail ó 2023.

Dá leagfaí gach réise líne lasnairde a bhfuil AEEanna acu amach i líne, shínfidís ó oifig EirGrid i nDroichead na Dothra, Cathair Bhaile Átha Cliath, go Baile Chill Mhantáin; nó comhionann le 130 cuaird ar raon lúthchleasaíochta. Úsáidtear dath bándearg tiubh chun suímh atreodóirí eitilte éan a léiriú ar an léarscáil a thaispeántar, agus tá na 17 gcontae ina bhfuil siad seo á n-aisfheistiú léirithe le dath gorm.

Maidir le hábhair amach ón gcósta, in 2024 cheap EirGrid sainchomhairleoirí ar éiceolaíocht mhuirí WSP agus Arc Marine chun measúnú riosca agus costáil a dhéanamh ar na gnéithe foirmithe sceireacha, atá neodrach ó thaobh carbóin de, saor ó mhicreaphlaisteacha a chomhtháthú isteach inár bhfostáisiúin cosanta cáblaí amach ón gcósta agus inár bhfostáisiúin amach ón gcósta. Tá EirGrid i dteagmháil go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta d'fhonn na dearaí seo atá neamhdhíobhálach don dúlra a phíolótú sna blianta atá le teacht.

1 Ríomhadh Glanchaillteanas ná glanghnóthachan de réir limistéar gnáthóige simplí; níor cuireadh caillteanas gnáthóg a raibh luach éiceolaíochta íseal acu san áireamh sa ríomh.

## Aighneacht maidir le Taifead Éiceolaíochta

Ag tacú le *Plean Gníomhaíochta Bithéagsúlachta Náisiúnta* agus le *Straitéis nua um Shonraí Oscailte* nua na hÉireann, tá EirGrid ag cabhrú leis an mbonn eolais do chaomhnú an dúlra, do bhainistiú agus d'úsáid inbhuanaithe na bithéagsúlachta a neartú. Chuir EirGrid 2,318 taifead éiceolaíochta faoi bhráid an Ionaid Náisiúnta le Sonraí Bithéagsúlachta in 2023-24. Seo méadú faoi dhó ar líon na dtaifead a cuireadh isteach an bhliain roimhe sin. Baineann na taifid seo le dearcthaí a fhaightear ar ainmhithe agus/nó plandaí ag am agus suíomh ar leith. Tá na taifid seo úsáideach chun bonn eolais a chur ar fáil d'fhorbairt agus taighde amach anseo le haghaidh dáiltí speiceas, mar sin ní mór d'aon duine atá ag obair ar thionscadail EirGrid a leithéid a thiomsú.

## Measúnacht Straitéiseach Timpeallachta (MST): Plean Eangaí Nua EirGrid


I mí Mheán Fómhair 2024, d'fhoilsigh EirGrid a *Phlean Forfheidhmithe Eangaí 2023-2028* agus glacadh leis. Leagtar amach sa phlean seo na beartais agus na cuspóirí a theastaíonn chun gach tionscadal eangaí a chur i bhfeidhm go hinbhuanaithe ar talamh agus amach ón gcósta, chomh maith le forbairtí idirnascaire amach anseo.

Istigh sa phlean tá moltaí ó thuarascáil monatóireachta EirGrid ar an bplean roimhe seo do 2017 go 2022. In 2023-24, chuireamar tús le monatóireacht Measúnachta Straitéisí Timpeallachta (MST) ar bhlianta a haon (2023) agus a dó (2024) den phlean feidhmithe nua, chun éifeachtaí timpeallachta iarbhír ár bplean a fháil amach, chun gníomhartha a aimsiú agus a fhorbairt chun bearnaí sonraí a líonadh agus tionchair thimpeallachta sa todhchaí a laghdú. Tá an creat beacht monatóireachta sa phlean nua leathnaithe go suntasach ón gceann a bhí sa phlean roimhe seo, agus tá níos mó béime ann ar anailísí cainníochtúla i gCóras Faisnéise Geografaí.

Tá sampla de roinnt tacar sonraí a úsáideadh inár n-anailísí monatóireachta MST le feiceáil ar léarscáil tionscadail an Idirnascaire Cheiltigh. Léirítear sa léarscáil roinnt méadrach laistigh de chreat monatóireachta MST EirGrid, lena n-áirítear trasnuithe an tionscadail le suímh Eorpacha um chaomhnú an dúlra, láithreáin cheadúnaithe dobharshaothraithe, agus longbhristeacha. Ba é pleanáil chúramach is cúis le haon trasnú bealaigh leis na suímh seo a sheachaint. I gcás méadraigh eile, íoslaghdaíodh agus maolaíodh tionchair nach bhféadfaí a sheachaint, le monatóireacht leanúnach i bhfeidhm (féach thíos).

Ar shuíomh gréasáin EirGrid, tabharfar tuairisc bhliantúil ar thorthaí achoimre monatóireachta MST le haghaidh gach tionscadail. I gcás oidhreacht chultúrtha, beidh torthaí monatóireachta sonracha a bhaineann le ceadúnais tochailte a fhaightear ó Sheirbhís na Séadchomharthaí Náisiúnta ar fáil go poiblí freisin ar thairseach *Bhunachar Sonraí na dTuairiscí Tochailte.*

*Léarscáil Tionscadail an Idirnascaire Cheiltigh.*



## Bithéagsúlacht agus Tionscadal an Idirnascaire Cheiltigh

Is tionscadal suaitheanta de chuid Eirgrid é tionscadal an Idirnascaire Cheiltigh, ina bhfuil cábla fomhuirí agus bonneagar a bhaineann leis ar talamh idir líonraí tarchuir na hÉireann agus na Fraince. Tar éis próiseas rathúil pleanála agus toilithe, tá an tionscadal seo á thógáil anois, in Éirinn agus sa Fhrainc araon, agus tá sé beartaithe tús a chur le forbairt mhuirí in Éirinn i ngeimhreadh 2024 agus go leanfaidh sé ar aghaidh i rith 2025 agus 2026. Féach leathanach 56 le haghaidh tuilleadh sonraí.

Mar gheall ar a nádúr, a shuíomh agus a mhéid, ní féidir le tionscadal an Idirnascaire Cheiltigh gan tionchar a imirt ar an timpeallacht. Mar sin féin, rinne na roghanna pleanála agus dearaidh a breithníodh don tionscadal iarracht an tionchar féideartha timpeallachta a íoslaghdú agus a mhaolú. Tá siad seo anois mar chuid de mhodheolaíochtaí tógála agus de ghníomhaíochtaí eile a bhaineann leis.

Téann tionscadal an Idirnascaire Cheiltigh trasna ar Limistéar Oidhreachta Nádúrtha beartaithe amháin ag Bogach Bhaile Uí Mheirgín, in aice leis an áit theacht i dtír cáblaí ag Trá an Chaisleáin Cria, Co. Chorcaí. Tá dian-mhaolú á dhéanamh ag EirGrid i gcomhar agus i gcomhaontú le Comhairle Contae Chorcaí. Thug an tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra aghaidh ar an maolú seo freisin.

Tá oibreacha cábla ag dul trasna go páirteach ar limistéar foraoise móna báite a bhfuil spéis oidhreachta cultúrtha ag baint leis, atá suite i dTrá an Chaisleáin Cria. Leis seo, cruthaíodh deis chun suirbhéanna ceadúnaithe seandálaíochta a dhéanamh ar an trá, i gcomhar le Seirbhís Séadchomharthaí Náisiúnta na Roinne Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta. Cinnteoidh sé seo go ndéanfar an ghné oidhreachta cultúrtha seo a thochailt agus a thaifeadadh go cuí – ar a dtugtar 'caomhnú trí thaifead' – agus ag an am céanna dearadh an modh tógála chun cábla a leagan ar an Trá chun an cur isteach ar an ngné seo atá ann cheana féin a íoslaghdú.

Ar deireadh, aithníodh bláth fiáin dúchasach a bhí faoi bhagairt nach mór agus a bhí ina ábhar imní caomhnaithe i suirbhéanna bithéagsúlachta réamhthoilithe ar shuíomh stáisiún tiontairí Bhaile Ádaim. Forbraíodh modheolaíocht mhaolaithe dá thoradh air seo chun an speiceas tábhachtach seo a 'thraslonnú' ón limistéar oibreacha ag Baile Ádaim. Mar thoradh air sin, tá an 'mínscoth mhór' socraithe go maith anois ag suíomh nua laistigh de ghabháltas talún EirGrid, agus tá pleananna bainistíochta fadtéarmacha i bhfeidhm chun an speiceas a chosaint.


Léirítear leis seo an chaoi a bhfuil cúrsaí bithéagsúlachta ag croílár chur chuige EirGrid maidir le dearadh agus cinnteoireacht ar a thionscadail bonneagair tarchuir. Bíonn sé níos fusa agus níos éifeachtaí ó thaobh costas de go ginearálta réitigh oiriúnacha bhithéagsúlachta a chur i bhfeidhm ar phleanáil, toiliú agus tógáil ár dtionscadal eangaí, mar gheall ar an méid seo a chur san áireamh go luath.




*Mínscoth, bláth fiáin.*










*Mic léinn Achadh Eibhlín ag glacadh páirt i gclár meantóireachta EirGrid.*

# Tiomanta do Shochaí Inbhuanaithe

Beidh athrú suntasach sochaíoch ag teastáil chun uaillmhian aeráide an Rialtais a chomhlíonadh, agus tá ról lárnach ag EirGrid san athrú sin. Tá EirGrid tiomanta chun sochaí inbhuanaithe a chothú trí chomhpháirtíochtaí sóisialta tábhachtacha, comhpháirtíochtaí Taighde agus Forbartha (T&F) agus rannpháirtíocht ghníomhach pobail. Trí chláir oideachais, seónna bóthair agus infheistíochtaí spriocdhírithe tríd an gCiste Sochair Pobail, déanaimid ár ndícheall caidrimh láidre a thógáil agus na daoine agus na háiteanna atá i gcroílár ár n-aistrithe fuinnimh a chumhachtú.

## Comhpháirtíochtaí Sóisialta

### Comhpháirtíocht SciFest

In 2023-24, tháinig rath ar ár gcomhpháirtíocht le SciFest agus sinn ag leanúint ar aghaidh le tacaíocht a thabhairt do chlár *SciFest@School*, a chuireann oideachas eolaíochta, teicneolaíochta, innealtóireachta agus matamaitice (ETIM) chun cinn. Soláthraíonn an clár seo ardán do mhic léinn chun a gcuid imscrúduithe eolaíocha a chur i láthair ag leibhéil áitiúla, réigiúnacha agus náisiúnta. Tá bród orainn as ár gcomhpháirtíocht le SciFest a leathnú le dhá bhliain anuas trí Ghradam EirGrid um Aeráid Níos Glaine a thabhairt isteach ag leibhéal *SciFest@College* agus ag Craobh Ceannais Náisiúnta SciFest. Déanann an gradam ceiliúradh ar thionscadail a léiríonn cuir chuige nuálacha chruthaitheacha a chabhraíonn le todhchaí fuinnimh níos glaine a bhaint amach. Tríd an gcomhpháirtíocht seo, táimid ag cur ar chumas mac léinn dara leibhéil smaointe le haghaidh todhchaí inbhuanaithe a phlé, i gcomhréir lenár misean chun oibríochtaí córais cumhachta na hÉireann a chur chun cinn.

### Comhpháirtíocht Choláiste Pobail Achadh Eibhlín

Ag tógáil ar an gcaidreamh atá againn cheana féin le Coláiste Pobail Achadh Eibhlín (Coláiste Pobail Margaret Aylward roimhe seo), atá lonnaithe i bhFionnbhrú, Baile Átha Cliath, leanamar lenár gclár meantóireachta dhá bhliain le mic léinn Ardteistiméireachta go deireadh an téarma scoile i mí an Mheithimh 2024. I mí Mheán Fómhair 2024 sheolamar an chéad timthriall de chlár meantóireachta aon bhliana le mic léinn sa dara bliana trí Ghnó sa Phobal in Éirinn (GSPÉ). *Clár Gníomhaithe um Oideachas*. Stiúrann fostaithe Chlár Forbartha Iarchéime EirGrid seisiúin mheantóireachta hibrideacha, ina gclúdaítear ábhair mar fheasacht inbhuanaitheachta, scileanna láithreoireachta agus scileanna riachtanacha saoil. Cuirtear timpeallacht chomhoibríoch ar fáil leis an gclár seo ina bhforbraíonn mic léinn agus meantóirí araon cumarsáid, muinín agus féinfheasacht. Is scoil a fhaigheann tacaíocht ón gclár *Comhionannas Deiseanna a Sholáthar* (CDS) é Coláiste Pobail Achadh Eibhlín, agus cé go bhfuil sé beag cuireann sé béim láidir ar an bpobal agus ar chomhoibriú, rud a léiríonn luachanna a thagann go dlúth le tiomantas EirGrid do chomhpháirtíochtaí fiúntacha agus comhthairbheacha a chothú. Ba í 2024 an 11ú bliain de chomhpháirtíocht iontach EirGrid le Coláiste Pobail Achadh Eibhlín, agus táimid thar a bheith sásta an comhoibriú seo a fheiceáil ag fás agus ag forbairt fós. Agus grúpa nua mac léinn tiomnaithe sa dara bliain, táimid bródúil as oidhreacht an chláir seo a bhfuil tionchar aige a thabhairt ar aghaidh, rud a spreagfaidh fás agus rathúlacht sna blianta amach romhainn.

## Cás Staidéar: SciFest - Ard-Ghradam um Aeráid Níos Glaine 2023

Ghnóthaigh na mic léinn Rebecca Cullen, Freyja Cleary agus Clementine van Steenberge ó Mheánscoil Mhainistir Loreto, Deilginis, Co. Bhaile Átha Cliath, Ard-Ghradam um Aeráid Níos Glaine EirGrid SciFest as a dtionscadal nuálach 'Making Waves' i mí na Samhna 2023.

Agus iad i mbun iniúchadh ar an bhféidearthacht a bhaineann le haistriú go cineálacha fuinnimh atá níos glaine, dhírigh an fhoireann ar chumhacht tonnta a bhaineann leas as gluaiseacht nádúrtha na farraige chun leictreachas a ghiniúint. D'éirigh le Rebecca, Freyja agus Clementine tonnumar atá in ann feidhmiú a thógáil le gineadóir tonnta agus gaireas ionduchtaithe leictreamaighnéadach (IL), atá cosúil le fíorthiontaire fuinnimh tonnta ionsúire pointe.

In ainneoin srianta trealaimh agus ama, sháraigh an tionscadal go leor dúshlán maidir le hinnealtóireacht, tógáil agus modhnuithe trealaimh. Leagann tionscadal Rebecca, Freyja agus Clementine béim ar an gcumas atá ann leas a bhaint as cumhacht na dtonnta.

Ba é seo an chéad uair a bronnadh Ard-Ghradam um Aeráid Níos Glaine EirGrid ag Craobh Ceannais Náisiúnta SciFest, a bhfuil sé mar aidhm aige meoin óga a chumhachtú chun dul i ngleic le fíordhúshláin aeráide agus cur le fuinneamh níos glaine sa todhchaí. Leagann an t-éacht seo béim ar chumhacht taighde nuálaíoch agus meantóireacht thiomanta chun oideachas ETIM a chur chun cinn agus ar aghaidh a thabhairt ar dhúshláin chomhshaoil dhomhanda.

*Buaiteoirí Ard-Ghradam um Aeráid Níos Glaine SciFest EirGrid.*



## Cairde na Cruinne agus Tionscnamh Eangaí In-athnuaite

Choinníomar an tionscadal comhoibritheach le Cairde na Cruinne agus an Tionscnamh Eangaí In-athnuaite ag gabháil chun pobail a spreagadh le bheith rannpháirteach in aistriú fuinnimh na hÉireann. Díríonn an tionscadal seo ar chomhráite cuimsitheacha le pobail, eagraíochtaí na sochaí sibhialta, agus páirtithe leasmhara, agus cothaíonn sé idirphlé oscailte ar na dúshláin agus na deiseanna in aistear aistrithe fuinnimh na hÉireann.

## Nuálaithe Sóisialta Óga (NSO)

Mar chuid de chomhpháirtíocht EirGrid le Nuálaithe Sóisialta Óga (NSO) i mí Eanáir 2024, thug EirGrid cuireadh do thart ar 70 rannpháirtí clár NSO ó gach cearn d'Éirinn chuig ár "Imeacht Lasta", a reáchtáladh i Staid Aviva, Baile Átha Cliath. Thug EirGrid tacaíocht phraiticiúil agus léargas d'fhoirne NSO ag an imeacht dá dtionscadail sa chatagóir 'Fuinneamh agus Aeráid' den chlár arna urrú ag EirGrid. Bhí na rannpháirtithe in ann topaicí ar nós ceartais aeráide agus bithéagsúlachta a phlé freisin, agus a dtuairimí a thabhairt maidir le conas a d'fhéadfaí aghaidh a thabhairt ar na dúshláin a bhaineann leis.

## Comhpháirtíochtaí Taighde & Forbartha

Tá comhoibriú agus comhroinnt eolais lenár gcomhpháirtithe iontach tábhachtach don chaoi ar mian linn ár dtiomantas reatha dár gcláir nuálaíochta a chomhlíonadh. Chomh maith leis na caidrimh atá againn cheana féin, leanaimid ar aghaidh ag forbairt cinn nua, toisc go bhfuil comhpháirtíochtaí taighde agus forbartha ríthábhachtach chun ár n-uaillmhianta inbhuanaitheachta a bhaint amach. Leagtar amach thíos roinnt samplaí dár gcomhpháirtíochtaí.

Is tionscadal ceithre bliana é *Na Céimeanna le haghaidh Rannpháirtíocht Phoiblí maidir le hAistrithe Fuinnimh i Ré na Géarchéime Aeráide* a sholáthróidh anailís neamhchlaonta ar phróisis rannpháirtíochta poiblí EirGrid atá ag teacht chun cinn, agus a thógfaidh creat chun gnéithe éagsúla de na straitéisí atá ann cheana a chódú. Tríd an tionscadal tá rochtain ag ár bhfoireann Rannpháirtíochta Poiblí ar shaineolas na dtaighdeoirí ó MaREI, Ionad Taighde Fhondúireacht Eolaíochta Éireann (FEÉ) d'Fhuinneamh, Aeráide agus d'Ábhair Mhuirí i gColáiste na hOllscoile, Corcaigh (UCC).

Is clár taighde cúig bliana é NexSys, arna óstáil ag Institiúid Fuinnimh an Choláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath (UCD) i gcomhpháirtíocht le hocht n-institiúid taighde cheannródaíocha eile, a shainaithneoidh bealaí inchreidte agus luathaithe do chóras fuinnimh glan-nialasach chomh maith le teicneolaíochtaí agus tallann a fhorbairt a theastaíonn ón aistriú fuinnimh. Is comhpháirtí tionsclaíochta é EirGrid don chlár iomlán agus tá trí thionscadal spriocdhírithe sainaitheanta aige le taighdeoirí NexSys.

An Cathaoirleach, Brendan Tuohy agus an Príomhfheidhmeannach Eatramhach, Martin Corrigan, le hionadaithe ó Choláiste na hOllscoile, Corcaigh, ag ócáid sínithe Meabhráin Tuisceana a léiríonn tiomantas do chomhpháirtíocht ar phríomhthionscadail taighde a thacaíonn le hathrú chóras cumhachta na hÉireann.



## Comórtas Cleaner Grid

Tá comórtas *CleanerGrid* EirGrid oscailte do mhic léinn tríú leibhéal le bheith ag obair mar dhaoine aonair nó i bhfoirne de suas le seisear. In 2023, iarradh ar mhic léinn úsáid a bhaint as sonraí ó *Phainéal Eangaí Cliste* EirGrid agus/nó ó shuíomh gréasáin An Oibritheoir an Mhargaidh Leictreachais Aonair (SEMO) chun fréamhshamhail dhigiteach de shuíomh gréasáin, feidhmchlár nó deais a chruthú chun saoránaigh a spreagadh le bheith níos airdeallaí ar na tréimhsí buaicéilimh fuinnimh agus chun cabhrú leo a n-úsáid leictreachais a oiriúnú go solúbtha. Rinne EirGrid comórtas 2023-24 a reáchtáil, a chur chun cinn agus rinne sé moltóireacht air, agus bhí an searmanas bronnta ar siúl i mí Eanáir 2024. Ba iad buaiteoirí na bliana seo ná foireann ó Ollscoil Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath (OTBÁC), a rinne, lena dtogra, gníomhaíocht úsáideoirí a bharrfheabhsú le linn tréimhsí ardghiniúna gaoithe agus ísealéilimh. Seoladh an gairm ar iarratais do chomórtas 2024-25 i mí Mheán Fómhair 2024.



*Buaiteoirí chomórtas CleanerGrid EirGrid.*

## Electric Aid

Is ciste ceartais shóisialta é *ElectricAid* de chuid fostaithe agus pinsinéirí EirGrid agus BSL, a bunaíodh in 1988. Is carthanas cláraithe é a thacaíonn le daoine in Éirinn agus thar lear. Thug an comhlacht comhshíntiúis ar shíntiúis ó thuarastail fostaithe EirGrid rannpháirteacha ar bhonn dó do thrí. Mar charthanacht chláraithe, tá sé incháilithe chun páirt a ghlacadh i Scéim Shíntiús Carthanach na gCoimisinéirí Ioncaim. Faoin scéim seo, tugtar faoiseamh cánach ar shíntiúis cháilitheacha a dhéantar le comhlachtaí ceadaithe. In 2023 b'ionann caiteachas ElectricAid ar ghníomhaíochtaí carthanacha agus €1.3 milliún. I rith na bliana, thacaigh ElectricAid le 85 tionscadal in 36 ilchríoch. Bhí gach tionscadal a maoiníodh nasctha le Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe (SFInna) agus dáileadh iad go geografach ar 6 ilchríoch.

Go ginearálta, díríonn ElectricAid ar fhorbairt, agus tacaíonn sé le pobail trí fhéinchabhair. Cuireann sé maoiniú ar fáil freisin le haghaidh fóirithint éigeandála, agus in 2023-24 d'fhreastail sé ar riachtanais dhaonnúla in Gaza agus i ndiaidh creathanna talún sa Tuirc agus sa tSiria, agus i Maracó agus sa Libia. In 2023-24, ba iad na príomhréimsí a rabhthas ag díriú orthu ná sláinte agus folláine, uisce glan, sláintíocht, agus oideachas ar ardchaighdeán. Fuair tionscnaimh san Afraic an méid is mó maoinithe, agus an Áise ina dhiaidh sin, agus maoiníodh trí thionscadal in Éirinn.



*Foireann EirGrid ag dioscó rollála arna óstáil ag an Pride Inclusion Network.*

## Rannpháirtíocht Fostaithe

### Éagsúlacht & Ionchuimsitheach

In EirGrid, ní hamháin gur sprioc é lucht saothair éagsúil uilechuimsitheach a chothú, ach is cumasóir bunúsach é dár misean chun an earnáil leictreachais a bhunathrú. Tá ár rathúlacht ag brath ar ár gcumas na pobail ar a bhfreastalaímid a léiriú, rud a chuimsíonn spiorad na hÉireann nua-aimseartha agus nuálaíoch. Táimid tiomanta chun a chinntiú go mbeidh gach duine den tuairim go bhfuil muintearas láidre ann agus go bhfuiltear á gcaitheamh go cothrom agus go comhionann le daoine, beag beann ar chine, inscne, reiligiún, claonadh gnéis, stádas pósta nó míchumas.

Táimid ag infheistiú sna struchtúir agus sna cumais atá ag teastáil chun tacú le fás ár gcuideachta agus chun cur le taithí gach duine a oibríonn in EirGrid. Táimid bródúil as ár bhfórsa saothair cumasach, atá comhdhéanta de 48 náisiúntacht agus é seo á dhréachtú, a thugann saibhreas dearcthaí agus smaointe éagsúla dúinn. Tá an éagsúlacht seo ríthábhachtach agus muid ag obair i dtreo an chórais cumhachta a bhunathrú do na glúinte atá le teacht.

Tá cleachtais chuimsitheacha ag croílár ár straitéise, agus tá roinnt buntáistí a bhaineann leis ar nós rannpháirtíocht fheabhsaithe fostaithe, fostaithe a choinneáil agus a mhealladh, chomh maith le feabhas ar nuálaíocht, chomhoibriú, inoiriúnaitheacht agus fholláine. I mbliana, rinneamar ár bplean ilbhliantúil a nuashonrú, a bhfuil léargais ó rannpháirtíocht fócasghrúpaí mar chuid de.

Chun torthaí inbhuanaithe agus fadréimseacha a chruthú, bhunaíomar ceithre Líonra Cuimsithe Fostaithe. Tá ról ríthábhachtach ag; ag Gender Matters, Bród, Culture Connect, agus Supported Embraced Enabled and Nurtured (S.E.E.N), chun cultúr na cuimsitheachta a chothú. Déanann siad ceiliúradh ar éachtaí suntasacha, cuireann siad deiseanna chun cinn chun freastal ar riachtanais gach pobail agus tacaíonn siad le spriocanna eagraíochtúla níos leithne EirGrid.

Chuireamar an tsamhail oibre 'Solúbthacht@EirGrid' i bhfeidhm mar gheall gur thuigeamar an tábhacht a bhaineann le solúbthacht ó thaobh tacú le héagsúlacht agus ionchuimsiú. Cuireann an tionscnamh seo le cothromaíocht oibre agus saoil agus cuireann sé ar chumas ár ndaoine barr feabhais a bhaint amach san obair agus ina saol pearsanta. Tacaíonn an tsamhail le hobair ón mbaile trí lá na seachtaine, uaireanta solúbtha agus solúbthacht bhreise i míonna an tsamhraidh. Spreagann sé sinn freisin chun breathnú ar chonarthaí páirtaimseartha chun tacú le cothromaíocht oibre agus saoil agus folláine agus forbairt phearsanta a spreagadh trí mhalartú agus scéimeanna Erasmus ag an am céanna. Cuirimid 'Summer Flex' ar fáil a ligeann d'fhostaithe a bheith ag obair go cianda ó áiteanna thar lear mar thaca lenár dtionscnaimh Éagsúlachta agus Ionchuimsithe.

Tá níos mó ban anois ná riamh i róil cheannaireachta shinsearacha, rud a fhágann go bhfuil muid chun tosaigh ar an tionscal níos leithne ó thaobh ionadaíochta de, agus leanaimid orainn ag brú tuilleadh athraithe chun cinn. Tá ár gcláir cheannaireachta agus forbartha oscailte do gach fostaí, agus leanann ár gClár Iarchéime ar aghaidh ag coinneáil cothromaíocht inscne thart ar 50:50. Soláthraíonn an clár 'Saothraigh & Foghlaim', a bhfuil ionadaíocht níos airde ban aige, bealach eile chuig gairm bheatha in EirGrid a bhaint amach, rud a ligeann do dhaoine atá ag tosú ar a n-aistear gairme obair agus staidéar a dhéanamh go páirtaimseartha chun na cáilíochtaí ábhartha a fháil. Ina theannta sin, d'fháiltíomar roimh mhúinteoirí ETIM mná a reáchtáil díospóireacht phainéil dar teideal "Mná agus ETIM" a bhí dírithe ar ár gcéimithe agus ár n-intéirnigh.

Chun branda fostóra atá tarraingteach agus ionchuimsitheach a thógáil, mhéadaíomar rannpháirtíocht le raon níos leithne institiúidí, eagraíochtaí agus pobail. Léiríonn ár n-urraíocht leanúnach ar líonra aonaigh eolaíochta SciFest ár dtiomantas chun daoine óga a spreagadh chun tabhairt faoi ghairmeacha ETIM.

Anseo ag EirGrid, táimid tiomanta chun a chinntiú go gcuirtear fáilte roimh gach duine a thagann isteach inár gcuideachta, go gcothaítear iad agus go dtacaítear leo a ndícheall a dhéanamh ar obair agus sa saol. Déanaimid ár ndícheall a bheith uaillmhianach, cuntasach, trédhearcach agus comhoibritheach agus muid ag obair. De réir mar a éiríonn ár n-eagraíocht níos éagsúla, glacaimid leis na hathruithe dearfacha a dhéanann sé ar ár gcultúr agus táimid ag tnúth le leanúint lenár n-aistear i dtreo todhchaí níos ionchuimsithí.

### Oideachas & Scileanna

Anseo in EirGrid, tuigimid go bhfuil ár ndaoine riachtanach chun go n-éireoidh linn. Táimid tiomanta chun bealaí nuálacha a aimsiú chun ár bhfoirne agus ár gcumas ceannaireachta a fheabhsú, i gcomhréir lenár gcuspóir 'An Córas Cumhachta a Athrú do Ghlúin na Todhchaí'.


Le bliain anuas, d'oibríomar go dícheallach chun ár n-eagraíocht a fhás trí dhaoine a mhealladh ó Éirinn agus thar lear a bhfuil na scileanna agus an taithí chuí acu. Chuir sé seo raon éagsúil scileanna agus dearcthaí lenár bhfoirne. Nuair a chuirtear fáilte roimh chomhghleacaithe nua ó gach cearn den domhan, oibrímid chun an fhaisnéis cheart a sholáthar ag an am ceart trí chláir chuimsitheacha ionduchtaithe, lena chinntiú go bhfuil na hacmhainní acu is gá chun go n-éireoidh leo ina róil.

Déanaimid ár gcreat forbartha a nuashonrú go leanúnach chun a chinntiú go gcuireann sé meascán cothrom de mhodúil forbartha scileanna teicniúla agus boga ar fáil. Soláthraíonn ár gcur chuige cumaisc, ina bhfuil uirlisí digiteacha nua in úsáid, deiseanna foghlama solúbtha dár bhfoirne a oireann dá sceidil. Soláthraíonn ár gCóras Bainistíochta Foghlama ar líne deiseanna feabhsaithe foghlama d'fhostaithe EirGrid chun a gcuid scileanna a athnuachan nó chun rud éigin nua a fhoghlaim ó áit ar bith agus ag am ar bith.

### EirGrid agus CICLM

Tá EirGrid ina chomhalta de CICLM, an Chomhairle Idirnáisiúnta um Chórais Leictreacha Mhóra, eagraíocht dhomhanda neamhbhrabúis atá tiomanta d'fhorbairt chomhoibritheach agus do shaineolas córas cumhachta ceann go ceann a chomhroinnt ag gairmithe ó níos mó ná 90 tír.

Tá ról lárnach ag roinnt ball foirne de chuid EirGrid i gcathaoirleacht a dhéanamh ar choistí CICLM, rud a sholáthraíonn ceannaireacht smaoineamh agus a chomhordaíonn agus gníomhaíochtaí na saineolaithe is fearr ar fud an domhain chun réitigh theicniúla nuálacha a fhorbairt chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin córas cumhachta atá á athrú ag an aistriú fuinnimh go córas glan-nialasach.



*Imeacht Malartaithe Éadaí de chuid EirGrid.*

Ábhar bróid dúinn ár gcomhghleacaithe a bhfuil infheistíocht déanta acu ina ngairmeacha beatha trí cháilíochtaí breise a bhaint amach agus cúis áthais dúinn freisin tacú leo ina gcuid iarrachtaí. Le bliain anuas, thugamar tacaíocht do 60 duine chun cáilíochtaí páirtaimseartha breise a bhaint amach. Tá bród orainn aitheantas a thabhairt do na cáilíochtaí a bhaintear amach go bliantúil ag searmanas bronnta.

Leanann ár gClár Forbartha Iarchéime de bheith faoi bhláth, le cohórt nua de chéimithe cumasacha ag teacht ar bord le EirGrid gach bliain i mí Mheán Fómhair. Bíonn deis ag céimithe a bheith ag obair le príomhúdaráis san earnáil fuinnimh chun réitigh cheannródaíocha a fhorbairt, a dhéanfaidh difríocht do thodhchaí ár sochaí go háitiúil agus go domhanda. Glacann céimithe páirt i gclár forbartha cuimsitheach dhá bhliain le go n-éireoidh leo in EirGrid agus ina ngairmeacha beatha.

## Rannpháirtíocht Fostaithe maidir le hInbhuanaitheacht

Tá céim chun cinn glactha ag EirGrid chun dul i dteagmháil le daoine ag obair i bpoist a bhaineann le hinbhuanaitheacht trí 'Sustainability Speaks' a sheoladh. Is ardán é seo inar féidir le fostaithe léamh faoi ghníomhartha inbhuanaitheachta ó ghnéithe éagsúla den ghnó faoi cholúin CSR, Comhshaol, Sóisialta agus Rialachas. Cuireann Sustainability Speaks fáilte roimh fhostaithe a n-aiseolas agus moltaí a chur ar fáil trí 'Have Your Say'. Chomh maith leis sin, déanaimid óstáil ar ghrúpa neamhfhoirmiúil líonraithe i dtaca leis an aeráid 'Cupa ar son na hAeráide', áit a mbuaileann fostaithe le chéile ar bhonn míosúil chun saincheisteanna reatha a bhaineann leis an ngéarchéim aeráide a phlé agus chun réitigh dhearfacha a roinnt maidir le hathrú.

## Malartú Éadaí

Mar chuid d'imeacht malartuithe éadaí arna óstáil ag EirGrid chun tacú le geilleagar ciorclach faisin, fuaireamar breis agus 150 ball éadaigh ónár bhfostaithe. Thug laoch na Fiontraíochta Sóisialta agus Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe (SFI) 'An Scoil Saoil Inbhuanaithe' caint idirghníomhach ar 'fhaisean inbhuanaithe' ag an imeacht, leis an aidhm oideachas a chur ar fhostaithe faoi conas níos lú a cheannach, conas níos fearr a cheannach, agus conas fad a bhaint as éadaí. Le linn na hócáide, rinneadh 64 malartú, rud a shábháil 320kg ar an meán de $CO_2$, a bheadh comhionann le 2,287.3km, a thiomáint, agus thart ar 127,000 lítear uisce a shábháil toisc nár ceannaíodh rud nua. Leanfaidh EirGrid d'imeachtaí geilleagair chiorclaigh mar seo a reáchtáil, rud a chuirfidh béim ar ár dtiomantas do shochaí inbhuanaithe.

## Seirbhísí Uaschúrsála TF

Tá cleachtais geilleagair chiorclaigh curtha i bhfeidhm ag EirGrid chun úsáid deireadh ré earraí caipitiúla a bhainistiú, lena n-áirítear trealamh agus troscán TF, rud a chinntíonn go n-athúsáidtear nó go n-athchúrsáiltear gach sócmhainn a chuirtear i leataobh. Chuige seo, táimid tar éis dul i gcomhpháirtíocht le seirbhísí uaschúrsála sócmhainní, a ghlanann gléasanna agus a uaschúrsálann na hearraí, rud a chinntíonn go bhfuil ár dtrealamh athúsáidte.

## Sláinte, Sábháilteacht agus Comhshaol

Tá EirGrid tiomanta chun na caighdeáin is airde sláinte, sábháilteachta agus leasa a bhaint amach agus a chothabháil dá fhostaithe agus do pháirtithe leasmhara eile a bhféadfadh ár ngníomhaíochtaí tionchar a imirt orthu, agus chun an comhshaol a chosaint.

Tá Córas Bainistíochta Sláinte, Sábháilteachta agus Comhshaoil (SS&C) in úsáid ag EirGrid atá bunaithe ar cheanglais an Chaighdeáin Idirnáisiúnta um Shláinte agus Sábháilteacht Ceirde: ISO45001:2018 agus ag an gCaighdeán Bainistíochta Comhshaoil, ISO14001:2015.

Rinneadh athbhreithniú ar ár gcóras bainistíochta SS&C le linn na bliana féilire 2024 d'fhonn a chinntiú go raibh próisis SS&C ag teacht le ceanglais reachtúla agus rialála. Garsprioc shuntasach le linn na tréimhse seo ba ea an t-athbhreithniú seachtrach rathúil ar ár gcreidiúnú ISO45001 agus ISO14001 agus ár n-iniúchadh teicniúil agus sábháilteachta OCT EirGrid agus níor sainaithníodh aon neamhréireacht sna tuarascálacha iniúchóireachta seachtracha ar fad.

Cuireann ár gCóras Bainistíochta HS&E ar ár gcumas breithniú a dhéanamh ar rioscaí éagsúla a bhaineann lenár ngníomhaíochtaí d'fhostaithe agus do dhaoine eile a bhféadfadh na gníomhaíochtaí seo difear a dhéanamh dóibh, chomh maith leis an gcomhshaol, agus cuireann sé ar ár gcumas na rioscaí seo a chur i gcomhthéacs aon cheanglais ábhartha dlí nó eile, rud a chinntíonn go bhfuil bearta coisctheacha agus rialaithe leordhóthanach agus go gcomhlíonann siad caighdeáin dea-chleachtais.

Cuimsítear inár nOrdlathas Rialaithe maidir le Rioscaí Sláinte agus Sábháilteachta béim ar inbhuanaitheacht laistigh de na modhanna rialaithe. Aithnímid go bhfuil freagracht orainn dea-bhainistíocht chomhshaoil a léiriú agus inbhuanaitheacht a chur chun cinn.

### Cósta Glan, Trá Ghlan

Is í ár bpríomhobair chun Éire a dhéanamh réidh le haghaidh athnuachana an obair is suntasaí is féidir linn a dhéanamh i dtreo na hinbhuanaitheachta. I mbliana, chinn breis agus 30 fostaí de chuid EirGrid páirt a ghlacadh go deonach in 'Cósta Glan, Trá Ghlan', agus bailíodh breis is 40kg de bhruscar ó Leithinis an Phoill Bhig i mBaile Átha Cliath.



Tá clár i bhfeidhm againn chun ár gcuid tionchar comhshaoil a bhainistiú go freagrach trí chuspóirí straitéiseacha a shocrú go bliantúil agus déanfaimid ár ndícheall dea-chleachtas a chur i bhfeidhm nuair is féidir. Leanamar ar aghaidh ag cur ár ngníomhaíochtaí i gcrích ar bhealach atá freagrach ó thaobh an chomhshaoil de chun an comhshaol a chosaint ó dhochar agus ó dhíghrádú, truailliú a chosc agus feabhas leanúnach a chur ar fheidhmíocht na gcóras bainistíochta. Chuireamar feasacht chun cinn go gníomhach i measc ár bhfostaithe trí chláir chumarsáide agus oiliúna chuí.

Lean Fóram Sláinte, Sábháilteachta & Comhshaoil, a bhfuil fostaithe ón ngnó ar fad páirteach ann, ag teacht le chéile ar bhonn démhíosúil agus tá sé freagrach as cuspóirí oiriúnacha sláinte, sábháilteachta agus comhshaoil a mheas agus a mholadh don Fhoireann Feidhmiúcháin.

## Marsantacht

In 2023-24, lean EirGrid de chleachtais geilleagair chiorclaigh a chomhtháthú lena sholáthar agus lena bhainistíocht earraí. Bhí ceannacháin earraí teoranta d'earraí riachtanacha, agus nuair ab fhéidir, baineadh athúsáid as earraí. Athchóiríodh earraí ar nós cláir a raibh faisnéis as dáta orthu le haghaidh tionscadail leanaí i roinnt scoileanna. Le bliain anuas, d'athchóirigh EirGrid níos mó ná 40 seastán aníos agus fuair sé earraí déanta as ábhair inbhuanaithe in-athnuaite, lena n-áirítear t-léinte déanta de phlaistigh athchúrsáilte agus cadás orgánach, leabhair nótaí bambú, coinneálaithe gutháin agus pinn luaidhe déanta as síolú péacán. Ag teacht lenár dtiomantas do bheith inár ngnó freagrach, leanfaimid orainn ag tabhairt tosaíochta do chleachtais inbhuanaithe i mbainistíocht earraí.




*Martin Corrigan, Príomhfheidhmeannach (Eatramhach), agus Reesha Toms, Anailísí Inbhuanaitheachta, ag fáil Gradam Taistil Níos Cliste ÚNI ag an Leibhéal Airgid.*



## Taisteal Cliste

In 2023-24, lean EirGrid lena chomhpháirtíocht leis an Údarás Náisiúnta Iompair (ÚNI) agus ghlac sé páirt i roinnt tionscnamh faoin gclár [Taisteal Níos Cliste d'Ionaid Oibre](), a chuireann roghanna taistil inbhuanaithe d'fhostaithe chun cinn agus a thacaíonn leo.

Mar fhreagairt ar mholtaí ónár gclub rothaíochta nuabhunaithe, chuir EirGrid stáisiún deisiúcháin rothar ar fáil do rothaithe, mar aon le seomraí triomúcháin uasghrádaithe agus líon méadaithe racaí rothar i bhfoirgneamh oifige EirGrid. Thugamar ár bPacáiste Taistil Ghlais cothrom le dáta freisin chun treoirlínte maidir le taisteal inbhuanaithe a chur san áireamh, a bhfuil sé mar aidhm aige riachtanais taistil riachtanacha a chomhardú lenár spriocanna inbhuanaitheachta agus ár n-iarrachtaí chun astaíochtaí Scóip 3 a laghdú (féach leathanach 110). Inár suirbhé comaitéireachta fostaithe in 2023, bhí méadú 5% le feiceáil ar líon na bhfostaithe a bhí ag comaitéireacht go hinbhuanaithe, rud a d'ardaigh líon iomlán na bhfostaithe de chuid EirGrid a bhíonn ag comaitéireacht de chos nó de rothar nó ar iompar poiblí go 83%. Chun tacú leis an bhfás seo, mhéadaíomar seisiúin oideachais faoi chomaitéireacht, lena n-áirítear 'Traenáil Rothaíochta' agus cumarsáid sábháilteachta do rothaithe agus siúlóirí.

I mí Dheireadh Fómhair 2023, ba mhór an onóir dúinn Gradam Taistil Níos Cliste ag an Leibhéal Airgid a fháil, aitheantas suntasach le rá ar ár dtiomantas chun roghanna taistil inbhuanaithe a chur chun cinn, ar nós siúil, rothaíochta agus iompar poiblí. Léiríonn an gradam seo ár dtiomantas do chomaitéireacht inbhuanaithe agus leagann sé béim ar na tairbhí comhshaoil a bhaineann léi. I rith na bliana d'oibríomar ar bhearta a bhí i bhfeidhm le go mbeimis réidh do dheimhniú rathúil Leibhéal Óir a fháil agus chuireamar iarratas isteach air seo i mí Mheán Fómhair 2024. Táimid tiomanta fós dár mbonneagar a fheabhsú chun comaitéireacht inbhuanaithe a spreagadh ar mhaithe lenár bhfostaithe.



*Sinéad Dooley, Ceannasaí Rannpháirtíochta Poiblí, ag labhairt ag imeacht Seó Bóthair.*




*Rinne EirGrid urraíocht ar fhéile cheoil Spink Comhaltas.*

## Rannpháirtíocht Pobail

Leanamar ar aghaidh ag déanamh forbartha ar an mbealach ina ndéanaimid teagmháil lenár bpáirtithe leasmhara de réir ár *Straitéise Rannpháirtíochta Poiblí*. Tá rannpháirtíocht ina cuid lárnach dár gcuid oibre, agus tá sé ríthábhachtach chun an córas cumhachta a athrú do na glúinte atá le teacht. Aithnímid an luach a bhaineann le hidirphlé oscailte, trédhearcach a chruthú leis an tsochaí i gcoitinne, agus tá sé i gceist againn dul i dteagmháil le raon leathan páirtithe leasmhara mar chuid de phlé fiúntach faoi ról na heangaí anois agus amach anseo. Sa bhliain airgeadais seo, tá Oifigeach Idirchaidrimh Iascaigh (OII) mar chuid dár bpróiseas rannpháirtíochta freisin. Tá ár OII ag obair go gníomhach chun cumarsáid agus comhoibriú a neartú idir ár n-oibríochtaí amach ón gcósta agus na pobail iascaireachta.

### Seónna Bóthair do Shaoránaigh Fuinnimh

In 2023-24 leanamar ar aghaidh ag éascú ár sraithe rathúla *Seó Bóthair do Shaoránaigh Fuinnimh*. Is é an aidhm atá leis na himeachtaí faisnéise seo ná pobail áitiúla a chur ar an eolas faoin gcaoi a bhfuil sé beartaithe ag an eagraíocht eangach leictreachais a sheasfaidh an aimsir a chruthú, chomh maith le faisnéis a chur ar fáil faoi mhicrighiniúint, uasghrádú fuinnimh tí agus deontais aisfheistithe, agus saincheisteanna forbartha réigiúnacha.

Ó tharla ár n-imeacht tionscnaimh i mí na Bealtaine 2022, tá 26 seó bóthair san iomlán reáchtáilte againn ar fud 21 contae. In 2023-24, reáchtálamar naoi seó bóthair ar fud chontaetha Laoise, Chill Chainnigh, an Chabháin, Mhuineacháin, an Chláir, Loch Garman, Luimnigh, Ros Comáin agus Chiarraí. Thug na himeachtaí seo deis dúinn dul i dteagmháil le breis agus 900 ball den phobal, le heagraíochtaí pobail iomadúla, le cumainn ghnó agus baill den phobal feirmeoireachta.

Ó cuireadh tús le rolladh amach na n-imeachtaí seo, bhíomar ag obair i gcomhpháirtíocht le LBSL agus le hÚdarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann (SEAI). Ghlac Meantóirí Pobail áitiúla Fuinnimh Inmharthana an SEAI páirt mar phainéalaithe ag gach ceann dár n-imeachtaí.

I rith na bliana chomhoibríomar freisin le roinnt Líonraí Rannpháirtíochta Poiblí (LRPanna) agus Oifigí Gníomhaithe ar son na hAeráide i gComhairlí Contae ar fud na tíre.

Thugamar, mar eagraithe na n-imeachtaí seo, na príomhghníomhaithe ar fud an tionscail le chéile chun pobail áitiúla a chur ar an eolas faoina ról san aistriú fuinnimh agus i gcur chun cinn cleachtas inbhuanaithe. Tugaimid cuireadh do sholáthróirí áitiúla i réimsí ar nós aisfheistiú, suiteáil painéal gréine agus insliú chuig ár spás taispeántais. I rith na bliana, chuireamar fáilte roimh thaispeántóirí nua lena n-áirítear Comhair Chreidmheasa áitiúla a chuireann a scéimeanna iasachta glasa chun cinn agus ionadaithe ó Phobail Fuinnimh Inmharthana áitiúla a chuir faisnéis ar fáil faoin obair a dhéanann siad ina bpobail chun inbhuanaitheacht a chur chun cinn.

Chuir ár n-imeachtaí *Seó Bóthair do Shaoránaigh Fuinnimh* lenár dtuiscint ar thuairimí na bpobal áitiúil maidir leis an mbonneagar eangaí a óstáil agus a n-uaillmhianta chun páirt a ghlacadh san aistriú aeráide. Chuir sé sin ar ár gcumas tuiscint níos doimhne a fháil ar thosaíochtaí agus dearcthaí pobal áitiúil. Táimid ag tnúth le leanúint leis na himeachtaí seo a leathadh amach in 2024-25.

### An Sochar Pobail

Nuair a dhéanfaimid bonneagar nua tarchuir a uasghrádú nó a thógáil i gceantar chun an eangach a neartú, is minic go gcuireann sé isteach ar phobail áitiúla atá in aice leis na láithreacha forbartha.

Cuirtear san áireamh i *bPolasaí Cistí Sochair Pobail* EirGrid an tábhacht a bhaineann leis na pobail áitiúla a thacaíonn lenár gcuid oibre. Faoin tionscnamh seo, cruthaímid ciste sochair pobail atá i gcomhréir le scála an tionscadail agus bunaímid Fóram Pobail d'fhonn a chinntiú go bhfuil an ciste sochair curtha in oiriúint don phobal áitiúil, ag an bpobal áitiúil. In 2023-24, bronnadh iomlán de €992,437 ó chistí sochair pobail ar 43 grúpa pobail agus eagraíocht dheonach thar dhá cheann dár dtionscadail bhonneagair, an tIdirnascaire Ceilteach agus Tionscadal Neartú Eangaí Laois-Cill Chainnigh. Beidh líon méadaithe cistí sochair pobail sna blianta amach romhainn de réir mar a chuirfear tús le tógáil ar thionscadail bonneagair eangaí eile ar fud na hÉireann.

## Ciste Sochair Pobail an Idirnascaire Cheiltigh

Déanfar Ciste Sochair Pobail an Idirnascaire Cheiltigh, ar luach €2.4 milliún é, a bhunaigh EirGrid, i gcomhréir lenár mBeartas um Chistí Sochair Pobail, a chur ar fáil i dtrí chéim thar thréimhse an tionscadail 2023-2026, agus déanfar é a roinnt go cothrom thar thrí phríomhshruth: Pobal, Inbhuanaitheacht agus Bithéagsúlacht. Cheap EirGrid Forbairt Ceantair Oirdheisceart Chorcaí (FCOC) mar riarthóir neamhspleách ar an gciste, agus é le bheith freagrach as straitéis sochair pobail a fhorbairt agus as maoirsiú a dhéanamh ar eisiúint cistí do thionscadail rathúla. D'oibrigh FCOC le Fóram Pobail an Idirnascaire Cheiltigh chun straitéis shaincheaptha a fhorbairt maidir le cistí a eisiúint.

I mí na Nollag 2023, seoladh an chéad chéim den chiste, de luach €960,000 san iomlán é. Chuir grúpaí pobail agus eagraíochtaí deonacha feadh bhealach an tionscadail os cionn 50 iarratas isteach ar an gciste. Roghnaigh painéal meastóireachta neamhspleách 29 tionscadal agus rinneadh ciste a dhámhachtain. Rinneadh iomlán de €320,000 a dhámhachtain ar thionscadail phobail agus €320,000 breise ar thionscadail bhithéagsúlachta. D'oibrigh EirGrid le heagraíochtaí pobail feadh bhealach an tionscadail agus d'óstáil siad ceardlanna bithéagsúlachta leis an bhfóram pobail agus leis an bpobal i gcoitinne i rith na bliana.

Tharraing grúpaí agus eagraíochtaí rathúla maoiniú Chéim 1 anuas le linn 2023-24 agus chuir siad tús le hobair ar a gcuid tionscadal. Tá monatóireacht á déanamh ag EirGrid agus FCOC ar dhul chun cinn na dtionscadal seo, rud a fhágfaidh oidhreacht dhearfach mharthanach ag a bpobail. Seolfar an dara céim den mhaoiniú sa bhliain airgeadais 2024-25, leath bealaigh tríd an tionscadal a thógáil.

### Spotsholas

Ó thosaigh iarratasóirí ar éirigh leo ag fáil cistí ó thús 2024, tá an buntáiste do phobail le feiceáil cheana féin. Cuid thábhachtach de chur chuige EirGrid i leith a Chistí Sochair Pobail is ea go mbaineann na pobail, a bhfuil tionchar ag ár gcuid oibre orthu, leas as na cistí seo le linn shaolré an tionscadail.

Seo thíos samplaí de roinnt de na tionscadail a tháinig chun críche mar thoradh ar Chiste Sochair Pobail an Idirnascaire Cheiltigh.

*Tuilsoilse LED nua ar pháirc Rugbaí Eochaille.*




### Bus Pobail Eochaille

Cuireann Grúpa Iompair Phobal Eochaille seirbhísí iompair ar fáil do mhuintir Eochaille, go háirithe iad siúd a bhfuil cónaí orthu i gceantair iargúlta agus dorochtana. Rinne an grúpa iarratas ar bhus feithicle leictrí (FL) 6 shuíochán atá oiriúnach do chathaoireacha rothaí a cheannach, agus fuair siad €70,000 faoin sruth pobail. Lig na cistí don ghrúpa an bus FL a cheannach, a sholáthraíonn réitigh iompair anois do mhuintir Eochaille, go háirithe áitritheoirí níos sine agus daoine faoi mhíchumas.

### Ionad Pobail Bhaile an tSóitéasaigh

Tá Comhairle Pobail Bhaile an tSóitéasaigh tiomnaithe do thacaíocht a thabhairt do thionscnaimh áitiúla den sórt sóisialta, cultúrtha, comhshaoil, spóirt agus bonneagair i gceantar Bhaile an tSóitéasaigh. Tá Ionad Pobail Bhaile an tSóitéasaigh riachtanach dá gcuid oibre agus rinne siad iarratas chuig Ciste Sochair Pobail an Idirnascaire Cheiltigh ar phainéal gréine agus chóras ceallraí a shuiteáil, chun seid stórála nua a thógáil agus do lomaire faiche nua a cheannach. Suiteáladh na painéil ghréine in earrach 2024 agus is féidir leis an bpobal na buntáistí a fheiceáil cheana féin.

## 'Tá ár gcuid billí laghdaithe go mór leis na painéil ghréine agus [feabhsaíodh] ár lorg carbóin... rud a chuidigh linn tionscadail eile sa phobal a mhaoiniú'.

Kevin Cronin, Leas-Chathaoirleach ar Ionad Pobail Bhaile an tSóitéasaigh




*Bus Pobail Eochaille.*



*Clós Súgartha Scoil Bhaile na Martra.*



*Painéil ghréine ar Ionad Pobail Bhailte an tSóitéasaigh.*

### Clós Súgartha Scoil Bhaile na Martra

Chuir Cumann Tuismitheoirí Scoil Náisiúnta Bhaile na Martra isteach ar mhaoiniú chun clós súgartha nua scoile a thógáil agus fuair siad €12,000 mar chuid den chéad chéim den mhaoiniú. Tá daltaí na scoile anois ag baint sult as réimse gníomhaíochtaí nua a chuirtear ar fáil leis an gclós súgartha.

Dúirt David Scully, cathaoirleach chumann na dtuismitheoirí, go gcuireann an clós súgartha nua 'buntáiste fadtéarmach ar fáil don scoil agus do na páistí sna blianta amach romhainn'

Dúirt Maria Sheehan, múinteoir i Scoil Náisiúnta Bhaile na Martra, 'tá sé iontach tacaíocht EirGrid a bheith againn.'. Forbraíonn na páistí go leor scileanna mar gheall ar an gclós súgartha seo, ó scileanna mínluaile agus scileanna oll-luaile, go scileanna cothromaíochta agus comhordaithe'.

## Ciste Sochair Pobail Laois-Cill Chainnigh

### Uasdhátú maidir le Céim 1

Agus an tionscadal Neartaithe Eangaí Laois-Cill Chainnigh ag teacht chun críche, in 2023-24 bhíomar fós in ann fíorthionchar na dtionscadal sin a fuair maoiniú mar chuid den chéad chéim a eisíodh in 2022 a fheiceáil.

### Linn Snámha Théite Bhaile na Coille

Fuair Cumann Forbartha Pobail Bhaile na Coille (CFPBC) maoiniú de €40,500 mar chuid den chéad chéim de Chiste Sochair Pobail Laois-Cill Chainnigh a d'úsáid é chun tacú le linn snámha théite le painéil ghréine a fhorbairt i mBaile na Cille. Nuair a d'oscail an linn snámha i míonna an tsamhraidh in 2024, bhí na painéil ghréine a cuireadh leis an linn ina chuidiú le haghaidh costais leictreachais na linne a laghdú, agus a lorg carbóin á laghdú ag an am céanna. Dúirt Declan Kennedy ón CFPBC go bhfuil daoine ag taisteal ó chontaetha in aice láimhe chun an leas is fearr a bhaint as an áis, ina bhfostaítear deichniúr de mhuintir na háite chun obair mar gharda tarrthála inti le linn mhíonna an tsamhraidh.

### Maoiniú Chéim 2

Fógraíodh céim a dó den Chiste Sochair Pobail Laois-Cill Chainnigh, €153,450 san iomlán, i mí Aibreáin 2024, agus roghnaíodh ceithre cinn déag de ghrúpaí agus eagraíochtaí pobail feadh an bhealaigh le haghaidh maoiniú. Is ionann an chéim is déanaí seo agus 30% den chiste iomlán, le hiarratasóirí agus tionscadail ar éirigh leo i gceantair áitiúla Bhaile na Coille, Bhaile Uí Uasgaill, Bhéal Átha Ragad, Ros Conaill, An Spinc agus Tigh Mochua ag fáil maoiniú.

Tá raon leathan gníomhaíochtaí i gceist le tionscadail rathúla agus cumasóidh na cistí uasghráduithe bonneagair pobail ar mhoil shóisialta agus spóirt agus tacóidh siad le cultúr agus oidhreacht áitiúil, chomh maith le tionscnaimh chomhshaoil agus inbhuanaitheachta. Eiseofar an chéim dheiridh den mhaoiniú in 2025 nuair a bheidh an tionscadal faoi lán seoil.

*Linn Snámha Théite Bhaile na Coille.*





*Rinne EirGrid urraíocht ar an imeacht Brack and Bingo.*

## Baile Átha Cliath a Chumhachtú – EirGrid sa phobal

Is uasghrádú uaillmhianach ar chóras tarchuir Bhaile Átha Cliath é clár Baile Átha Cliath a Chumhachtú EirGrid a bheidh ag teastáil chun leanúint ar aghaidh ag tacú le fás agus forbairt eacnamaíoch sa réigiún. Rinneadh dul chun cinn suntasach ar an tionscadal seo le linn 2023-24 agus leanfar leis an obair sna blianta amach romhainn. Féach leathanach 58 le haghaidh nuashonrú níos mionsonraithe ar ghníomhaíocht tionscadal.

Le bliain anuas, tá Baile Átha Cliath a Chumhachtú ag tacú le pobail ar fud na príomhchathrach trí pháirt a ghlacadh i roinnt imeachtaí, lena n-áirítear:

### Bairín Breac agus Biongó

D'eagraigh déagóirí atá páirteach i Seirbhísí don Óige Swan an t-imeacht idirghlúine seo (urraithe ag EirGrid) i Sráid Uí Dhoinn, Baile Átha Cliath 1. Cuireadh imeachtaí biongó, bairín breac, ceol agus cuireadh cupán tae ar fáil do bhreis agus 50 ball den phobal áitiúil atá ar scor. D'éirigh leis an imeacht seo feasacht a mhúscailt maidir le clár Baile Átha Cliath a Chumhachtú agus maidir leis an gcábla nua molta ó Fhionnghlas go dtí an Port Thuaidh.

### Ócáid Gairmeacha Pobail Seirbhísí Swan

Ghlac EirGrid páirt in aonach gairmeacha pobail a d'eagraigh Seirbhísí don Óige Swan i mí Aibreáin 2024, ar a raibh breis agus 100 mac léinn agus 15 taispeántóirí i láthair ann, inar tugadh deis do EirGrid aird an phobail áitiúil a tharraingt ar an obair atá á déanamh ag EirGrid mar chuid de chlár Baile Átha Cliath a Chumhachtú agus ar ár scéim Tuill agus Foghlaim.

### Imeacht Aoisghníomhaíochta

Ghlac EirGrid páirt in imeacht Aoisghníomhaíochta in Ionad Pobail Dhumhach Thrá. Bhí an deis againn bualadh le muintir na háite agus cuairt a thabhairt ar ghrúpa oibrithe deonacha Freagra Pobail Raghnallach a chuireann béilí ar rothaí ar fáil i mBaile Átha Cliath 4 agus 6.

### Ceardlanna le Mic Léinn Idirbhliana

Le linn Sheachtain na nInnealtóirí i mí Feabhra 2024, thug Oifigigh Idirchaidrimh don Phobal agus rannpháirtithe an Chláir Forbartha do Chéimithe EirGrid cuairt ar chúig scoil agus labhair siad le breis agus 300 mac léinn faoi thionscadal Baile Átha Cliath a Chumhachtú, agus leag siad béim ar an tábhacht a bhaineann le rannpháirtíocht phoiblí agus na bealaí chun díriú ar ghairm innealtóireachta a roinnt.

### Seastáin Eolais

Thug Cluichí Oilimpeacha Speisialta Éireann agus Cumainn Áitritheoirí na hEachraise cuireadh do EirGrid seastáin eolais a bhunú agus labhairt lena mbaill ag a gcruinnithe cinn bhliana faoi Chlár Baile Átha Cliath a Chumhachtú. D'fhreastail breis agus 150 duine ar na CCBanna seo, agus deis iontach a bhí ann spéis a mhúscailt sa chlár.

### Fóraim

In 2023-24 leanamar lenár gcuid oibre faoi Fhóram Pobail Baile Átha Cliath a Chumhachtú, an Fóram Gnó agus an Fóram Páirtithe Leasmhara, a bunaíodh go léir in 2023. Cuireann na fóraim seo ar chumas EirGrid teagmháil a dhéanamh le pobail áitiúla, gnólachtaí agus páirtithe leasmhara eile agus úsáid a bhaint as an aiseolas agus an léargas a fuarthas chun bonn eolais a chur faoi dhearaí optamaithe bealaí cábla.




*Baill den Fhoireann Rannpháirtíochta Poiblí a dhéanann ionadaíocht thar ceann EirGrid ag Ócáid Faisnéise Poiblí Amach ón gCósta de chuid RCAC.*

### Rannpháirtíocht an Phobail Amach ón gCósta

Aithníonn EirGrid gurb é an príomhról a bheidh ag gaoth amach ón gcósta ná chun freastal ar éileamh fuinnimh na hÉireann atá ag méadú agus ar ghníomhaíocht eacnamaíoch sna deich mbliana atá romhainn agus ina dhiaidh sin. Táimid ag tacú le huaillmhian an Rialtais trínár rannpháirtíocht agus trínár gcomhoibriú lenár bpríomhpháirtithe leasmhara agus leis an tionscal, agus tríd an obair atá á déanamh san eagraíocht chomh maith.

Tá an dara céim d'fhuinneamh gaoithe amach ón gcósta á forbairt faoi láthair faoi chur chuige spásúil atá faoi cheannas an Rialtais ag an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide (RCAC), le forbairt á déanamh ar Phlean Limistéar Muirí Ainmnithe an Chósta Theas (PLMA CT). Is amach ó chósta theas Cho. Phort Láirge an chéad cheann de cheithre limistéar atá le hainmniú faoin bplean seo agus tugtar Ceantar Muirí A nó 'Tonn Nua' air.

Sheol EirGrid Ag Cumhachtú Amuigh ón gCósta ar an gCósta Theas, tionscnamh rannpháirtíochta poiblí a bhaineann le pleanáil le haghaidh fostáisiúin nua leictreachais amach ón gcósta agus cáblaí leictreachais faoin bhfarraige a bhaineann leo amach ón gcósta theas. Tá an bonneagar nua seo beartaithe chun an leictreachas a ghinfidh feirmeacha gaoithe amach ón gcósta (tógtha ag forbróirí) atá lonnaithe i gceantar Tonn Nua a tharchur chuig eangach leictreachais na hÉireann.

Le linn 2023-24 bhí rannpháirtíocht leanúnach maidir leis an tionscadal, go háirithe leis na pobail chósta sa réigiún. Bíonn Oifigeach Teagmhála Iascaireachta (OTI) tiomnaithe EirGrid i dteagmháil leis na pobail áitiúla agus na pobail iascaireachta feadh an chósta theas agus ag cothú caidrimh leo. Bímid i dteagmháil go leanúnach leis an RCAC freisin chun ailíniú an chur chuige iomláin a chinntiú agus a chuíchóiriú chun cur isteach ar pháirtithe leasmhara a íoslaghdú.

### An Grúpa Oibre Bia Mara um Fhuinneamh In-athnuaite Amach ón gCósta (FIAC)

Tuigeann EirGrid go bhfuil tionscal bia mara agus dobharshaothraithe na hÉireann tábhachtach don gheilleagar náisiúnta agus áitiúil, chomh maith le bheith ríthábhachtach do chultúr phobail chósta na hÉireann. Tá EirGrid tiomanta chun oibriú le hiascairí, grúpaí ionadaíocha agus gach duine a bhfuil baint acu le gníomhaíochtaí mara agus rachaidh sé i mbun plé leo i rith an tionscadail.

Tá EirGrid ina bhall den Ghrúpa Oibre um Bia Mara agus Fuinnimh In-athnuaite Amach ón gCósta (FIE), a bhunaigh an Rialtas i mí na Bealtaine 2022 chun plé a éascú ar ábhair a eascraíonn as idirghníomhaíocht na dtionscal bia mara agus fuinnimh in-athnuaite amach ón gcósta. Táimid tar éis teacht le chéile ar bhonn míosúil leis an ngrúpa oibre agus táimid tar éis nuashonruithe a thabhairt don ghrúpa ar dhul chun cinn thionscadail EirGrid. Táimid ag cuidiú freisin le doiciméad cómhaireachtála maidir le bia mara a fhorbairt atá le foilsiú in 2025. Táimid ag seasamh leis na prionsabail rannpháirtíochta ar chomhaontaigh an grúpa oibre orthu agus atá sonraithe sa cháipéis a foilsíodh le déanaí dar teideal *'Rannpháirtíocht Bia Mara/FIE in Éirinn - Treoir Achomair'*.

## Rannpháirtíocht le Custaiméirí

Áirítear le custaiméirí de chuid EirGrid iad siúd atá ceangailte go díreach leis an gcóras tarchuir. Gineann roinnt custaiméirí leictreachas ó fhoinsí traidisiúnta nó in-athnuaite, agus bíonn éileamh ard le haghaidh leictreachais ag custaiméirí eile; éileamh nach bhfuil ach an córas tarchuir in ann a sholáthar. Soláthraíonn custaiméirí eile na seirbhísí atá riachtanach chun an córas tarchuir a oibriú, ar nós aonaid stórála ar thaobh an éilimh agus fuinnimh, agus soláthraíonn custaiméirí idirnascaire nasc le heangacha leictreachais tíortha eile.

Chomh maith leis sin, freastalaímid ar na soláthraithe leictreachais agus ar na páirtithe leasmhara níos leithne ar leas leo oibriú agus feabhsú an chórais tarchuir (comhlachtaí ionadaíocha tionscail san áireamh) agus freastalaímid ar raon leathan riachtanas ar fud na hearnála mórdhíola fuinnimh in Éirinn.

Aithnímid gur cumasóirí bunriachtanacha iad an-chuid ár gcustaiméirí chun spriocanna na hÉireann le haghaidh 2030 a bhaint amach trí ghiniúint leictreachais, idirnascadh agus soláthar seirbhísí riachtanacha chun an córas a oibriú le treá ard giniúna ó fhoinsí in-athnuaite. I mbliana leanamar orainn ag cur lenár rannpháirtíocht chun a chinntiú go bhfuilimid ag freastal i gcónaí ar riachtanais athraitheacha ár gcustaiméirí.

Chun cur lenár dtionscnamh físe custaiméara a sheolamar i mí Eanáir 2024, leanaimid d'eispéireas feabhsaithe custaiméara a sholáthar ó thús deireadh. Tá an obair seo dírithe ar rannpháirtíocht luath agus a chinntiú gur féidir le custaiméirí agus páirtithe leasmhara tionscail teacht go héasca ar eolas ábhartha agus cothrom le dáta maidir le nascadh leis an eangach leictreachais, agus sonraí maidir le pleanáil, forbairt agus oibriú na heangaí leictreachais.

Tá achoimre ar na príomhthionscnaimh ar tugadh fúthu in 2023-24 chun teagmháil éifeachtach a dhéanamh lenár gcustaiméirí le fáil thíos:

- I mí Feabhra 2024, eisíodh suirbhé ar shásamh custaiméirí chuig 69 custaiméir faoina dtaithí ar theagmháil a dhéanamh le EirGrid le linn 2023. Rinne torthaí an tsuirbhé eolas dár rannpháirtíocht le páirtithe leasmhara agus chuir siad feabhas uirthi, agus spreagfaidh siad sármhaitheas i seirbhís do chustaiméirí laistigh de EirGrid.
- I mí Iúil 2024, scaipeadh suirbhé faoi riachtanais bristeacha córais tarchuir ar gach custaiméir chun eolas maidir lena bpleananna bristeacha don bhliain amach romhainn a fháil. Cuireann an rannpháirtíocht seo ar chumas EirGrid éifeachtúlacht an phróisis pleanála níos leithne maidir le bristeacha tarchuir a chuíchóiriú agus a uasmhéadú ar bhealach níos éifeachtaí.
- Mar chuid den Sruth Oibre Físe Custaiméirí, tá céimeanna glactha againn chun rannpháirtíocht níos dlúithe a sholáthar le custaiméirí lena n-áirítear tuilleadh cruinnithe míosúla, ráithiúla agus ad hoc. Rinneadh iarracht chun níos mó de na cruinnithe seo a óstáil i bpearsa agus thugamar cuairteanna suímh ar chustaiméirí freisin.
- D'óstálamar 56 cruinniú clinic custaiméara ina raibh 34 forbróir thar 95 tionscadal i láthair chun na naisc ghiniúna agus éilimh a bheidh ann amach anseo a phlé lenár saineolaithe ábhair (SÁnna), sular cuireadh isteach iarratais naisc.
- D'eagraíomar rannpháirtíochtaí chun dul i ngleic le haon fhadhb a d'fhéadfadh teacht chun cinn agus chun torthaí níos fearr a bhaint amach do na páirtithe go léir agus tairiscintí naisc á n-ullmhú do chustaiméirí againn. San áireamh bhí an tslí a mbeadh custaiméirí nasctha leis an eangach agus an chaoi a bhféadfadh tionscadail oibriú sa mhargadh leictreachais amach anseo.
- Rinneadh teagmháil le custaiméirí amach ón gcósta i gCéim 1 mar ghrúpa agus go déthaobhach maidir le cúrsaí teicniúla agus conarthacha. Leantar le rannpháirtíocht níos sainiúla a dhéanamh leis na tionscadail seo de réir mar a bhailíonn cur i bhfeidhm na dtionscadal neart. Cuireadh tús freisin le teagmháil le comhlachtaí tionscail maidir le Céim 2 agus déanfar tuilleadh dul chun cinn in 2024-25.

## Rannpháirtíocht le Páirtithe Leasmhara

Tá rannpháirtíocht éifeachtach le páirtithe leasmhara riachtanach do EirGrid chun a straitéis a chur i gcrích. Cruthaímid agus foilsímid athbhreithniú bliantúil ar ár rannpháirtíocht le páirtithe leasmhara. In 2023-24, d'fhoilsíomar an *Tuarascáil Líonra um Rannpháirtíocht le Páirtithe Leasmhara 2023* chomh maith le *Plean Líonra um Rannpháirtíocht Páirtithe Leasmhara do 2024* agus *2025*. Leagtar amach iontu siúd raon leathan páirtithe leasmhara ar fud an tionscail, ar fud na sochaí, agus ar fud grúpaí reachtúla agus bhí siad faoi réir comhairliúchán poiblí, agus tugadh deis dár bpáirtithe leasmhara aiseolas a thabhairt ar ár ngníomhaíochtaí agus ár bpleananna ag céimeanna éagsúla den phróiseas. Spreagaimid comhoibriú lenár bpáirtithe leasmhara chun réitigh agus cuir chuige nua a fhorbairt le chéile, agus táimid ag tnúth le leanúint lenár gcuid oibre sa réimse seo in 2024-25.

# A bheith inár nGnólacht Freagrach

Tá EirGrid tiomanta chun a straitéis agus cur chuige a thuairisciú, mar aon lena fheidhmíocht i ndáil le rialachas ó thaobh na hinbhuanaitheachta de. Le haghaidh faisnéis níos mionsonraithe maidir le rialachas corparáideach EirGrid, féach leathanach 119. Ó 2010 i leith, tá EirGrid creidiúnaithe le Séala an Ghnó ag Obair go Freagrach (GOF), creidiúnú seachtrach neamhspleách ag Gnó sa Phobal in Éirinn (GPÉ) bunaithe ar an gcaoi a n-idirghníomhaíonn EirGrid leis an margadh, leis an ionad oibre, leis an gcomhshaol agus leis na pobail a ndéanann sé teagmháil leo agus mar mheasúnú ar a chur chuige straitéiseach inbhuanaitheachta. Feabhsaíonn an Séala GOF ár mbranda agus cáil, agus cuireann sé ar ár gcumas feidhmiú mar rogha fostóra sa mhargadh.

## Oibleagáidí Tuairiscithe Inbhuanaitheachta Éigeantacha

### Creat um Ghníomhú ar son na hAeráide don Earnáil Tráchtála Leath-Stáit

I mí Lúnasa 2022, d'fhaomh an Rialtas *Creat um Ghníomhú ar son na hAeráide don Earnáil Tráchtála Leathstáit*, a d'fhorbair an tÚdarás um Gheilleagar Nua agus Téarnamh (NewEra) i gcomhar le RCAC agus leis an Roinn Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh PFN agus Athchóirithe (RCPSPFNA). Bainfidh an creat le gach cuideachta Tráchtála Leathstáit (TL) agus clúdaíonn sé cúig ghealltanas:

- Cuspóirí maidir le rialachas an ghníomhaithe ar son na haeráide
- Sprioc maidir le hastaíochtaí a thomhas agus a laghdú
- Luacháil astaíochtaí i mbreithmheas infheistíochta
- An geilleagar ciorclach agus soláthar glas agus
- Nochtaí a bhaineann leis an aeráid.

Iarrann New Era ionchuir ar bhonn débhliantúil chun stádas cur chun feidhme an chreata a thaifeadadh agus monatóireacht a dhéanamh air. Cuirtear na freagraí seo le chéile ansin i dTuarascáil Forfheidhmithe a thugann forbhreathnú ar fheidhmíocht cuideachtaí TL i gcoinne na gcúig ghealltanas. Rinne EirGrid aighneachtaí i mí an Mhárta agus i mí Mheán Fómhair 2024 maidir leis an gcaoi inar chuir sé an Creat Gníomhaíochta Aeráide TL chun feidhme.

### Monatóireacht agus Tuairisciú SEAI

Is córas bogearraí é córas monatóireachta agus tuairiscithe (M&T) Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann (SEAI) trína dtuairiscíonn comhlachtaí poiblí fuinneamh, astaíochtaí agus sonraí gaolmhara gach bliain chun cur ar chumas an SEAI dul chun cinn gach eagraíochta i dtreo spriocanna beartais fuinnimh agus aeráide a rianú. Faoi na *Pleananna Gníomhaíochta Aeráide* 2021 agus 2023, tá spriocanna uaillmhianacha leagtha síos ag an Rialtas do chomhlachtaí poiblí (lena n-áirítear scoileanna) chun laghdú 51% a bhaint amach ar astaíochtaí gás ceaptha teasa (GCT) a bhaineann le fuinneamh agus feabhas 50% ar éifeachtúlacht fuinnimh faoi 2030. Cumasaíonn an córas M&T tuairisciú agus rianú i gcoinne na spriocanna seo agus ceanglais dhlíthiúla eile. In 2023, lean EirGrid air ag ailíniú le spriocanna M&T 2030 an SEAI trí bhearta bainistithe fuinnimh a riar i gcomhairle leis an SEAI.

### Treoir maidir le Tuairisciú Corparáideach i dtaca le hInbhuanaitheacht (TTCI)

Tháinig an *Treoir maidir le Tuairisciú Corparáideach i dtaca le hInbhuanaitheacht* (TTCI) de chuid an AE i bhfeidhm in Eanáir 2023. Déanann sé athbhreithniú agus nuashonrú ar na hoibleagáidí tuairiscithe atá sa Treoir maidir le Faisnéis Neamhairgeadais (TMFN) atá ann cheana, a raibh sé mar aidhm léi trédhearcacht agus cuntasacht níos fearr a chruthú trí cheangal ar chuideachtaí móra agus ar eintitis leasa phoiblí san AE faisnéis neamhairgeadais a fhoilsiú ar fheidhmíocht Chomhshaoil, Shóisialta agus Rialachais (CSR).

Faoin Treoir, tá oibleagáid dhlíthiúil ar EirGrid a chinntiú go gcomhlíonann a thuarascálacha bliantúla do bhlianta airgeadais a tharlóidh tar éis an 1 Eanáir 2025 ceanglais na Treorach. I gcás EirGrid beidh an chéad tuarascáil bhliantúil a chomhlíonfaidh TTCI don bhliain airgeadais ón 1 Deireadh Fómhair 2025 go dtí an 30 Meán Fómhair 2026, a fhoilseofar in 2027. I measc na bpríomhriachtanas tuairiscithe tá measúnacht dhúbailte ar ábharthacht, straitéis faisnéise agus spriocanna réamhbhreathnaitheacha, agus sonraí ar dhul chun cinn ailínithe leis na *Caighdeáin Eorpacha maidir le Tuairisciú Inbhuanaitheachta* (CETI).

I mí Dheireadh Fómhair 2023, chuir EirGrid tús le measúnú mionsonraithe chun plean aistrithe a fhorbairt chun comhlíonadh tuairiscithe inbhuanaitheachta a chinntiú. Bunaithe ar an measúnú seo, tá plean feidhmithe mionsonraithe forbartha againn chun tuarascáil iniúchta TTIC a chur le chéile.

## Nochtadh Inbhuanaitheachta Deonach

### Gealltanas Ísealcharbóin

Is é Gealltanas Ísealcharbóin Ghnó sa Phobal in Éirinn (GPÉ) an chéad ghealltanas tiomnaithe do ghnólachtaí Éireannacha creidiúnú a chur ar fáil chun caighdeáin tionscail a chomhlíonadh maidir le hinbhuanaitheacht agus laghdú astaíochtaí carbóin. Mar shínitheoir ar an nGealltanas Ísealcharbóin, tá EirGrid tiomanta chun déine a astaíochta gáis ceaptha teasa a laghdú 50% faoi 2030 faoi Scóip 1 agus 2.

### Gealltanas Ardaithe

Tacaíonn Gealltanas Ardaithe GPÉ le gnólachtaí ionad oibre níos ionchuimsithí a fhorbairt. Tá EirGrid ina shínitheoir ar an ngealltanas seo agus in 2024 leanamar ar aghaidh ag cothú agus ag forbairt ionad oibre ilchineálach agus ionchuimsitheach, rud a thagann le straitéis rannpháirtíochta fostaithe EirGrid. Le haghaidh tuilleadh faisnéise faoi thionscnaimh éagsúlachta agus ionchuimsithe EirGrid féach leathanach 92.

### Séala an Ghnó ag Obair go Freagrach

In 2023-24, tar éis iniúchadh rathúil, rinneadh creidiúnú arís ar EirGrid le *Séala an Ghnó ag Obair go Freagrach* (Séala GOF). Thug GPÉ faoi athbhreithniú Séala GOF agus rinne an tÚdarás um Chaighdeáin Náisiúnta na hÉireann (ÚCNÉ) iniúchadh neamhspleách air, chun sármhaitheas i gcleachtais ghnó atá freagrach agus inbhuanaithe a dheimhniú. Is fianaise é athdheimhniú an tSéala GOF ar ár bpríomhsprioc agus comharthaíonn sé ár seasamh i measc na bpríomhchuideachtaí atá tiomanta d'inbhuanaitheacht.

## Bainistiú an Loirg Charbóin

In 2021, rinne Grúpa EirGrid, ar a raibh EirGrid agus SONI an uair sin, a chéad ghníomh loirg astaíochtaí do 2019 agus 2020. Leanamar orainn ag tabhairt faoin bpróiseas seo ar bhonn bliantúil, agus is í an bhliain airgeadais 2022-23 an ceann is déanaí. Roghnaítear ár modhanna cuntasaíochta carbóin bunaithe ar bhainteacht, infhaighteacht sonraí, ábharthacht agus cruinneas. Chuige seo, bainimid úsáid as meascán de shonraí caiteachais agus gníomhaíochtaí chun ár lorg a thomhas. Toisc go dtógann sé tamall tar éis na bliana airgeadais an gníomh loirg a chríochnú, níl sé críochnaithe do 2023-24 agus é seo á scríobh. Díreoimid, dá bhrí sin, ar thorthaí 2022-23 sa tuarascáil seo, atá ag teacht leis na blianta airgeadais roimhe sin.

Mar a thagraítear in áit eile sa tuarascáil seo, bunaíodh Bord Stiúrthóirí neamhspleách SONI ar an 1 Deireadh Fómhair 2023, faoi shocruithe rialachais nua lena n-áirítear freisin neamhspleáchas bainistíochta, oibriúcháin agus acmhainní ó EirGrid. Mar sin tá SONI san áireamh i measúnú lorg charbóin 2022-23 ach ba chóir a thabhairt faoi deara nach n-áireofar SONI le haghaidh measúnuithe sa todhchaí.

Faoin *bPrótacal Gáis Ceaptha Teasa (GCT)* aicmítear astaíochtaí de réir fhoinse agus úinéireacht na n-astaíochtaí, agus roinntear iad ina n-astaíochtaí díreacha ('Scóip 1') agus ina n-astaíochtaí indíreacha ('Scóip 2 agus 3'). Is gné riachtanach é astaíochta GCT a thomhas de réir na scóipeanna seo chun ár lorg carbóin foriomlán a rianú agus a laghdú, rud a leagann béim ar ár dtiomantas don inbhuanaitheacht agus a léiríonn ár ról maidir le dul i ngleic le hathrú aeráide.

## Scóip 1

**Forbhreathnú**
Tagraíonn astaíochtaí scóip 1 d'astaíochtaí díreacha atá faoi úinéireacht nó faoi rialú na cuideachta. Ábhartha d'oibríochtaí Ghrúpa EirGrid, clúdaíonn Scóip 1 Dóchán Soghluaiste, Dóchán Seasta agus Astaíochta Éalaitheacha. In 2022-23, b'ionann Scóip 1 agus níos lú ná 1% de lorg astaíochtaí iomlána Grúpa EirGrid.

**Dul Chun Cinn in Aghaidh Scóip 1**
Áirítear le Dóchán Soghluaiste úsáid breosla ó fheithiclí faoi úinéireacht EirGrid. Ina measc seo tá veain ar a dtugtar an tAonad Faisnéise Soghluaiste, a úsáidtear ag imeachtaí poiblí ar nós seónna bóthair. Ón mbliain bhonnlíne 2019, tá laghdú 60% tagtha ar astaíochtaí dócháin shoghluaiste, rud a leagtar ar fhachtóirí amhail rannpháirtíocht áitiúil mhéadaithe agus ailíniú le tionscnaimh taistil inbhuanaithe a cuireadh i bhfeidhm san eagraíocht.

Tá laghdú 31% tagtha ar astaíochtaí Dócháin Sheasta, is iad sin iad na cinn ó bhreosla a úsáidtear le haghaidh téimh nó le haghaidh gineadóirí cúltaca, ón mbliain bhonnlíne, go páirteach mar gheall ar uasghráduithe amhail éifeachtúlacht fheabhsaithe coirí.

Áirítear le hastaíochtaí éalaitheacha astaíochtaí a eascraíonn as scaoileadh gáis d'aon ghnó nó go neamhbheartaithe a bhfuil poitéinseal téimh dhomhanda (PTD) acu le linn trealamh cuisniúcháin nó aerchóirithe a úsáid. Chun astaíochtaí éalaitheacha a bhainistiú agus a chosc, ar nós sceitheadh gáis éalaithigh déanann Grúpa EirGrid seiceálacha cothabhála ar gach trealamh fuaraithe.

Cé gur tháinig laghdú 32% ar astaíochtaí iomlána Scóip 1 ón mbliain bhonnlíne, bhí méadú beag de 4% ann idir 2021-22 agus 2022-23. Ba é an phríomhchúis leis an ardú seo sa bhliain airgeadais seo caite ná úsáid níos mó á baint as gineadóirí cúltaca, agus d'fhan astaíochtaí ó dhóchán soghluaiste agus ó astaíochtaí éalaitheacha mar a bhí den chuid is mó.

## Scóip 2

**Forbhreathnú**
Baineann Scóip 2 le hastaíochtaí ó fhuinneamh a ceannaíodh le haghaidh leictreachais, teasa agus fuarú. I nGrúpa EirGrid, cuimsíonn Scóip 2 astaíochtaí ó leictreachas ceannaithe agus teas ceannaithe. Is leictreachas ceannaithe é an leictreachas a úsáideann cuideachta ar láithreáin ar léi iad nó a rialaíonn sí. Tá teas clúdaithe faoi Scóip 2 mar go bhfuil teas oifige EirGrid curtha ar fáil ag an tiarna talún.

In 2022-23, b'ionann Scóip 2 agus thart faoi 0.05% de lorg astaíochtaí iomlána Grúpa EirGrid.


**Dul Chun Cinn in Aghaidh Scóip 2**
Tá méadú 10% tagtha ar astaíochtaí iomlána Scóip 2 Ghrúpa EirGrid ón mbliain bhonnlíne agus 6% idir an bhliain airgeadais 2021-22 agus 2022-23. Is é is cúis leis an athrú seo go príomha ná úsáid fuinnimh arna thiomáint ag áitíocht oifige mhéadaithe iarphaindéimeach, mar aon le fás 16% ar líon na ndaoine sa bhliain airgeadais seo caite. Tá bearta glactha againn chun ár riachtanais mhéadaithe leictreachais agus teasa a mhaolú trí bhearta éifeachtúlachta fuinnimh éagsúla lena n-áirítear bainistíocht éifeachtach fuinnimh foirgnimh agus tionscnaimh fuinnimh amhail scannáin ghréine, bailiú solais agus soilse LED.

**Astaíochtaí Per Capita Scóip 1 agus 2**
Bíonn tionchar suntasach ag líon na ndaoine a fhreastalaíonn ar an oifig ar astaíochtaí scóip 1 agus 2 mar go mbíonn úsáid fuinnimh níos mó mar thoradh ar áitíocht níos airde. Chun an dul chun cinn iomlán a léiriú i gcomparáid le hastaíochtaí Scóip 1 agus 2, tá lorg carbóin in aghaidh an fhostaí oibrithe amach againn.

Tháinig laghdú seasta ar lorg carbóin EirGrid in aghaidh an fhostaí le cúig bliana anuas. In 2019, bhí sé ag 2.99 $tCO_2eq$ agus in 2023 laghdaigh sé go 2.21 $tCO_2eq$. In 2023, cé gur tháinig méadú 3.6% ar astaíochtaí foriomlána, bhí líon foirne Ghrúpa EirGrid méadaithe go 712 fostaí buan lánaimseartha, ardú 40% ó socraíodh ár mbonnlíne lorg carbóin.

**Líon Daoine Grúpa EirGrid agus Astaíochtaí Per Capita**

| Bliain airgeadais | Líon na bhfostaithe ag deireadh na bliana airgeadais | Astaíochtaí per capita Scóip 1 agus 2 ($tCO_2eq$) |
|---|---|---|
| 2019 | 507 | 2.99 |
| 2020 | 570 | 2.39 |
| 2021 | 596 | 2.29 |
| 2022 | 611 | 2.42 |
| 2023 | 712 | 2.21 |



*Preabchlár an Chlinic Rothaíochta ag oifig EirGrid i mBaile Átha Cliath.*

## Scóip 3

**Forbhreathnú**

Tagraíonn astaíochtaí Scóip 3 d'astaíochtaí indíreacha thar shlabhra luacha cuideachta, lena n-áirítear gníomhaíochtaí amhail earraí agus seirbhísí ceannaithe, earraí caipitil, taisteal gnó, comaitéireacht fostaithe, dramhaíl agus gníomhaíochtaí a bhaineann le breosla agus fuinneamh. Is iad earraí agus seirbhísí ceannaithe agus earraí caipitiúla na príomhchúiseanna le hastaíochtaí Scóip 3 de chuid Eirgrid.

- Mar chuid d'earraí agus seirbhísí ceannaithe tá asbhaint, táirgeadh agus iompar earraí agus seirbhísí a cheannaigh nó a fuair Grúpa EirGrid. Is iad na catagóirí a chuireann leis na hastaíochtaí seo ná Seirbhísí Comhardaithe Seolta, táillí dlí, táillí gairmiúla, síntiúis agus ballraíochtaí corparáideacha.
- Áirítear le hearraí caipitil asbhaint, táirgeadh agus iompar earraí caipitiúla atá ceannaithe nó faighte ag Grúpa EirGrid, amhail trealaimh TF agus ceadúnais bhogearraí.

**Dul Chun Cinn in Aghaidh Scóip 3:**

### Earraí agus Seirbhísí Ceannaithe

Cuireann Seirbhísí Comhardaithe Seolta le breis is 99% d'astaíochtaí iomlána Scóip 3 Ghrúpa EirGrid agus d'earraí agus seirbhísí ceannaithe EirGrid.

Tá astaíochtaí de bharr méadú ar earraí agus ar sheirbhísí ceannaithe á dtiomáint ag scála méadaithe agus gníomhaíochtaí nua do Ghrúpa EirGrid ón mbliain bhonnlíne. Áirítear leo sin:

- Beartas nua rialtais in Éirinn chun 80% FIF-L (olltomhaltas deiridh leictreachais ó fhoinsí in-athnuaite) a bhaint amach faoi 2030;
- Úinéireacht agus oibriú sócmhainní tarchuir amach ón gcósta (Éire amháin);
- An tIdirnascaire Ceilteach agus Greenlink (Éire amháin); agus
- Cur i bhfeidhm na réiteach chun aghaidh a thabhairt ar shlándáil an tsoláthair (Giniúint Shealadach Éigeandála) (Éire amháin).

### Céard atá i gceist le Seirbhísí Comhardaithe Seolta?

Tá Seirbhísí Comhardaithe Seolta (SCS) ag teastáil ó EirGrid agus é ina Oibreoir Córais chun aonaid ghiniúna leictreachais a sheoladh amach ó shuíomh margaidh neamhshrianta chun slándáil an chórais a chothabháil. Tá sé seo riachtanach chun ceanglais reachtúla agus rialála a chomhlíonadh lena n-áirítear caighdeáin córais tarchuir. Tabhaíonn na gníomhartha seo costais neamhfhoirfeachta nach mór do EirGrid iad a thuar agus a bhainistiú mar Oibreoir Córais Tarchuir (OCT) na hÉireann. D'fhéadfadh athruithe ar ár n-astaíochtaí carbóin a bheith mar thoradh ar na gníomhartha seo freisin.

Mar OCT, feidhmíonn EirGrid de réir na gCaighdeán Slándála Oibriúcháin foilsithe as a dtagann gníomhartha comhardaithe seolta. Bíonn tionchar ag cláir bhristeacha giniúna agus tarchuir ar Sheirbhísí Comhardaithe Seolta. Tá an OCT freagrach as na cláir oibreacha seo a sceidealú agus déantar é seo mar iarracht an tionchar seo ar Sheirbhísí Comhardaithe Seolta a íoslaghdú.

Úsáidtear tacair rialacha ón gCoiste an Mhargaidh Leictreachais Aonair (CMLA) chun na hacmhainní atá ar fáil don chóras a bharrfheabhsú ag gach tráth chun na rialacha slándála córais arna leagan síos ag an OCT a chomhlíonadh.

### Earraí Caipitil

Sa bhliain airgeadais 2022-23, tháinig méadú 7% ar astaíochtaí ó earraí caipitil i gcomparáid le 2021-22. I measc na bpríomhchúiseanna leis sin tá cothabháil TF agus teileachumarsáid.

In ainneoin méadú ar riachtanais TF mar gheall ar scóip agus sainchúram breise EirGrid, tháinig méadú níos lú ná 1% ar ár n-astaíochtaí i gcomparáid leis an mbliain bhonnlíne 2019.

### Comaitéireacht Fostaithe

Tagraíonn comaitéireacht fostaithe d'fhostaithe a thaistealaíonn chuig a ngnátháit oibre agus uaidh. Chun astaíochtaí comaitéireachta EirGrid a ríomh, reáchtálaimid suirbhé comaitéireachta gach bliain. Léirigh an suirbhé is déanaí a rinneamar go ndéanann 83% d'fhostaithe comaitéireacht trí mhodh iompair inbhuanaithe (i.e. siúl, rothaíocht, bus, traein agus tram). Ba iad comaitéireacht ar an traein agus ar rothaíocht na modhanna iompair ba choitianta ag fostaithe EirGrid. Tugann an suirbhé comaitéireachta bliantúil deis freisin d'fhostaithe aiseolas a thabhairt ar shaoráidí comaitéireachta reatha agus moltaí a dhéanamh maidir le feabhsúcháin chun tacú le haistriú modha chuig cineálacha iompair níos inbhuanaithe. Le linn na bliana airgeadais 2023-24, thug EirGrid roinnt deiseanna isteach chun fostaithe a spreagadh chun taisteal go dtí an oifig ar bhealach níos inbhuanaithe, mar shaoráidí triomúcháin uasghrádaithe, stáisiún deisithe rothair, oiliúint rothaíochta d'fhostaithe, laethanta trialacha r-rothar ina bhfaigheann fostaithe deis r-rothar lascainithe a thriail agus a cheannach, cur chun cinn na scéime rothaíochta chun na hoibre, agus nuashonruithe rialta ar dheiseanna comaitéireachta inbhuanaithe mar scéimeanna cíosa rothar a chur chun cinn le linn Sheachtain Ghníomhaithe ar son na hAeráide Bhaile Átha Cliath.

### Taisteal Gnó

Tá athrú suntasach tagtha ar dhinimic oibre de bharr éifeachtaí na paindéime COVID-19, agus leis an athrú chuig cruinnithe fíorúla tá laghdú ar an ngá le taisteal gnó go minic, rud a chuireann cleachtais ghnó níos inbhuanaithe chun cinn. D'éascaigh an t-athrú seo laghdú ar thaisteal talún EirGrid, laghdú 76% ó 2019. Mar sin féin, tá méadú tagtha ar líon na n-eitiltí a glacadh, mar gheall ar rannpháirtíocht mhéadaithe le páirtithe leasmhara san Eoraip ar fud roinnt réimsí gnó.

### Dramhaíl

D'aithníomar deis measúnú a dhéanamh ar ár gcleachtais soláthair reatha maidir le hearraí marsantachta, táirgí aonúsáide agus athúsáid ábhar atá as feidhm.

- Tá cleachtais geilleagair chiorclaigh curtha i bhfeidhm ag EirGrid chun úsáid deireadh ré earraí caipitiúla a bhainistiú, lena n-áirítear trealamh agus troscán TF, le cinntiú go n-athúsáidtear nó go n-athchúrsáiltear gach sócmhainn a chuirtear i leataobh. Chuige seo, táimid tar éis dul i gcomhpháirtíocht le seirbhísí uaschúrsála sócmhainní, a ghlanann an gléas agus a uaschúrsálann na hearraí a chinntíonn go n-athúsáidtear ár dtrealamh arís.
- Chuireamar deireadh le húsáid cupán plaisteach nó páipéir aonúsáide trí Scéim 'Cupáin Choinneála' a leathnú amach do gach fostaí ó mhí Iúil 2023. Ó thús na scéime go deireadh na bliana airgeadais 2023-24, tá ceal curtha in 100,000 cupán aonúsáide mar gheall ar Chupáin Choinneála.
- Rinneamar ár stoc d'earraí marsantachta atá ann cheana a athúsáid agus a athchúrsáil ar bhealach eagraithe agus inbhuanaithe. Chuireamar earraí marsantachta in úsáid arís ar a raibh ár sean-lógó agus chuireamar clúdach nua ar bhreis is 42 preabsheastán, a úsáidtear ag imeachtaí rannpháirtíochta poiblí, ceardlanna tionscail, aontaí gairmeacha agus imeachtaí eile a bhaineann le páirtithe leasmhara.

### Gníomhaíochtaí a Bhaineann le Breosla agus Fuinneamh

Baineann na hastaíochtaí seo le táirgeadh breoslaí agus fuinnimh ceannaithe agus ídithe ag Grúpa EirGrid. Áirítear leis seo astaíochtaí ó thochailt, asbhaint, scagadh agus táirgeadh breoslaí a úsáidtear faoi dhóchán soghluaiste, leictreachas ceannaithe, teas agus dóchán seasta. Is féidir laghdú a dhéanamh ar astaíochtaí a chur i leith fachtóirí ar nós méadú ar fhoinsí fuinnimh in-athnuaite atá nasctha leis an eangach. In 2022-23, tháinig laghdú 29% ar na hastaíochtaí ó ghníomhaíochtaí a bhaineann le breosla agus fuinneamh ón mbliain roimhe sin.

**Bliain Airgeadais Ghrúpa EirGrid 2022-23 – Torthaí Measúnaithe ar an Lorg Carbóin**

| | Bliain Bhonnlíne 2019 $TCO_2eq$ | Bliain Airgeadais 2021-22 $TCO_2eq$ | Bliain Airgeadais 2022-23 $TCO_2eq$ |
|---|---|---|---|
| **Scóip 1** | | | |
| Dóchán Soghluaiste | 0.86 | 0 | 0 |
| Astaíochtaí Éalaitheacha | 0.02 | 0.161 | 0.3 |
| Dóchán Seasta | 228 | 150 | 156 |
| **Iomlán Scóip 1** | **229** | **150** | **156** |
| **Scóip 2** | | | |
| Leictreachas Ceannaithe | 1,286 | 1,201 | 1,283 |
| Teas Ceannaithe | 0 | 129 | 133 |
| **Iomlán Scóip 2** | **1,286** | **1,330** | **1,415** |
| **Scóip 3** | | | |
| Taisteal Gnó | 668 | 107 | 311 |
| Earraí Caipitil | 2,465 | 2,314 | 2,483 |
| Earraí agus Seirbhísí Ceannaithe | 1,768,865 | 759,853 | 2,435,569 |
| Earraí agus Seirbhísí Ceannaithe (gan SCS) | 3,069 | 3,958 | 5,569 |
| Comaitéireacht Fostaithe | 1,251 | 442 | 548 |
| Gníomhaíochtaí a bhaineann le Breosla agus Fuinneamh | 438 | 309 | 219 |
| Dramhail | 61 | 6 | 9 |
| **Iomlán Scóip 3** | **1,773,748** | **763,030** | **2,439,139** |
| **Iomlán Scóip 3 (gan SCS)** | **7,951.71** | **7,135** | **9,139** |
| **Iomlán Gach Scóip** | **1,775,263** | **764,510** | **2,440,711** |
| **Iomlán Gach Scóip (gan SCS)** | **9,467** | **8,615** | **10,711** |

## Spriocanna Bunaithe ar an Eolaíocht

Soláthraíonn Spriocanna Bunaithe ar an Eolaíocht bealach atá sainithe go soiléir do chuideachtaí chun astaíochtaí gás ceaptha teasa (GCT) a laghdú, rud a chuidíonn le cosc a chur ar na tionchair is measa a bhíonn ag an athrú aeráide agus le fás inbhuanaithe gnó a éascú. Glactar leis go bhfuil spriocanna 'bunaithe ar an eolaíocht' má tá siad i gcomhréir leis an méid a mheasann an eolaíocht aeráide is déanaí a bheith riachtanach chun spriocanna Chomhaontú Pháras a chomhlíonadh – téamh domhanda a theorannú go dtí 1.5°C os cionn na leibhéal réamhthionsclaíoch.

Is eagraíocht chorparáideach gníomhaithe ar son na haeráide é an *tionscnamh um Spriocanna Bunaithe ar an Eolaíocht* (tSBE) a dhéanann na spriocanna bunaithe ar eolaíocht do chuideachtaí a bhailíochtú i gcomparáid le critéir agus treoir tSBE.

D'fhorbair EirGrid a sprioc laghdaithe astaíochtaí i gcomhréir le critéir tSBE in 2021, i gcoinne bonnlíne de shonraí 2019. Tá achoimre ar ár spriocanna sa tábla thíos.

| | Tionchar Ionchasach | 2021-22 | 2022-23 |
|---|---|---|---|
| **Sprioc Bunaithe ar Eolaíocht 1** | Astaíochtaí díreacha agus indíreacha a laghdú 50% (astaíochtaí Scóip 1 & 2) | 1,480t $CO_2e$ | 1,571t $CO_2e$ |
| **Sprioc Bunaithe ar Eolaíocht 2** | Astaíochtaí indíreacha ó Sheirbhísí Comhardaithe Seolta (SCS) a laghdú 35% in aghaidh an meigeavatuair d'éileamh foriomlán an chórais (Astaíochtaí Scóip 3 - SCS) | 0.019t $CO_2e$ in aghaidh meigeavatuair d'éileamh ar leictreachas | 0.064t $CO_2e$ in aghaidh meigeavatuair d'éileamh ar leictreachas |
| **Sprioc Bunaithe ar Eolaíocht 3** | Gach astaíocht indíreach eile ónár ngníomhaíochtaí a laghdú 30% (Astaíochtaí Scóip 3 - gan SCS) | 7,135t $CO_2e$ | 9,139t $CO_2e$ |

## An Cur Chuige dár nGnó atá ag Forbairt a Mheas

Ó bunaíodh ár spriocanna maidir le hastaíochtaí carbóin ar dtús in 2021, tá athruithe suntasacha tagtha chun cinn sa bheartas fuinnimh agus laistigh d'eagraíocht EirGrid, rud a d'fhág go raibh gá le hathmheasúnú chun ailíniú le réaltachtaí agus spriocanna reatha.

**Beartas Rialtais nua chun 80% FIF-L a bhaint amach faoi 2030**

Is aistriú ríthábhachtach agus an-uaillmhianach i dtreo todhchaí fuinnimh níos glaine in Éirinn é an beartas nua Rialtais a thabhairt isteach atá dírithe ar 80% FIF-L a bhaint amach faoi 2030. Ní hamháin go socraíonn an t-athrú beartais seo caighdeán níos airde maidir le glacadh le fuinneamh in-athnuaite ach sainordaíonn sé freisin athailíniú straitéiseach ar ár straitéisí laghdaithe carbóin agus cuireann sé dualgas níos airde ar EirGrid i dtéarmaí ár bhfreagrachtaí chun cabhrú leis na spriocanna a bhaint amach. Is é seo a spreag athrú agus fás inár ngnó i gcomparáid leis an méid a rabhthas ag súil leis in 2019 nuair a leagadh síos na bunspriocanna.

**Úinéireacht agus oibriú sócmhainní tarchuir amach ón gcósta**

Ó socraíodh ár Spriocanna Bunaithe ar Eolaíocht, leathnaíodh ról EirGrid chun oibriú agus úinéireacht eangaí tarchuir leictreachais amach ón gcósta na hÉireann a ionchorprú, mar atá sainithe ag an *Ráiteas Beartais ar an gCreat do Chóras Tarchuir Leictreachais amach ón gcósta in Éirinn*. Athróidh an t-athrú seo an gnó ó eagraíocht a bhí éadrom ó thaobh sócmhainní de go dtí eagraíocht a mbeidh sócmhainní suntasacha bonneagair eangaí amach ón gcósta ina seilbh aici sa deireadh.

**Coinníoll Ceadúnais SONI 42**

Mar a luadh níos luaithe sa tuarascáil seo, i mí Lúnasa 2022, d'fhoilsigh an Rialtóir Fóntas i dTuaisceart Éireann a chinneadh ar rialachas SONI agus modhnuithe ar a cheadúnas OCT, rudaí a códaíodh i gceadúnas SONI ar an 26 Deireadh Fómhair 2022. Éilíodh le coinníollacha an cheadúnais nua, i measc ceanglais eile, go mbunófaí bord SONI Teo, ar a mbeadh comhaltaí neamhspleácha den chuid is mó (agus go mbeadh gach stiúrthóir faofa ag an Rialtóir Fóntas); srian ar chinnteoireacht scairshealbhóirí le nach mbeadh cead acu na nithe sin atá forchoimeádta do chinnteoireacht scairshealbhóirí faoi UK Companies Act 2006 a chinneadh; i dteannta neamhspleáchas bainistíochta, oibríochtúil agus acmhainní ó EirGrid cpt. Mar gheall air seo, tá gá le hathmheastóireacht ar ár mbonnlíne loirg carbóin agus ar ár n-áirimh lena chinntiú go léiríonn sé go cruinn an t-athrú seo ar an eagraíocht.

**Cad atá romhainn?**

I bhfianaise na n-athruithe suntasacha thar réimsí éagsúla a dtugtar breac-chuntas orthu thuas, táimid ag tabhairt faoi mheasúnú ar na chéad chéimeanna eile i dtéarmaí ár measúnuithe loirg carbóin agus ár Spriocanna Bunaithe ar an Eolaíocht, a cheanglaíonn orainn ár ngnó athraitheach agus éabhlóideach a chur san áireamh, le gnéithe áirithe nach rabhthas ag súil leo nuair a leagadh síos na spriocanna bunaidh.

Ina theannta sin, tá tírdhreach na gcaighdeán tuairiscithe ag síorathrú agus ag ailíniú le creataí agus reachtaíocht nua, amhail Treoir maidir le Tuairisciú Corparáideach i dtaca le hInbhuanaitheacht (TTCI), atá riachtanach chun trédhearcacht agus comhlíonadh na gceanglas rialála a choinneáil.

Trí mheasúnú réamhghníomhach a dhéanamh ar ár gcur chuige, ní hamháin go gcloímid le rialacháin ach léirímid freisin tiomantas d'fheabhsú leanúnach.

## Soláthar Inbhuanaithe

Aithníonn EirGrid go bhfuil suíomh ríthábhachtach ag an bhfeidhm sholáthair laistigh de na heagraíochtaí go léir maidir le tionchar líne tosaigh i ndáil le tionchair shóisialta agus chomhshaoil eagraíochta. Mar sin, chun ailíniú le *Straitéis Inbhuanaitheachta EirGrid*, rinne EirGrid measúnú slabhra soláthair inbhuanaitheachta in 2023-24 agus chruthaigh sé plean aistrithe chun ailíniú leis an gcleachtas idirnáisiúnta is fearr maidir le fuinneamh gaoithe inbhuanaithe amach ón gcósta.

Táimid tar éis díriú go háirithe ar fhuinneamh ghaoth amach ón gcósta in 2023-24 ós rud é gur réimse é a bhfuiltear ag súil le gníomhaíocht soláthair shuntasach sna blianta amach romhainn. Chun aghaidh a thabhairt ar an bpunann amach ón gcósta ó thaobh na hinbhuanaitheachta de, tá trí shruth oibre ag tarlú ag an am céanna:

- Measúnú próisis soláthair inmheánaigh a dhéanamh maidir le cleachtais inbhuanaitheachta agus dea-chleachtas tionscail maidir le fuinneamh gaoithe amach ón gcósta.
- Athbhreithniú a dhéanamh ar dhea-chleachtas inbhuanaitheachta agus réimsí féidearthachta nuálaíochta maidir le fuinneamh gaoithe amach ón gcósta agus méadraigh inbhuanaitheachta a shainiú do Chlár Fuinnimh Gaoithe Amach ón gCósta ar an gCósta Theas.
- Plean inbhuanaitheachta a fhorbairt mar phríomhdhoiciméad chun a chur in iúl conas a dhéanfar inbhuanaitheacht a sholáthar ar fud an chláir lena n-áirítear an próiseas soláthair.

*Baill de na foirne nuálaíochta agus pleanála, soláthair, dlí agus inbhuanaitheachta a d'fhreastail ar na Dámhachtainí Soláthair Náisiúnta mar aitheantas ar ainmniúcháin EirGrid i gcúig chatagóir.*




Tuigeann EirGrid an tábhacht a bhaineann le dul i ngleic leis an slabhra soláthair san iarracht seo, agus tá ailíniú ár bhfeidhme soláthair caighdeánaithe againn chuig ár gceanglais inbhuanaitheachta gnó chun ailíniú lenár straitéis inbhuanaitheachta corparáidí. Comhtháthaíonn EirGrid critéir inbhuanaitheachta de réir phróiseas *Soláthar Poiblí Glas* na Gníomhaireachta um Chaomhnú Comhshaoil (GCC) inár dtairiscintí nuair is féidir.

## Bainistíocht Riosca

Sonraíonn an Creat Bainistíochta Riosca Fiontair na buncheanglais agus na bunphróisis ardleibhéil do bhainistiú riosca ar fud gach cineál riosca lena n-áirítear rioscaí a bhaineann leis an Aeráid. Cuirtear na ceanglais chun feidhme trí na beartais agus na nósanna imeachta riosca a rialaíonn bainistiú riosca.

D'aithin EirGrid Aeráid (Fhisiceach) mar Phríomhriosca leis an sainmhíniú seo a leanas:

> 'An riosca costais mhéadaithe a bhaineann le sócmhainní a chothabháil/athsholáthar agus/nó intuarthacht laghdaithe a mbeadh dúshláin phleanála bristeacha mar thoradh orthu mar gheall ar mhinicíocht mhéadaithe teagmhas adhaimsire a mbíonn tionchar acu ar an riosca do shócmhainní fisiceacha atá faoi úinéireacht/á n-oibriú/á gcothabháil ag EirGrid as a dtiocfadh caillteanas airgeadais agus damáiste clú.'

Tá roinnt údair riosca a bhaineann leo, is iad sin:


- Minicíocht mhéadaithe ar an damáiste do shócmhainní mar gheall ar theagmhais adhaimsire (Tarchur Ar Talamh, Tarchur Amach ón gCósta, Idirnascadh, Snáithín Teileachumarsáide, Cóiríocht Oifige, Trealamh Teileachumarsáide).
- D'fhéadfadh sé nach mbeadh treochtaí stairiúla a úsáidtear i dtoimhdí samhaltaithe ina réamhinseoirí iontaofa don todhchaí mar gheall ar athrú aeráide.
- Coinníollacha aeráide a bhfuil tionchar acu ar chríochnú na tógála ar an Idirnascaire Ceilteach.
- Costais mhéadaitheacha a bhaineann le sócmhainní a chothabháil agus saolré sócmhainní laghdaithe agus/nó costais chothabhála/athsholáthair mar thoradh.
- Athruithe ar dhálaí séasúracha (fad agus uainiú) a bhíonn mar bhonn le hintuarthacht laghdaithe a mbíonn dúshláin phleanála bhristeacha mar thoradh orthu.

Mar Phríomhriosca, déanann an Fhoireann Feidhmiúcháin agus Bord EirGrid cpt monatóireacht ghníomhach ar Aeráid (Fhisiceach) ar bhonn míosúil.

## Ceanglais Acht na dTeangacha Oifigiúla a Chomhlíonadh

Tagann EirGrid faoi shainchúram Acht na dTeangacha Oifigiúla (Leasú) 2021, a leathnaíonn ar na dualgais atá ar chomhlachtaí poiblí faoi láthair úsáid na Gaeilge a chur chun cinn agus feabhas a chur ar na seirbhísí a sholáthraítear trí Ghaeilge. I rith na bliana airgeadais 2023-24, chuireamar comharthaíocht dhátheangach nua isteach inár n-oifigí, mhéadaíomar ábhar Gaeilge ar ár gcuntais meán sóisialta agus d'fhógraíomar folúntais i mBéarla agus i nGaeilge den chéad uair. Fanaimid de réir sprice chun na riachtanais maidir le fógraíocht a chomhlíonadh. Ní bhfuair EirGrid aon ghearán ó Oifig an Choimisinéara Teanga le linn na bliana airgeadais.

# Astaíochtaí 2022-23




**Scóip 1**
**156** $tCO_2e$

**Scóip 2**
**1,415** $tCO_2e$

**Scóip 3**
**9,139** $tCO_2e$
(gan SCS san áireamh*)

## Catagóirí Scóip 3**

| | | |
|---|---|---|
| A | Earraí & Seirbhísí Cean-naithe (gan SCS san áireamh*) | 5,568 $tCO_2e$ |
| B | Earraí Caipitil | 2,483 $tCO_2e$ |
| C | Comaitéireacht Fostaithe | 548 $tCO_2e$ |
| D | Taisteal Gnó | 311 $tCO_2e$ |
| E | Gníomhaíochtaí a bhai-neann le Breosla & Fuinneamh | 219 $tCO_2e$ |
| F | Dramhaíl | 9 $tCO_2e$ |

*SCS: Seirbhísí Comhardaithe Seolta
**Figiúirí slánaithe ar mhaithe lena léiriú go héasca.

### Is tomhas caighdeánach é tonna de choibhéis $CO_2$ ($tCO_2e$)

a úsáidtear chun comparáid a dhéanamh idir na hastaíochtaí gás ceaptha teasa ó dhé-ocsaíd charbóin ($CO_2$) nó ó gháis ceaptha teasa eile (GCT) bunaithe ar a bpoitéinseal téimh dhomhanda.



**Iomlán na n-astaíochtaí**
(SCS san áireamh*)
**2,440,711**
$tCO_2e$



# Rialachas Corparáideach

06

## Ráiteas Rialachais Chorparáidigh an Chathaoirligh

Tá Bord EirGrid cpt tiomanta d'ardchaighdeáin rialachais chorparáidigh a spreagann cinnteoireacht eolasach agus fhadtéarmach. Comhlíonann EirGrid cpt, mar chuideachta faoi úinéireacht an stáit, le linn dó a chuspóirí rialachais a chur i gcrích, nuair is infheidhme, an *Cód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú* arna eisiúint ag an Aire Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh PFN agus Athchóirithe ("an Cód") agus tá aird aige freisin ar phrionsabail *Chód Rialachais Chorparáidigh an RA* agus Iarscríbhinn Rialachais Chorparáidigh na hÉireann.

Tá bearta cuí curtha i bhfeidhm ag EirGrid chun an Cód a chomhlíonadh, cód ina leagtar amach an creat rialachais arna bhunú ag an Rialtas maidir le ceanglais mhaoirseachta agus tuairiscithe Comhlachtaí Stáit.

Tá siad seo bunaithe ar phrionsabail na cuntasachta, na trédhearcachta agus na stuamachta, agus tá béim á leagan ar rath inbhuanaithe na heagraíochta san fhadtéarma. Tá próisis láidre i bhfeidhm ag EirGrid maidir leis an gCód a chomhlíonadh agus cuirtear tuarascáil maidir lena leithéid de chomhlíonadh faoi bhráid an Bhoird gach bliain. Tá an Bord sásta gur chomhlíon EirGrid a cheanglais faoin gCód, agus, maidir leis seo, eisítear tuarascáil go bliantúil chuig an Aire Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide.

Ghlac baill an Bhoird le Cód Iompair atá infheidhme maidir le stiúrthóirí uile EirGrid cpt, Stiúrthóirí uile a fhochuideachtaí agus gach Stiúrthóir arna cheapadh ag EirGrid ar eintitis chomhfhiontair.

Cuireann an Cód Iompair seo ár gcuspóir, ár straitéis agus ár luachanna i gcroílár an chaoi a n-iompróidh Stiúrthóirí iad féin. Tá gach Stiúrthóir tiomanta do na caighdeáin is airde iompraíochta agus eitice gnó tríd an méid seo a leanas a dhéanamh:

- Ceannaireacht a thabhairt le dea-shampla;
- Gníomhú le hionracas;
- Caitheamh lenár bpáirtithe leasmhara go léir le meas; agus
- Eolas a úsáid go cúramach.

Táthar ag súil go dtabharfaidh comhaltaí an Bhoird dea-shampla agus go mbeidh siad ina n-eiseamláir don eagraíocht trí chéile. Tá Cód Iompraíochta ár Stiúrthóirí ar fáil ar shuíomh gréasáin EirGrid.

Eagraítear seisiúin eolais go rialta do chomhaltaí an Bhoird maidir le rialachas corparáideach, comhlíonadh agus ábhair riosca, chomh maith le hábhair a bhfuil tábhacht reatha ag baint leo i gcomhthéacs an ghnó agus reáchtáladh roinnt seisiúin oiliúna le linn 2023-24. Ina theannta sin, tugtar deis do chomhaltaí an Bhoird tabhairt faoi mhodúil oiliúna an Fhorais Riaracháin (FR) i rith na bliana.

## Éifeachtúlacht an Bhoird

Féachann comhaltaí Boird go leanúnach lena n-éifeachtúlacht a fheabhsú trí phlé foirmiúil agus neamhfhoirmiúil tar éis cruinnithe agus tugtar aiseolas don Chathaoirleach agus do Rúnaí na Cuideachta.

De réir an Chóid, ceanglaítear ar an mBord meastóireacht féinmheasúnaithe a dhéanamh gach bliain ar a fheidhmíocht féin agus ar fheidhmíocht choistí an Bhoird.

Táthar ag cur leis an meastóireacht inmheánach fhoirmiúil bhliantúil seo le timthriall tréimhsiúil de mheastóireachtaí seachtracha neamhspleácha.

## Athruithe Boird agus Coistí

Bhí roinnt athruithe ar an mBord i rith na bliana. I mí an Mhárta 2024, ceapadh Ivan Schuster ar an mBord ar feadh téarma cúig bliana. I mí na Nollag 2023, chuaigh Michael O'Sullivan ar scor ón mBord. Chuaigh Mark Foley ar scor mar Phríomhfheidhmeannach ar Ghrúpa EirGrid, agus mar sin, d'éirigh sé as a phost mar Stiúrthóir Feidhmiúcháin ar EirGrid cpt in Aibreán 2024.

Amhail an 30 Meán Fómhair 2024, bhí folúntas amháin ar Bhord EirGrid cpt, arbh é sin comhaltas ex-officio Phríomhfheidhmeannach Ghrúpa EirGrid.

## Rannpháirtíocht an Bhoird

Tá comhaltaí Boird den tuairim go bhfuil sé tábhachtach go mbíonn deis acu cúrsaí a phlé le baill foirne ar fud na heagraíochta agus eolas a fháil uathu go pearsanta faoin sár-obair a dhéanann siad ar fud na heagraíochta ar bhonn laethúil. Sa chomhthéacs seo, is cúis áthais do chomhaltaí an Bhoird é go raibh deis acu labhairt le baill foirne atá sna hoifigí i mBaile Átha Cliath agus i gCorcaigh.

## Páirtithe Leasmhara

Príomhghné de chur i bhfeidhm straitéis EirGrid í rannpháirtíocht na bpáirtithe leasmhara. Téann EirGrid i mbun comhairliúcháin gach bliain maidir leis an bPlean Rannpháirtíochta le Páirtithe Leasmhara agus foilsíonn sé an Plean seo ina leagtar amach ár gcur chuige uileghabhálach i leith rannpháirtíochta, lena n-áirítear an tslí a n-aithnímid páirtithe leasmhara agus na próisis atá i bhfeidhm faoi láthair chun a chinntiú go bhfuil ár bpáirtithe leasmhara páirteach i ndáiríre i bpríomhchinntí. Tá comhaltaí Boird, an Príomhfheidhmeannach agus an Fhoireann Feidhmiúcháin tiomanta do dhul i mbun teagmhála lenár scairshealbhóirí agus lenár bpáirtithe leasmhara agus iarracht á déanamh acu an t-athrú ar an gcóras cumhachta a threorú agus uaillmhian ár scairshealbhóra maidir leis an ngníomhú ar son na haeráide a chomhlíonadh. Glacadh páirt i roinnt mhaith gníomhaíochtaí rannpháirtíochta le páirtithe leasmhara i rith na bliana, lena n-áirítear caidreamh lenár nAire a bhí á stiúradh agam féin agus ag an bPríomhfheidhmeannach.

## Socruithe Rialachais faoi Cheadúnas SONI Teo

Ar an 30 Lúnasa 2022, d'fhoilsigh an Rialtóir Fóntas (RF) i dTuaisceart Éireann a chinneadh maidir le rialachas SONI agus modhnuithe ar a cheadúnas OCT. Códaíodh na modhnuithe sin i gceadúnas SONI ar an 26 Deireadh Fómhair 2022. Ceanglaíonn coinníollacha an cheadúnais nua, i measc nithe eile, bord Stiúrthóirí SONI teo ar a mbeadh comhaltaí neamhspleácha den chuid is mó (agus go mbeadh gach stiúrthóir faofa ag an Rialtóir Fóntas); srian ar chinnteoireacht scairshealbhóirí le nach mbeadh cead acu na nithe sin atá forchoimeádta do chinnteoireacht scairshealbhóirí faoi UK Companies Act 2006 a chinneadh, mar aon le neamhspleáchas bainistíochta, oibriúcháin agus acmhainní ó EirGrid cpt. Garsprioc thábhachtach a bhain leis na socruithe rialachais nua, a cheanglaítear faoi cheadúnas SONI, a chur i bhfeidhm, ab ea gur ceapadh ceathrar stiúrthóirí neamhspleácha nua ar bhord SONI Teo le héifeacht ón 1 Deireadh Fómhair 2023. Ón dáta seo, níl smacht ag EirGrid cta ar SONI Teo a thuilleadh.

## Conclúid

Tá níos mó sonraí le fáil ar na leathanaigh thíos maidir leis an tslí ar chomhlíon na comhaltaí Boird agus na coistí Boird a bhfreagrachtaí rialachais.



**Brendan Tuohy**
Cathaoirleach, EirGrid cpt



# Bord Stiúrthóirí

## Amhail an 30 Meán Fómhair 2024



### Brendan Tuohy

**Cathaoirleach**

Ceapadh Brendan Tuohy mar chomhalta ar Bhord EirGrid cpt i mí na Samhna 2019 ar feadh tréimhse 5 bliana agus athcheapadh é ar feadh tréimhse 3 bliana eile i mí na Samhna 2024. Roimhe sin, idir 2000-2007, bhí sé ag obair mar Ard-Rúnaí sa Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha. Ó 2007 i leith, tá sé ag feidhmiú mar stiúrthóir ar roinnt boird cuideachtaí. Tá céim san Innealtóireacht Shibhialta aige ó Choláiste na hOllscoile, Corcaigh agus cáilíochtaí iarchéime ó Choláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath. Faoi láthair tá sé ina Chathaoirleach ar Choiste Rialachais MAREI (Ionad Aeráide, Fuinnimh agus Muirí Fhondúireacht Eolaíochta Éireann); Cathaoirleach ar TILDA (Staidéar Fadaimseartha na hÉireann um Dhul in Aois); Cathaoirleach an Choiste Airgeadais agus Chomhairle Cáilíochta Bhord Oideachais agus Oiliúna Chiarraí agus Cathaoirleach an Bhoird Chomhairligh Sheachtraigh d'Uachtarán Choláiste na hOllscoile, Corcaigh.



### An Dr Theresa Donaldson

**Leas-Chathaoirleach agus Ball den Bhord**

Ceapadh an Dr. Theresa Donaldson mar chomhalta ar Bhord EirGrid cpt i mí an Mheithimh 2017 ar feadh tréimhse 5 bliana agus athcheapadh í ar feadh téarma 3 bliana eile i mí an Mheithimh 2022. Is Stiúrthóir Cairte agus Comhalta d'Institiúid na Stiúrthóirí í agus tá sí ag feidhmiú mar Chathaoirleach ar Choimisinéirí Cuain Bhéal Feirste. Roimhe seo bhí poist neamhfheidhmiúcháin ag Theresa le Coimisiún Comhionannais Thuaisceart Éireann, Bord Sláinte agus Cúraim Shóisialta Thuaisceart Éireann, agus Coiste Achomhairc Thuaisceart Éireann do Children in Need an BBC.
Tá sí ina comhalta ar Phainéal Araíonachta Aturnaetha an LCJ. Is iar-Phríomhfheidhmeannach Rialtais Áitiúil í agus bhí roinnt post sinsearach bainistíochta aici a bhain le seirbhísí sláinte agus cúraim shóisialta agus seirbhísí dlí i dTuaisceart Éireann, Stiúrthóir Beartais agus Soláthar Seirbhísí Sibhialta i gCoimisiún Seirbhísí Dlí Thuaisceart Éireann ina measc.



### Shane Brennan

**Comhalta Boird**

Ceapadh Shane Brennan mar chomhalta ar Bhord EirGrid i mí Eanáir 2017 ar feadh tréimhse 5 bliana agus athcheapadh é ar feadh tréimhse 3 bliana eile i mí Eanáir 2022.

Bhronn Ollscoil Uladh céim innealtóireachta air, bhronn Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath, dioplóma iarchéime air, bhronn Scoil Ghnó Smurfit UCD dioplóma iarchéime sa Rialachas Corparáideach air agus is comhalta d'Innealtóirí Éireann é.

Tá os cionn 25 bliain de thaithí innealtóireachta aige agus thosaigh sé ag obair le EirGrid in 2008 mar Bhainisteoir Tionscadail sa réimse Forbartha Eangaí. Faoi láthair tá sé ag obair mar Bhainisteoir Sinsearach Tionscadail do thionscadal an Idirnascaire Thuaidh-Theas in Éirinn agus i dTuaisceart Éireann araon, agus tá ionadaíocht déanta ar an gcuideachta aige ag go leor imeachtaí poiblí agus pleanála ar fud an oileáin.



### Tom Coughlan

**Comhalta Boird**

Ceapadh Tom Coughlan ina chomhalta ar Bhord EirGrid cpt i mí Iúil 2018 ar feadh tréimhse cúig bliana agus athcheapadh é ar feadh téarma trí bliana eile i mí Iúil 2023.

Tá taithí fhairsing aige ar an mbainistíocht shinsearach agus ar an gceannaireacht ar éirí as dó mar Phríomhfheidhmeannach ar Chomhairle Contae an Chláir, tar éis dó a bheith ag obair sa rialtas áitiúil. Tá taithí fhairsing aige ar a bheith ag obair san earnáil phoiblí agus in imeacht na mblianta bhí sé ag feidhmiú mar chathaoirleach agus mar stiúrthóir ar choistí agus ar bhoird éagsúla ag an leibhéal náisiúnta agus an leibhéal áitiúil. Tá Tom ina Chathaoirleach ar an mBord um Réiteach Díobhálacha agus ina Chathaoirleach ar Bhinse Araíonachta na gCleachtóirí Dlí. Roimhe seo bhí Tom ina Chathaoirleach ar an Údarás Sláinte agus Sábháilteachta agus ina Stiúrthóir Neamhfheidhmiúcháin/ Chathaoirleach Eatramhach ar Fáilte Ireland.



### Michael Hand

**Comhalta Boird**

Ceapadh Michael Hand ina chomhalta ar Bhord EirGrid cpt i mí Iúil 2015 ar feadh tréimhse 5 bliana agus athcheapadh é ar feadh téarma cúig bliana eile i mí Iúil 2020. Tá an-taithí ag Michael le 40 bliain caite ag obair mar cheannaire sinsearach sna hearnálacha Comhairleoireachta, Innealtóireachta agus Tógála in Éirinn. Bhí sé ag feidhmiú mar Stiúrthóir agus Stiúrthóir Bainistíochta ar chuideachtaí príobháideacha agus poiblí agus mar POF agus Stiúrthóir ar Ghníomhaireacht Forbartha Ghráinseach Ghormáin.
Tá dea-theist air chomh fada is a bhaineann le dearadh agus soláthar tionscadal mór bonneagair straitéisigh ar fud na hÉireann agus d'oibrigh sé mar oibrí deonach agus mar Stiúrthóir san earnáil oibre deonaí pobail.

Tá Michael an-cháilithe san Innealtóireacht agus sa Ghnó agus tá Céim Baitsiléara san Innealtóireacht Shibhialta aige ó Ollscoil na Gaillimhe, mar aon le Máistreacht i Riarachán Gnó ón gColáiste Ollscoile, Baile Átha Cliath agus Dochtúireacht Oinigh ó Ollscoil Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath. Is Comhalta ar cheithre institiúid ghairmiúla é agus is Innealtóir Cairte é, mar aon le Stiúrthóir Cairte agus Bainisteoir Cairte Uisce agus Comhshaoil.



### James Nyhan

**Comhalta Boird**

Ceapadh James Nyhan mar chomhalta ar Bhord EirGrid cpt i mí Dheireadh Fómhair 2022 ar feadh tréimhse cúig bliana. Tá neart taithí tráchtála agus bainistíochta ar fhuinneamh idirnáisiúnta aige, leictreachas, gás nádúrtha, gás nádúrtha leachtaithe agus foinsí in-athnuaite, chomh maith le forbairt tionscadal mór bonneagair agus dearadh innealtóireachta. Tá taithí aige ar eagraíochtaí a threorú trí aistriú suntasach mar fhreagairt ar athruithe ar bheartas fuinnimh. Faoi láthair tá sé ag feidhmiú mar stiúrthóir neamhfheidhmiúcháin ar Údarás Chalafort Milford Haven, an calafort fuinnimh is mó sa Ríocht Aontaithe, agus tá sé ag feidhmiú mar chomhalta ar a Choiste Iniúchta agus Riosca. Tá céim san Innealtóireacht Shibhialta aige ó Choláiste na hOllscoile, Corcaigh, MBA ón Institiúid Idirnáisiúnta um Fhorbairt Bainistíochta (IMD), agus is Innealtóir Cairte é.



## Ivan Schuster
**Comhalta Boird**

Thosaigh Ivan Schuster le Bord EirGrid cpt i mí an Mhárta 2024 tar éis dó a bheith comhthofa roimhe seo ina chomhalta agus ina Chathaoirleach ar Choiste Iniúchta agus Riosca EirGrid cpt ó Lúnasa 2022 go Lúnasa 2023. Tá sé ina Phríomhoifigeach Airgeadais agus ina Cheann Oibríochtaí ag Coláiste San Aindriú, Baile Átha Cliath.

Roimhe sin, bhí sé ina Phríomhoifigeach Airgeadais Grúpa ar Choillte, an chuideachta táirgí foraoise agus foraoise atá faoi úinéireacht an Stáit, áit a raibh sé freagrach as na foirne airgeadais, TFC agus soláthair ar fud an ghrúpa. Tá os cionn 35 bliain de thaithí thráchtála aige in earnálacha éagsúla tionscail lena n-áirítear aerlíne, foraoiseacht, déantúsaíocht painéal-chlár, fuinneamh in-athnuaite, réadmhaoin, comhairleacht idirnáisiúnta agus oideachas. Tá sé ina Chathaoirleach Neamhspleách freisin ar Choiste Iniúchta & Riosca Sheirbhísí Pobail Naomh Eoin Dé CTR; cuideachta a sholáthraíonn seirbhísí cúram sláinte do leanaí agus do dhaoine fásta faoi mhíchumas intleachta agus drochshláinte mheabhrach.

Tá céim Baitsiléir Ealaíon ag Ivan ón gColáiste Ollscoile, Baile Átha Cliath, Dioplóma Iarchéime sa Chuntasaíocht & Airgeadas ó Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath, agus is Comhalta é in Institiúid na gCuntasóirí Cairte in Éirinn.



## Pauline Walsh
**Comhalta Boird**

Ceapadh Pauline Walsh mar chomhalta ar Bhord EirGrid i mBealtaine 2023 ar feadh tréimhse cúig bliana. Roimhe seo bhí sí ag feidhmiú mar POF ar Affinity Water, an chuideachta uisce amháin is mó sa RA, agus roimhe sin bhí sí mar Stiúrthóir ar National Grid Gas, a bhí freagrach as córas tarchuir gáis ardbhrú an RA a oibriú agus a chothabháil. Sa dá chuideachta bhunaigh sí mórchláir feabhsaithe sonraí agus bainistíochta sócmhainní mar chuid d'athruithe gnó níos mó. I rith bhlianta tosaigh a gairme chaith sí roinnt ama ag obair in earnálacha agus i dtíortha éagsúla agus lena n-áirítear, a bheith i mbun ról a bhaineann le hOla & Gás, Giniúint Cumhachta, Fuinneamh In-athnuaite agus Feithiclí.

Tá céim san Innealtóireacht Mheicniúil ag Pauline ó Choláiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath agus MBA ó IMD san Eilvéis. Is Comhalta oinigh d'Institiúid Innealtóirí na hÉireann í. Chomh maith leis sin, tá Pauline ainmnithe mar chomhalta ar Bhord Angel Trains sa Ríocht Aontaithe.



## Rosa M. Sanz García
**Comhalta Boird**

Ceapadh Rosa M. Sanz García mar chomhalta ar Bhord EirGrid i mí na Bealtaine 2022 ar feadh tréimhse cúig bliana. Roimhe sin bhí sí ainmnithe mar Phríomhoifigeach Oibriúcháin bonneagair gáis agus leictreachais, agus tá taithí aici ar eagraíocht mhór atá dírithe ar chustaiméirí a riar ag Naturgy, ceann de na cuideachtaí fóntas is mó sa Spáinn. Tá 28 bliain caite aici ag obair san earnáil fuinnimh, i réimsí gnó éagsúla. Tá BSc agus MSc san innealtóireacht leictreach ag Rosa ó Universidad Politécnica de Madrid, sa Spáinn; MSc sa chibearshlándáil ó Universidad de Barcelona, sa Spáinn; agus cáilíochtaí iarchéime sa bhainistíocht bronnta ag scoileanna gnó ESADE, IESE agus IMD.
Faoi láthair tá Rosa M ina Stiúrthóir Neamhfheidhmiúcháin ar Iberpapel, cuideachta chomhtháite páipéir agus laín, agus ina comhalta ar a Choimisiún Iniúchta, EDP Redes agus Zero Waste-Suma Capital, áit a bhfuil taithí faighte aici i bpróiseas tairisceana tosaigh maoinithe phoiblí, CSR agus airgeadas agus deimhniú bannaí glasa. Tá sí ceaptha ina Cathaoirleach ar Choiste Iniúchta Iberpapel agus EDP Redes. Tá sí ina ball freisin ar Fhóram Treochtaí sa Todhchaí de Fundación Innovación Bankinter agus ina Cathaoirleach ar Alumni Bhord an Chlub de chuid Scoil Ghnó ESADE.



# An Fhoireann Feidhmiúcháin

## Amhail an 30 Meán Fómhair 2024



### Martin Corrigan

**Príomhoifigeach Feidhmiúcháin Eatramhach, Príomhoifigeach Rialachais agus Rúnaí na Cuideachta**

Ceapadh Martin Corrigan mar Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin Eatramhach EirGrid in Aibreán 2024. Thosaigh Martin ag obair le EirGrid in 2017 agus bhí roinnt róil feidhmiúcháin aige lena n-áirítear ról an Phríomhoifigigh Straitéise díreach roimh an ról atá aige anois mar Phríomhoifigeach Rialachais. Tá Martin ina Rúnaí Cuideachta de chuid EirGrid cpt ó 2020. Roimhe sin bhí roinnt róil shinsearacha ceannaireachta aige in Éirinn agus thar lear san earnáil phríobháideach. Is Comhalta i gCuntasóirí Cairte na hÉireann é Martin agus tá B.A. i gCuntasaíocht & Airgeadas ó Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath aige.



### Michael Behan

**Príomh-Oifigeach Airgeadais**

Ceapadh Michael Behan ina Phríomhoifigeach Airgeadais ar Ghrúpa EirGrid i mí Eanáir 2022. Thosaigh Michael ag obair le EirGrid in 2006 agus roimhe seo bhí roinnt róil éagsúla á chomhlíonadh aige, lena n-áirítear Rialtóir Airgeadais an Ghrúpa agus Rialtóir Airgeadais Oibritheoir an Mhargaidh Leictreachais Aonair (SEMO). Sular thosaigh sé ag obair le EirGrid cpt, bhí róil shinsearacha airgeadais á gcomhlíonadh ag Michael in Eangach Náisiúnta BSL, Deloitte agus John P. Greely & Co. Is Comhalta de Chuntasóirí Cairte na hÉireann é Michael.



### Errol Close

**Príomhoifigeach Seirbhísí Corparáideacha**

Ceapadh Errol Close mar Phríomhoifigeach Seirbhísí Corparáideacha do Ghrúpa EirGrid i mí Lúnasa 2024. Roimhe sin bhí róil Cheannasaí Rialála an Ghrúpa agus Cheannasaí Straitéise agus Inbhuanaitheachta ag EirGrid ag Errol agus tá os cionn 20 bliain de thaithí aige san earnáil fuinnimh, tar éis dó róil shinsearacha a bheith aige sa Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide agus in SSE.

Tá céim ag Errol san Innealtóireacht Leictreach agus Leictreonach ó Ollscoil na Banríona, Béal Feirste, agus MBA ó Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath.



### Liam Ryan

**Príomhoifigeach Trasfhoirmithe agus Teicneolaíochta**

Is é an Dr Liam Ryan Príomhoifigeach Trasfhoirmithe agus Teicneolaíochta Ghrúpa EirGrid, is Comhalta Boird de ENTSO-E, Líonra Eorpach d'Oibritheoirí Córais Tarchurtha Leictreachais é, le breis agus 25 bliain de cheannaireacht innealtóireachta agus bhunathraithe. Bhí roinnt punann ag Liam lena n-áirítear, Leas-Chathaoirleach Bhord ENTSO-E, Cathaoirleach Choiste Acmhainní ENTSO-E, Príomhoifigeach Nuálaíochta agus Pleanála, Stiúrthóir Oibríochtaí, Pleanáil agus Nuálaíocht agus Stiúrthóir Eatramhach um Fhorbairt Eangaí & Idirnaisc ag EirGrid. Sular thosaigh sé ag obair in EirGrid, bhí roinnt róil shinsearacha ceannaireachta ag Liam in Hewlett Packard agus Materials Ireland. Is céimí de chuid Choláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath é, agus tá PhD agus Céim Baitsiléara san Innealtóireacht Mheicniúil bronnta air, chomh maith le Céim Máistir sa Mhatamaitic agus dioplómaí iarchéime sa Bhainistíocht Tionscadal agus sa Bhainistíocht araon.



### Michael Mahon

**An Príomhoifigeach Bonneagair**

Thosaigh Michael Mahon ag obair i nGrúpa EirGrid i mí Lúnasa 2019. Ina ról tá Michael freagrach as mórchláir infheistíochta caipitil eangaí a chur i bhfeidhm, as rannpháirtíocht phoiblí agus as an gcomhéadan custaiméara. Gné eile den ról seo í forbairt agus soláthar an Idirnascaire Cheiltigh. Roimhe seo chaith Michael 20 bliain ag obair le BSL, agus tá taithí shuntasach cheannaireachta aige ar sholáthar tionscadal mór agus ar bhainistíocht shinsearach. Is Innealtóir Cairte é chomh maith agus tá dioplómaí iarchéime sa Bhainistíocht Tionscadail agus sa Bhainistíocht bronnta air.



## Michael Kelly

**Príomhoifigeach Eatramhach Oibríochtaí agus Bainistíochta Sócmhainní**

Agus é anois ina Príomhoifigeach Oibríochtaí agus Bainistíochta Sócmhainní (Eatramhach) i nGrúpa EirGrid, bhí Michael Kelly ina Stiúrthóir ar Oibríochtaí Margaidh roimhe sin.

Bhí roinnt post eile ag Michael roimhe seo in EirGrid, lena n-áirítear Bainisteoir Chumas Oibriúcháin an Mhargaidh Leictreachais Aonair Chomhtháite (MLAC), Stiúrthóir Oibríochtaí, agus Bainisteoir ar Rialú Córas Cumhachta, agus mar chuid de sin bhí sé freagrach as oibriú fíor-ama an Lárionaid Náisiúnta Rialaithe.

Is céimí de chuid Choláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath é, agus tá céim aige san Innealtóireacht Leictreach agus dioplóma sa Chuntasaíocht agus Airgeadas.



## Sarah Downing

**Príomhoifigeach Daoine agus Cumais**

Ceapadh Sarah Downing ina Príomhoifigeach Daoine & Cumais i mí Lúnasa 2024. Tá saibhreas taithí ag Sarah mar cheannaire straitéiseach daoine le breis agus 20 bliain de thaithí le Goodbody Stockbrokers agus AIB, agus le State Street ar na mallaibh.

Tá céim máistir ag Sarah sa tSíceolaíocht Eagraíochta agus céim sa tSíceolaíocht agus Staidéar Gnó ón gColáiste Ollscoile, Baile Átha Cliath (UCD).





# Tuarascáil Rialachais an Bhoird

## Prionsabail Rialachais

Cloíonn EirGrid, mar chuideachta faoi úinéireacht an stáit, le *Cód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú 2016* (an Cód) nuair is infheidhme, ina leagtar amach prionsabail an rialachais chorparáidigh ar cheart do bhoird comhlachtaí Stáit aird a thabhairt orthu, agus tá aird aige freisin ar phrionsabail *Chód Rialachais Chorparáidigh an RA* (2018) agus *Iarscríbhinn Rialachais Chorparáidigh na hÉireann*.

## Ceannaireacht an Bhoird agus Cuspóir na Cuideachta

### An Bord

Tá an Bord freagrach as cuspóir, luachanna, agus straitéis EirGrid a bhunú, agus as maoirseacht a dhéanamh ar chur i bhfeidhm éifeachtach straitéise, feidhmíochta, agus soláthair an Phríomhfheidhmeannaigh agus na foirne bainistíochta i gcoinne an Phlean Gnó Bhliantúil, príomhspriocanna straitéiseach a chomhlíonadh, agus cultúr cuí a leabú san eagraíocht; trí cheannaireacht, breithiúnas oibiachtúil, agus dúshlán cuiditheach a sholáthar.

Is é an Rialtas a cheapann comhaltaí Boird, ach amháin an Príomhfheidhmeannach, atá ainmnithe mar Chomhalta Boird ex-officio. Tá méid agus struchtúr an Bhoird á rialú ag Rialacháin na gComhphobal Eorpach (An Margadh Inmheánach sa Leictreachas), 2000. Ní bhíonn róil an Chathaoirligh agus an Phríomhfheidhmeannaigh á gcomhlíonadh ag an duine céanna, agus bíonn freagrachtaí gach róil sainithe go foirmiúil i dTéarmaí Tagartha an Bhoird.

Tá comhaltas reatha an Bhoird leagtha amach ó leathanach 122 ar aghaidh.

Bhí an Bord i gceannas ar fhorbairt Straitéis EirGrid 2020-2025 chun 'An Córas Cumhachta a bhunathrú do na Glúnta atá le Teacht' ó seoladh é in 2019. Tá an straitéis fós ag feidhmiú mar straitéis atá dírithe ar chuspóirí agus is í príomhsprioc na straitéise an earnáil leictreachais a threorú maidir le hinbhuanaitheacht agus dícharbónú. Tá na cuspóirí straitéiseacha fós ailínithe le Beartas Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Plean Gníomhaithe ar son na hAeráide de chuid an Rialtais.

### Idirphlé le Scairshealbhóirí agus Rialtóirí

Glacann EirGrid páirt i gcomhairliúchán gníomhach agus leanúnach leis an Rialtas maidir le saincheisteanna beartais agus straitéise, mar a éilítear sa reachtaíocht agus sa *Chód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú*. San áireamh san obair seo tá eolas maidir le pleanáil agus feidhmíocht airgeadais a sholáthar, an buiséad bliantúil, an plean corparáideach cúig bliana, nuashonruithe leathbhliantúla feidhmíochta airgeadais, agus nuashonruithe ráithiúla feidhmíochta.

Chomh maith leis sin, glacann EirGrid páirt i gcomhairliúchán gníomhach agus leanúnach le húdaráis rialála, mar a éilítear sa reachtaíocht, ar raon ábhar.

I rith na bliana, bhí plé suntasach ar raon ábhar idir EirGrid, an Rialtas, an tAire Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide agus a Roinn, an Coimisiún um Rialáil Fóntas, agus Coiste an Mhargaidh Leictreachais Aonair (CMLA). I measc na n-ábhar atá i gceist tá cúrsaí maidir le cinnteacht an tsoláthair, Cinneadh Modhnaithe Ceadúnais OCT SONI an Rialtóra Fóntas agus cur i bhfeidhm *Threochlár EirGrid Ár dTodhchaí Leictreachais a Mhúnlú v1.1 (ÁTLMv1.1)* a leagann amach raon táirgí insoláthartha atá ag teastáil ar fud na hearnála leictreachais chun tacú le spriocanna aeráide 2030 an Rialtais faoin margadh, oibríochtaí eangaí, líonra eangaí agus an rannpháirtíocht riachtanach le páirtithe leasmhara, pobail agus an pobal chun é sin a chur i gcrích. Go háirithe, bhí rannpháirtíocht shuntasach ann maidir le bonneagar eangaí a chur ar fáil agus lenár gcuid oibre chun dlús a chur lenár dtionscadail is airde tosaíochta ina leith seo.

### Coinbhleachtaí Leasa

Faoin Acht um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995, agus faoin Acht um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí, 2001, déanann comhaltaí Boird nochtadh bliantúil maidir le haon choinbhleacht leasa féideartha nó iarbhír. Le linn 2023-24, eagraíodh roinnt cúrsaí oiliúna maidir le Dualgais Stiúrthóirí do chomhaltaí Boird. Ina theannta sin, faoi Chód Iompair na Stiúrthóirí, tá comhaltaí Boird freagrach freisin as fógra a thabhairt do Rúnaí na Cuideachta ar bhonn leanúnach faoi aon athrú maidir le coinbhleachtaí leasa.

Tá Cód Iompair na Stiúrthóirí infheidhme maidir le gach Stiúrthóir ar EirGrid cpt, maidir le gach Stiúrthóir fochuideachtaí de chuid EirGrid cpt agus maidir le gach Stiúrthóir ceaptha EirGrid cpt ar eintitis chomhfhiontair.

## Roinnt Freagrachtaí

### Ról an Bhoird

Soláthraíonn an Bord ceannaireacht don eagraíocht agus maidir le nithe atá tábhacht do rath fadtéarmach an Ghrúpa cur i bhfeidhm a straitéise, glacann sé páirt iontu, tugann sé dúshláin ina dtaobh agus déanann sé cinntí mar gheall orthu.

Déantar nithe sonracha a fhorchoimeádtar don Bhord a dhoiciméadú i Sceideal na gCúrsaí Forchoimeádta do Chinnteoireacht an Bhoird a ndéanann an Bord athbhreithniú agus faomhadh air gach bliain. Féadfaidh an Bord cinneadh a dhéanamh údarás a tharmligean chuig Coiste Boird agus chuig an lucht bainistíochta laistigh de theorainneacha atá faofa ag an mBord. I measc na n-ábhar sonrach atá forchoimeádta don Bhord (agus cuid acu faoi réir fhaomhadh Aireachta freisin) tá:

- Straitéis fhoriomlán EirGrid, Plean Corparáideach Cúig Bliana EirGrid, Plean Gnó Bliantúil EirGrid agus Buiséad Bliantúil EirGrid a fhaomhadh;
- Faomhadh deiridh ón Aire maidir le bunú nó diúscairt fochuideachtaí, gnóthú éadálacha nó rannpháirtíocht i gcomhfhiontair ag EirGrid a mholadh.
- Príomhfheidhmeannach EirGrid a cheapadh, téarmaí agus coinníollacha a chomhaontú agus feidhmíochta a mheas;
- Tograí caiteachais caipitil de bhreis ar theorainneacha sonraithe a fhaomhadh;
- Beartas Cistíochta an Ghrúpa, Straitéis Bainistíochta Riosca an Ghrúpa agus inghlacthacht riosca a fhaomhadh;
- Téarmaí tagartha Bhord EirGrid cpt agus Coistí Boird EirGrid cpt a bhunú agus a nuashonrú de réir mar is infheidhme.
- Stiúrthóirí a cheapadh ar Choistí Boird EirGrid cpt;
- Stiúrthóirí a cheapadh ar chuideachtaí EirGrid;
- Ceapadh Rúnaí na Cuideachta;
- Cóid Iompair do Stiúrthóirí agus d'Fhostaithe EirGrid cpt a fhaomhadh;
- Na prionsabail atá le glacadh nuair a bhíonn táillí á bplé le Rialtóirí a fhaomhadh;
- Leasuithe suntasacha ar shochair pinsin foirne EirGrid a fhaomhadh;
- Polasaí maidir le luach saothair fhoireann bainistíochta shinsearach EirGrid a chinneadh;
- Moltaí lena gceadú ag an Aire maidir le hiniúchóirí na Cuideachta a cheapadh agus a chur as oifig; agus
- Feidhmíocht oibríochtúil agus airgeadais a athbhreithniú.

### Cruinnithe Boird

Tháinig comhaltaí an Bhoird le chéile 13 huaire le linn na bliana airgeadais 2023-24. Tá tuairisciú leanúnach ar chúrsaí oibriúcháin agus airgeadais á thabhairt do na comhaltaí Boird chun tacú leo an fhreagracht atá orthu a chomhlíonadh, freagracht as feidhmíocht an Ghrúpa a athbhreithniú agus as rialuithe inmheánacha agus bainistíocht riosca éifeachtach a chinntiú.

Tá an Bord tar éis údarás a tharmligean chuig an bPríomhfheidhmeannach maidir le cinntí i ngnáthchúrsa gnó, faoi réir teorainneacha agus tairseacha sonraithe.

Déantar maoirseacht ar chinntí a tharmligeann an Bord a choinneáil trí chreat tuairiscithe láidir agus trí chaidreamh éifeachtach le Coistí an Bhoird, leis an bPríomhfheidhmeannach, agus leis an bhFoireann Feidhmiúcháin.

Cuirtear páipéir ar fáil do gach comhalta Boird roimh gach cruinniú chun an t-am a theastaíonn chun na páipéir a bhreithniú a thabhairt dóibh, ionas gur féidir plé agus cinntí a dhéanamh i rith na gcruinnithe. Tá cláir chruinnithe an Bhoird struchtúrtha chun cothromaíocht chuí mhaoirseachta a chinntiú chomh fada is a bhaineann leis na nithe suntasacha ar fad agus chun a chinntiú go gcaitear dóthain ama ag díriú ar gach ní. Déantar monatóireacht air seo trí aiseolas neamhfhoirmiúil agus trí phróiseas meastóireachta bliantúil an Bhoird. Tá na comhaltaí Boird sásta gur chaith an Cathaoirleach agus gach comhalta Boird á ndóthain ama, i rith na bliana, ag díriú ar a gcuid dualgas mar chomhaltaí Boird a chomhlíonadh.




Chun tacú le forghníomhú leanúnach straitéis Ghrúpa EirGrid, bhí baint dhíreach ag na comhaltaí Boird le roinnt tionscnamh oibiachtúil straitéiseach i rith na bliana. Ag teacht lenár gcuspóir, 'An Córas Cumhachta a Athrú ó Bhonn do na Glúnta Amach Anseo', déanann an Bord maoirseacht ar fhorghníomhú Straitéis an Ghrúpa.

I measc na bpríomhthionscnamh a raibh baint dhíreach ag an mBord leo le linn 2023-24 bhí maoirseacht ar chur i bhfeidhm príomhghnéithe *Threochlár ÁTLM v1.1* is againn, ár sainchúram nua amach ón gcósta, ár n-obair chun tionscadail amach ón gcósta Chéim 2 a chur ar fáil, agus cur chun feidhme leanúnach thionscadail amach ón gcósta Chéim 1.

Faoin gcuspóir straitéiseach 'Earnáil leictreachais an oileáin a threorú maidir le hinbhuanaitheacht agus dícharbónú', d'fhaomh agus rinne an Bord maoirseacht ar phlean gnó agus ar bhuiséad 2023-24. I measc na bpríomhghnéithe a breithníodh bhí dul chun cinn ar ár dtionscadail bonneagair eangaí is airde tosaíochta, tionscadal an Idirnascaire Cheiltigh agus cur i bhfeidhm ár straitéise inbhuanaitheachta.

Faoi 'Eangach agus margadh uile-oileáin a oibriú, a fhorbairt agus a fheabhsú', rinne an Bord maoirseacht agus breithniú ar shruthanna oibre leanúnacha um shlándáil soláthair chomh maith le Giniúint Éigeandála Shealadach a chur ar fáil.

### Neamhspleáchas an Bhoird

Chinn an Bord go raibh gach comhalta Boird ag feidhmiú go neamhspleách i rith na bliana cé is moite de Mark Foley agus Shane Brennan mar gur fostaithe iad an bheirt acu freisin.

**Freastal ar Chruinnithe in 2023-24**
Tugtar léargas achomair sa tábla thíos ar fhreastal Stiúrthóirí ar chruinnithe Boird a bhí incháilithe freastal orthu i rith na bliana dar críoch an 30 Meán Fómhair 2024.

B'iad Brendan Tuohy, Theresa Donaldson, Tom Coughlan, Michael Hand, Shane Brennan, James Nyhan, Rosa M. Sanz García, Ivan Schuster agus Pauline Walsh comhaltaí Boird ar dháta sínithe na ráiteas airgeadais.

## Rannpháirtíocht i gCruinnithe Boird

| | Incháilithe chun a bheith i láthair | I láthair |
|---|---|---|
| Brendan Tuohy (Cathaoirleach) | 13 | 13 |
| Theresa Donaldson (Leaschathaoirleach) | 13 | 12 |
| Mark Foley* | 6 | 6 |
| Shane Brennan** | 13 | 13 |
| Tom Coughlan | 13 | 13 |
| Michael Hand | 13 | 11 |
| James Nyhan | 13 | 11 |
| Michael O'Sullivan*** | 3 | 3 |
| Rosa M. Sanz García | 13 | 12 |
| Ivan Schuster**** | 7 | 6 |
| Pauline Walsh | 13 | 13 |

* An 12 Aibreán 2024, d'éirigh Mark Foley as a phost mar Phríomhfheidhmeannach ar Ghrúpa EirGrid, agus mar sin, d'éirigh sé as a phost mar Stiúrthóir Feidhmiúcháin ar EirGrid cpt.
*** An 14 Nollaig 2023, d'éirigh an tUasal Michael O'Sullivan as an mBord.
** An 21 Nollaig 2024, chuaigh téarma Shane Brennan mar chomhalta den Bhord in éag.
**** Cuireadh tús le téarma ar an 27 Bealtaine 2024.

## Rannpháirtíocht sa Choiste Boird

Tá struchtúr coiste éifeachtach ag an mBord chun cabhrú leis a chuid freagrachtaí a chomhlíonadh. I rith na bliana airgeadais ba iad seo a leanas na buanchoistí a bhí i mbun oibre - an Coiste Iniúchta agus Riosca, an Coiste Luacha Saothair, Coiste na dTionscadal Bonneagair Eangaí, an Coiste Amach ón gCósta, agus an Coiste Forbartha Córas Cumhachta agus Margaí.

Mar gheall ar na hathruithe ar bhallraíocht an Bhoird i rith na bliana, rinneadh athbhreithniú ar bhallraíocht Choistí an Bhoird.

Tá eolas le fáil sa tábla thíos maidir leis na Coistí Boird a bhí i bhfeidhm i rith 2023-24 agus maidir le rannpháirtíocht na mball.

- Ba iad comhaltaí an Choiste Iniúchta agus Riosca ar dháta sínithe na ráiteas airgeadais ná, Ivan Schuster (Cathaoirleach), Michael Hand, Rosa M. Sanz García agus Brendan Tuohy.
- Ba iad comhaltaí an Choiste Luacha Saothair ar dháta sínithe na ráiteas airgeadais ná - Brendan Tuohy (Cathaoirleach), Theresa Donaldson agus Michael Hand.
- Ba iad comhaltaí Choiste na dTionscadal Bonneagair Eangaí ar dháta sínithe na ráiteas airgeadais ná Michael Hand (Cathaoirleach), Shane Brennan agus Tom Coughlan.
- Ba iad comhaltaí an Choiste Amach ón gCósta ar dháta sínithe na ráiteas airgeadais ná – James Nyhan (Cathaoirleach), Theresa Donaldson, Shane Brennan, agus Pauline Walsh.
- Ba iad comhaltaí an Choiste Forbartha Córas Cumhachta agus Margaí ar dháta sínithe na ráiteas airgeadais ná - Rosa M. Sanz García (Cathaoirleach), Tom Coughlan, Pauline Walsh agus James Nyhan.

## Rannpháirtíocht sa Choiste Boird

| | An Coiste Iniúchta & Riosca | An Coiste Luacha Saothair | Coiste na dTionscadal Bonneagair Eangaí | An Coiste Amach ón gCósta | An Coiste Forbartha Córas Cumhachta agus Margaí |
|---|---|---|---|---|---|
| Brendan Tuohy | Comhalta | Cathaoirleach | | | |
| Theresa Donaldson | | Comhalta | | Comhalta | |
| Mark Foley | | | | | |
| Shane Brennan | | | Comhalta | Comhalta | |
| Tom Coughlan | | | Comhalta | | Comhalta |
| Michael Hand | Comhalta | Comhalta | Cathaoirleach | | |
| James Nyhan | | | | Cathaoirleach | Comhalta |
| Michael O'Sullivan[1] | Comhalta | | Comhalta | | |
| Rosa M Sanz Garcia | Comhalta | | | | Cathaoirleach |
| Pauline Walsh | | | | Comhalta | Comhalta |
| Ivan Schuster[2] | Cathaoirleach | | | | |

1 Ceapadh an tUasal O'Sullivan ina chomhalta ar an gCoiste Iniúchta agus Riosca ar an 17 Bealtaine 2023 agus mar Chathaoirleach ar an gCoiste Iniúchta agus Riosca ar an 17 Lúnasa 2023. D'éirigh an tUasal O'Sullivan as ar an 14 Nollaig 2023.
2 Ceapadh an tUasal Schuster ina chomhalta agus ina Chathaoirleach ar an gCoiste Iniúchta agus Riosca ar an 17 Aibreán 2024.

## Comhdhéanamh, Comharbas agus Meastóireacht

### Ceapacháin Bhoird

Is ceist don Rialtas iad ceapacháin bhoird. Cé nach bhfuil aon ról ag EirGrid, dá bhrí sin, i gceapadh Chomhaltaí an bhoird, bíonn an Cathaoirleach ag plé leis an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí maidir leis na riachtanais scileanna agus éagsúlachta do chomhdhéanamh an Bhoird.

### Comhaltas an Bhoird

I rith na bliana, thug comhaltaí de Bhord EirGrid cpt taithí, neamhspleáchas, agus dúshláin éagsúla chun tacú le cinnteoireacht éifeachtach mar atá leagtha amach i mbeathaisnéisí comhaltaí boird ar leathanach 122.

Tá an Bord muiníneach go bhfuil an saineolas, an cumas, agus an taithí riachtanach ag a chomhaltaí go léir chun a gcuid feidhmeanna riachtanacha a chur i gcrích. Is é príomhról an Bhoird ná breithiúnas oibiachtúil agus eolasach a fheidhmiú agus Straitéis Ghrúpa EirGrid á ceistiú aige ar bhealach dearfach agus é ag cuidiú leis an Straitéis a fhorbairt agus a fhaomhadh. Déantar é sin chun a chinntiú go bhfuil foireann bainistíochta láidir i bhfeidhm chun an straitéis a fhorghníomhú agus chun feidhmíocht ghnó a spreagadh, agus chun creat de rialuithe stuama agus éifeachtacha a choinneáil chun riosca a mhaolú.

Faoin *gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú*, agus ag teacht leis an gcleachtas rialachais chorparáidigh is fearr, moltar nach mbeadh aon chomhalta de bhord stáit ag ar an mBord sin ar feadh níos mó ná dhá théarma iomlána ceapacháin, ná níor cheart go mbeadh ceapacháin acu chuig níos mó ná dhá bhord stáit ag an am céanna, mura rud é go bhfágann na forálacha reachtúla sonracha a bhaineann leis an gcomhlacht stáit áirithe gur féidir a leithéid sin de sheirbhís a dhéanamh. Sa chomhthéacs sin, sonraítear in Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCód (2020) go n-athrófar téarma na gceapachán boird go dtí idir trí bliana agus cúig bliana, agus go bhféadfar tréimhse cheapacháin a athnuachan go ceann tréimhse breise faoi réir ocht mbliana ar a mhéad*.

Tá eolas le fáil sa tábla thíos faoi fhad tionachta ar Bhord EirGrid cpt gach comhalta amhail an 30 Meán Fómhair 2024.

| Ainm | Fad na Tionachta |
|---|---|
| Brendan Tuohy (Cathaoirleach) | 4 bliana 10 mí |
| Theresa Donaldson (Leaschathaoirleach) | 7 mbliana 3 mhí |
| Shane Brennan | 7 mbliana 9 mí |
| Tom Coughlan | 6 bliana 3 mhí |
| Michael Hand * | 9 mbliana 2 mhí |
| James Nyhan | 1 bhliain 11 mhí |
| Rosa M. Sanz Garcia | 2 bliana 4 mhí |
| Ivan Schuster | 6 mhí |
| Pauline Walsh | 1 bhliain 4 mhí |

* Ceapadh Michael Hand don dara téarma cúig bliana ar Bhord EirGrid cpt sular cuireadh an coinníoll seo san áireamh sa Chód.



### Cothromaíocht Inscne


Is é an Rialtas a dhéanann ceapacháin ar Bhord EirGrid cpt (ach amháin i gcás an Phríomhfheidhmeannaigh, ar comhalta Boird ex-officio é nó í). Leagtar amach in *Iarscríbhinn an Chóid Chleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú 2020* sprioc íosta d'ionadaíocht de 40% a bheith ag gach inscne i mballraíocht na mbord stáit.

Amhail an 30 Meán Fómhair 2024, bhí triúr (33%) ban agus seisear (66%) fear ainmnithe mar chomhaltaí Boird.


Tá na bearta seo a leanas curtha i bhfeidhm nó tá siad beartaithe chun díriú ar an gcothromaíocht inscne ar an mBord seo agus feabhas a chur uirthi:

- I gcomhthéacs fholúntais Bhord EirGrid cpt i rith na bliana, léirigh na próifílí folúntais a cuireadh faoi bhráid na Seirbhíse um Cheapacháin Phoiblí a inmhianaithe atá sé d'iarratasóirí baineanna; agus
- Mar a fhoráiltear san Iarscríbhinn a ghabhann leis an *gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú*, is féidir téarmaí ceapacháin chomhaltaí an Bhoird a athrú ionas gur féidir tacú le cothromaíocht inscne níos fearr agus éagsúlacht bhallraíochta a chinntiú.

**Comhdhéanamh Chomhaltaí an Bhoird - Inscne**




**Fad Tionachta Chomhaltaí an Bhoird**



## Ionduchtú

Roinntear eolas le comhaltaí nua den Bhord faoi oibríochtaí Grúpa trí chlár ionduchtúcháin ina leagtar amach forbhreathnú ar an nGrúpa, ár Straitéis agus na príomhábhair a bhfuiltear ag súil a bheidh ábhartha don Bhord.

Cuimsítear i gclár ionduchtúcháin Bhord EirGrid cpt pacáiste ionduchtúcháin mionsonraithe, ina dtugtar forbhreathnú ar riachtanais chomhaltaí an Bhoird chomh fada is a bhaineann le Comhlachtaí Stáit; agus cruinnithe tionscnaimh le Cathaoirleach an Bhoird, an Fhoireann Feidhmiúcháin agus le Ceannasaithe Feidhme éagsúla. Eagraíonn an Fhoireann Feidhmiúcháin agus na Ceannasaithe Feidhme seisiúin faisnéise do chomhaltaí nua an Bhoird faoi ábhair atá tábhachtach don Bhord faoi láthair.

## Oiliúint agus Forbairt Leanúnach

Tacaítear leis an mBord trí raon roghanna oiliúna agus forbartha. Reáchtáiltear cúrsaí oiliúna go rialta faoi rialachas corparáideach, comhlíonadh, agus ábhair riosca, mar aon le hábhair atá tábhachtach i gcomhthéacs an ghnó faoi láthair. I rith na bliana cuireadh coimrí mionsonraithe faoi roinnt tionscadail bonneagair mhóra, fuinneamh gaoithe amach ón gcósta, agus ár bhforbairtí *Threochlár ÁTLM v1.1* a tugadh os comhair an Bhoird le haghaidh faisnéise agus/nó le breithniú. Reáchtáladh seisiúin oiliúna freisin ar ábhair eile i rith na bliana lena n-áirítear cibearshlándáil, topaicí um rialachas corparáideach agus dualgais stiúrthóirí.

Tugtar deis do chomhaltaí an Bhoird tabhairt faoi mhodúil oiliúna an Fhorais Riaracháin (FR) i rith na bliana a dhíríonn, i measc rudaí eile, ar; rialachas corparáideach; comhlíontacht; bainistíocht riosca; tuairisciú airgeadais; agus forbairt na hearnála poiblí.

## Éifeachtúlacht an Bhoird

Féachann an Bord go leanúnach lena éifeachtúlacht a fheabhsú trí phlé foirmiúil agus neamhfhoirmiúil, tar éis cruinnithe, agus cuirtear aiseolas ar fáil don Chathaoirleach agus do Rúnaí na Cuideachta.

Déantar meastóireacht fhoirmiúil inmheánach go bliantúil, a dtagann timthriall tréimhsiúil de mheastóireachtaí seachtracha neamhspleácha leis.

## Coistí Boird in 2023-24

Tá struchtúr coiste éifeachtach ag an mBord le cabhrú le cur i gcrích éifeachtach a fhreagrachtaí, ina bhfuil roinnt coistí.

I rith na bliana airgeadais, ba iad seo a leanas Coistí Boird a bhí i mbun oibre - an Coiste Iniúchta agus Riosca, an Coiste Luacha Saothair, Coiste na dTionscadal Bonneagair Eangaí, an Coiste Amach ón gCósta, agus an Coiste Forbartha Córas Cumhachta agus Margaí.

## An Coiste Iniúchta agus Riosca

Is í an fheidhm atá ag an gCoiste Iniúchta agus Riosca cabhrú leis an mBord agus a chuid freagrachtaí maoirseachta a chomhlíonadh maidir leis an bpróiseas tuairiscithe airgeadais, an córas rialaithe inmheánaigh, na próisis iniúchta inmheánacha agus sheachtracha, monatóireacht ar neamhspleáchas na n-iniúchóirí agus comhlíonadh dlíthe agus rialachán, lena n-áirítear an *Cód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú*. Soláthraíonn sé freisin tacaíocht don Bhord maidir leis an maoirseacht leanúnach agus an tuiscint ar na príomhrioscaí straitéiseacha a chinntiú agus éifeachtúlacht fhreagairt na bainistíochta ar neamhchosaintí riosca príomha.

Anuas air sin, cuireann an Coiste comhairle ar an mBord maidir lena chuid tuairimí i dtaobh fonn riosca, lamháltas riosca, agus straitéis riosca EirGrid.

Tá an Bord sásta go raibh taithí airgeadais cothrom le dáta agus ábhartha ag comhalta amháin den Choiste ar a laghad ó thús deireadh na bliana airgeadais.

Reáchtáil an Coiste Iniúchta agus Riosca cúig chruinniú le linn na bliana airgeadais. Tá comhaltaí an choiste i rith na bliana, a bhfad seirbhíse ar an gCoiste, agus líon na gcruinnithe ar fhreastail gach comhalta orthu leagtha amach sa tábla thíos.

Ba iad comhaltaí an Choiste Iniúchta agus Riosca ar dháta sínithe na ráiteas airgeadais ná Ivan Schuster (Cathaoirleach), Michael Hand, Rosa M. Sanz García agus Brendan Tuohy.

| Comhalta | Fad seirbhíse | Incháilithe chun a bheith i láthair | I láthair |
|---|---|---|---|
| Ivan Schuster (Cathaoirleach) | 5 mhí | 2 | 2 |
| Michael O'Sullivan (Cathaoirleach) * | 2 mhí | 2 | 2 |
| Brendan Tuohy | 4 bliana agus 6 mhí | 5 | 4 |
| Michael Hand | 4 bliana agus 6 mhí | 5 | 5 |
| Rosa M Sanz García | 2 bliana agus 2 mhí | 5 | 5 |

* Éirithe as ar an 14 Nollaig 2023.

## Ábhair a Bhreithnigh an Coiste Iniúchta agus Riosca in 2023-24

Cuimsíodh na nithe seo a leanas i measc na n-ábhar a bhreithnigh an Coiste Iniúchta agus Riosca in 2023-24:

- Na próisis straitéiseacha maidir le riosca, rialú inmheánach agus rialachas.
- Na polasaithe cuntasaíochta, na ráitis airgeadais, agus tuarascáil bhliantúil na Cuideachta, an próiseas chun athbhreithniú a dhéanamh ar na ráitis airgeadais sula gcuirtear isteach iad le haghaidh iniúchta, leibhéil na hearráide a aithníodh, agus litir ionadaíochta an lucht bainistíochta chuig na hiniúchóirí seachtracha san áireamh.
- An ghníomhaíocht phleanáilte agus torthaí an iniúchta inmheánaigh agus sheachtraigh araon.
- Leordhóthanacht fhreagra na bainistíochta ar shaincheisteanna arna sainaithint ag gníomhaíocht iniúchta.
- Dearbhuithe a bhaineann le bainistíocht riosca agus ceanglais rialachais chorparáidigh don eagraíocht.
- Beartais frithchalaoise, próisis nochtaí cosanta agus socruithe le haghaidh imscrúduithe speisialta athbhreithnithe.
- A éifeachtúlacht féin athbhreithnithe agus cuireadh torthaí an athbhreithnithe sin faoi bhráid an Bhoird.
- Rinneadh athbhreithniú agus measúnú ar leordhóthanacht Chairt an Choiste agus iarradh faomhadh an Bhoird do na hathruithe molta.

## An Coiste Luacha Saothair

Chloígh EirGrid cpt le beartas an Rialtais i ndáil le luach saothair iomlán an Phríomhfheidhmeannaigh. Socraíonn an tAire Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh an Phlean Forbartha Náisiúnta agus Athchóiriú, agus an tAire Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide luach saothair an Phríomhfheidhmeannaigh.

Faomhann an Coiste Luacha Saothair struchtúr an luacha saothair le haghaidh na Foirne Bainistíochta Sinsearaí.

Reáchtáil an Coiste Luacha Saothair 10 gcruinniú le linn 2023-24. Tá comhaltaí an choiste i rith na bliana, a bhfad seirbhíse ar an gCoiste, agus líon na gcruinnithe ar fhreastail gach comhalta orthu leagtha amach sa tábla thíos.

Ba iad comhaltaí an Choiste Luacha Saothair ar dháta sínithe na ráiteas airgeadais ná - Brendan Tuohy (Cathaoirleach), Theresa Donaldson, agus Michael Hand.

| Comhalta | Fad seirbhíse | Incháilithe chun a bheith i láthair | I láthair |
|---|---|---|---|
| Brendan Tuohy (Cathaoirleach) | 4 bliana agus 10 mí | 10 | 10 |
| Theresa Donaldson | 6 bliana agus 2 mhí | 10 | 10 |
| Michael Hand | 2 bhliain agus 6 mhí | 10 | 9 |



## Ábhair a Bhreithnigh an Coiste Luacha Saothair in 2023-24

Bhí na nithe seo a leanas i measc na n-ábhar a bhreithnigh an Coiste Luacha Saothair in 2023-24:

- Comhaontú leis an bPríomhfheidhmeannach maidir lena spriocanna feidhmíochta sonracha bliantúla agus fadtéarmacha bunaithe ar scrúdú mionsonraithe an Choiste ar a fheidhmíocht i gcomparáid le spriocanna.
- Luach saothair agus liúntais an Phríomhfheidhmeannaigh a mholadh le faomhadh deiridh ag an Aire le toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh an Phlean Forbartha Náisiúnta agus Athchóirithe.
- Na pacáistí luacha saothair a shocrú d'fheidhmeannaigh shinsearacha EirGrid, (is é sin tuarascálacha díreacha an Phríomhfheidhmeannaigh), tar éis moltaí ón bPríomhfheidhmeannach agus/nó próiseas comhairliúcháin leis, ag féachaint go hiomlán do riachtanais bheartas an Rialtais.
- Athbhreithniú ar fheidhmíocht na bhfeidhmeannach sinsearach leis an bPríomhfheidhmeannach agus bónais cheadaithe le híoc, bunaithe ar mholadh an Phríomhfheidhmeannaigh.
- Deimhnithe go bhfuil Beartas Luacha Saothair na Cuideachta oiriúnach
- Faomhadh an bheartais bhliantúil le haghaidh coigeartuithe tuarastail foirne.
- Reáchtáladh an próiseas bainistíochta tallainne bliantúil d'fheidhmeannaigh shinsearacha.

## Coiste na dTionscadal Bonneagair Eangaí

Is í feidhm Choiste na dTionscadal Bonneagair Eangaí ná cabhrú leis an mBord polasaí ginearálta/straitéis ghinearálta a chinneadh maidir le forbairt na hEangaí agus maoirseacht a dhéanamh ar chur i bhfeidhm straitéis forbartha na heangaí, lena n-áirítear athbhreithniú a dhéanamh ar thionscadail bhonneagair a bhfuiltear ag súil a bheidh á bhfaomhadh ag an mBord.

Reáchtáil Coiste na dTionscadal Bonneagair Eangaí ceithre chruinniú le linn 2023-24. Tá comhaltaí an choiste i rith na bliana, a bhfad seirbhíse ar an gCoiste, agus líon na gcruinnithe ar fhreastail gach comhalta orthu leagtha amach sa tábla thíos.

Ba iad comhaltaí Choiste na dTionscadal Bonneagair Eangaí ar dháta sínithe na ráiteas airgeadais ná Michael Hand (Cathaoirleach), agus Tom Coughlan.

| Comhalta | Fad seirbhíse | Incháilithe chun a bheith i láthair | I láthair |
|---|---|---|---|
| Michael Hand (Cathaoirleach) | 8 mbliana agus 11 mhí | 4 | 4 |
| Shane Brennan | 4 bliana agus 6 mhí | 4 | 4 |
| Tom Coughlan | 6 bliana agus 2 mhí | 4 | 4 |
| Michael O'Sullivan* | 7 mí | 1 | 1 |

* Éirithe as ar an 14 Nollaig 2023.

## Ábhair a Bhreithnigh Coiste na dTionscadal Bonneagair Eangaí in 2023-24

I measc na n-ábhar a bhreithnigh Coiste na dTionscadal Bonneagair Eangaí in 2023-24 bhí:

- Chabhraigh sé leis an mBord an beartas/straitéis ghinearálta maidir le forbairt na hEangaí in Éirinn a chinneadh.
- Rinne sé maoirseacht ar chur i bhfeidhm Straitéis EirGrid a bhaineann le Forbairt Tarchuir in Éirinn, lena n-áirítear monatóireacht a dhéanamh ar dhul chun cinn i gcomparáid leis na hamlínte agus na buiséid agus ionchur i dtreo straitéiseach EirGrid.
- Rinneadh athbhreithniú ar an dul chun cinn a bhí á dhéanamh i ndáil leis an bPunann Seachadta Líonra.
- Cinntíodh go raibh úsáid á baint as dea-chleachtas, go háirithe maidir leis an gcinneadh infheistíochta, bainistíocht tionscadal, éifeachtúlacht costais, agus comhairliúchán poiblí.
- Rinneadh maoirseacht agus athbhreithniú ar fhorbairt agus ar oibriú an Chreata chun an Eangach a Fhorbairt.
- Cuireadh comhairle agus treoir ar fáil maidir le bonneagar criticiúil a fhorbairt, lena n-áirítear bainistiú páirtithe leasmhara i ndáil le forbairt na Punainne Seachadta Líonra.
- Rinne sé maoirseacht agus athbhreithniú ar fhorbairt agus ar chur i gcrích ann Tionscadail Idirnascaire Cheiltigh agus chuir sé treoir ar fáil maidir leis.
- Chinntigh sé gur cuireadh Straitéis Rannpháirtíochta Poiblí EirGrid i bhfeidhm i ndáil le gach tionscadal.
- Rinneadh athbhreithniú ar thionscadail a bhí le faomhadh agus cuireadh moladh faoi bhráid Bhord EirGrid cpt faoi Sceideal Nithe Forchoimeádta don Bhord de chuid Bhord EirGrid cpt.
- Fuarthas coimrí ar phríomhthionscnaimh i rith na bliana.

## An Coiste Amach ón gCósta

Bunaíodh an Coiste Amach ón gCósta chun cabhrú leis an mBord an beartas/straitéis ghinearálta maidir leis an bhforbairt a bheadh á déanamh ag EirGrid ar an Eangach Amach ón gCósta in Éirinn a chinneadh, i gcomhréir lena shainordú mar oibritheoir córais amach ón gcósta agus úinéir sócmhainní.

Reáchtáil an Coiste Amach ón gCósta trí chruinniú le linn 2023-24. Tá comhaltaí an choiste i rith na bliana, a bhfad seirbhíse ar an gCoiste, agus líon na gcruinnithe ar fhreastail gach comhalta orthu leagtha amach sa tábla thíos.

Ba iad comhaltaí an Choiste Amach ón gCósta ar dháta sínithe na ráiteas airgeadais ná – James Nyhan (Cathaoirleach), Theresa Donaldson, agus Pauline Walsh.

| Comhalta | Fad seirbhíse | Incháilithe chun a bheith i láthair | I láthair |
|---|---|---|---|
| James Nyhan (Cathaoirleach) | 1 bhliain 4 mhí | 3 | 3 |
| Shane Brennan | 1 bhliain 4 mhí | 3 | 3 |
| Theresa Donalson | 1 bhliain 4 mhí | 3 | 3 |
| Pauline Walsh | 1 bhliain 4 mhí | 3 | 3 |

## An Coiste Forbartha Córas Cumhachta agus Margaí

Bunaíodh an Coiste Forbartha Córas Cumhachta agus Margaí chun cabhrú leis an mBord an beartas/straitéis ghinearálta a chinneadh maidir le tionchar a imirt ar chóras cumhachta agus ar fhorbairt margaidh amach anseo.

Reáchtáil an Coiste Forbartha Córas Cumhachta agus Margaí ceithre chruinniú le linn 2023-24.

Tá comhaltaí an choiste i rith na bliana, a bhfad seirbhíse ar an gCoiste, agus líon na gcruinnithe ar fhreastail gach comhalta orthu leagtha amach sa tábla thíos.

Ba iad comhaltaí an Choiste Forbartha Córas Cumhachta agus Margaí ar dháta sínithe na ráiteas airgeadais ná - Rosa M. Sanz García (Cathaoirleach), Tom Coughlan, Pauline Walsh agus James Nyhan.

| Comhalta | Fad seirbhíse | Incháilithe chun a bheith i láthair | I láthair |
|---|---|---|---|
| Rosa M. Sanz García (Cathaoirleach) | 1 bhliain 4 mhí | 4 | 4 |
| Tom Coughlan | 1 bhliain 4 mhí | 4 | 4 |
| Pauline Walsh | 1 bhliain 4 mhí | 4 | 3 |
| James Nyhan | 1 bhliain 4 mhí | 4 | 3 |

# Iniúchadh, Riosca agus Rialú Inmheánach

## Comhlíonadh na gCód Rialachais Chorparáidigh

Cloíonn EirGrid, mar chuideachta faoi úinéireacht an Stáit, leis an *gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú 2016* (an Cód), nuair is infheidhme, ina leagtar amach prionsabail an rialachais chorparáidigh ar cheart do bhoird comhlachtaí Stáit cloí leo, agus tá aird aige freisin ar phrionsabail *Chód Rialachais Chorparáidigh an RA (2018)* agus *Iarscríbhinn Rialachais Chorparáidigh na hÉireann*. Chomh maith leis sin, comhlíonann EirGrid na treoirlínte rialachais chorparáidigh agus oibleagáidí eile a fhorchuirtear leis an *Acht um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995*, an *tAcht um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí 2001* agus an *tAcht um Brústocaireacht a Rialáil, 2015*.

## Tuairisciú Airgeadais agus Gnó

Tá an Bord airdeallach ar a fhreagracht maidir le hullmhú na Tuarascála Bliantúla agus na Ráiteas Airgeadais agus measúnú cóir, cothrom, agus sothuigthe ar staid agus ionchais an Ghrúpa a dhéanamh. Tá freagrachtaí comhaltaí an Bhoird maidir le ráitis airgeadais agus gnóthas leantach leagtha amach ar leathanach 166.

## Soláthar

Cuireann EirGrid a ghníomhaíochtaí soláthair i gcrích de réir dlíthe soláthair infheidhme agus de réir an Chóid Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú.

## Rialú Inmheánach

Tá freagracht iomlán ar an mBord as córas rialaithe inmheánaigh an Ghrúpa agus as monatóireacht a dhéanamh ar a éifeachtacht. Is é an aidhm atá leis an gcóras rialaithe inmheánaigh ná dearbhú réasúnta, seachas dearbhú iomlán, a sholáthar maidir leis na spriocanna seo a leanas a chomhlíonadh:

- Oibríochtaí éifeachtúla agus éifeachtacha a éascú trí chur ar chumas an Ghrúpa freagairt do rioscaí;
- Caighdeán an tuairiscithe inmheánaigh agus sheachtraigh a chinntiú; agus
- A chinntiú go bhfuil na dlíthe, na rialacháin agus na beartais inmheánacha is infheidhme á gcomhlíonadh.

San áireamh i bpríomhghnéithe chreat rialaithe inmheánaigh an Ghrúpa tá:

- Cód Iompraíochta do Stiúrthóirí agus Fostaithe a thugann sampla don eagraíocht ar fad agus a cheanglaíonn ar gach fostaí na caighdeáin eitice is airde a choinneáil agus iad i mbun gnó;
- Struchtúr eagraíochtúil atá sainmhínithe go soiléir, chomh maith le teorainneacha údaráis sainithe agus sásraí tuairiscithe;
- Creat rialachais chorparáidigh a chuimsíonn bainistíocht riosca, athbhreithniú ar rialú airgeadais, agus ráitis rialachais fhoirmiúla bhliantúla ó gach Príomhoifigeach;
- Beartais agus nósanna imeachta sainithe maidir le frithbhreabaireacht, caiteachas, agus cistíocht;
- Tuairisciú tráthúil agus rialta ar fheidhmíocht airgeadais agus ghnó;
- Ullmhú buiséad bliantúil, agus monatóireacht a dhéanamh ar an bhfeidhmíocht i ndáil leis na buiséid, buiséid arna n-athbhreithniú agus arna bhfaomhadh ag an mBord; agus
- Feidhm iniúchta inmheánaigh a dhéanann athbhreithniú ar chórais chriticiúla agus a rialaíonn agus a thuairiscíonn go neamhspleách don Choiste Iniúchta agus Riosca.

Coiste Iniúchta agus Riosca:

- A dhéanann athbhreithniú ar chlár an Iniúchta Inmheánaigh agus a bhreithníonn na torthaí agus tuairiscí;
- A dhéanann monatóireacht ar fhorfheidhmiú na moltaí ar tarraingíodh aird orthu sna tuarascálacha í Iniúchta Inmheánaigh roimhe sin;
- A dhéanann athbhreithniú ar thuarascálacha na n-iniúchóirí seachtracha, ina bhfuil sonraí le fáil faoin obair a rinneadh maidir leis na príomhrioscaí iniúchta;
- A dhéanann athbhreithniú ar Ráitis Airgeadais, agus a fhaomhann iad, sula gcuirtear faoi bhráid an Bhoird agus na bPáirtithe Leasmhara iad;
- A chabhraíonn leis an mBord a ról maoirseachta maidir le bainistíocht riosca a chomhlíonadh; agus
- A chuireann i bhfeidhm nósanna imeachta chun a chinntiú go bhfuil dlíthe agus rialacháin á gcomhlíonadh, lena n-áirítear clár iniúchtaí comhlíontachta a thomhaiseann feabhsuithe ar phróisis chomhlíontachta agus a chinntíonn go ndéileáiltear go cuí le cásanna neamhchomhlíontachta.

Deimhníonn na Stiúrthóirí go bhfuil athbhreithniú déanta acu ar éifeachtúlacht an chórais rialaithe inmheánaigh a úsáideadh le linn na tréimhse atá clúdaithe sna ráitis airgeadais seo. Le linn an athbhreithnithe seo, níor shainaithin an Bord, ná níor cuireadh in iúl don Bhord, aon teip ná laige a measadh a bhí suntasach.

## Nochtadh Breise a Éilítear faoin gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú

Tá an Bord freagrach as a chinntiú gur chomhlíon EirGrid ceanglais agus nochtadh an Chóid.

Éilítear leis an gCód na nochtaí airgeadais seo a leanas a leagan amach sa Tuarascáil Bhliantúil.

Tá sonraí maidir le líon na bhfostaithe a bhfuil a sochair fostaí iomlán (gan costais phinsin fostóra agus sochair scoir a chur san áireamh) don bhliain airgeadais do gach banda de €25,000 ó €50,000 ar aghaidh, leagtha amach thíos.

| Bandaí le haghaidh sochar fostaithe: | An Bhliain go dtí an 30 MF 2024 Líon | An Bhliain go dtí an 30 MF 2023 Líon |
|---|---|---|
| €50,000 - €75,000 | 204 | 195 |
| €75,001 - €100,000 | 121 | 123 |
| €100,001 - €125,000 | 52 | 65 |
| €125,001 - €150,000 | 25 | 37 |
| €150,000 +* | 24 | 24 |
| **Iomlán** | **426** | **444** |

Nótaí:
Níl costais pinsin fostóirí san áireamh i sochair fostaithe.
* I gcomhréir leis an gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú, nochtar tuarastail atá os cionn €50,000 i mbandaí de €25,000 cé's moite de thuarastail atá os cionn €150,000 a nochtadh i mbanda aonair mar aitheantas ar impleachtaí féideartha maidir le cosaint sonraí. Cheadaigh an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide an t-imeacht seo ón gCód.

I rith na bliana, thabhaigh an Grúpa costais taistil in Éirinn de €0.8 (2023: €0.7m) agus costais taistil de €0.4m i dTuaisceart Éireann (2023: €0.3m). Bhí an tsocraíocht agus na costais dlí ghaolmhara don bhliain cothrom le €náid (2023: €náid.

Bhí na costais Leasa Foirne cothrom le €0.7m (2023: €0.2m). Chomh maith leis sin, thabhaigh an chuideachta tacaíocht sheachtrach agus costais chomhairleacha speisialta mar seo a leanas:

| | Nóta | 30 MF 2024 € '000 | 30 MF 2023 € '000 |
|---|---|---|---|
| Seirbhísí don Mhargadh Leictreachais | (i) | 6,281 | 5,403 |
| Seirbhísí dlí agus comhairle | | 4,201 | 7,389 |
| Seirbhísí tionscadail a bhain leis an Líonra Tarchuir | (ii) | 22,452 | 19,901 |
| Tacaíocht don Chóras TF | (iii) | 918 | 404 |
| Comhairle a bhain le hAirgeadas Corparáideach | | 881 | 1,664 |
| Comhairle Eagraíochtúil agus Achtúireach | | 425 | 490 |
| Seirbhísí comhairleacha rialála | | 433 | 295 |
| Eile | | 7,869 | 4,652 |
| Iomlán | | 43,460 | 40,198 |
| Costais arna ngearradh ar an Ráiteas Ioncaim | | 19,823 | 16,930 |
| Costais chaipitlithe | | 23,637 | 23,268 |
| **Iomlán** | | **43,460** | **40,198** |

Nóta (i): San áireamh sna seirbhísí don Mhargadh Leictreachais tá na costais a bhaineann le feabhsú shocruithe an mhargaidh leictreachais uile-oileáin, ar a dtugtar MLA. Nóta (ii): Léiríonn seirbhísí tionscadail Líonra Tarchuir na sainchostais a bhaineann le tionscadail líonra a thabhairt ón gcoincheap tosaigh go dtí go ndeonaítear cead pleanála.
Nóta (iii): Is costais sheachtracha tacaíochta iad Tacaíocht Chórais TF do phríomhchórais ar fud an ghnó.



## Bainistíocht Riosca


Tá bainistíocht riosca éifeachtach mar thaca le cur i bhfeidhm straitéis an Ghrúpa. Tá EirGrid neamhchosanta ar roinnt rioscaí a d'fhéadfadh tionchar a bheith acu ar an ngnó agus ar a chumas an straitéis seo a chur i gcrích. Dá bhrí sin, tá córas láidir i bhfeidhm chun a chinntiú go ndéantar rioscaí a shainaithint, a mheasúnú, a bhainistiú agus a mhaolú go héifeachtach. Tá an Bord freagrach as agus i mbun maoirseachta ar rialuithe inmheánacha agus bainistíocht riosca, mar atá leagtha amach sa Chód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú.

Tá an Bord freagrach as fonn riosca an Ghrúpa a shocrú agus as a chinntiú go bhfuil córais bainistíochta riosca agus rialaithe inmheánaigh chuí i bhfeidhm, arna ndearadh chun rioscaí ábhartha a aithint, a mheasúnú, a bhainistiú agus a mhaolú chun cuspóirí straitéiseacha agus gnó an Ghrúpa a bhaint amach.

Tá Straitéis Riosca faofa ag an mBord freisin chun a chinntiú go mbunaíonn agus go gcoimeádann an Grúpa struchtúir agus gníomhaíochtaí riosca cuí chun spriocanna straitéiseacha an Ghrúpa a bhaint amach. Cuirtear an Straitéis Riosca i bhfeidhm tríd an gCreat Bainistíochta Riosca Fiontraíochta, Ráitis Foinn Riosca agus an Plean Monatóireachta Riosca.

### An Creat Bainistíochta Riosca

Ar mhaithe le cinnteoireacht a fheabhsú, tá Creat Bainistíochta Riosca Fiontair bunaithe ag an nGrúpa a chuireann ar a chumas rioscaí agus deiseanna an Ghrúpa a shainaithint agus a mheasúnú chun a chinntiú go bhforbraítear freagairtí cuí agus éifeachtacha chun rioscaí agus deiseanna den sórt sin a bhainistiú. Tá an Creat Bainistíochta Riosca ailínithe leis na trí líne den tsamhail chosanta agus leabaithe laistigh de struchtúr rialachais na heagraíochta mar atá léirithe thíos:






Is iad cuspóirí an Chreata Bainistíochta Riosca Fiontraíochta ná:

- Tacú leis an nGrúpa cinntí eolasacha a dhéanamh, atá ag teacht le cuspóirí straitéiseacha an Ghrúpa agus le fonn riosca;
- Tiomantas an Ghrúpa do bhainistíocht riosca a dhearbhú agus a chur in iúl chun cuidiú lena spriocanna straitéiseacha agus oibriúcháin a bhaint amach;
- Cur chuige comhsheasmhach a bhunú go foirmiúil agus a chur in iúl maidir le riosca agus deiseanna a bhainistiú do ghníomhaíochtaí uile an Ghrúpa agus prótacal tuairiscithe éifeachtach a bhunú;
- A chinntiú go ndéantar gach riosca ábhartha don Ghrúpa a shainaithint, a mheasúnú, go bhfreagraítear go leordhóthanach dóibh, agus go dtuairiscítear go héifeachtach don Fhoireann Feidhmiúcháin agus don Bhord iad;
- Cuntasacht a shannadh don fhoireann ar fad as rioscaí agus deiseanna a bhainistiú laistigh dá réimsí rialaithe;
- Tiomantas a thabhairt don fhoireann go nglactar le bainistíocht riosca mar phríomhacmhainn bhainistíochta; agus
- A chinntiú gur féidir an Cód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú a chumasú.

Tá eolas maidir leis na róil, na freagrachtaí agus na struchtúir tuairiscithe a shainítear laistigh den Chreat Bainistíochta Riosca le fáil thíos:

| Cosaint | Róil agus Freagrachtaí |
|---|---|
| **Maoirseacht neamhspleách** | |
| **An Bord** | • Faomhann sé Straitéis Riosca an Ghrúpa, Ráitis Foinn Riosca, agus an Creat Bainistíochta Riosca.<br>• Faigheann sé nuashonrú go míosúil ar stádas na bpríomhrioscaí.<br>• Cuirtear faisnéisiú ó Chathaoirleach an Choiste Iniúchta agus Riosca ar fáil ag gach cruinniú Boird maidir le stádas cúrsaí rialaithe inmheánaigh. |
| **An Coiste Iniúchta agus Riosca** | • Cabhraíonn sé leis an mBord a fhreagrachtaí maoirseachta a chomhlíonadh maidir leis an bpróiseas tuairiscithe airgeadais, córas rialaithe inmheánaigh, Iniúchadh Inmheánach, Iniúchadh Seachtrach agus comhlíonadh dlíthe agus rialachán, cód iompair na cuideachta san áireamh.<br>• Faigheann sé nuashonrú ar stádas na rioscaí ábhartha agus treochta.<br>• Faigheann sé uasdátú ar stádas an Phlean Monatóireachta Riosca bhliantúil a léiríonn, dul chun cinn i gcoinne an phlean, achoimrí ar thorthaí ó athbhreithnithe, stádas gníomhaíochtaí monatóireachta 1ú Chosanta agus bearta leantacha ar ghníomhaíochtaí na ráithe roimhe sin.<br>• Faigheann sé nuashonrú ar ghníomhaíochtaí Cibearshlándála agus Fisiceacha ar bhonn ráithiúil.<br>• Déanann sé athbhreithniú ar stádas an Phlean Iniúchta Inmheánaigh, faigheann sé tuarascálacha arna n-eisiúint ag Ceannasaí an Iniúchta Inmheánaigh agus déanann sé monatóireacht ar stádas chur i bhfeidhm gníomhartha bainistíochta. |

| Cosaint | Róil agus Freagrachtaí |
|---|---|
| **An Chéad Chosaint** | |
| **Feidhmeanna gnó agus Príomhoifigí** | • Freagrach as gníomhaíochtaí bainistíochta riosca ó lá go lá lena n-áirítear sonraí riosca cothrom le dáta a choinneáil, rioscaí atá ag teacht chun cinn a shainaithint, agus rialuithe inmheánacha éifeachtacha a chur i bhfeidhm chun aghaidh a thabhairt ar rioscaí.<br>• Polasaí agus nósanna imeachta sainithe a chur i bhfeidhm atá deartha chun a chinntiú go bhfuil timpeallacht rialaithe éifeachtach ann ar fud na n-oibríochtaí go léir. |
| **An Dara Cosaint** | |
| **Rialachas, Riosca & Comhlíontacht** | • Freagrach as maoirseacht a dhéanamh ar chur i bhfeidhm an Chreata Bainistíochta Riosca Fiontraíochta, athbhreithniú agus forbairt a dhéanamh ar chreat beartais éifeachtach chun rioscaí a bhainistiú, agus chun stádas rioscaí ábhartha a thuairisciú don Fhoireann Feidhmiúcháin, don Choiste Iniúchta agus Riosca agus don Bhord.<br>• Déantar measúnú ar stádas comhlíonta na n-oibleagáidí rialála agus reachtúla a bhaineann le gníomhaíochtaí ceadúnaithe an Ghrúpa, a fhochuideachtaí, agus a chomhfhiontair chonarthacha trí chlár bliantúil athbhreithnithe comhlíonta. |
| **Feidhm Slándála Fiontair** | • Freagrach as dearadh na straitéise slándála fiontair.<br>• Sainmhíníonn sí timpeallacht bheartais do Shlándáil Faisnéise lena n-áirítear an creat cibearshlándála.<br>• Déanann sí tástáil agus monatóireacht ar éifeachtúlacht fheidhmiú na rialuithe TF agus slándála fisiciúla.<br>• Soláthraíonn sí tacaíocht do phríomhchláir ar fud an Ghrúpa.<br>• Soláthraíonn sí oiliúint feasachta agus treoir d'fhostaithe. |
| **Airgeadas an Ghrúpa** | • Freagrach as tuairisciú airgeadais, airgeadas corparáideach, cistíocht, cánachas, rialú corparáideach, agus pleanáil agus anailís airgeadais.<br>• Déanann sé maoirseacht ar chur i bhfeidhm na bpríomhrialuithe airgeadais, soláthar san áireamh. |
| **AD an Ghrúpa** | • Freagrach as Straitéis Acmhainní Daonna an Ghrúpa.<br>• Tuairiscíonn sí don Bhord maidir le forbairt cheannaireachta agus pleanáil chomharbais. |
| **An Tríú Cosaint** | |
| **Iniúchadh Inmheánach** | • Forbraíonn sí clár iniúchta inmheánaigh bliantúil, rioscabhunaithe, atá faofa ag an gCoiste Iniúchta agus Riosca.<br>• Cuireann sí tuarascálacha ráithiúla ar fáil don Choiste Iniúchta agus Riosca ina ndírítear ar thorthaí na n-iniúchtaí a rinneadh, agus ina ndéantar achoimre ar thuairimí agus ar mholtaí a rinneadh agus ar fhreagraí na foirne bainistíochta ar thorthaí iniúchta.<br>• Tuairiscíonn sí fadhbanna suntasacha a bhaineann leis na próisis chun gníomhaíochtaí na Cuideachta a rialú agus soláthraíonn sí eolas maidir le fadhbanna den sórt sin go dtí go réitítear iad. |

## Próiseas Bainistíochta Riosca

Tá an próiseas Bainistíochta Riosca bunaithe ar chur chuige coiteann mar seo a leanas:

1. Modheolaíocht sainaitheanta agus measúnaithe riosca chun cinneadh a dhéanamh maidir le conas ba cheart rioscaí a bhainistiú agus chun iad a eagrú in ord tosaíochta;
2. Roghanna cóireála riosca a roghnú, a dhearadh agus a chur chun feidhme, a thacaíonn le torthaí atá beartaithe a bhaint amach agus a bhainistíonn rioscaí go leibhéal inghlactha;
3. Monatóireacht riosca chomhtháite, léirsteanach agus fhaisnéiseach a dhearadh agus a chur i bhfeidhm; agus
4. Tuairisciú riosca tráthúil, cruinn agus úsáideach chun cáilíocht na cinnteoireachta a fheabhsú agus chun tacú leis an bhfoireann bainistíochta, leis an bhFoireann Feidhmiúcháin agus leis an mBord a gcuid freagrachtaí a chomhlíonadh.

## Sainaithint

Tá an próiseas sainaitheanta riosca leabaithe ar fud na heagraíochta agus ceanglaíonn sé ar gach Príomhoifig, feidhm aonair, clár, agus tionscadal na rioscaí a bhfuil an Grúpa neamhchosanta orthu a shainaithint. Ina theannta sin, éascaíonn an fheidhm Rialachais, Riosca agus Comhlíonta próiseas chun rioscaí atá ag teacht chun cinn a bhreithniú ar bhonn leanúnach.

## Measúnú

Ceadaíonn measúnú rioscaí a thomhas agus a chur in ord tosaíochta, ionas gur féidir leibhéil riosca a bhainistiú laistigh de thairseacha lamháltais sainithe agus a chur ar aghaidh, de réir mar is gá. Ina dhiaidh sin, déantar oiriúnacht agus neart na rialuithe ábhartha a mheas.

Tá na rioscaí sin a bhfuil measúnú ábhartha déanta orthu faoi réir athbhreithniú míosúil a dhéanann an Fhoireann Feidhmiúcháin agus tugtar tuairisc maidir leis seo don Bhord go míosúil agus don Choiste Iniúchta agus Riosca go ráithiúil.

## Freagairt

Feidhmíonn torthaí an phróisis measúnaithe riosca mar phríomhionchur do fhreagairtí riosca trína scrúdaítear roghanna freagartha. Is é an cuspóir atá le freagairt iomchuí ar riosca a chinntiú ná an éiginnteacht a chur chun sochair EirGrid trí shrian a chur le bagairtí agus leas a bhaint as deiseanna.

## Monatóireacht

Forbraíonn agus feidhmíonn an fheidhm Rialachais, Riosca agus Comhlíontachta ( RRC) Plean Monatóireachta Riosca bliantúil ina leagtar amach na cineálacha gníomhaíochtaí monatóireachta a dhéanann RRC. Is é cuspóir an Phlean Monatóireachta Riosca ráthaíocht a thabhairt maidir le gníomhaíochtaí na Chéad Chosanta, a bpróisis agus a rialuithe. Ar bhonn bliantúil, déanann an Coiste Iniúchta agus Riosca athbhreithniú ar an bPlean Monatóireachta Riosca agus faomhann sé é.

Mar chuid de na gníomhaíochtaí monatóireachta laistigh den Phlean Monatóireachta Riosca tá:

- Athbhreithnithe éifeachtúlachta rialaithe ar rioscaí ábhartha;
- Measúnú rialuithe frithchalaoise;
- Éifeachtúlacht cur i bhfeidhm creataí a bhaineann le bainistíocht riosca;
- Gníomhaíochtaí ráthaíochta feabhsaithe rioscabhunaithe, e.g., cláir agus tionscadail mhóra; agus
- Ceardlanna bliantúla sainaitheanta agus measúnaithe riosca a éascú ar fud na
- bPríomhoifigí go léir; agus oiliúint feasachta.

## Tuairisciú

Tá raon gníomhaíochtaí monatóireachta leanúnacha leabaithe laistigh den Chreat Bainistíochta Riosca Fiontraíochta a chuireann ar chumas sásraí tuairiscithe athrú ó fheidhmeanna aonair go Príomhoifigigh agus, nuair is cuí, an Fhoireann Feidhmiúcháin, an Coiste Iniúchta agus Riosca agus Bord EirGrid cpt.

| | |
|---|---|
| **Seachaint** | Ní fhéadfar déileáil le rioscaí áirithe, ná iad a choinneáil ar leibhéil inghlactha ach amháin trí dheireadh a chur leis an ngníomhaíocht. Féadfaidh an rogha seo a bheith thar a bheith tábhachtach i mbainistíocht tionscadal más léir go bhfuil an gaol costais / tairbhe réamh-mheasta i gcontúirt. |
| **Glacadh** | Féadfaidh an nochtadh a bheith infhulaingthe gan aon ghníomh breise a dhéanamh nó féadfar an cumas tionchar a imirt ar nochtadh a theorannú, nó féadfaidh an costas a bhaineann le haon ghníomh a dhéanamh a bheith díréireach leis an tairbhe a d'fhéadfadh a bheith ann. Áirítear leis sin rioscaí sistéamacha nach féidir a bhainistiú nó a mhaolú go héasca amhail teagmhais mhaicreacnamaíocha agus rioscaí sochpholaitiúla níos mó nach féidir a sheachaint ná tionchar a imirt orthu. |
| **Laghdú** | Tabharfar aghaidh ar an líon is mó rioscaí ar an mbealach seo. Is é cuspóir na córeála, cé go leanann an eagraíocht ar aghaidh leis an ngníomhaíocht as a n-eascraíonn an riosca laistigh di, go nglactar gníomh (rialú) chun an riosca a shrianadh go leibhéal inghlactha. |
| **Aistriú** | Féadfar a mheas go bhfuil aistriú riosca ann mar gheall ar risíocht na heagraíochta a bheith laghdaithe nó toisc go bhfuil eagraíocht eile in ann an riosca a bhainistiú níos éifeachtúla, e.g. árachas nó bainistíocht tríú páirtí. |

## Príomhrioscaí agus Neamhchinnteachtaí

Tá na príomhrioscaí agus neamhchinnteachtaí a d'fhéadfadh tionchar suntasach a bheith acu sa ghearrthéarma agus sa mheántéarma ar chuspóirí straitéiseacha an Ghrúpa leagtha amach thíos, mar aon leis na príomhbhearta maolaithe atá i bhfeidhm.

Leagtar amach sa tuarascáil seo dearcadh an Bhoird ar na príomhrioscaí ag an bpointe seo agus ní liosta uileghabhálach é de na rioscaí go léir a d'fhéadfadh tionchar a imirt ar an nGrúpa.

Tá na bearta maolaithe atá i bhfeidhm maidir le rioscaí aitheanta deartha chun leibhéal réasúnta agus comhréireach cosanta, ach ní cosaint iomlán, a sholáthar i gcoinne thionchar na n-imeachtaí atá i gceist, i gcomhréir le fonn comhaontaithe riosca an Ghrúpa.

| Príomhriosca | Comhthéacs |
|---|---|
| **Oibríochtaí an Chórais Cumhachta agus an Mhargaidh** | Tá EirGrid freagrach as oibriú slán an chórais tarchuir in Éirinn. Má chuirtear isteach ar an gcóras is féidir riosca a chruthú do sheirbhísí riachtanacha a bhraitheann ar oibríocht shlán an chórais tarchuir. Tá siad bunaithe ar an méid seo a leanas:<br>• Dúnadh monarchana, bristeacha agus cur isteach ar an acmhainn atá ar fáil ar líonra na hEangaí;<br>• Mainneachtain luaineachtaí suntasacha gan choinne nó nach bhfacthas a leithéid riamh cheana i leibhéil éilimh a réamh-mheas agus a mhaolú;<br>• Míchothromaíocht leictreachais nó mainneachtain seirbhísí a sholáthar mar thoradh ar bhainistiú neamhleor giniúna agus ídithe; agus<br>• Soláthar leictreachais chuig lárionaid éilimh a chailleadh.<br>Tá EirGrid, in éineacht le SONI, freagrach freisin as oibriú an Mhargaidh Leictreachais Aonair uile-oileáin, agus dá mbeadh cur isteach ann thiocfadh baol moille a bheith ann maidir le socrú tráthúil an mhargaidh.<br>Tá clár iomlán i bhfeidhm chun na freagrachtaí seo a chomhlíonadh, lena náirítear:<br>• Suíomh cúltaca don ionad rialaithe i mBaile Átha Cliath, a ndéantar tástáil rialta air;<br>• Nósanna imeachta oibríochtúla cuimsitheacha i ndáil leis an gcóras cumhachta, ar a ndéantar athbhreithniú rialta, agus a thagann leis an dea-chleachtas idirnáisiúnta is fearr;<br>• Caighdeáin agus beartais cothabhála eangaí, le tacaíocht ó Chomhaontú Bonneagair mionsonraithe le Bord Soláthair an Leictreachais ('BSL'), Úinéir na Sócmhainní Tarchuir (ÚST) in Éirinn; agus<br>• Oifig Bainistíochta Clár atá ag feidhmiú go hiomlán ag tacú leis an gcéim réamhthógála d'fhorbairt an líonra in Éirinn, a bhfuil beartais, próisis, agus rialuithe éifeachtacha agus cuí aici. |
| **Cur i bhfeidhm Tionscadal & Clár** | Tosca a imríonn tionchar ar chumas EirGrid na cláir agus na tionscadail atá riachtanach chun treisiú/athléimneacht eangaí, Treochlár SOEF v1.1, córas cumhachta agus soláthar margaí don todhchaí a phleanáil, a bhainistiú agus a chur i bhfeidhm go leordhóthanach. Tá siad bunaithe ar an méid seo a leanas:<br>• Cur i bhfeidhm neamhéifeachtach/moilleanna ar Phleanáil do Bhristeacha Cumhachta.<br>• Gan seachadadh a dhéanamh de réir amscálaí foilsithe.<br>• Fadhbanna a bhaineann le nascadh eangaí a mbíonn tionchar acu ar rochtain eangaí, tionscadail forbartha gréasáin, nascadh agus idirnascadh.<br>• Spleáchas ar pháirtithe leasmhara seachtracha. |

| Príomhriosca | Comhthéacs |
|---|---|
| **SONI** | Tá baol ann go mbeidh tionchar diúltach, mar thoradh ar chur i bhfeidhm na samhla leasaithe um rialachas fochuideachta, ar chumas EirGrid a shainchúram lárnach (córais tarchuir agus mhargaidh atá slán, eacnamaíoch, iontaofa) agus/nó cuspóirí straitéiseacha níos leithne a chur ar fáil. Tá siad bunaithe ar an méid seo a leanas:<br>• Tionchar na moille féideartha ar dhul chun cinn na gcomhthionscadal.<br>• Cumas SONI maoiniú leordhóthanach a fháil.<br>• Cuir ar fáil neamhéifeachtach an chláir díchumasaithe. |
| **Caidrimh ÚST & OCD** | An baol nach bhfuil EirGrid in ann na Cláir agus na Tionscadail, atá riachtanach do sholáthar treisithe/athléimneacht eangaí agus Treochlár ÁTLM I1.1, a phleanáil, a bhainistiú agus a chur i bhfeidhm go leordhóthanach mar gheall ar mhí-ailíniú straitéiseach le príomhpháirtithe leasmhara seachtracha agus go mbeidh damáiste do chlú ann mar thoradh. Tá siad bunaithe ar an méid seo a leanas:<br>• Mí-ailíniú straitéiseach ÚST agus OCD.<br>• Easpa cumais teacht ar réitigh choiteanna.<br>• Mí-ailíniú ar an réiteach Ceann go Ceann maidir le pleanáil agus oibriú eangaí. |
| **An tIdirnascaire Soir-Siar** | Tá EirGrid freagrach as bainistiú agus oibriú sócmhainní an Idirnascaire Thoir- Thiar ('INTT') a nascann na heangacha leictreachais in Éirinn agus sa Bhreatain Mhór. Tá baol ann go ndéanfaí damáiste fisiceach do INTT a d'fhéadfadh a bheith mar bhonn le bristeacha fada INTT agus costais aischuir shuntasacha, ach tá nósanna imeachta oibríochtúla agus socruithe cothabhála cuimsitheacha i bhfeidhm do INTT, socruithe árachais oiriúnacha ina measc. |
| **Cibearshlándáil** | An riosca go gcuirfidh gníomhaithe mailíseacha isteach ar chórais, slándáil líonra agus/nó sonraí an Ghrúpa, a mbeidh teagmhais bonneagair chriticiúla náisiúnta nó teagmhais cobhsaíochta córais, suaitheadh gnó, caillteanas airgeadais agus/nó damáiste clú mar thoradh air. Tá siad bunaithe ar an méid seo a leanas:<br>• Cibirionsaí rathúil.<br>• Sárú sonraí pearsanta nó sonraí lena mbaineann íogaireacht tráchtála.<br>• Níos mó bagairtí bunúsacha mar gheall ar an méid daoine atá ag baint tairbhe as socruithe cianoibre. |
| **Slándáil Fhisiceach** | Tá an baol ann go gcuirfidh teagmhas a bhaineann le slándáil fhisiceach isteach ar ghnó EirGrid, rud a d'fhágfadh go gcaillfear seirbhísí ríthábhachtacha agus/nó go mbeidh tionchar aige ar ár ndaoine.Tá siad bunaithe ar an méid seo a leanas:<br>• Polasaithe agus nósanna imeachta neamh-leordhóthanacha.<br>• Inniúlacht neamh-leordhóthanach (oiliúint, eolas agus taithí).<br>• Easpa comhlíonta i dtaca le caighdeáin agus nósanna imeachta. |

| Príomhriosca | Comhthéacs |
|---|---|
| **Cur i bhfeidhm an Idirnascaire Cheiltigh** | Tá an baol ann go dteipfidh ar an nGrúpa a shlabhra soláthair a bhainistiú go héifeachtach agus go gcuirfí an slabhra soláthair i gcontúirt, rud a d'fhágfadh go mbeadh leochaileachtaí ann maidir le soláthar éifeachtach an chroíchúraim thar gach gné den ghnó. Tá siad bunaithe ar an méid seo a leanas:<br>• Saincheisteanna déantúsaíochta/leochaileachtaí sa slabhra soláthair.<br>• Imeachtaí adhaimsire.<br>• Ceangal eangaí agus toiliú.<br>• Éifeachtacht an chomhéadain. |
| **Slabhra Soláthair** | Tá an baol ann go dteipfidh ar an nGrúpa a shlabhra soláthair a bhainistiú go héifeachtach agus go gcuirfí an slabhra soláthair i gcontúirt, rud a d'fhágfadh go mbeadh leochaileachtaí ann maidir le soláthar éifeachtach an chroíchúraim thar gach gné den ghnó. Tá siad bunaithe ar an méid seo a leanas:<br>• An Grúpa ag brath go míchuí ar Thríú Páirtithe agus/nó ag mainneachtain barrfheabhsú éifeachtach a dhéanamh ar chomhpháirtíocht/creataí (roinnt/aistriú eolais) chun feidhmeanna/seirbhísí ríthábhachtacha an Ghrúpa a sholáthar.<br>• Mainneachtain slabhraí soláthair a aithint agus/nó a thuiscint thar gach gné den ghnó ó thaobh trealamh fisiceach, cumas ó chomhpháirtithe agus na tionchair iarmhartacha ar oibríochtaí agus ar chur chun feidhme.<br>• Oibleagáidí slabhra soláthair ÚST, infhaighteacht/ganntanas acmhainní saineolaithe. |
| **Samhail Seachadta Eagrúcháin** | Mainneachtain samhail soláthair eagraíochtúil a úsáid chun cur chun feidhme phríomhchúram agus chuspóirí straitéiseacha EirGrid a chumasú go héifeachtach. Tá siad bunaithe ar an méid seo a leanas:<br>• Mainneachtain píblíne chobhsaí de dhaoine maithe a bhunú.<br>• Mainneachtain na pleananna cuimsitheacha agus tráthúla comharbais agus forbartha a chur i bhfeidhm do phríomhbhaill foirne.<br>• Mainneachtain na n-acmhainní is gá a chur ar fáil chun freagairt do riachtanais ghnó athraitheacha.<br>• Mainneachtain comhpháirtíochtaí agus creataí a bharrfheabhsú. |

| Príomhriosca | Comhthéacs |
|---|---|
| **Timpeallacht Mhaoinithe agus Rialála** | Feidhmíonn EirGrid i dtimpeallacht rialaithe. Mura gcinntítear athléimneacht leordhóthanach airgeadais, mar gheall ar fheidhmíocht mhí-oiriúnach, creataí aisghabhála rialála neamh-leordhóthanacha, rialú easnamhach ar an mbonn costais, agus/nó tosca diúltacha seachtracha, d' fhéadfadh go ndéanfar difear ábhartha don chaoi a n-oibrímid agus dár nathléimneacht airgeadais. Tá seo bunaithe ar an méid seo a leanas:<br>• Mainneachtain soláthar a dhéanamh laistigh de liúntais rialála.<br>• Mainneachtain maoiniú rialála leordhóthanach a fháil chun rudaí a chur i bhfeidhm.<br>• An baol go mbeidh córas maoinithe rialála neamh-leordhóthanach le haghaidh tionscadail Straitéiseacha.<br>• I Nóta 27 de na Ráitis Airgeadais tá tuilleadh eolais le fáil faoi na príomhrioscaí airgeadais atá os comhair an Ghrúpa (riosca leachtachta, riosca margaidh, riosca ráta malairte eachtraí, riosca ráta úis, riosca sreafa airgid, agus riosca creidmheasa. |
| **Sláinte, Sábháilteacht & Folláine** | An riosca go ndéanfaí díobháil thromchúiseach do shábháilteacht, do shláinte nó d' fholláine fostaithe, conraitheoirí nó an phobail mar thoradh ar oibríochtaí EirGrid. Tá siad bunaithe ar an méid seo a leanas:<br>• Polasaithe agus nósanna imeachta neamh-leordhóthanacha.<br>• Inniúlacht neamh-leordhóthanach (oiliúint, eolas agus taithí)..<br>• Easpa comhlíonta i dtaca le caighdeáin agus nósanna imeachta. |
| **Comhlíontacht** | Mainneachtain cloí leis na hoibleagáidí dlíthiúla infheidhmithe (oibleagáidí reachtúil, rialúcháin, ceadúnais). Tá siad bunaithe ar an méid seo a leanas:<br>• Easpa feasachta ar oibleagáidí comhlíonta agus tuairiscithe.<br>• Gan oibleagáidí comhlíonta agus tuairiscithe a chomhlíonadh agus gníomh forfheidhmithe, pionóis airgeadais agus/nó damáiste do chlú mar thoradh.<br>• Mainníonn creat beartais um chomhlíontacht coinneáil suas le luas an athraithe.<br>• Leibhéil mhéadaithe na n-oibleagáidí dlíthiúla – méid, castacht agus idirnascacht. |
| **Aeráid – Fisiceach** | Méadú ar mhinicíocht imeachtaí adhaimsire a mbíonn tionchar acu ar an riosca do shócmhainní fisiceacha atá faoi úinéireacht/á n-oibriú /á gcothabháil ag EirGrid. Tá siad bunaithe ar an méid seo a leanas:<br>• Minicíocht mhéadaithe ar dhamáiste do shócmhainní mar gheall ar imeachtaí adhaimsire.<br>• Treochtaí stairiúla a úsáidtear i dtoimhdí samhaltaithe.<br>• Coinníollacha aeráide a bhfuil tionchar acu ar chríochnú na tógála ar an Idirnascaire Ceilteach.<br>• Costais mhéadaitheacha a bhaineann le sócmhainní a chothabháil agus saolré sócmhainní laghdaithe agus/nó costais chothabhála/ athsholáthair mhéadaithe mar thoradh.<br>• Athruithe ar dhálaí séasúracha (fad agus uainiú) a bhíonn mar bhonn le hintuarthacht laghdaithe a mbíonn dúshláin phleanála bhristeacha mar thoradh orthu. |





## Luach Saothair

Áirítear leis na ráitis airgeadais €118,834 (2023: €103,861) do tháillí an Chathaoirligh agus na Stiúrthóirí, de réir leibhéil luach saothair an Chathaoirligh agus Chomhaltaí Boird Chomhlachtaí Stáit, arna bhfaomhadh ag an Aire Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh an Phlean Forbartha Náisiúnta agus Athchóirithe, agus na socruithe leasaithe maidir le táillí boird a íoc le fostaithe san earnáil phoiblí, faoi Phrionsabal 'Duine Amháin Tuarastal Amháin" an Aire Caiteachais Phoiblí, Seachadadh an Phlean Forbartha Náisiúnta agus Athchóirithe.

Faoi na leibhéil luacha saothair cheadaithe, bhí táillí an Chathaoirligh cothrom le € 21,600 sa bhliain le linn na bliana airgeadais (2023: €21,600 sa bhliain). Bhí táillí na stiúrthóirí cothrom le €12,600 an duine sa bhliain, le linn na bliana ( 2023: €12,600 an duine sa bhliain).

| Ainm | Táillí iomlána (€) |
|---|---:|
| Brendan Tuohy (Cathaoirleach) | 21,600 |
| Shane Brennan | 12,600 |
| Tom Coughlan | 12,600 |
| Theresa Donaldson | 12,600 |
| Michael Hand | 12,600 |
| James Nyhan | 12,600 |
| Michael O'Sullivan (d'éirigh sé as ar an 14 Nollaig 2023) | 2,589 |
| Rosa M Sanz Garcia | 12,600 |
| Ivan Schuster (thosaigh a théarma ar 27 Márta 2024) | 6,445 |
| Pauline Walsh | 12,600 |
| **Iomlán** | **118,834** |

Tá Príomhfheidhmeannach EirGrid ina Stiúrthóir ex-officio ar EirGrid cpt. Is é an tAire Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh PFN agus Athchóirithe, agus an tAire Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide, a shocraíonn luach saothair an Phríomhfheidhmeannaigh.

Bhí an tUasal Mark Foley ina Phríomhfheidhmeannach ar feadh na tréimhse ón 1 Deireadh Fómhair 2023. Ar an 12 Aibreán 2024, thug an tUasal Foley fógra de réir théarmaí a chonartha go raibh sé beartaithe aige éirí as mar Phríomhfheidhmeannach. Léiríonn an luach saothair a nochtar sa tábla thíos an tréimhse 1 Deireadh Fómhair 2023 go 12 Aibreán 2024.*

San áireamh i luach saothair an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin tá tuarastal bunúsach, sochair inchánacha agus sochair scoir áirithe. Ríomhtar sochair scoir an Phríomhfheidhmeannaigh ar bhonn bunphá amháin agus is é is aidhm acu ná pinsean atá cothrom le haon ochtódú den tuarastal in aghaidh na bliana seirbhíse, agus bónas de thrí ochtódú den tuarastal in aghaidh na bliana seirbhíse mar Phríomhoifigeach Feidhmiúchán nuair a rachaidh sé/sí ar scor.

| | Buntuarastal | Bónas bliantúil | Sochair inchánacha | Ranníocaíochtaí pinsin a íocadh (sochar sainithe ar fad) | Táillí Stiúrthóra | Iomlán |
|---|---:|---:|---:|---:|---:|---:|
| | €'000 | €'000 | €'000 | €'000 | €'000 | €'000 |
| Mark Foley (ar scor 12 Aibreán 2024) | 135 | | 7 | 32 | | 174 |
| **Iomlán 30 MF 24** | **135** | | **7** | **32** | | **174** |

Tar éis don Uasal Mark Foley éirí as mar Phríomhfheidhmeannach EirGrid in Aibreán 2024, cheap an Bord an tUasal Martin Corrigan, Príomhoifigeach Rialachais, i ról an Phríomhfheidhmeannaigh Eatramhaigh don tréimhse agus tugadh faoin bpróiseas foirmiúil chun Príomhfheidhmeannach nua a roghnú. Ní Stiúrthóir Feidhmiúcháin é an Príomhfheidhmeannach Eatramhach.

*Rinneadh íocaíochtaí arb ionann iad agus €173,076 san iomlán leis an Uas. Foley in ionad fógra agus laethanta saoire fabhraithe de réir théarmaí a chonartha fostaíochta.



# Tuarascáil na Stiúrthóirí

Cuireann na Stiúrthóirí a dtuarascáil bhliantúil agus ráitis airgeadais iniúchta an Ghrúpa agus na Cuideachta don bhliain airgeadais dar críoch an 30 Meán Fómhair 2024 i láthair. Tá an Grúpa comhdhéanta den Mháthairchuideachta agus a fochuideachtaí arna nochtadh i nóta 31(e) de na Ráitis Airgeadais.

## Príomhghníomhaíochtaí

Lean EirGrid ar aghaidh ag feidhmiú an chórais cumhachta agus ag cinntiú go ndéantar é a chothabháil agus a fhorbairt go héifeachtúil agus go héifeachtach de réir riachtanais ár gceadúnais mar Oibritheoir Córais Tarchurtha (OCT) d'Éirinn, arna eisiúint ag an gCoimisiún um Rialáil Fóntas (CRU). Ina theannta sin, lean Idirnascaire EirGrid CGA ar aghaidh ag oibriú an Idirnascaire Thoir Thiar i gcomhréir leis an gceadúnas oibreora idirnascaire CRU agus ó Ofgem. Tríd an Idirnascaire Ceilteach CGA, ar comhfhiontar le OCT na Fraince, Réseau de Transport d'Électricité (RTE) é, leanamar orainn ag forbairt an Idirnascaire Cheiltigh idir Éire agus an Fhrainc.

Tar éis fhoilsiú Ráiteas Beartais an Rialtais ar an gCreat do Chóras Tarchuir Leictreachais Amach ón gCósta na hÉireann i mí na Bealtaine 2021, ainmníodh EirGrid mar úinéir ar shócmhainní amach ón gcósta an chórais tarchurtha agus oibritheoir an chórais freisin. Ritheadh reachtaíocht chuige sin sa Bhille um Pleanáil Limistéir Mhuirí i mí na Nollag 2021.

Ar an 30 Lúnasa 2022, d'fhoilsigh an Rialtóir Fóntas (RF) i dTuaisceart Éireann a chinneadh maidir le rialachas SONI agus modhnuithe ar a cheadúnas OCT. Códaíodh na modhnuithe sin i gceadúnas SONI ar an 26 Deireadh Fómhair 2022. Éilíonn coinníollacha nua an cheadúnais, i measc ceanglais eile, go mbunófaí bord SONI Teo, ar a mbeadh comhaltaí neamhspleácha den chuid is mó (agus go mbeadh gach stiúrthóir faofa ag an Rialtóir Fóntas); srian ar chinnteoireacht scairshealbhóirí le nach mbeadh cead acu na nithe sin atá forchoimeádta do chinnteoireacht scairshealbhóirí faoi UK Companies Act 2006 a chinneadh, mar aon le neamhspleáchas bainistíochta, oibriúcháin agus acmhainní ó EirGrid cpt. Garsprioc thábhachtach a bhain leis na socruithe rialachais nua a cheanglaítear faoi cheadúnas SONI a chur i bhfeidhm ab ea gur ceapadh ceathrar stiúrthóirí neamhspleácha nua ar bhord SONI Teo le héifeacht ón 1 Deireadh Fómhair 2023. Ón dáta seo, níl smacht ag EirGrid cpt ar SONI Teo a thuilleadh. Táimid ag leanúint leis an gcinneadh seo a chur i bhfeidhm agus táimid ag obair le SONI chun na gnólachtaí a dhíchumasc de réir choinníoll an cheadúnais nua.

Feidhmíonn EirGrid agus SONI Teo an margadh mórdhíola leictreachais in Éirinn agus i dTuaisceart Éireann trí chomhlacht ar a dtugtar SEMO (Oibritheoir an Mhargaidh Leictreachais Aonair) agus SEMOpx. Bunaíodh an margadh mórdhíola leictreachais uile-oileáin in 2007, faoi reachtaíocht a achtaíodh in Éirinn agus i dTuaisceart Éireann. Sa chomhthéacs seo, cuimsíonn an téarma 'Grúpa' na gníomhaíochtaí ar fad a luaitear thuas (oibritheoir córais tarchurtha in Éirinn Éirinn agus i dTuaisceart Éireann; oibritheoir margaidh agus oibritheoir ainmnithe sa mhargadh leictreachais ar son oileán na hÉireann; oibritheoir an Idirnascaire Thoir-Thiar (INTT), gníomhaíochtaí teileachumarsáide ar INTT agus gníomhaíochtaí forbartha tionscadail an Idirnascaire Cheiltigh.

Bailíonn an Grúpa táillí chun tacú leis na gníomhaíochtaí seo. Ceadaíonn na táillí seo dreasachtaí agus fáltais rialaithe le haghaidh caipiteal a infheistítear sa ghnó, rud a ghineann luach don Ghrúpa san fhadtéarma.

## Torthaí an Ghnó agus Athbhreithniú ar an nGnó

Tá sonraí torthaí airgeadais an Ghrúpa leagtha amach sa Ráiteas Ioncaim Comhdhlúite ar leathanach 183 agus sna nótaí gaolmhara ar leathanach 187.

Is í an bhliain airgeadais dar críoch an 30 Meán Fómhair 2024 an tréimhse reatha atá á tuairisciú. Baineann na figiúirí comparáideacha leis an mbliain airgeadais dar críoch an 30 Meán Fómhair 2023.

Tá tráchtaireacht ar fheidhmíocht EirGrid le linn na bliana airgeadais dar críoch 30 Meán Fómhair 2024, lena n-áirítear faisnéis ar imeachtaí a tharla le déanaí agus forbairtí amach anseo, le fáil i dTuarascáil an Chathaoirligh, in Athbhreithniú an Phríomhfheidhmeannaigh, agus i gcodanna Athbhreithnithe Airgeadais den Tuarascáil Bhliantúil seo.

## Príomhrioscaí agus Neamhchinnteachtaí

Tá plé déanta ar leathanaigh 154-158 den tuarascáil ar achoimre ar na príomhrioscaí agus neamhchinnteachtaí atá le sárú ag an nGrúpa. Áirítear i Nóta 27 anailís iomlán ar chuspóirí, polasaithe agus risíochtaí bainistíochta riosca airgeadais na Cuideachta.

## Díbhinní

Tá an Bord ag moladh go n-íocfar díbhinn deiridh de € 4m (2023: € 4m) don bhliain airgeadais dar críoch an 30 Meán Fómhair 2024.

## Leas na Stiúrthóirí agus Rúnaí na Cuideachta i Scaireanna

Na Stiúrthóirí agus Rúnaí na Cuideachta a bhí i seilbh oifige idir an 1 Deireadh Fómhair 2023 agus an 30 Meán Fómhair 2024, ní raibh aon leas tairbhiúil acu i scaireanna an Ghrúpa. Tá gnáthscair amháin de chuid na Cuideachta i seilbh an Aire Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide agus tá an chuid eile den scairchaipiteal eisithe i seilbh an Aire Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh PFN agus Athchóirithe, nó ar a s(h)on.

Ar dháta an chláir comhardaithe an 30 Meán Fómhair 2024, bhí scair amháin an duine ag Brendan Tuohy, Martin Corrigan, agus Michael Behan i scairchaipiteal na Cuideachta thar ceann an Aire Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh an Phlean Forbartha Náisiúnta agus Athchóirithe.

## Síntiúis Pholaitíochta

Ní thugann an Grúpa síntiúis pholaitíochta.

## Gnóthas Leantach

Tá na Stiúrthóirí muiníneach, ar bhonn na réamh-mheastacháin airgeadais reatha agus na n-áiseanna creidmheasa atá ar fáil, go bhfuil acmhainní leordhóthanacha ag an gCuideachta agus ag an nGrúpa ina iomláine chun leanúint ar aghaidh ag feidhmiú go ceann i bhfad, tráth nach lú ná 12 mhí ó dháta na tuarascála seo. Tá an measúnú seo déanta acu tar éis breithniú a dhéanamh ar na sreafaí airgid réamh-mheasta don todhchaí intuartha, lena n-áirítear measúnú ar athraithis fhéideartha sna réamhaisnéisí sin.

I dtaca le Rialachán (AE) 2019/943 – thionscain dhá ghrúpa ar leith d'fhorbróirí feirmeacha gaoithe imeachtaí Athbhreithniú Breithiúnach Ard-Chúirte ag tabhairt aghaidh ar dhlíthiúlacht chinneadh CMLA Márta 2022 (*MLA-22-009*) ('Cinneadh CMLA') ina raibh cinntí maidir le conas an fhoráil chúitimh a leagtar amach in Airteagal 13(7) de Rialachán AE 2019/943 ('an Rialachán') a chur chun feidhme. Eisíodh breithiúnas na hArd-Chúirte i mí na Samhna 2023 agus leagadh amach ann cinneadh na Cúirte go bhfuil roinnt gnéithe de Chinneadh CMLA ag teacht salach ar Airteagal 13(7) agus gur cheart go n-íocfadh EirGrid, mar OCT, cúiteamh. Tá achomharc déanta ag CRU, ag gníomhú dó tríd an CMLA, i gcoinne chinneadh na hArd-Chúirte agus tá iarratas déanta aige ar cheist a chur chuig an gCúirt Bhreithiúnais Eorpach i Lucsamburg ('CBE') maidir le léirmhíniú cuí an Rialacháin. D'éist an Chúirt Uachtarach leis an achomharc i mí na Nollag 2024, ach, níl aon chinneadh déanta go dtí seo agus tá bac fós ar na horduithe deiridh ón Ard-Chúirt go dtí go mbeidh imeachtaí na Cúirte Uachtaraí tugtha chun críche. Toisc nach bhfuil an tsaincheist seo socraithe, níl páipéar cinnidh athbhreithnithe eisithe ag an CMLA fós maidir le conas a chuirfear an Breithiúnas i bhfeidhm, agus mar sin tá éiginnteacht ann maidir le candam agus uainiú na n-íocaíochtaí ach soláthraíonn an bac ar na horduithe deiridh roinnt cinnteachta maidir le sreafaí airgid sa ghearrthéarma agus sa mheántéarma. D'fhormheas CRU agus coiste an MLA freisin liúntais táillí 2025 don Phacáiste Fuinnimh Ghlan a bhaileofar agus a imfhálófar go dtí go nochtfar toradh an achomhairc CRU, chun a chinntiú go mbeidh leachtacht leordhóthanach ar fáil chun na dliteanais ionchasacha a d'fhéadfadh teacht chun cinn a mhaoiniú.

## Taifid Chuntasaíochta

Is iad na bearta atá glactha ag na Stiúrthóirí chun comhlíonadh cheanglais Ailt 281 go 285 d'Acht na gCuideachtaí 2014 a chinntiú maidir le taifid chuntasaíochta a choinneáil ná pearsanra cuntasaíochta atá cáilithe go cuí a fhostú agus córais agus nósanna imeachta cuntasaíochta oiriúnacha a úsáid. Tá na taifid chuntasaíochta á gcoimeád i bhfoirgneamh an Ubhchrutha, 160 Bóthar Shíol Bhroin, Droichead na Dothra, Baile Átha Cliath D04 FW28.

## Teagmhais Iarchláir Comhardaithe

Tá sonraí ar imeachtaí iarchláir chomhardaithe shuntasacha leagtha amach i nóta 31(x) de na ráitis airgeadais.

## Na hIniúchóirí

Chuir na hiniúchóirí, Deloitte Ireland LLP, Cuntasóirí Cairte agus Gnólacht Iniúchta Reachtúil, in iúl go bhfuil siad toilteanach leanúint in oifig de réir Alt 383(2) d'Acht na gCuideachtaí 2014.

## Nochtadh Faisnéise do na hIniúchóirí

Chomh fada agus is eol do gach Stiúrthóir a bhí in oifig ar dháta ceadaithe na ráiteas airgeadais:

- Níl aon fhaisnéis iniúchta ábhartha nach bhfuil iniúchóirí na Cuideachta ar an eolas faoi; agus
- Ghlac na Stiúrthóirí gach beart ba chóir dóibh a ghlacadh mar Stiúrthóirí chun iad féin a chur ar an eolas faoi aon fhaisnéis iniúchta ábhartha agus chun a dheimhniú go bhfuil iniúchóirí na Cuideachta ar an eolas faoin bhfaisnéis sin.

## Ráiteas Comhlíontachta na Stiúrthóirí

Chun críocha alt 225 d'Acht na gCuideachtaí 2014 (an 'Acht'), mar Stiúrthóirí:

- Admhaímid go bhfuilimid freagrach as a chinntiú go gcomhlíonann an Chuideachta a cuid oibleagáidí ábhartha mar atá sainmhínithe in alt 225(1) den Acht (na 'oibleagáidí iomchuí'); agus
- Deimhnímid go bhfuil gach ceann díobh seo a leanas déanta:
    i. Dréachtaíodh ráiteas comhlíonta (mar atá sainmhínithe in alt 225(3)(a) den Acht) ina leagtar amach beartais na Cuideachta (atá inár dtuairim, oiriúnach don Chuideachta) maidir leis an dóigh a gcomhlíonfaidh an Chuideachta a hoibleagáidí ábhartha;
    ii. Tá socruithe nó struchtúir chuí curtha i bhfeidhm, dar linne, atá deartha chun comhlíonadh ábhartha oibleagáidí na Cuideachta a chinntiú; agus
    iii. Le linn na bliana airgeadais lena mbaineann an tuarascáil seo, rinneadh athbhreithniú ar na socruithe nó struchtúir dá dtagraítear i mír (ii) thuas.

## Arna cheadú ag an mBord agus arna shíniú thar a cheann:



**Brendan Tuohy,**
Cathaoirleach, EirGrid cpt



**Ivan Schuster**
Comhalta Boird, EirGrid cpt

Dáta: 24 Eanáir 2025

# Ráiteas Freagrachtaí na Stiúrthóirí

Tá na Stiúrthóirí freagrach as Tuarascáil na Stiúrthóirí agus na ráitis airgeadais a ullmhú de réir Acht na gCuideachtaí, 2014, agus na rialachán is infheidhme.

Ceanglaíonn dlí cuideachtaí na hÉireann ar na Stiúrthóirí ráitis airgeadais a ullmhú do gach bliain airgeadais. De réir an dlí, roghnaigh na Stiúrthóirí ráitis airgeadais an Ghrúpa a ullmhú i gcomhréir leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta um Thuairisciú Airgeadais (CITA) ar ghlac an tAontas Eorpach leo, agus ráitis airgeadais na Cuideachta a ullmhú de réir Chreat Nochta Laghdaithe CTA 101 (Márta 2018). Faoi dhlí na gcuideachtaí, níl cead ag na Stiúrthóirí na ráitis airgeadais a fhaomhadh ach amháin má tá siad sásta go dtugtar léargas fírinneach cóir iontu ar shócmhainní, dliteanais agus staid airgeadais na Cuideachta agus an Ghrúpa amhail dáta deireadh na bliana airgeadais, agus ar bhrabús nó caillteanas an Ghrúpa sa bhliain airgeadais, agus ní mór dóibh cloí ar gach bealach eile le hAcht na gCuideachtaí, 2014.

Fad is atá na ráitis airgeadais seo á n-ullmhú, ceanglaítear ar na Stiúrthóirí an méid seo a leanas a dhéanamh:

- Beartais chuntasaíochta oiriúnacha a roghnú do ráitis airgeadais na Máthairchuideachta agus an Ghrúpa agus iad a chur i bhfeidhm go seasta;
- Breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh atá réasúnach agus stuama;
- A shonrú cibé acu ar ullmhaíodh nó nár ullmhaíodh na ráitis airgeadais i gcomhréir leis na caighdeáin chuntasaíochta is infheidhme, na caighdeáin sin a shainaithint, agus aird a thabhairt ar éifeacht agus cúiseanna aon imeachta ábhartha ó na caighdeáin sin; agus
- Na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn an ghnóthais leantaigh ach amháin má tá sé míchuí glacadh leis go leanfaidh an Chuideachta i mbun gnó.

A shonrú cibé acu ar ullmhaíodh nó nár ullmhaíodh na ráitis airgeadais i gcomhréir leis na caighdeáin chuntasaíochta is infheidhme, na caighdeáin sin a shainaithint, agus aird a thabhairt ar éifeacht agus cúiseanna aon imeachta ábhartha ó na caighdeáin sin;

Chomh maith leis sin, tá na Stiúrthóirí freagrach as sócmhainní na Cuideachta a chosaint agus as bearta réasúnta a dhéanamh dá bharr chun calaois agus neamhrialtachtaí eile a chosc agus a bhrath. Tá na Stiúrthóirí freagrach as an bhfaisnéis chorparáideach agus airgeadais atá ar shuíomh gréasáin na Cuideachta a chothabháil, agus tá siad freagrach freisin as sláine na faisnéise sin.

## Arna cheadú ag an mBord agus arna shíniú thar a cheann:



**Brendan Tuohy,**
Chairperson, EirGrid plc



**Ivan Schuster**
Board Member, EirGrid plc

Date: 24 January 2025

# Acrainmneacha agus Gluais Téarmaí

07

## Acrainmneacha

| | |
|---|---|
| **ABP** | An Bord Pleanála |
| **AP6** | Athbhreithniú Praghas 6 |
| **ÁTLM** | Ár dTodhchaí Leictreachais a Mhúnlú |
| **ÁTLM I1.1** | Leagan 1.1 Ár dTodhchaí Leictreachais a Mhúnlú |
| **BSL** | Bord Soláthair an Leictreachais |
| **CCCT** | Comhchlár Claochlaithe Bristeacha |
| **CCE** | Saoráid um Chónascadh na hEorpa / An Ciste um Chónascadh na hEorpa |
| **CE** | Comhphobail Eorpacha |
| **CFLA** | Cásanna Fuinnimh na Todhchaí |
| **CITA** | Caighdeáin Idirnáisiúnta um Thuairisciú Airgeadais |
| **CMLA** | Coiste Margaidh Leictreachais Aonair |
| **CRM** | Sásra um Íocaíocht Toillte |
| **CRU** | An Coimisiún um Rialáil Fóntais |
| **CSFG** | Córas Stórála Fuinnimh i gCeallraí |
| **CSP** | Ciste Sochair Pobail |
| **CSS** | Clár Sceidealaithe agus Seolta |
| **CSR** | Comhshaol, Sóisialta agus Rialachas |
| **DECC** | An Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide |
| **ENTSO-E** | Líonra Eorpach d'Oibritheoirí Córais Tarchurtha Leictreachais |
| **ETIM** | Eolaíocht, Teicneolaíocht, Innealtóireacht agus Matamaitic |
| **FCODC** | Forbairt Cheantar Oirdheisceart Chorcaí |
| **FIAC** | Fuinneamh In-athnuaite Amach ón gCósta |
| **FIF-L** | Foinsí In-athnuaite Fuinnimh do Leictreachas |
| **FL** | Feithicil Leictreach |
| **GCC** | An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil |
| **GCT** | Gáis Ceaptha Teasa |
| **GES** | Giniúint Éigeandála Sealadach |
| **GÉSF** | Grúpa Éigeandála Slándála Fuinnimh |
| **GOF** | Gnó ag Obair go Freagrach |
| **GPÉ** | Gnó sa Phobal in Éirinn |
| **GV** | Gigeavata |
| **IC&L** | An tIonchas maidir le Cailliúint Lóid |
| **IN** | Idirnascaire |
| **INTT** | An tIdirnascaire Thoir-Thiar |
| **kV** | Cileavolta |
| **LBSL** | Líonraí Bhord Soláthair an Leictreachais |
| **LRP** | Líonraí Rannpháirtíochta Pobail |
| **LT** | Leathstáit Tráchtála |
| **MLA** | Margadh Leictreachais Aonair |
| **MLRR** | Margadh Lá Roimh Ré |
| **MST** | Measúnacht Straitéiseach Timpeallachta |
| **Mt** | Milliún Tona |
| **$MtCO_2e$** | Milliún Tona de Choibhéis Dé-ocsaíde Carbóin |
| **MV** | Meigeavata |
| **M&T** | Monatóireacht agus Tuairisciú |
| **NewERA** | An tÚdarás um Gheilleagar Nua agus um Théarnamh |
| **NSÓ** | Nuálaithe Sóisialta Óga |
| **OAML** | Oibritheoir Ainmnithe sa Mhargadh Leictreachais |
| **OCD** | Oibritheoir Córais Dáilte |
| **OCT** | Oibritheoir Córais Tarchurtha |
| **Ofgem** | Oifig na Margaí Gáis agus Leictreachais |
| **OII** | Oifigeach Idirchaidrimh Iascaigh |
| **PCMS CT** | Plean Ceantar Muirí Sainithe an Chósta Theas |
| **PFG** | Pacáiste Fuinnimh Glan |
| **PFLAC** | Plean Forbartha Líonra Amach ón gCósta |
| **PFLDB** | Plean Forbartha Líonra Deich mBliana |
| **PGA** | Plean Gníomhaithe ar son na hAeráide |
| **PMS** | Pointe Mór-Sholáthair |
| **PTD** | Poitéinseal Téimh Domhanda |
| **PUSAC** | Plean Ullmhachta le haghaidh Sócmhainní Amach ón gCósta |
| **RAM** | Ráta Athraithe Minicíochta |
| **RBFF** | Rogha Bealaí is Fearr Feidhmíochta |
| **RDS** | Rátáil Dhinimiciúil Sreang |
| **RCPSPA** | An Roinn Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh PFN agus Athchóirithe |
| **RF** | An Rialtóir Fóntas |
| **RRC** | Rialachas, Riosca agus Comhlíonadh |
| **RTE** | Réseau de Transport d'Électricité |
| **SAAV** | Sruth Ailtéarnach Ardvoltais |
| **SÁ** | Saineolaithe Ábhair |
| **SCS** | Seirbhísí Comhardaithe Seolta |
| **SDAV** | Sruth Díreach Ardvoltais |
| **SEAI** | Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann |
| **SEMO** | Oibritheoir an Mhargaidh Leictreachais Aonair |
| **SFI** | Sprioc Forbartha Inbhuanaithe |
| **SFTF** | Stóráil Fhadtréimhseach Fuinnimh |
| **SONI** | Oibritheoir Córais do Thuaisceart Éireann |
| **SS&C** | Sláinte, Sábháilte agus Comhshaol |
| **SSCT** | Socruithe do Sheirbhísí Córais sa Todhchaí |
| **STLIA** | Scéim Tacaíochta Leictreachais In-athnuaite |
| **STFIAC** | Scéim Tacaíochta Fuinnimh In-Athnuaite Amach ón gCósta |
| **STIC** | Seirbhísí Táimhe Ísealcharbóin |
| **tSBE** | Tionscnamh Spriocanna Bunaithe ar Eolaíocht |
| **TLC** | Tionscadal Leasa Choitinn |
| **TMFN** | An Treoir maidir le Faisnéis Neamhairgeadais |
| **TMTT** | Tuarascáil ar Mheasúnacht Tionchair Timpeallachta |
| **TNC** | Treá Neamhshioncronach Córais |
| **T&F** | Taighde agus Forbairt |
| **TFIA** | Treoir maidir le Fuinneamh In-athnuaite |
| **TTCI** | Treoir maidir le Tuairisciú Corparáideach i dtaca le hInbhuanaitheacht |
| **UAE** | Uasteorainneacha Astaíochtaí Earnála |
| **ÚCNÉ** | Údarás um Chaighdeáin Náisiúnta na hÉireann |
| **ÚCT** | Úsáid an Chórais le haghaidh Tarchuir |
| **ÚNI** | An tÚdarás Náisiúnta Iompair |

# Gluais Téarmaí

### An Bord Pleanála

Údarás pleanála náisiúnta neamhspleách na hÉireann.

### Plean Gníomhaithe ar son na hAeráide (PGA)

Plean de chuid Rialtas na hÉireann ina leagtar amach treochlár chun astaíochtaí na hÉireann a laghdú ina leath faoi 2030 agus glan-nialas a bhaint amach tráth nach déanaí ná 2050.

### Toilleadh

An méid leictreachais is féidir a aistriú go sábháilte ar an gcóras cumhachta nó ar líne nó ciorcad.

### Sásra um Íocaíocht Toillte (CRM)

Tá an Sásra um Íocaíocht Acmhainneachta (SÍA) deartha chun a chinntiú go bhfreastalaítear ar an éileamh ar leictreachas i gcónaí. Is é an aidhm fhoriomlán atá le SÍA ná slándáil an tsoláthair a chinntiú, agus chomh maith leis sin, a chinntiú nach n-íocann tomhaltóirí le haghaidh níos mó toillte ná mar atá riachtanach.

### Astaíochtaí Carbóin

Scaoileadh carbóin isteach san atmaisféar, trí ghníomhaíocht amhail breoslaí iontaise a dhó.

### Buiséad Carbóin

Liúntas carnach d'astaíochtaí carbóin thar thréimhse ama don gheilleagar. Mar shampla, tá buiséid charbóin socraithe ag Rialtas na hÉireann don gheilleagar iomlán do na tréimhsí 2021-2025, 2026-2030 agus 2031-2035 (féach freisin Uasteorainneacha Astaíochtaí Earnála).

### Neodracht Aeráide

Coincheap a bhaineann le hastaíochtaí gás ceaptha teasa glan-nialasacha a bhaint amach trí chothromaíocht a chinntiú idir na hastaíochtaí sin agus a mbaint ón atmaisféar.

### Treoir maidir le Tuairisciú Corparáideach i dtaca le hInbhuanaitheacht (TTCI)

Reachtaíocht AE faoin gComhaontú Glas don Eoraip a cheanglaíonn ar chuideachtaí móra agus cuideachtaí liostaithe tuairiscí rialta a fhoilsiú maidir leis na rioscaí sóisialta agus comhshaoil a bhfuil orthu déileáil leo, agus an tionchar atá ag a ngníomhaíochtaí ar dhaoine agus ar an gcomhshaol.

### An Coimisiún um Rialáil Fóntais (CRU)

Rialtóir fuinnimh agus uisce neamhspleách na hÉireann. Rialaíonn an institiúid seo gníomhaíochtaí EirGrid in Éirinn.

### Giniúint Thraidisiúnta

Giniúint leictreachais trí úsáid a bhaint as breoslaí iontaise, amhail gás nádúrtha, gual nó móin.

### Stáisiún Tiontaire

Bonneagar eangaí a thiontaíonn leictreachas ó shruth ailtéarnach (SA) go sruth díreach (SD) agus a mhalairt. Déantar é seo trí chomhlaí leathsheoltóra leictreonacha ardchumhachta, ardvoltais a úsáid.

### Margadh Lá Roimh Ré

Is ceant leictreachais laethúil é margadh lá roimh ré. Dúnann sé an lá sula seachadtar an fuinneamh.

### Trádáil Lá Roimh Ré

Nuair a dhéantar conarthaí idir díoltóir agus ceannaitheoir chun leictreachas a ghiniúint agus a sholáthar an lá dár gcionn.

### Ionad Sonraí

Grúpa mór d'fhreastalaithe ríomhaire líonraithe a úsáidtear chun faisnéis a stóráil go cianda.

### Dícharbónú

Astaíochtaí carbóin a bhaint de ghníomhaíocht. San earnáil leictreachais, sampla is ea deireadh a chur le cineálacha giniúna fuinnimh astaithe carbóin ón gcóras cumhachta. Tarlaíonn astaíochtaí carbóin sa chomhthéacs seo nuair a dhónn gineadóirí traidisiúnta breoslaí iontaise chun leictreachas a chruthú.

### An Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide (RCAC)

Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide Rialtas na hÉireann.

### Éileamh

An méid cumhachta leictrigh a thógann siad siúd a úsáideann leictreachas ón líonra. D'fhéadfaí labhairt faoi seo i dtéarmaí 'buaic-éileamh', arb é an t-uasmhéid cumhachta is féidir a thógáil le linn tréimhse faoi leith.

### Oibritheoir Córais Dáilte (OCD)

Is é an tOibritheoir Córais Dáilte an t-údarás ainmnithe atá freagrach as oibriú an chórais dáilte.

### Déine Astaíochtaí

An méid astaíochtaí carbóin i gcoibhneas le haonad gníomhaíochta aonair. Mar shampla, is ionann an déine astaíochtaí leictreachais agus an méid astaíochtaí carbóin in aghaidh an aonaid leictreachais.

### Fuinnmhithe

Nuair a bhíonn líne nó cábla cumhachta nua ag feidhmiú go hiomlán agus nuair a ghlactar lena leithéid mar chomhpháirt den eangach leictreachais atá ag obair.

### Bord Soláthair an Leictreachais (BSL)

Eagraíocht tráchtála stát-tionscanta in Éirinn. Áirítear ar an ngrúpa cuideachtaí seo Líonraí BSL (LBSL), a bhfuil córas dáileacháin leictreachais in Éirinn á reáchtáil acu.

### Líonra Eorpach d'Oibritheoirí Córais Tarchurtha Leictreachais (ENTSO-E)

An cumann Eorpach atá ag tacú le comhoibriú idir oibritheoirí córais tarchurtha (OCTanna) do leictreachas, a dhéanann ionadaíocht ar 39 OCT ó 35 tír.

### Socruithe Todhchaí do Sheirbhísí Córais (STSC)

Tionscadal a bhfuil sé mar aidhm leis socruithe todhchaí oiriúnacha ceant a fhorbairt do Sheirbhísí Córais bunaithe ar an Dearadh Ardleibhéil (DAL) atá leagtha amach ag Coiste an MLA. Tá sé beartaithe go bhforbróidh na na hOibritheoirí Córais Tarchurtha (OCTanna) modheolaíocht réamhaisnéise toirte le cur i bhfeidhm ar na ceantanna laethúla, agus riachtanais seirbhíse á ríomh gar d'fhíor-am (i.e. an lá roimhe).

### Breoslaí Iontaise

Breoslaí cosúil le gual, ola nó gás, a fhorbraítear faoi thalamh mar thoradh ar iarsmaí dianscaoilte plandaí agus ainmhithe. Astaíonn siad carbón nuair a dhóitear iad agus glactar leo mar chúis amháin atá leis an athrú aeráide.

### Gineadóir

Saoráid a tháirgeann leictreachas. Is féidir cumhacht a ghiniúint ó fhoinsí éagsúla, mar shampla, stáisiúin chumhachta ghualbhreoslaithe, stáisiúin chumhachta ghásdhainte agus feirmeacha gaoithe.

### Toilleadh Giniúna

An t-uasmhéid leictreachais atá ar fáil le giniúint bunaithe ar acmhainn aschurtha phoitéinsiúil na ngineadóirí leictreachais atá nasctha leis an eangach.

### Gigeavata

Tá billiún vata i ngigeavata (féach freisin Vata).

### Eangach

Féach an Líonra Tarchuir.

### Sruth Díreach Ardvoltais (SDAV)

Úsáideann córas tarchuir cumhachta leictrigh SDAV sruth díreach chun cumhacht leictreach a tharchur go mór mór.

### Idirnasc

Tarchur leictreachais ardvoltais idir eangacha leictreachais i ndlínsí éagsúla.

### Caighdeáin Idirnáisiúnta um Thuairisciú Airgeadais (CITA)

Tacar caighdeán cuntasaíochta domhanda chun ráitis airgeadais a ullmhú agus a thíolacadh ar mhaithe le comhsheasmhacht, trédhearcacht agus inchomparáideacht a chinntiú.

### Cileavolta (kV)

Voltas oibriúcháin threalamh tarchuir an leictreachais. Tá cileavolta amháin cothrom le míle volta. An voltas is airde ar chóras tarchuir na hÉireann ná 400kV.

### Meigeavata (MV)

Tá 1 mhilliún vata i meigeavata. Is é vata an t-aonad cumhachta caighdeánach (féach freisin Vata).

### Milliún Tona de Choibhéis Dé-ocsaíde Carbóin ($MtCO_2e$)

Is tomhas é coibhéis dé-ocsaíde charbóin a úsáidtear chun astaíochtaí ó gháis ceaptha teasa éagsúla a chur i gcomparáid lena n-acmhainneacht téimh dhomhanda. I gcás méideanna níos mó déantar é seo a thomhas go hiondúil in aonaid na milliún tonna.

### Oibritheoir Ainmnithe sa Mhargadh Leictreachais (OAML)

Tá OAML ag gach críoch san Eoraip, arna ainmniú ag a rialtóir fuinnimh faoi seach. Tá an OAML freagrach as trádáil lá roimh ré agus ionlae a reáchtáil don mhargadh leictreachais sin. Féadfaidh níos mó ná OAML amháin a bheith ag freastal ar gach críoch, toisc go bhfuil a fheidhmeanna oscailte d'iomaíocht. Is seirbhísí tráchtála iad seo agus tá siad difriúil ó na seirbhísí riachtanacha margaidh a theastaíonn chun margadh leictreachais feidhmiúil a choinneáil ar bun.

### Plean Forbartha Líonra Amach ón gCósta (PFLAC)

Faoi rialachán an AE maidir le Gréasán Fuinnimh Tras-Eorpach (GFTE), ceanglaítear ar Bhallstáit den AE, an Coimisiún Eorpach agus Oibritheoirí Córais Tarchurtha (OCTanna), comhoibriú ar fhorbairt Pleananna Forbartha Líonra Amach ón gCósta. I gcás gach imchuach farraige, ba cheart go n-áireofaí sna pleananna seo acmhainní Foinsí Fuinnimh In-athnuaite (FFI) Amach ón gCósta sna tréimhsí ama ábhartha (2030, 2040, 2050) agus suímh atá tiomanta don ghiniúint amach ón gcósta agus bonneagar tarchuir seo a óstáil.

### Scéim Tacaíochta Fuinnimh In-athnuaite Amach ón gCósta (STFIAC)

Tionscnamh de chuid Rialtas na hÉireann a bhfuil sé mar aidhm leis tacú le tionscadail leictreachais in-athnuaite amach ón gcósta in Éirinn. Is scéim bunaithe ar cheant atá inti, a thugann deis do thionscadail leictreachais in-athnuaite amach ón gcósta tairiscint a dhéanamh ar thoilleadh agus praghas cinnte a fháil don leictreachas a ghineann siad.

### Córas Cumhachta

Iomlán comhtháite an chórais leictreachais níos leithne, ó ghiniúint go tarchur agus ar deireadh go dáileadh.

### Atreisiú

Méadú ar an gcumas ar an eangach leictreachais atá ann cheana trí bhonneagar nua a thógáil nó trealamh atá ann cheana a uasghrádú.

### Giniúint In-athnuaite

Giniúint leictreachais ag úsáid fuinneamh in-athnuaite, amhail hidreafhuinneamh, fuinneamh gaoithe, gréine, taoide agus bithmhaise.

### Foinsí Fuinnimh In-athnuaite don Leictreachas (FFIA-L)

Leictreachas ó fhoinsí in-athnuaite fuinnimh, mar shampla an leictreachas a ghintear ó fhoinsí fuinnimh glan amhail fuinneamh gaoithe, gréine, hidreafhuinneamh, fuinneamh taoide nó tonnta, fuinneamh geoiteirmeach nó fuinneamh bithmhaise in-athnuaite.

### Scéim Tacaíochta Leictreachais In-athnuaite (STLIA)

Tionscnamh de chuid Rialtas na hÉireann chun tacú le tionscadail leictreachais in-athnuaite in Éirinn. Is scéim bunaithe ar cheant atá inti, a thugann deis do thionscadail leictreachais in-athnuaite tairiscint a dhéanamh ar acmhainneacht agus praghas cinnte a fháil don leictreachas a ghineann siad.

### FIF-L

Olltomhaltas deiridh leictreachais ó fhoinsí in-athnuaite.

### Réseau de Transport d'Électricité (RTE)

Is é RTE Oibritheoir Córais Tarchurtha Leictreachais na Fraince. Tá sé freagrach as oibriú, cothabháil agus forbairt na heangaí is mó leictreachais san Eoraip.

### Sceidealú agus Seoladh

An próiseas foriomlán a eascraíonn as na hionchuir, próisis agus aschuir éagsúla a chuireann ar chumas an Oibreora Córais Tarchuir córas slán a sholáthar agus an margadh a chothromú ar bhealach éifeachtúil. Is próiseas leanúnach atá ann atá á bhainistiú ar bhealach comhordaithe ó Ionad Rialaithe an Oibreora Córais Tarchuir trí úsáid a bhaint as raon córas, próiseas agus nósanna imeachta oibríochtúla.

### Spriocanna Bunaithe ar an Eolaíocht

Spriocanna a sholáthraíonn conair do chuideachtaí chun astaíochtaí gás ceaptha teasa (GCT) teasa a laghdú. Meastar go bhfuil spriocanna 'bunaithe ar eolaíocht' má tá siad ar aon dul leis an méid a mheasann an eolaíocht aeráide is déanaí a bheith riachtanach chun spriocanna Chomhaontú Pháras a bhaint amach (i.e. téamh domhanda a theorannú go dtí i bhfad faoi bhun 2°C os cionn leibhéil réamhthionsclaíocha agus iarrachtaí a dhéanamh chun téamh a theorannú go 1.5°C).

### Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann (SEAI)

Údarás fuinnimh inbhuanaithe rialtais a bunaíodh chun fuinneamh inbhuanaithe a fhorbairt in Éirinn a chur chun cinn agus chun cuidiú leis.

### Uasteorainneacha Astaíochtaí Earnála

In Éirinn, leithdháiltearbuiséid charbóin ar fud an gheilleagair ar na hearnálacha éagsúla sa gheilleagar trí úsáid a bhaint as uasteorainneacha astaíochtaí earnála a leithdháileann cuid den bhuiséad carbóin ar gach earnáil (féach freisin Buiséad Carbóin).

### An Margadh Leictreachais Aonair (MLA)

Ceadaíonn an Margadh Leictreachais Aonair, a bhfuil Éire agus Tuaisceart Éireann páirteach ann, leictreachas a thrádáil agus a chur ar fáil ar bhonn uile-oileáin.

### Coiste an Mhargaidh Leictreachais Aonair (CMLA)

An t-údarás cinnteoireachta maidir le gach ceist a bhaineann leis an Margadh Leictreachais Aonair (MLA). Bunaithe in 2007 tar éis an MLA a thabhairt isteach, éilíodh le reachtaíocht go mbunófaí rialachas MLA i bhfoirm Coiste MLA (féach freisin Margadh Leictreachais Aonair).

### Oibritheoir an Mhargaidh Leictreachais Aonair (SEMO)

Comhfhiontar conarthach idir EirGrid cpt agus SONI Limited, an tOibritheoir Margaidh cheadúnaithe d'Éirinn, agus an tOibritheoir MLA ceadúnaithe do Thuaisceart Éireann, faoi seach. Éascaíonn sé oibriú agus riar leanúnach an Mhargaidh Leictreachais Aonair.

### Ár dTodhchaí Leictreachais a Mhúnlú (TLM)

Treochlár forbartha ag EirGrid ina ndéantar cur síos ar phríomhfhorbairtí (bunaithe ar líonraí, rannpháirtíocht, oibríochtaí agus margadh), a theastaíonn chun tacú le haistriú slán uaillmhianta in-athnuaite agus aeráide an Rialtais maidir leis an eangach leictreachais faoin mbliain 2030.

### An tOibritheoir Córais do Thuaisceart Éireann (SONI)

Tá an tOibritheoir Córais do Thuaisceart Éireann freagrach as bainistiú, oibriú agus forbairt na heangaí tarchuir leictreachais i dTuaisceart Éireann.

### Páirtithe Leasmhara

Is daoine aonair nó eagraíochtaí iad seo a bhféadfadh tionchar a bheith ag oibríochtaí EirGrid orthu, nó a d'fhéadfadh tionchar a bheith acu ar oibríochtaí EirGrid.

### Forbairt Bonneagair Straitéisigh

Bonneagar a fhorbairt lena mbaineann tábhacht straitéiseach gheilleagrach nó shóisialta i gcomhthéacs na hÉireann, réigiúin nó ceantar áitiúil.

### Fostáisiún

Tacar trealaimh leictrigh a úsáidtear chun cáblaí nó línte cumhachta a idirnascadh agus an voltas atá á sheoladh chucu a athrú.

### Treá Neamhshioncronach Córais (TNC)

Tomhas fíor-ama den chéatadán giniúna a thagann ó fhoinsí neamhshioncronacha, amhail gaoth agus allmhairí idirnascaire srutha dhírigh ardvoltais, i gcoibhneas le héileamh an chórais.

### Seirbhísí Córais

Seirbhísí atá riachtanach d'oibriú sábháilte agus cobhsaí an chórais tarchuir.

### Oifig na Margaí Gáis agus Leictreachais (Ofgem)

An rialtóir rialtais do na margaí leictreachais agus gáis nádúrtha iartheachtacha sa Bhreatain Mhór.

### Líne Tharchuir

Líne chumhachta ardvoltais a fheidhmíonn ag 400 cV, 220 cV nó 11 0cV ar chóras tarchuir na hÉireann. Ligeann an t-ardvoltas bulc-chumhacht a sheachadadh thar achair fhada le caillteanas cumhachta íosta (féach freisin Cileavolta (cV)).

### Líonra nó Eangach Tharchuir

Is é seo an líonra de thart ar 6,800km de línte, cáblaí agus fostáisiúin cumhachta ardvoltais atá le fáil ar fud na hÉireann. Nascann sé gineadóirí leictreachais leis an líonra dáileacháin agus soláthraíonn sé cumhacht do chustaiméirí móréilimh. Tá sé á oibriú ag EirGrid agus faoi úinéireacht an BSL.

### Oibritheoir Córais Tarchurtha (OCT)

An eagraíocht atá freagrach as oibriú an chórais leictreachais ardvoltais i réigiún faoi leith. In Éirinn, is é EirGrid an OCT.

### Úinéir na Sócmhainne Tarchuir (ÚST)

An eagraíocht atá freagrach as an gcóras tarchuir ardvoltais a thógáil agus a chothabháil i gcomhréir leis na ceanglais atá leagtha amach ag an OCT. In Éirinn, is é Líonraí BSL an ÚST.

### Táille Úsáide Tarchuir an Chórais (ÚTC)

Tá táillí deartha chun na costais a bhaineann leis an gcóras tarchuir a oibriú, a chothabháil agus a fhorbairt a aisghabháil. Aisghabhann na táillí ioncam ó úsáideoirí an chórais tarchuir lena n-áirítear gineadóirí agus úsáideoirí fuinnimh móréilimh atá nasctha leis an gcóras tarchuir nó go hindíreach tríd an gcóras dáileacháin ísealvoltais. Tá dhá chuid den táille: táillí líonraí a bhaineann le bonneagar an chórais tarchuir a úsáid chun leictreachas a iompar agus táillí seirbhísí córais a bhaineann leis na costais a eascraíonn as oibriú agus slándáil an chórais tarchuir.

### An Rialtóir Fóntas (RF)

An institiúid atá freagrach as na tionscail leictreachais, gháis, uisce agus séarachais i dTuaisceart Éireann a rialú.

### Ardú Cumhachta nó Ardú Voltais

Feabhas a chur ar chiorcad reatha (líne lasnairde nó cábla faoi thalamh) a ligeann dó méid níos mó leictreachais a iompar. Ciallaíonn sé seo méadú ar an sreabhadh leictreach nó ar theocht oibriúcháin an chiorcaid.

### Voltas

Tomhas de neart féideartha an tsreabhaidh leictreachais, cosúil le 'brú' i gcóras uisce. Is é voltas an tomhas ar lucht leictreach nó poitéinseal idir dhá phointe (i réimse leictreach) amhail idir foirceann dearfach agus foirceann diúltach cadhnra. Dá airde an voltas is ea is airde sreabhadh féideartha an tsrutha leictreachais.

### Vata

An t-aonad cumhachta caighdeánach i gCóras Idirnáisiúnta na nAonad (CI). Tomhaiseann vata an ráta ar a dtáirgtear nó a ídítear fuinneamh. Mar shampla, ídeoidh fearas leictreach ardvatachta níos mó cumhachta ná fearas ísealvatachta.



# Ráitis Airgeadais

08

# Clár na nÁbhar


| | |
|---|---|
| TUARASCÁIL NA nINIÚCHÓIRÍ NEAMHSPLEÁCHA CHUIG COMHALTAÍ EIRGRID CPT | 179 |
| RÁITEAS IONCAIM COMHDHLÚITE | 183 |
| RÁITEAS COMHDHLÚITE AR IONCAM CUIMSITHEACH | 183 |
| CLÁR COMHARDAITHE COMHDHLÚITE | 184 |
| RÁITEAS COMHDHLÚITE AR ATHRUITHE AR CHOTHROMAS | 185 |
| RÁITEAS SREABHAIDH AIRGID COMHDHLÚITE | 186 |
| NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS | 187 |
| RÁITIS AIRGEADAIS NA CUIDEACHTA | 252 |




## Tuarascáil na nIniúchóirí Neamhspleácha chuig Comhaltaí EirGrid cpt

### Tuairisc maidir le hiniúchadh na ráiteas airgeadais

**Tuairim ar ráitis airgeadais EirGrid cpt ('an chuideachta')**

Inár dtuairim déanann ráitis airgeadais an ghrúpa agus na máthairchuideachta na nithe seo a leanas:

- léargas fíor agus cothrom a thabhairt ar shócmhainní, dliteanais agus staid airgeadais an ghrúpa agus na máthairchuideachta amhail an 30 Meán Fómhair 2024 agus ar bhrabús an ghrúpa agus na máthairchuideachta don bhliain airgeadais dar críoch an tráth sin; agus
- ullmhaíodh iad i gceart i gcomhréir leis na creataí tuairiscithe airgeadais cuí agus, go háirithe, le riachtanais Acht na gCuideachtaí, 2014.

Is éard atá sna ráitis airgeadais a ndearnamar iniúchadh orthu ná:

- ráitis airgeadais an Ghrúpa:
  - Ráiteas Comhdhlúite ar Ioncam;
  - Ráiteas Comhdhlúite ar Ioncam Cuimsitheach
  - An Clár Comhardaithe Comhdhlúite;
  - Ráiteas Comhdhlúite ar Athruithe ar Chothromas;
  - Ráiteas Comhdhlúite ar Shreabhadh Airgid; agus
  - na nótaí gaolmhara 1 go 30, lena n-áirítear faisnéis ábhartha faoin bpolasaí cuntasaíochta mar atá leagtha amach i nóta 2.
- ráitis airgeadais na máthairchuideachta:
  - an Clár Comhardaithe;
  - an Ráiteas ar Athruithe ar Chothromas; agus
  - na nótaí gaolmhara 31(A) go 31(Y), lena n-áirítear faisnéis ábhartha faoin bpolasaí cuntasaíochta mar atá leagtha amach i nóta 2.

Is é an creat tuairiscithe airgeadais ábhartha a cuireadh i bhfeidhm in ullmhú ráitis airgeadais an ghrúpa ná Acht na gCuideachtaí, 2014 agus na Caighdeáin Chuntasaíochta CITA arna n-eisiúint ag an mBord um Chaighdeáin Idirnáisiúnta Chuntasaíochta (BCIC) agus arna nglacadh ag an Aontas Eorpach ("an creat tuairiscithe airgeadais ábhartha"). Is é an creat tuairiscithe airgeadais ábhartha a cuireadh i bhfeidhm in ullmhú ráitis airgeadais na máthairchuideachta ná Acht na gCuideachtaí, 2014 agus CTA 101 'Creat Nochta Laghdaithe' arna eisiúint ag an gComhairle Tuairiscithe Airgeadais ("an creat ábhartha tuairiscithe airgeadais").

### Bunús tuairime

Rinneamar an t-iniúchadh i gcomhréir leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta Iniúchóireachta (Éire) agus leis an dlí is infheidhme. Déantar cur síos ar ár bhfreagrachtaí faoi na caighdeáin sin thíos sa chuid maidir le "Freagrachtaí an iniúchóra i leith iniúchadh na ráiteas airgeadais" sa tuarascáil seo.

Táimid neamhspleách ar an ngrúpa agus ar an máthairchuideachta i gcomhréir leis na riachtanais eitice atá ábhartha dár n-iniúchadh ar na ráitis airgeadais in Éirinn, lena n-áirítear an Caighdeán Eitice arna eisiúint ag Údarás Maoirseachta Iniúchta agus Cuntasaíochta na hÉireann, agus chomhlíonamar ár bhfreagrachtaí eitice eile i gcomhréir leis na riachtanais seo. Creidimid go bhfuil an fhianaise iniúchóireachta atá faighte againn leordhóthanach agus oiriúnach chun bunús a chur faoinár dtuairim.

## Tuarascáil na nIniúchóirí Neamhspleácha chuig Comhaltaí EirGrid cpt (ar lean)

### Conclúidí a bhaineann le gnóthas leantach

Agus iniúchóireacht á déanamh ar na ráitis airgeadais, bhaineamar de thátal as go bhfuil úsáid cuntasóireachta ar bhonn an ghnóthais leantaigh ag na stiúrthóirí in ullmhú na ráiteas airgeadais iomchuí.

Bunaithe ar an obair atá déanta againn, níor aithníomar aon neamhchinnteacht ábhartha a bhaineann le teagmhais nó tosca a d'fhéadfadh amhras suntasach a chruthú, ina n-aonar nó le chéile, maidir le cumas an ghrúpa nó na máthairchuideachta leanúint ar aghaidh mar ghnóthas leantach ar feadh tréimhse de dhá mhí dhéag ar a laghad, ón dáta ar a n-údaraítear eisiúint na ráiteas airgeadais.

Déantar cur síos ar ár bhfreagrachtaí agus ar fhreagrachtaí na stiúrthóirí i ndáil leis an ngnóthas leantach sna codanna ábhartha den tuarascáil seo.

### Eolas eile

Cuimsíonn an t-eolas eile an t-eolas a chuimsítear sa Tuarascáil Bhliantúil, seachas na ráitis airgeadais agus ár dtuarascáil iniúchóra orthu. Tá na stiúrthóirí freagrach as an bhfaisnéis eile atá sa Tuarascáil Bhliantúil. Ní chuimsíonn ár dtuairim maidir leis na ráitis airgeadais an fhaisnéis eile agus, seachas a mhéid a deirtear go sainráiteach inár dtuarascáil, ní thugaimid aon chonclúid chinnteachta maidir leis an bhfaisnéis sin.

An fhreagracht atá orainn ná an t-eolas eile sin a léamh agus a bhreithniú cé acu an bhfuil nó nach bhfuil sé neamhchomhréireach go hábhartha leis na ráitis airgeadais nó leis an eolas a fuaireamar le linn na hiniúchóireachta, nó an bhfuil nó nach bhfuil an chuma air go bhfuil sé míshonraithe go hábhartha.
Má aithnímid aon neamhréireacht ábhartha den sórt sin, nó míshonruithe ábhartha eile, ceanglaítear orainn a chinneadh an bhfuil nó nach bhfuil míshonrú ábhartha sna ráitis airgeadais nó míshonrú ábhartha san eolas eile. Má bhainimid de thátal as, bunaithe ar an obair atá déanta againn, go bhfuil míshonrú ábhartha san eolas eile sin, ceanglaítear orainn é sin a thuairisciú.

Níl aon rud le tuairisciú againn maidir leis sin.

## Tuarascáil na nIniúchóirí Neamhspleácha chuig Comhaltaí EirGrid cpt (ar lean)

### Freagrachtaí na stiúrthóirí

Mar a mhínítear ar bhealach níos forleithne sa Ráiteas faoi Fhreagrachtaí na Stiúrthóirí, tá na stiúrthóirí freagrach as ullmhú na ráiteas airgeadais agus as bheith sásta go dtugann siad léargas fírinneach cóir ar an eolas agus go gcloíonn siad le hAcht na gCuideachtaí 2014, agus le rialú inmheánach a mhéid a chinneann na stiúrthóirí a bheith riachtanach chun ullmhú na ráiteas airgeadais a chumasú, sa tslí go mbíonn siad saor ó mhíshonrú ábhartha, de bharr calaoise nó earráide.

Agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú, tá na stiúrthóirí freagrach as measúnú a dhéanamh ar chumas an ghrúpa agus na máthairchuideachta leanúint ar aghaidh mar ghnóthas leantach, ag nochtadh, más infheidhme, ábhair a bhaineann le gnóthas leantach agus ag úsáid bunús an ghnóthais leantaigh cuntasóireachta mura bhfuil sé i gceist ag na stiúrthóirí an grúpa nó an mháthairchuideachta a leachtú nó stop a chur leis na hoibríochtaí, nó mura bhfuil aon rogha réalaíoch eile acu ach déanamh amhlaidh.

### Freagrachtaí an Iniúchóra maidir leis na ráitis airgeadais a iniúchadh

Na cuspóirí atá againn ná dearbhú réasúnta a fháil ar cé acu an bhfuil na ráitis airgeadais ina n-iomláine saor ó mhíshonrú ábhartha, míshonrú de bharr calaoise nó earráide, agus tuarascáil iniúchóra a eisiúint lena n-áirítear an tuairim atá againn. Is leibhéal ard dearbhaithe é dearbhú réasúnach, ach ní ráthaíocht é go mbraithfidh iniúchadh arna dhéanamh i gcomhréir leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta Iniúchóireachta (Éire) míshonrú ábhartha nuair is ann dó. Is féidir le míshonruithe teacht as calaois nó earráidí agus meastar go bhfuil siad ábhartha dá bhféadfaí a bheith ag súil go réasúnta go ndéanfaidís, ar bhonn aonair nó le chéile, difear do chinntí eacnamaíocha úsáideoirí a ghlactar ar bhonn na ráiteas airgeadais seo.

Tá cur síos breise ar ár bhfreagrachtaí maidir le hiniúchadh ar na ráitis airgeadais ar fáil ar shuíomh gréasáin Údarás Maoirseachta Iniúchta agus Cuntasaíochta na hÉireann (ÚMICÉ) ag: *https://iaasa.ie/publications/description-of-the-auditors-responsibilities-for-the-audit-of-the-financial-statements*. Tá an cur síos seo mar chuid dár dtuarascáil iniúchóra.

### Tuarascáil ar cheanglais dhlíthiúla agus rialála eile

**Tuairim ar chúrsaí eile leagtha amach ag Acht na gCuideachtaí, 2014**

Tuairiscímid na nithe seo a leanas bunaithe ar an obair atá déanta againn i gcaitheamh an iniúchta agus ar an obair sin amháin:

- Fuaireamar gach eolas agus míniúchán a cheapamar a bhí riachtanach chun críocha ár n-iniúchta.
- Bhí taifid chuntasaíochta na máthairchuideachta leordhóthanach chun iniúchadh ceart éasca na ráiteas airgeadais a cheadú dar linn.
- Tá na ráitis airgeadais ag teacht leis na taifid chuntasaíochta.
- Dar linn, tá an t-eolas a thugtar i dtuarascáil na stiúrthóirí comhréireach leis na ráitis airgeadais agus ullmhaíodh tuarascáil na stiúrthóirí i gcomhréir le hAcht na gCuideachtaí 2014.

## Tuarascáil na nIniúchóirí Neamhspleácha chuig Comhaltaí EirGrid cpt (ar lean)

### Ábhair a gceanglaítear orainn iad a thuairisciú

Bunaithe ar eolas agus tuiscint an grúpa agus na máthairchuideachta agus a timpeallachta a fuarthas i gcaitheamh an iniúchta, níor aithníomar aon mhíshonrú ábhartha i dtuarascáil na stiúrthóirí.

Ceanglaítear orainn freisin le hAcht na gCuideachtaí, 2014, tuairisc a thabhairt duit murar sholáthair an chuideachta, dar linn, an fhaisnéis a éilítear le Rialachán 5(2) go 5(7) de Rialacháin 2017 ón Aontas Eorpach (Nochtadh na Faisnéise Neamh-airgeadais agus Éagsúlachta ag gnóthais agus grúpaí móra áirithe) (arna leasú) le haghaidh na bliana airgeadais dar críoch an 30 Meán Fómhair 2024. Níl aon rud le tuairisciú againn maidir leis sin.

Níl aon rud le tuairisciú againn maidir le forálacha Acht na gCuideachtaí, 2014, lena n-éilítear orainn a thuairisciú duit mura ndearnadh luach saothair agus idirbhearta na Stiúrthóirí a nochtadh mar atá sonraithe de réir an dlí, inár dtuairimí.

Faoin gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (Lúnasa 2016) (arna leasú) (an 'Cód Cleachtais'), ní mór dúinn tuairisc a thabhairt duit mura léiríonn an ráiteas maidir leis an gcóras rialaithe inmheánaigh, a éilítear faoin gCód Cleachtais mar atá san áireamh sa Ráiteas um Rialachas Corparáideach i dTuarascáil na Stiúrthóirí, gur chomhlíon an ghrúpa mír 1.9(iv) den Chód Cleachtais nó mura bhfuil sé comhsheasmhach leis an eolas atá againn ónár gcuid oibre iniúchta ar na ráitis airgeadais. Níl aon rud le tuairisciú againn maidir leis sin.

### Úsáid ár dtuarascála

Tá an tuarascáil seo curtha i dtoll a chéile le haghaidh chomhaltaí na cuideachta, mar chomhlacht amháin, i gcomhréir le hAlt 391 d'Acht na gCuideachtaí, 2014. Tá ár n-obair iniúchóireachta déanta againn ionas gur féidir linn na nithe is éigean dúinn a dhearbhú do chomhaltaí na cuideachta a dhearbhú dóibh i dtuarascáil iniúchóra agus gan cuspóir ar bith eile i gceist. Chomh fada is atá ceadaithe de réir an dlí, nílim freagrach do dhuine ar bith seachas an chuideachta agus comhaltaí na cuideachta mar chomhlacht, as ár n-obair iniúchóireachta, as an tuarascáil seo, ná as na tuairimí atá meáite againn.



**Ian Whitefoot**
**Comhpháirtí ar son agus thar ceann**
**Deloitte Ireland LLP**
Cuntasóirí Cairte agus Comhlacht Iniúchta Reachtúil Deloitte & Touche House, 29 Ardán Phort an Iarla, Baile Átha Cliath 2

30 Eanáir 2025

## Ráiteas Ioncaim Comhdhlúite

**Don Bhliain Airgeadais go dtí an 30 Meán Fómhair 2024**

| | Nóta | Bliain go dtí 30 Meán Fómhair 2024 € '000 | Bliain go dtí 30 Meán Fómhair 2023 € '000 |
|---|---|---|---|
| Ioncam | 3 | 1,106,078 | 1,140,516 |
| Costais dhíreacha | 3 | (977,189) | (867,962) |
| **Ollbhrabús** | | **128,889** | 272,554 |
| Costais oibriúcháin eile | 5 | (157,477) | (186,130) |
| **(Caillteanas)/brabús oibriúcháin** | | **(28,588)** | 86,424 |
| Gnóthachan ag eascairt ó urlámhas a chailliúint ar fhochuideachta | 6 | 37,104 | – |
| Ús agus ioncam eile | 7 | 21,630 | 16,730 |
| Costais airgeadais | 7 | (20,332) | (31,947) |
| **Brabús roimh chánachas** | 8 | **9,814** | 71,207 |
| Cáin ioncaim | 9 | 359 | (11,255) |
| **Brabús don bhliain** | | **10,173** | 59,952 |
| | | | |
| **Brabús inchurtha i leith:** | | | |
| Úinéirí na Máthairchuideachta | | **10,173** | 59,952 |

## Ráiteas Comhdhlúite ar Ioncam Cuimsitheach

**Don Bhliain Airgeadais go dtí an 30 Meán Fómhair 2024**

| | Nóta | Bliain go dtí 30 Meán Fómhair 2024 € '000 | Bliain go dtí 30 Meán Fómhair 2023 € '000 |
|---|---|---|---|
| **Míreanna a d'fhéadfaí a athaicmiú ina dhiaidh sin go brabús nó caillteanas:** | | | |
| Gluaiseacht sa (chaillteanas) ghnóthachain neamhréadaithe maidir le fáluithe ar an sreabhadh airgid | 27 | (38,984) | 15,440 |
| Cáin iarchurtha is féidir a leagan ar ghluaiseacht sa chaillteanas (ghnóthachan) neamhréadaithe maidir le fáluithe ar an sreabhadh airgid | 9 | 4,873 | (1,930) |
| Difríochtaí san aistriú airgeadra | | (1,154) | 591 |
| Gluaiseachtaí i luach cóir infheistíochtaí | 11 | (5,062) | – |
| Difríocht charnach malairte ar aistriú athchúrsáilte le cailliúint rialaithe | 6 | (590) | – |
| **Iomlán na míreanna a d'fhéadfaí a athaicmiú mar bhrabús nó mar chaillteanas de bharr sin** | | **(40,917)** | 14,101 |
| | | | |
| **Míreanna nach n-athaicmeofar mar bhrabús nó mar chaillteanas:** | | | |
| Gnóthachan/(caillteanas) atomhais de ghlandliteanas sochair shainithe | 24 | 8,540 | (8,672) |
| Muirear/(creidmheas) cánach iarchurtha ar ghnóthachan/(chaillteanas) atomhais | 9 | (1,067) | 1,304 |
| **Iomlán na míreanna nach n-athaicmeofar mar bhrabús nó mar chaillteanas** | | **7,473** | (7,368) |
| | | | |
| Brabús don bhliain airgeadais | | 10,173 | 59,952 |
| **(Caillteanas)/ioncam cuimsitheach iomlán don bhliain** | | **(23,271)** | 66,685 |
| | | | |
| **Ioncam cuimsitheach iomlán is féidir a cheangal le:** | | | |
| Úinéirí na Máthairchuideachta | | **(23,271)** | 66,685 |

## Clár Comhardaithe Comhdhlúite

**Amhail an 30 Meán Fómhair 2024**

| | Nóta | 30 MF 2024 € '000 | 30 MF 2023 € '000 |
|---|---|---|---|
| **Sócmhainní** | | | |
| **Sócmhainní neamhreatha** | | | |
| Infheistíochtaí cóirluacha | 11 | 62,099 | 356 |
| Sócmhainní doláimhsithe | 13 | 69,019 | 62,228 |
| Réadmhaoin, gléasra agus trealamh | 14 | 654,933 | 497,504 |
| Sócmhainní i ndáil le ceart úsáide | 14 | 31,699 | 35,032 |
| Sócmhainn cánach iarchurtha | 9 | 10,913 | 9,028 |
| Trádáil agus infháltais eile | 16 | 281,271 | 446,930 |
| Sócmhainn sochair scoir | 24 | 21,181 | 9,893 |
| Ionstraimí airgeadais díorthacha | 27 | – | 3,638 |
| **Iomlán na sócmhainní neamhreatha** | | **1,131,115** | 1,064,609 |
| **Sócmhainní reatha** | | | |
| Trádáil agus infháltais eile | 16 | 615,571 | 522,935 |
| Infháltas na cánach reatha | | 2,006 | 5,223 |
| Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim | 20 | 714,371 | 773,407 |
| **Iomlán na sócmhainní reatha** | | **1,331,948** | 1,301,565 |
| **Iomlán na sócmhainní** | | **2,463,063** | 2,366,174 |
| | | | |
| **Cothromas agus Dliteanais** | | | |
| **Caipiteal agus cúlchistí** | | | |
| Scairchaipiteal tarraingthe anuas agus é léirithe mar chothromas | 19 | 38 | 38 |
| Cúlchiste caipitil | | 49,182 | 49,182 |
| Cúlchiste fálaithe | | (30,928) | 3,183 |
| Cúlchiste aistriúcháin | | (1,513) | 231 |
| Tuilleamh coinnithe | | 585,699 | 577,115 |
| **Cothromas iomlán** | | **602,478** | 629,749 |
| **Dliteanais neamhreatha** | | | |
| Ionstraimí airgeadais díorthacha | 27 | 35,346 | – |
| Dliteanas cánach iarchurtha | 9 | 36,182 | 35,784 |
| Trádáil agus nithe iníoctha eile | 17 | 8,910 | 8,235 |
| Deontais | 18 | 129,837 | 228,619 |
| Dliteanais léasa | 15 | 29,439 | 32,302 |
| Iasachtaí | 25 | 476,432 | 400,886 |
| Soláthair | 21 | 100,863 | 106,501 |
| **Iomlán na ndliteanas neamhreatha** | | **817,009** | 812,327 |
| **Dliteanais reatha** | | | |
| Dliteanais léasa | 15 | 3,187 | 2,491 |
| Iasachtaí | 25 | 39,167 | 33,981 |
| Soláthair | 21 | 22,406 | 53,375 |
| Deontais | 18 | 154,055 | 3,054 |
| Trádáil agus nithe iníoctha eile | 17 | 824,761 | 831,197 |
| **Iomlán na ndliteanas reatha** | | **1,043,576** | 924,098 |
| **Dliteanais iomlána** | | **1,860,585** | 1,736,425 |
| **Iomlán an chothromais agus na ndliteanas** | | **2,463,063** | 2,366,174 |

Arna cheadú ag an mBord agus arna shíniú thar a cheann:

**Brendan Tuohy**
Cathaoirleach

**Ivan Schuster**
Stiúrthóir

**Dáta**
24 Eanáir 2025

## Ráiteas Comhdhlúite ar Athruithe ar Chothromas

**Don Bhliain Airgeadais go dtí an 30 Meán Fómhair 2024**

| | Scairchaipiteal eisithe € '000 | Cúlchiste caipitil € '000 | Cúlchiste fálaithe € '000 | Cúlchiste aistriúcháin € '000 | Tuilleamh coinnithe € '000 | An t-iomlán is féidir a leagan ar shealbhóirí cothromais € '000 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| An t-iarmhéid amhail an 1 Deireadh Fómhair 2022 | 38 | 49,182 | (10,327) | (361) | 528,531 | 567,063 |
| | | | | | | |
| Brabús don bhliain | – | – | – | – | 59,952 | 59,952 |
| | | | | | | |
| **Ioncam cuimsitheach eile** | | | | | | |
| Atomhais ar scéim sochair shainithe glan ar cháin iarchurtha | – | – | – | – | (7,368) | (7,368) |
| Fálú ar an sreabhadh airgid glan ar ghluaiseacht na cánach iarchurtha | – | – | 13,510 | – | – | 13,510 |
| Gluaiseacht an chúlchiste aistriúcháin | – | – | – | 592 | – | 592 |
| | | | | | | |
| Díbhinní | – | – | – | – | (4,000) | (4,000) |
| An t-iarmhéid amhail an 30 Meán Fómhair 2023 | 38 | 49,182 | 3,183 | 231 | 577,115 | 629,749 |
| | | | | | | |
| Brabús don bhliain | – | – | – | – | 10,173 | 10,173 |
| | | | | | | |
| **Ioncam cuimsitheach eile** | | | | | | |
| Atomhais ar scéim sochair shainithe glan ar cháin iarchurtha | – | – | – | – | 7,473 | 7,473 |
| Fálú ar an sreabhadh airgid glan ar ghluaiseacht na cánach iarchurtha | – | – | (34,111) | – | – | (34,111) |
| Gluaiseacht an chúlchiste aistriúcháin | – | – | – | (1,744) | – | (1,744) |
| Infheistíochtaí coinnithe ag cóirluach | – | – | – | – | (5,062) | (5,062) |
| Díbhinní | – | – | – | – | (4,000) | (4,000) |
| **An t-iarmhéid amhail an 30 Meán Fómhair 2024** | **38** | **49,182** | **(30,928)** | **(1,513)** | **585,699** | **602,478** |

### Cúlchiste Caipitil

Tháinig an cúlchiste caipitil ó dhílsiú oibríochtaí an oibreora córais tarchuir ó BSL go dtí an Chuideachta faoin Scéim Aistrithe dar dáta an 1 Iúil 2006. Níor tharla aon ghluaiseacht sa chúlchiste ó shin i leith.

### Cúlchiste Fálaithe

Léiríonn an cúlchiste fálaithe an sciar carnach de na gnóthachain agus de na caillteanais maidir le hionstraimí fálaithe a measadh a bheith éifeachtach ar fháluithe ar an sreabhadh airgid. Ní aithnítear an gnóthachan/an caillteanas carnach iarchurtha ar na hionstraimí fálaithe i mbrabús ná i gcaillteanas ach amháin nuair a bhíonn tionchar ag an idirbheart fálaithe ar an mbrabús nó ar an gcaillteanas.

### Cúlchiste Aistriúcháin

Léiríonn an cúlchiste aistriúcháin difríochtaí sa mhalartán eachtrach a thagann ó aistriú glansócmhainní ó oibríochtaí eachtracha an Ghrúpa óna airgeadra feidhmiúil go hairgeadra feidhmiúil EirGrid, an Euro, aistriú brabús agus caillteanas oibríochtaí den sórt sin san áireamh.

### Tuilleamh Coinnithe

Cuimsíonn tuilleamh coinnithe, tuilleamh carntha glan ar dhíbhinní sa bhliain airgeadais reatha agus sna blianta airgeadais roimhe sin.

## Ráiteas Sreabhaidh Airgid Comhdhlúite

**Don Bhliain Airgeadais go dtí an 30 Meán Fómhair 2024**

| | Nóta | Bliain go dtí 30 Meán Fómhair 2024 € '000 | Bliain go dtí 30 Meán Fómhair 2023 € '000 |
|---|---|---|---|
| **Sreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin** | | | |
| Brabús i ndiaidh cánachais | | 10,173 | 59,952 |
| Gnóthachan a eascróidh as dí-chomhdhlúthú na fochuideachta | | (37,104) | – |
| Dímheas sealúchais, gléasra agus trealaimh | 14 | 20,932 | 21,544 |
| Dímheas sócmhainní i ndáil le ceart úsáide | 15 | 3,333 | 3,401 |
| Amúchadh sócmhainní doláimhsithe | 13 | 6,791 | 27,941 |
| Amúchadh an deontais | 18 | (3,055) | (3,239) |
| Ús agus ioncam eile | | (21,630) | (16,730) |
| Costais airgeadais | | 20,332 | 31,947 |
| Costas as sochair scoir | | 2,412 | 3,238 |
| Gnóthachan malairte eachtraí neamhréadaithe | | (1,673) | (884) |
| Cáin ioncaim | | (359) | 11,255 |
| Ranníocaíochtaí pinsin íoctha | | (4,853) | (8,653) |
| **Sreabhadh airgid oibriúcháin roimh ghluaiseachtaí i gcaipiteal oibre** | | **(4,701)** | 129,772 |
| | | | |
| **Gluaiseachtaí i gcaipiteal oibre** | | | |
| Méadú/(Laghdú) ar infháltais thrádála agus ar infháltais eile | | 4,645 | (624,702) |
| Méadú ar shuimeanna iníoctha trádála agus ar shuimeanna iníoctha eile | | 65,578 | 375,610 |
| **Airgead tirim ó oibríochtaí** | | **65,522** | (119,320) |
| Aisíocaíochtaí/(íocaíochtaí) cánach ioncaim | | 1,627 | (13,402) |
| Ús faighte | | 17,860 | 13,944 |
| **Glanairgead tirim ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin** | | **85,009** | (118,778) |
| | | | |
| **Sreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí infheistíochta** | | | |
| Ceannach sealúchais, gléasra agus trealaimh | 14 | (145,654) | (41,106) |
| Ceannach sócmhainní doláimhsithe | 13 | (27,849) | (26,472) |
| Gluaiseachtaí airgid ag teacht chun cinn de thoradh urlámhas a chailliúint ar fhochuideachta | 6 | (72,291) | – |
| Deontais | | 33,774 | 162,520 |
| **Glanairgead tirim a úsáideadh i ngníomhaíochtaí infheistíochta** | | **(212,020)** | 94,942 |
| | | | |
| **Sreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí cistiúcháin** | | | |
| Díbhinní íoctha | | (4,000) | (4,000) |
| Léasanna a íocadh | 15 | (2,903) | (2,976) |
| Iasachtaí a tharraingt anuas | | 114,500 | 196,823 |
| Iasachtaí a aisíocadh | | (20,129) | (22,518) |
| Costais airgeadais a íocadh | | (19,485) | (21,577) |
| **Glanmhéid airgid thirim ó ghníomhaíochtaí cistiúcháin** | | **67,983** | 145,752 |
| | | | |
| **(Laghdú)/méadú glan ar airgead tirim agus choibhéisí airgid thirim** | | **(59,028)** | 121,916 |
| **Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim ag tús na bliana** | | **773,407** | 651,176 |
| Iarmhairtí na malairte eachtraí | | (8) | 315 |
| **Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim ag deireadh na bliana** | 20 | **714,371** | 773,407 |



## Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

### 1. Eolas Ginearálta

Is cuideachta phoiblí theoranta é EirGrid cpt ('an Chuideachta'), atá corpraithe in Éirinn, arna cur ar bun de bhun I.R. Uimh. 445 de 2000 – Rialacháin na gComhphobal Eorpach (An Margadh Inmheánach sa Leictreachas), 2000. Tá an Chuideachta ceadúnaithe ag an gCoimisiún um Rialáil Fóntas (CRU) mar an tOibritheoir Córais Tarchurtha (OCT) in Éirinn agus mar an tOibritheoir Margaidh (OM) do mhargadh an leictreachais miondíola ar oileán na hÉireann. Tá SONI Teoranta ceadúnaithe ag Rialtóir Fóntas (RF) Thuaisceart Éireann mar an OCT i dTuaisceart Éireann agus tá ceadúnas OM aige freisin um oileán na hÉireann, tá SONI Teoranta dí-chomhdhlúthaithe anois ó ráitis airgeadais an ghrúpa ón 1 Deireadh Fómhair 2023 mar atá leagtha amach go sonrach i Nóta 6. Tá Cuideachta Gníomhaíochta Ainmnithe Idirnascaire EirGrid (fochuideachta de chuid EirGrid cpt) ceadúnaithe ag an gCoimisiún um Rialáil Fóntas (CRU) agus Oifig na Margaí Gáis agus Leictreachais (Ofgem) mar oibritheoir an Idirnascaire Thoir-Thiar. Corpraíodh EirGrid SPV 2022 CGA (fochuideachta de chuid EirGrid cpt) chun soláthar Giniúna Éigeandála Sealadaí a fháil agus tá sé ag gníomhú de réir na gcoinníollacha ceadúnais leasaithe a achtaíodh san Acht EirGrid, Leictreachais agus Móna (Leasú) 2022 a tháinig i bhfeidhm ar an 12 Iúil 2022. Tá oifig chláraithe EirGrid cpt lonnaithe i bhfoirgneamh An Ubhchrutha, 160 Bóthar Shíol Bhroin, Droichead na Dothra, Baile Átha Cliath 4 (Uimhir chlárúcháin 338522). Déantar cur síos ar phríomhghníomhaíocht na Cuideachta ar leathanach 162 de Thuarascáil na Stiúrthóirí.

### 2. Ráiteas faoi na Beartais Chuntasaíochta

Cuireadh na beartais chuntasaíochta a leagtar amach thíos i bhfeidhm go comhsheasmhach ar gach bliain a léirítear sna ráitis airgeadais chomhdhlúite seo agus cuireadh i bhfeidhm go comhsheasmhach iad ag gach eintiteas de chuid an Ghrúpa, murar sonraíodh a mhalairt.

#### Gnóthas Leantach

Tá na Stiúrthóirí muiníneach, ar bhonn na dtuartha airgeadais reatha agus na saoráidí atá ar fáil, go bhfuil go leor acmhainní ag an gCuideachta agus ag an nGrúpa chun leanúint ar aghaidh i mbun oibríochta don todhchaí intuartha. Tá an measúnú seo déanta acu tar éis breithniú a dhéanamh ar na sreafaí airgid réamh-mheasta don todhchaí intuartha, lena n-áirítear measúnú ar athraithis fhéideartha sna réamhaisnéisí sin. Ar 30 Meán Fómhair 2024, bhí iarmhéideanna airgid chorparáideacha de €196.2m (nóta 20) ag an nGrúpa, saoráidí creidmheasa imrothlacha neamhtharraingthe de €180m agus €19.4m (nóta 24) ar fáil chun caipiteal oibre gearrthéarmach a bhainistiú agus costais DS3 níos airde ná mar a rabhthas ag súil leo faoi seach.

I gcomhréir le Nóta 21, tá CRU ag achomharc i gcoinne Bhreithiúnas na hArd-Chúirte i ndáil leis an bPacáiste Fuinnimh Ghlain agus d'eisigh siad iarratas chun tosaigh ar chead achomhairc a dhéanamh don Chúirt Uachtarach, iarradh freisin é a chur ar aghaidh go Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh i Lucsamburg ('CBAE') chun treoracha a chur ar fáil maidir leis an léirmhíniú ar Airteagal 13(7). D'aontaigh an Chúirt Uachtarach leis an iarratas chun tosaigh agus thug siad éisteacht don achomharc i mí na Nollag 2024. Níl cinneadh déanta go dtí seo agus tá bac i bhfeidhm fós ar na horduithe deireanacha ón Ard-Chúirt go dtabharfar imeachtaí na Cúirte Uachtaraí chun críche. Toisc nach bhfuil an tsaincheist seo socraithe, níl páipéar cinnidh athbhreithnithe eisithe ag an CMLA fós maidir le conas a chuirfear an Breithiúnas i bhfeidhm, agus mar sin tá éiginnteacht ann maidir le candam na n-íocaíochtaí a bheidh le déanamh agus uainiú na n-íocaíochtaí sin ach soláthraíonn an bac ar na horduithe deiridh roinnt cinnteachta maidir le sreafaí airgid sa ghearrthéarma agus sa mheántéarma. D'fhormheas CRU agus coiste an MLA freisin liúntais táille 2025 don Phacáiste Fuinnimh Ghlain a bhaileofar agus a imfhálófar go dtí go nochtfar toradh an achomhairc CRU, chun a chinntiú go mbeidh leachtacht leordhóthanach ar fáil chun na dliteanais ionchasacha a d'fhéadfadh teacht chun cinn a mhaoiniú.

Dá bharr seo, leanann na Stiúrthóirí orthu ag ullmhú na Ráiteas Airgeadais ar bhonn gnóthais leantaigh.

## 2. Ráiteas ar Pholasaithe Cuntasaíochta (Ar lean)

**Bunús ullmhúcháin**

Ullmhaíodh Ráitis Airgeadais an Ghrúpa i gcomhréir leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta um Thuairisciú Airgeadais (CITAnna) lenar ghlac an tAontas Eorpach. Ullmhaíodh iad ar bhonn gach CITA agus Léirmhíniú atá éigeantach don bhliain airgeadais dar críoch an 30 Meán Fómhair 2024 agus de réir Acht na gCuideachtaí, 2014 de chuid na hÉireann.

Ullmhaíodh ráitis airgeadais aonair na Cuideachta de réir Chreat FRS 101 um Nochtadh Laghdaithe ('FRS 101'). Ní chuirtear ráiteas ioncaim Cuideachta ar leith i láthair sna ráitis airgeadais seo toisc gur bhain an Chuideachta leas as an díolúine a fhoráiltear le halt 304 d'Acht na gCuideachtaí 2014.

Cuireadh na Ráitis Airgeadais ar fáil in Euro, agus na méideanna slánaithe go dtí an míle is gaire, mura sonraítear a mhalairt, agus ullmhaíodh iad ar bhonn an chostais stairiúil, seachas athluacháil ionstraimí áirithe airgeadais a choinnítear ar chóirluach. Bunaítear costas stairiúil ar chóirluach na comaoine arna tabhairt mar mhalartú ar shócmhainní de ghnáth.

Le hullmhú na Ráiteas Airgeadais, ceanglaítear ar an lucht bainistíochta meastacháin agus toimhdí a dhéanamh a dhéanann difear do mhéideanna tuairiscithe na sócmhainní agus na ndliteanas, do nochtaí sócmhainní agus dliteanas teagmhasacha agus do mhéideanna tuairiscithe an ioncaim agus na gcostas le linn na tréimhse tuairiscithe. D'fhéadfadh torthaí iarbhír a bheith difriúil ó na meastacháin seo.

Is í an bhliain airgeadais go dtí an 30 Meán Fómhair 2024 an tréimhse reatha a bhfuil tuairisc á tabhairt uirthi. Baineann na figiúirí comparáideacha leis an mbliain airgeadais dar críoch an 30 Meán Fómhair 2023. Faoi mar atá leagtha amach go sonrach i Nóta 6, tá SONI Teo dí-chomhdhlúthaithe ó ráitis airgeadais an ghrúpa ón 1 Meán Fómhair 2023 agus níl sé san áireamh le haghaidh na bliana airgeadais go dtí an 30 Meán Fómhair 2024, ach tá sé san áireamh, áfach, le haghaidh na dtorthaí comparáideacha le haghaidh 2023.

**Caighdeáin, léirmhínithe agus leasuithe i dtaca le caighdeáin fhoilsithe nach bhfuil i bhfeidhm go fóill**

Níl caighdeáin nua áirithe ná leasuithe curtha i bhfeidhm ag an nGrúpa ar chaighdeáin reatha atá eisithe ach nach bhfuil feidhm acu fós. Áirítear leo sin:

- Leasuithe ar CCI (Caighdeáin Chuntasaíochta Idirnáisiúnta) 1 Léiriú na Ráiteas Airgeadais: Dliteanais a Aicmiú mar Reatha nó Neamhreatha (infheidhme do thréimhsí bliantúla dar tosach an 1 Eanáir 2024 nó ina dhiaidh)
- Leasú ar Léasanna CITA 16: Dliteanas Léasa i nDíolachán agus AisLéasú (infheidhme do thréimhsí bliantúla dar tosach an 1 Eanáir 2024 nó ina dhiaidh)
- Leasuithe ar CCI 1 Dliteanais neamhreatha lena ngabhann cúnaint (infheidhme do thréimhsí bliantúla dar tosach an 1 Eanáir 2024 nó ina dhiaidh)



## 2. Ráiteas ar Pholasaithe Cuntasaíochta (Ar lean)

**Glacadh le caighdeáin nua**

Sa bhliain airgeadais reatha, glacadh leis na caighdeáin agus na léirmhínithe nua agus athbhreithnithe seo a leanas agus tá athrú tagtha ar na méideanna sna ráitis airgeadais seo dá mbarr (do bhlianta airgeadais bliantúla dar tosach an 1 Eanáir 2023 nó ina dhiaidh):

- Leasuithe ar CCI 1 Léiriú na Ráiteas Airgeadais agus Ráiteas Cleachtais CITA 2: Nochtadh na mBeartas Cuntasaíochta;
- Leasuithe ar CCI 8 Sainmhíniú ar Mheastacháin Chuntasaíochta
- Leasuithe ar CCI 12 Cánacha Ioncaim: Cáin Iarchurtha a bhaineann le Sócmhainní agus Dliteanais a eascraíonn as Idirbheart Aonair
- Leasuithe ar CCI 12 Cánacha Ioncaim: Athchóiriú Cánach Idirnáisiúnta - Rialacha Cholún a Dó

Ní raibh tionchar ábhartha ag glacadh na leasuithe a liostaítear thuas ar ráitis airgeadais na bliana reatha.

**Bunús an chomhdhlúthaithe**

Cuimsíonn na Ráitis Airgeadais Chomhdhlúite, Ráitis Airgeadais na Cuideachta agus na n-eintiteas faoi urlámhas ag an gCuideachta (a fochuideachtaí) suas go dtí an 30 Meán Fómhair gach bliain. Baintear urlámhas amach nuair a bhíonn na rudaí a leanas fíor faoin gCuideachta:

- tá cumhacht aici ar an institiúid infheistiúcháin;
- tá sí nochta do bhrabús athraitheach de bharr a rannpháirtíochta leis an institiúid infheistiúcháin, nó tá cearta aici i ndáil leis an mbrabús sin; agus
- tá an cumas aici a cuid cumhachta a úsáid chun difear a dhéanamh dá brabús.

Déanann an Chuideachta athmheasúnú ar cibé acu an rialaíonn sí nó nach rialaíonn sí institiúid infheistiúcháin má thugann fíricí agus tosca le fios go bhfuil athrú ar cheann amháin ar a laghad de na trí ghné den rialú a liostaítear thuas.

I gcás ina bhfuil níos lú ná formhór na gceart vótála ag an gCuideachta i ndáil le hinstitiúid infheistiúcháin, measann an Chuideachta go bhfuil cumhacht aici ar an institiúid infheistiúcháin nuair is leor na cearta vótála chun cumas praiticiúil a thabhairt di gníomhaíochtaí ábhartha na hinstitiúide infheistiúcháin a stiúradh go haontaobhach. Cuireann an Chuideachta gach fíric agus toisc ábhartha san áireamh agus measúnú á dhéanamh aici ar cibé acu an bhfuil nó nach bhfuil cearta vótála na Cuideachta, i ndáil le hinstitiúid infheistiúcháin, leordhóthanach chun cumhacht a thabhairt di, lena n-áirítear:

- méid shealúchas na Cuideachta i ndáil le cearta vótála i gcomparáid le méid agus scaipeadh shealúchas na sealbhóirí vótaí eile;
- cearta féideartha vótála i seilbh na Cuideachta, sealbhóirí vótaí eile nó páirtithe eile;
- cearta a thagann as socruithe conartha eile; agus
- aon fhíric nó toisc eile a thugann le fios go bhfuil, nó nach bhfuil, sé de chumas reatha ag an gCuideachta na gníomhaíochtaí ábhartha a stiúradh ag an tráth a gcaithfear cinntí a dhéanamh, patrúin vótála san áireamh ag cruinnithe le páirtithe leasmhara roimhe sin.

Tosaíonn comhdhlúthú fochuideachta nuair a fhaigheann an Chuideachta urlámhas ar an bhfochuideachta agus stopann sé nuair a chailleann an Chuideachta urlámhas ar an bhfochuideachta.

## 2. Ráiteas ar Pholasaithe Cuntasaíochta (Ar lean)

Nuair a chailleann an grúpa urlámhas ar fhochuideachta, déantar an gnóthachan nó an caillteanas ar dhiúscairt arna aithint i mbrabús nó i gcaillteanas a ríomh mar an difríocht idir (i) chomhiomlán chóirluach na comaoine arna fháil agus cóirluach aon leasa choinnithe agus (ii) suim ghlanluacha na sócmhainní roimhe sin (dea-thoil san áireamh), lúide dliteanais na fochuideachta agus aon leasanna neamh-urlámhais. Tugtar cuntas i leith na méideanna go léir a bhí aitheanta roimhe sin in ioncam cuimsitheach eile i ndáil leis an bhfochuideachta sin amhail is dá mbeadh sócmhainní nó dliteanais ghaolmhara na fochuideachta diúscartha go díreach ag an ngrúpa (i.e. athaicmithe mar bhrabús nó caillteanas nó aistrithe chuig catagóir eile chothromais de réir mar a éilítear/a cheadaítear leis na Caighdeáin Chuntasaíochta CITA is infheidhme). Maidir le cóirluach aon infheistíochta atá coinnithe san iar-fhochuideachta ar an dáta nuair a chailltear urlámhas, meastar mar chóirluach é ag aitheantas tosaigh do chuntasaíocht ina dhiaidh sin faoi Ionstraimí Airgeadais CITA 9 i gcás gurb infheidhme, nó an costas ag aitheantas tosaigh infheistíochta i bhfiontar comhlachaithe nó i gcomhfhiontar.

I gcás go ndéantar oibríocht eachtrach a dhiúscairt (i.e. leas iomlán an ghrúpa in oibríocht eachtrach a dhiúscairt, nó diúscairt lena mbaineann urlámhas a chailliúint ar fhochuideachta lena gcuimsítear oibríocht eachtrach nó diúscairt pháirteach leasa i gcomhshocrú nó i gcuideachta chomhlachaithe lena gcuimsítear oibríocht eachtrach a n-éiríonn leas coinnithe dá chuid chun bheith ina shócmhainn), déantar na difríochtaí malartaithe go léir arna gcarnadh i gcúlchiste aistriúcháin malairte eachtraí i dtaobh na hoibríochta sin atá leagtha ar úinéirí na máthairchuideachta a athaicmiú mar bhrabús nó caillteanas.

Luaitear brabús nó caillteanas agus gach cuid d'ioncam cuimsitheach eile le húinéirí na Cuideachta.

I gcás inarb iomchuí, déantar coigeartaithe ar ráitis airgeadais fochuideachtaí chun na beartais chuntasaíochta a úsáidtear a thabhairt i gcomhréir le beartais chuntasaíochta an Ghrúpa.

Cuirtear sócmhainní agus dliteanais, cothromas, ioncam, costais agus sreabhadh airgead ionghrúpa a bhaineann le hidirbhearta idir comhaltaí an Ghrúpa as an áireamh nuair a chomhdhlúthaítear é.

Iompraítear infheistíochtaí i bhfochuideachtaí ar a gcostas lúide laige i ráitis airgeadais na Cuideachta.

### Comhoibríochtaí

Cuimsíonn Ráitis Airgeadais an Ghrúpa agus na Cuideachta torthaí an Ghrúpa agus na Cuideachta faoi seach, chomh maith lena scair de na torthaí agus sócmhainní agus dliteanais na comhoibríochta lena bhfuil sé rannpháirteach, ag úsáid mhodh an chomhdhlúthaithe chomhréirigh arna cheadú faoi CITA 11. Toisc gur comhshocrú é an chomhoibríocht ag a bhfuil comhrialú ag na páirtithe ar an socrú, chomh maith le cearta ar na sócmhainní agus oibleagáidí maidir leis na dliteanais a bhaineann leis an socrú, aithníonn na stiúrthóirí a sócmhainní, dliteanais, ioncam agus caiteachas i ndáil leis an leas i gcomhoibríocht.

Cuirtear sciar an Ghrúpa agus na Cuideachta de na torthaí agus glansócmhainní na gcomhoibríochtaí san áireamh ar bhonn an chomhdhlúthaithe chomhréirigh ón dáta ar a gcuirtear na socruithe conartha a ordaíonn comhrialú i gcrích, agus dí-aithnítear iad nuair a chuirtear stop le comhrialú. Comhcheanglaíonn an Chuideachta a sciar de na comhshocruithe, ioncam aonair agus costais, sócmhainní agus dliteanais agus sreabhadh airgid ar bhonn líne ar líne agus tá míreanna comhchosúla i ráitis airgeadais na Cuideachta freisin.



## 2. Ráiteas ar Pholasaithe Cuntasaíochta (Ar lean)

### Infheistíochtaí ar cuireadh modh cuntasaíochta an chothromais i bhfeidhm orthu

Is ionann comhpháirtithe agus na heintitis sin ar a n-imríonn an Grúpa tionchar suntasach, ach ní rialú ná comhrialú, ar na beartais airgeadais agus oibríochta. Is ionann comhfhiontar agus socrú ar a bhfuil comhrialú ag an nGrúpa, ina bhfuil cearta ag an nGrúpa i ndáil le glansócmhainní an tsocraithe, in ionad cearta i ndáil leis na sócmhainní agus oibleagáidí dá dhliteanais. Cuirtear leas i gcomhpháirtithe agus i gcomhfhiontair san áireamh ag úsáid mhodh an chothromais. Aithnítear ar dtús iad ar a gcostas, ina gcuirtear costais idirbheart san áireamh. Tar éis an chéad aitheantais, áirítear leis na ráitis airgeadais chomhdhlúite sciar an Ghrúpa i ndáil leis an mbrabús nó leis an gcaillteanas agus ioncam cuimsitheach eile a bhaineann leis na hinfheistíochtaí ar cuireadh modh cuntasaíochta an chothromais i bhfeidhm orthu, go dtí an dáta ar a stoptar an tionchar suntasach nó an comhrialú.

### Comhcheangail ghnó

Cuirtear comhcheangail ghnó san áireamh ag úsáid mhodh na héadála. Tomhaistear costas éadála mar chomhiomlán na comaoine aistrithe, arna tomhas le cóirluach an dáta éadála agus an méid leasa neamh-urlámhais san fhaighteán. I gcás gach comhcheangal gnó, tomhaiseann an Grúpa an leas neamh-urlámhais san fhaighteán ag an gcóirluach nó ag sciar comhréireach ghlansócmhainní inaitheanta an fhaighteáin. Cláraítear costais éadála mar chaiteachas de réir mar a thabhaítear iad.

Nuair a fhaigheann an Grúpa gnólacht, déanann sé measúnú ar na sócmhainní airgeadais agus na dliteanais ghafa le haghaidh rangú agus ainmniú cuí i gcomhréir leis na téarmaí conartha, na tosca eacnamaíocha agus na tosca ábhartha amhail dáta na héadála. Má bhaintear an comhcheangal gnó amach de réir céimeanna, déantar atomhas ar leas cothromais an Ghrúpa san fhaighteán roimh ré mar chóirluach ar an dáta a bhfaigheann an Grúpa urlámhas ar an gcéad dul síos leis an Ráiteas Ioncaim Comhdhlúite. Aithneofar aon chomaoin theagmhasach atá le haistriú ag an bhfaighteoir ag an gcóirluach ar dháta na héadála. Aithneofar athruithe ina dhiaidh sin ar chóirluach na comaoine teagmhasaí, a meastar gur sócmhainn airgeadais nó dliteanas airgeadais é, i gcomhréir le CITA 9 sa Ráiteas Ioncaim Comhdhlúite.

Tomhaistear an dea-thoil ar a costas ar dtús, arb é sin agus fuílleach comhiomlán na comaoine arna haistriú agus an méid a aithnítear le haghaidh an leasa neamh-urlámhais thar na glansócmhainní inaitheanta arna bhfáil agus dliteanais ghafa.

### Dea-thoil

Tomhaistear dea-thoil ar éadálacha ar a chostas ar dtús, arb é sin agus fuílleach chostas an chomhcheangail ghnó thar leas an fhaighteora i nglan-chóirluach na sócmhainní, na ndliteanas agus na ndliteanas teagmhasach aitheanta. Leithdháiltear dea-thoil a fhaightear i gcomhcheangal gnó, ón dáta éadála, ar aonaid giniúna airgid thirim nó grúpaí d'aonaid giniúna airgid thirim, a mheastar go mbainfidh siad tairbhe as an gcomhcheangal gnó as ar tháinig an dea-thoil.

## 2. Ráiteas ar Pholasaithe Cuntasaíochta (Ar lean)

Tar éis an aitheantais tosaigh, tomhaistear dea-thoil ar a costas lúide aon chaillteanais charntha maidir le laigí. Déantar athbhreithniú ar dhea-thoil go bliantúil nó níos rialta má thugann teagmhais nó athruithe ar thosca le fios go bhféadfaí dochar a dhéanamh don luach tugtha anonn. Déantar na tástálacha laige dea-thola ag an am céanna gach bliain airgeadais. Cinntítear laige trí bhíthin measúnú a dhéanamh ar an méid in-aisghabhála den aonad giniúna airgid thirim lena mbaineann an dea-thoil. I gcás ina bhfuil an méid in-aisghabhála den Aonad Giniúna Airgid Thirim níos lú ná an tsuim ghlanluacha, aithnítear go bhfuil caillteanas laige ann. Ní aisiompaítear caillteanais laige a thagann chun cinn de bharr dea-thola tar éis an aitheantais.

### Ioncam

Léiríonn ioncam go príomha an t-ioncam a dhíorthaíonn ó sholáthar tharchur an leictreachais, díol na gceart tarchuir airgeadais (CTAnna), ioncam acmhainne an INTT, ioncam plódaithe a thagann chun cinn ón INTT agus seirbhísí an Oibreora Margaidh le custaiméirí le linn na bliana airgeadais agus níl cáin bhreisluacha san áireamh.

Meastar go bhfuil an Grúpa ina phríomhpháirtí sa socrú nuair a rialaíonn sé seirbhís ghealltа sula n-aistríonn sé í chuig custaiméir nó sula gcomhlíonann sé oibleagáid na feidhmíochta é féin, agus nuair a aithníonn sé an t-ioncam ar ollbhonn dá réir sin.

*Ioncam ÚTC OCT*

Tagann an príomhioncam ón táille maidir le hÚsáid Tarchuir an Chórais (ÚTC), ar muirear é atá le híoc ag gach úsáideoir de chuid na gcóras tarchuir in Éirinn agus i dTuaisceart Éireann. Taifeadtar ioncam ó sholáthar tharchur an leictreachais (oibleagáid feidhmíochta) ag pointe ama faoi leith (nuair a tharchuirtear an leictreachas) bunaithe ar MV an leictreachais a tharchuirtear. Aithnítear ioncam billeáilte mar earra trádála infhaighte agus nochtar ioncaim neamhbhilleáilte ar leithligh.

*Ioncam Oibreora Margaidh*

Oibleagáid an Oibreora Margaidh ná díol an leictreachais a éascú le socrú leanúnach (oibleagáid feidhmíochta) an Mhargaidh Leictreachais Aonair. Faigheann SEMO táillí oibreora margaidh as na seirbhísí sin, muirir sheasta bunaithe ar rannpháirtíocht sa mhargadh agus costais athraitheacha bunaithe ar an MV leictreachais arna thrádáil sa mhargadh san áireamh.

Ainmníodh EirGrid cpt ag an údarás rialála (CRU) mar Oibritheoirí Ainmnithe sa Mhargadh Leictreachais (OAML) d'Éirinn. Ligeann sonrúcháin OAML do EirGrid cpt agus SONI Teo ceantáil lá roimh ré agus margaí ionlae a sholáthar le haghaidh trádála (oibleagáid feidhmíochta) sa Mhargadh Leictreachais Aonair (MLA) trína gcomhfhiontar conarthach SEMOpx. Déantar ioncam a thaifeadadh ag an bpointe ama a tharlaíonn an t-idirbheart.

*INTT – Ioncam Toillte*

Glacann INTT páirt sna ceantanna acmhainneachta i margaí an Mhargaidh Leictreachais Aonair agus na Ríochta Aontaithe, áit a mbíonn roinnt ceantanna ar siúl le linn na bliana. D'éirigh go maith le INTT sna margaí sin roimhe seo agus faigheann sé ioncam toillte le haghaidh gach MV a dhíoltar leis an margadh sa cheant (oibleagáid feidhmíochta). Aithnítear an t-ioncam acmhainneachta le himeacht ama toisc go reáchtáiltear na ceantanna le haghaidh bliain acmhainneachta shonraithe ina n-éilítear go mbeidh an gineadóir ar fáil. Cuirtear san áireamh sna hamlínte próisis chun riachtanais toillte, srianta áitiúla agus cáilíocht aonaid a shocrú.



## 2. Ráiteas ar Pholasaithe Cuntasaíochta (Ar lean)

*INTT – Ioncam ó Phlódú*

Cúitítear an tIdirnascaire Thoir-Thiar as difríochtaí praghsanna a laghdú ('plódú') idir réigiúin an mhargaidh agus faigheann sé ioncaim phlódaithe. Díorthaíonn sé ó iompar an leictreachais (oibleagáid feidhmíochta) idir Éire agus an Bhreatain Mhór.

*Coigeartuithe Rialála*

I gcás ina mbíonn ioncam a fhaightear nó infháltas mar chúis le méid a sháraíonn an spriocmhéid arna shocrú ag comhaontú rialála, déanfar coigeartuithe ar tháillí amach anseo chun an aisghabháil ró-ard a léiriú. Ní aithnítear aon dliteanas mar go léireoidh an rialtóir é seo mar tháillí laghdaithe i dtréimhsí tarchuir amach anseo, agus beidh ioncaim níos ísle mar thoradh air seo le linn na dtréimhsí sin. Ar an mbonn céanna, ní aithnítear aon sócmhainn i gcás ina gceadaíonn comhaontú rialála coigeartuithe a dhéanamh ar tháillí amach anseo i ndáil le haisghabháil ró-ard atáthar ag meas go mbeidh sé fritháirithe ag méaduithe ar an táille amach anseo.

Mar Oibritheoir Margaidh le haghaidh an Mhargaidh Leictreachais Aonair, ní ghníomhaíonn an Grúpa ar a shon féin i ndáil le díol nó ceannach leictreachais. Ní aithníonn sé díol an leictreachais arna thrádáil laistigh den MLA toisc nach ndéanann sé ach an próiseas trádála a éascú agus gníomhú mar idirghabhálaí. Aithnítear nithe iníoctha agus infháltais a bhaineann le trádáil an leictreachais sa Chlár Comhardaithe.

Léiríonn ioncam neamhbhilleáilte (sócmhainn chonartha) ioncam ó sheirbhísí tarchuir leictreachais nár billeáladh i gcomhréir leis an gclár ama rialála. Aithnítear ioncam neambhilleáilte ar bhonn fabhruithe agus sonraítear é gan cáin bhreisluacha a áireamh.

Léiríonn ioncam iarchurtha (dliteanas conartha) ioncam iarchurtha a eascraíonn as ceantanna FTR agus conarthaí Teileachumarsáide.

### Costais dhíreacha

Léiríonn costais dhíreacha na costais a bhaineann le soláthar na seirbhísí tarchuir leictreachais do chustaiméirí le linn na bliana airgeadais go príomha, gan cáin bhreisluacha a áireamh. Áirítear le costais dhíreacha táillí úinéara sócmhainní tarchuir, seirbhísí coimhdeacha agus costais aistrithe shlána. Aithnítear costais dhíreacha nuair a thabhaítear iad.

### Brabús oibriúcháin

Tá formáid Ráitis Ioncaim glactha ag an nGrúpa, formáid a dhéanann iarracht aird a tharraingt ar na míreanna suntasacha laistigh de na torthaí le haghaidh na tréimhse. Dá réir sin, luaitear brabús oibriúcháin tar éis ghearradh na gcostas díreach agus tar éis na gcostas oibriúcháin eile, ach roimh ioncam úis agus costais airgeadais.

Léiríonn costais oibriúcháin eile costais a bhaineann le fostaithe, táillí gairmiúla, conraitheoirí agus costais bunaithe go príomha. Aithnítear costais oibriúcháin eile de réir mar a thabhaítear iad.

## 2. Ráiteas ar Pholasaithe Cuntasaíochta (Ar lean)

**Airgeadraí eachtracha**

Cuirtear Ráitis Airgeadais gach eintitis de chuid an Ghrúpa ar fáil in airgeadra na timpeallachta eacnamaíche príomha ina n-oibríonn an t-eintiteas (an t-airgeadra feidhmiúil). Chun críche na Ráiteas Airgeadais Comhdhlúite, tugtar na torthaí agus staid airgeadais gach eintitis de chuid an Ghrúpa in Euro, arb é sin agus airgeadra feidhmiúil na Cuideachta agus an t-airgeadra tuairiscithe le haghaidh na Ráiteas Airgeadais Comhdhlúite.

Taifeadtar idirbhearta in airgeadraí eachtracha ag an ráta malairte a bhí i réim ar dháta na n-idirbheart. Ar dháta gach Clár Comhardaithe, athaistrítear sócmhainní airgeadaíochta agus dliteanais ainmnithe in airgeadraí eachtracha leis na rátaí a bhí i réim ar an dáta sin, agus aithnítear difríochtaí malairte sa Ráiteas Ioncaim Comhdhlúite de réir mar a thagann siad aníos.

Nuair a chomhdhlúthaítear iad, aistrítear Ráitis Ioncaim an dá fhochuideachta atá ag an nGrúpa go Euro tríd an meánráta malairte a úsáid. Aistrítear Cláir Chomhardaithe na bhfochuideachtaí seo ag na rátaí malairte atá i réim ar dháta an Chláir Comhardaithe. Tugtar difríochtaí malairte a eascraíonn as aistriú fhochuideachtaí airgeadra eachtraigh an Ghrúpa go díreach chuig comhchuid scartha de chothromas na scairshealbhóirí.

Caitear le dea-thoil agus coigeartuithe ar chóirluach a eascraíonn as éadáil na bhfochuideachtaí eachtracha amhail is gur sócmhainní agus dliteanais de chuid na bhfochuideachtaí eachtracha iad agus aistrítear iad ag úsáid an ráta reatha.

**Costais as sochair scoir**

Le haghaidh pleananna sochair shainithe, socraítear an costas as sochair a sholáthar agus úsáid á baint as Modh na nAonad Réamh-mheasta Creidmheasa, agus déantar luachálacha achtúireacha ar dháta gach Cláir Chomhardaithe. Déantar gnóthachain agus caillteanais achtúireacha a aithint ina n-iomlán sa tréimhse ina dtagann siad chun cinn. Aithnítear iad lasmuigh den bhrabús nó den chaillteanas agus léirítear iad sa Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach.

Léiríonn na hoibleagáidí i ndáil le sochar scoir a aithnítear sa Chlár Comhardaithe luach láithreach na n-oibleagáidí sochair shainithe arna laghdú ag cóirluach shócmhainní an phlean. Aon sócmhainn a eascraíonn as an ríomh seo, bíonn sí teoranta do chostas na seirbhíse roimhe seo, móide luach láithreach na gcistí atá ar fáil agus laghduithe ar ranníocaíochtaí amach anseo leis an bplean.

Caipitlítear na costais reatha seirbhíse, a bhaineann le sochair scoir le haghaidh fostaithe atá rannpháirteach i dtionscadail chaipitil, sa Chlár Comhardaithe nuair a thabhaítear na costais.

Feidhmíonn an Chuideachta plean le ranníocaíocht shainithe dá fostaithe freisin. Is éard atá i gceist le plean le ranníocaíocht shainithe ná plean pinsin faoina n-íocann an Chuideachta ranníocaíochtaí sainithe le slánaonad ar leithligh. Nuair atá na ranníocaíochtaí íoctha níl aon oibleagáidí íocaíochta eile ar an gCuideachta.

Aithnítear na ranníocaíochtaí mar chaiteachas sa Ráiteas Ioncaim nuair a bhíonn siad dlite. Taispeántar na méideanna nár íocadh i bhfabhruithe mar dhliteanas sa Chlár Comhardaithe. Coimeádtar sócmhainní an phlean scartha ón gCuideachta i gcistí a riartar go neamhspleách.



## 2. Ráiteas ar Pholasaithe Cuntasaíochta (Ar lean)

**Cánachas**

Léiríonn caiteachas cánach ioncaim iomlán na cánach atá le híoc i láthair na huaire chomh maith leis an gcáin iarchurtha.

Tá an cháin atá le híoc faoi láthair bunaithe ar an mbrabús incháanach don bhliain airgeadais. Tá brabús incháanach difriúil le brabús mar a thuairiscítear sa Ráiteas Ioncaim toisc go gcuireann sé míreanna ioncaim nó caiteachais atá incháanach nó inasbhainte roimh cháin i dtréimhsí eile as an áireamh, agus chomh maith leis sin, cuireann sé míreanna eile nach mbíonn incháanach nó inasbhainte roimh cháin riamh as an áireamh. Ríomhtar dliteanas an Ghrúpa i leith cáin reatha ag úsáid rátaí cánach a achtaíodh nó a achtaíodh go substainteach faoi dháta an Chláir Comhardaithe.

Aithnítear cáin iarchurtha ar dhifríochtaí idir suimeanna glanluacha na sócmhainní agus na ndliteanas sna Ráitis Airgeadais agus na boinn chomhfhreagracha cánach a úsáidtear i ríomh an bhrabúis incháanaigh, agus cuirtear san áireamh é trí úsáid a bhaint as modh dliteanais an chláir comhardaithe. Is iondúil go n-aithnítear dliteanais chánach iarchurtha le haghaidh difríochtaí sealadacha incháanach, agus is iondúil go n-aithnítear sócmhainní cánach iarchurtha le haghaidh difríochtaí sealadacha atá inasbhainte a mhéid is dócha go mbeidh brabúis incháanach ar fáil, agus a mhéid is féidir na difríochtaí sealadacha sin atá inasbhainte a úsáid ina leith. Ní aithnítear sócmhainní ná dliteanais den sórt sin má eascraíonn an difríocht shealadach ó aitheantas tosaigh na dea-thola.

Déantar sócmhainní agus dliteanais cánach iarchurtha a thomhas ag na rátaí cánach a mheastar a bheidh i bhfeidhm sa tréimhse ina ndéanfar an dliteanas a shocrú nó an tsócmhainn a réadú, bunaithe ar rátaí cánach (agus dlíthe cánach) atá achtaithe nó achtaithe go substaintiúil ar dháta an Chláir Comhardaithe. Léiríonn tomhas na ndliteanas agus na sócmhainní cánach iarchurtha na hiarmhairtí cánach a leanfadh, ar an mbealach a bhfuil súil ag an nGrúpa leis, ag an dáta tuairiscithe, chun suim ghlanluacha a shócmhainní agus a dhliteanais a aisghabháil nó a shocrú. Gearrtar an cháin iarchurtha, nó cuirtear do shochar í sa Ráiteas Ioncaim, ach amháin nuair a bhaineann an cháin iarchurtha sin le míreanna a ghearrtar ar ioncam cuimsitheach eile nó go díreach chuig an gcothromas, nó míreanna a chuirtear do shochar na nithe sin; sa chás sin, pléitear leis an gcáin iarchurtha mar chuid d'ioncam cuimsitheach nó de chothromas eile de réir mar is cuí.

Déantar sócmhainní agus dliteanais cánach iarchurtha a fhritháireamh nuair a bhí ceart infheidhmithe le dlí ann chun sócmhainní a fhritháireamh i leith dliteanais cánach reatha agus nuair a bhíonn sé i gceist ag an nGrúpa a shócmhainní agus dliteanais cáin reatha a shocrú ar bhonn glan.

**Réadmhaoin, gléasra agus trealamh**

Luaitear sealúchas, gléasra agus trealamh ar a gcostas lúide an dímheas carntha agus aon chaillteanas lagaithe carntha, seachas i gcás talún ruílse a thaispeántar ar a chostas lúide lagú.

Aithnítear dímheas chun costas na sócmhainní thar a saolré ionchais mheasta a dhíscríobh, ag úsáid mhodh an mhéid chothroim. Déantar athbhreithniú ar shaolré ionchais mheasta, luachanna iarmharacha agus an modh dímheasa ag deireadh gach tréimhse, agus cuirtear éifeacht aon cheann de na hathruithe seo sa mheastachán san áireamh ar bhonn ionchasach.

## 2. Ráiteas ar Pholasaithe Cuntasaíochta (Ar lean)

Is iad seo a leanas na tréimhsí dímheasa le haghaidh phríomhchatagóirí an tsealúchais, an ghléasra agus an trealaimh:

- Feabhsúcháin ar fhoirgnimh léasacha: thar thréimhse an léasa;
- Foirgnimh ruílse agus feabhsúcháin: idir 5 agus 15 bliana;
- Daingneáin agus feistiú: 5 bliana;
- Trealamh TF, teileachumarsáide agus eile: idir 3 agus 8 mbliana;
- Margadh Leictreachais Aonair Comhtháite: 5 bliana.

Is iad seo a leanas na tréimhsí dímheasa le haghaidh chatagóir an Idirnascaire Thoir-Thiar laistigh den sealúchas, den ghléasra agus den trealamh:

- Cáblaí: 40 bliain;
- Stáisiúin tiontairí, trádstóras agus trealamh: 30 bliain;
- Fuíoll-trasfhoirmeoir agus páirteanna spártha: 30 bliain;
- Córas rialúcháin an tiontaire: 15 bliana;
- Trealamh an fhreastalaí TF: 6 bliana; agus
- Suirbhé Mara: 3 bliana.

Ní sholáthraítear dímheas ar bith ar thalamh ruílse nó ar shócmhainní le linn tógála.

Iompraítear sócmhainní i gcaitheamh tógála ar a gcostas lúide aon chaillteanas laige aitheanta. Áirítear le costais táillí gairmiúla, pá agus tuarastal, costais sochair scoir agus aon chostas eile a tabhaíodh a bhaineann go díreach le tógáil sócmhainní den sórt sin. Déantar na sócmhainní seo a athaicmiú ar chatagóirí cuí agus tosaíonn dímheas ar na sócmhainní seo nuair a bhíonn na sócmhainní réidh don úsáid atá beartaithe dóibh.

Cinntear an brabús nó an caillteanas a eascraíonn as diúscairt nó scor sealúchais, gléasra agus trealaimh mar an difríocht idir fáltais na nglandíolachán agus suim ghlanluacha na sócmhainne a aithnítear sa Ráiteas Ioncaim.

### Costais iasachta

Cuirtear costais iasachtaithe a bhaineann go díreach le héadáil, tógáil nó táirgeadh na sócmhainní incháilithe, ar sócmhainní iad a theastaíonn tréimhse mhaith ama chun iad a ullmhú le haghaidh na húsáide atá beartaithe dóibh nó le haghaidh an díolacháin, cuirtear iad le costas na sócmhainní sin, go dtí go mbeidh na sócmhainní sin réidh le haghaidh na húsáide atá beartaithe dóibh.

I gcás ina n-úsáidtear iasachtaí ar rátaí athraitheacha chun sócmhainn incháilithe a mhaoiniú agus iad fálaithe i bhfálú éifeachtach ar an sreabhadh airgid de riosca ráta úis, is ionann an t-ús móide costas na sócmhainne incháilithe agus costas an ghlan-úis tar éis éifeacht an fhálaithe.

Asbhaintear ioncam infheistíochta a shaothraítear ar infheistíocht shealadach iasachtaí sonracha ag feitheamh leis an gcaiteachas ar shócmhainní incháilithe o na costais iasachtaithe le haghaidh caipitlithe.

Aithnítear gach costas iasachtaithe eile mar bhrabús nó mar chaillteanas sa tréimhse inar tabhaíodh iad.



## 2. Ráiteas ar Pholasaithe Cuntasaíochta (Ar lean)

### Sócmhainní doláimhsithe

Aithnítear sócmhainní doláimhsithe a fhaightear i gcomhcheangal gnó ar leithligh ón dea-thoil i gcás ina sásaíonn siad sainmhíniú na sócmhainne doláimhsithe agus i gcás inar féidir a gcóirluachanna a thomhas go beacht. Costas sócmhainní doláimhsithe den sórt sin ná an cóirluach a bhí orthu ar dháta na héadála. Tar éis an aitheantais tosaigh, tuairiscítear na sócmhainní seo ar a gcostas lúide amúchadh carntha agus caillteanais laige charntha. I gcás ina mbíonn saolré ionchais chríochta mheasta ag sócmhainní doláimhsithe, gearrtar amúchadh ar bhonn an mhéid chothroim thar a saolré ionchais mheasta.

Luaitear bogearraí ríomhaireachta, bogearraí ríomhaireachta san áireamh nach bhfuil mar chuid chomhtháite de chrua-earraí ríomhaireachta, ar chostas lúide aon amúchadh carntha agus aon chaillteanas carntha laige. Cuimsíonn costas an praghas ceannaigh agus aon chostais eile atá inchurtha go díreach.

Aithnítear bogearraí ríomhaireachta má chomhlíonann sé na critéir a leanas:

- is féidir sócmhainní a aithint ar leithligh;
- is dócha go nginfidh an tsócmhainn a cruthaíodh sochair eacnamaíocha amach anseo;
- is féidir costas forbartha na sócmhainne a thomhas go beacht;
- is dócha go rachaidh aon sochar eacnamaíoch measta amach anseo, a bhaineann leis an tsócmhainn, chuig an eintiteas; agus
- is féidir costas na sócmhainne a thomhas go beacht.

Caipitlítear costais a bhaineann le forbairt bogearraí ríomhaireachta le haghaidh úsáid inmheánach nuair a chomhlíontar na critéir aitheantais a thugtar thuas.

Is iad seo a leanas na tréimhsí amúchta le haghaidh na bpríomhchatagóirí de shócmhainní doláimhsithe:

- Sócmhainn Leictreachais Aonair Chomhtháite: 5 bliana; agus
- Bogearraí eile: idir 3 agus 8 mbliana.

Iompraítear bogearraí atá á bhforbairt ar a gcostas lúide aon chaillteanas laige aitheanta. Áirítear le costais táillí gairmiúla, pá agus tuarastal, costais sochair scoir agus aon chostas eile a tabhaíodh a bhaineann go díreach le tógáil sócmhainní den sórt sin. Déantar na sócmhainní seo a athaicmiú ar chatagóirí cuí agus tosaíonn amúchadh ar na sócmhainní seo nuair a bhíonn na sócmhainní réidh don úsáid atá beartaithe dóibh.

Déantar athbhreithniú ar shaolré ionchais mheasta agus ar an modh amúchta ag deireadh gach tréimhse tuairiscithe, agus cuirtear éifeacht aon athruithe ar mheastachán san áireamh ar bhonn ionchasach.

Déantar athbhreithniú ar luachanna tugtha anonn sócmhainní doláimhsithe, ag a bhfuil saolré chríochta, le haghaidh táscairí lagaithe ag gach dáta tuairiscithe agus bíonn siad faoi réir tástála lagaithe nuair a thugann teagmhais nó athruithe ar thosca go bhféadfaí nach mbeadh an tsuim ghlanluacha in-aisghafa.

## 2. Ráiteas ar Pholasaithe Cuntasaíochta (Ar lean)

**Lagú sócmhainní**

Déanann an Grúpa athbhreithniú ar shuim ghlanluacha a shócmhainní doláimhsithe agus sealúchas, gléasra agus trealamh ar dháta gach Cláir Chomhardaithe chun a chinneadh an bhfuil comhartha ann go bhfuil aon chaillteanas laige ag baint leis na sócmhainní sin. Má ann d'aon chomhartha den sórt sin, meastar méid in-aisghabhála na sócmhainne chun méid an chaillteanais laige a chinneadh (más ann d'aon cheann). I gcás nach féidir méid in-aisghabhála sócmhainn aonair, measann an Grúpa méid in-aisghabhála an aonaid ghiniúna airgid thirim (AGA) lena mbaineann an tsócmhainn. I gcás inar féidir bunús réasúnta comhsheasmhach leithdháilte a aithint, leithdháiltear sócmhainní corparáide ar AGAnna aonair freisin, nó seachas sin, leithdháiltear iad ar an ngrúpa is lú de AGAnna ar féidir bunús leithdháilte réasúnta comhsheasmhach a aithint dó.

Is é an méid in-aisghabhála an méid is airde den chóirluach lúide costais chun iad a dhíol agus luach úsáide. Agus measúnú á dhéanamh ar luach úsáide, lascainítear an sreabhadh airgid measta amach anseo ar an luach láithreach ag úsáid ráta lascaine réamhchánach a léiríonn measúnuithe reatha an mhargaidh maidir le hamluach airgid agus na rioscaí a bhaineann go sonrach leis an tsócmhainn nach ndearnadh meastacháin an tsreafa airgid amach anseo a choigeartú ina taobh go fóill.

Má mheastar go bhfuil méid in-aisghabhála sócmhainne nó AGA níos lú ná an tsuim ghlanluacha, laghdaítear suim ghlanluacha na sócmhainne nó AGA chuig an méid in-aisghabhála. Aithnítear caillteanas laige láithreach sa Ráiteas Ioncaim, mura dtugtar an tsócmhainn ábhartha nó AGA ar aghaidh ar mhéid athluacháilte; sa chás sin caitear leis an gcaillteanas lagaithe mar laghdú athluachála.

**Dliteanais léasa agus sócmhainní i ndáil le ceart úsáide**

Glacann an Grúpa léasanna le haghaidh réimse sócmhainní, go háirithe i ndáil le foirgnimh, feithiclí agus ceadúnais urthrá. Bíonn téarmaí agus cearta athnuachana éagsúla ag baint leis na léasanna seo. Ní fhorfheidhmíonn téarmaí agus coinníollacha na léasanna srianta suntasacha airgeadais ar an nGrúpa.

Tá léas i gconradh má bhíonn sé infhorfheidhmithe agus má thugann an ceart ar rialú úsáide na sócmhainne sonraithe ann ar feadh tréimhse ama mar mhalartú ar chomaoin, a ndéantar measúnú air tráth a cheaptha. Déanann an Grúpa measúnú le feiceáil an léas é an conradh, nó le feiceáil an bhfuil léas sa chonradh, tráth a gceaptar an conradh. Aithníonn an Grúpa sócmhainn i ndáil le ceart úsáide agus dliteanas léasa comhfhreagrach maidir le gach comhaontú léasaithe ina bhfuil sé ina léasaí seachas léasanna gearrthréimhseacha (a shonraítear mar léasanna ag a bhfuil téarma léasa cothrom le 12 mhí nó níos lú) agus léasanna a bhaineann le sócmhainní luacha ísil (amhail míreanna beaga de threalamh oifige). Maidir leis na léasanna seo, aithníonn an Grúpa na híocaíochtaí léasanna mar chaiteachas oibriúcháin de réir méid cothrom thar théarma an léasa. Tá sé beartaithe ag an nGrúpa freisin comhchodanna neamhléasa a scaradh ó chomhchodanna léasa. Cuimsíonn na comhchodanna neamhléasa táillí seirbhíse ar léasanna réadmhaoine agus táillí cothabhála i ndáil le mótarfheithiclí.

Ar dtús, tomhaistear an dliteanas léasa ar luach láithreach na n-íocaíochtaí léasa gan íoc ag an dáta tosaigh, arna lascainiú trí úsáid a bhaint as an ráta atá intuigthe sa léas. Mura féidir an ráta seo a chinneadh go héasca, úsáideann an Grúpa a ráta iasachta incriminteach.



## 2. Ráiteas ar Pholasaithe Cuntasaíochta (Ar lean)

Cuimsítear le híocaíochtaí léasa atá i dtomhas an dliteanais léasa na nithe seo a leanas:

- Íocaíochtaí léasa seasta (lena n-áirítear íocaíochtaí seasta), lúide aon dreasacht léasa is féidir a fháil;
- Íocaíochtaí léasa athraitheacha a bhraitheann ar innéacs nó ráta, arna dtomhas ar dtús ag baint úsáide as an innéacs nó an ráta ag an dáta tosaigh;
- An méid atá le híoc ag an léasaí faoi na barántais luach iarmharach;
- Praghas feidhmithe na roghanna ceannaigh, má bhíonn an léasaí cinnte a dhóthain na roghanna a fheidhmiú; agus
- Íocaíochtaí pionós as an léas a fhoirceannadh, má léiríonn téarma an leasa feidhmiú rogha chun an léas a fhoirceannadh.

Úsáidtear roghanna foirceanta i roinnt léasanna réadmhaoine ar fud an Ghrúpa chun solúbthacht oibriúcháin a sholáthar i ndáil le bainistiú na sócmhainní. Ní áirítear le téarma an léasa roghanna sínte ach amháin má bhítear cinnte a dhóthain go gcuirfí síneadh ama leis an léas (nó nach bhfoirceannfar é).

Is iondúil go gcuirtear na fachtóirí a leanas san áireamh agus cinneadh á dhéanamh ar cheart rogha foirceanta a fheidhmiú:

- Má bhíonn pionóis shuntasacha ag baint le foirceannadh; bíonn an Grúpa cinnte a dhóthain nach bhfoirceannfar
- Má thagann úsáid na sócmhainne le straitéis an Ghrúpa go fóill

Cuirtear an dliteanas léasa in iúl ar líne ar leithligh sa ráiteas comhdhlúite ar staid an airgeadais. Tomhaistear an dliteanas léasa ina dhiaidh sin agus an tsuim ghlanluacha á méadú chun ús ar an dliteanas léasa a léiriú (ag úsáid modh an úis éifeachtaigh) agus an tsuim ghlanluacha á laghdú chun na híocaíochtaí léasa arna ndéanamh a léiriú.

Tomhaiseann an Grúpa an dliteanas léasa agus déanann sé coigeartú comhfhreagrach ar an tsócmhainn i ndáil le ceart úsáide lena mbaineann in aon cheann de na cásanna a leanas:

- Athraíodh téarma an léasa nó tharla teagmhas suntasach nó athrú ar thosca lena mbaineann athrú ar mheasúnú ar fheidhmiú rogha ceannaigh, agus sa chás sin, déantar atomhas ar an dliteanas léasa trí na híocaíochtaí léasa a lascainiú agus úsáid á baint as lascaine leasaithe
- Athraíonn na híocaíochtaí léasa de bharr athruithe ar innéacs nó ráta nó athrú ar an íocaíocht a bhfuil súil leis faoi luach iarmharach ráthaithe, agus i gcásanna den sórt sin déantar atomhas ar an dliteanas léasa trí na híocaíochtaí léasa leasaithe a lascainiú agus úsáid á baint as ráta lascaine neamhathraithe (murar tharla an t-athrú ar íocaíochtaí léasa mar gheall ar athrú ar ráta úis comhlúthach, agus i gcás den sórt sin, úsáidtear ráta lascaine leasaithe)
- Déantar mionathrú ar chonradh léasa agus ní chuirtear an mionathrú léasa san áireamh mar léas ar leithligh, agus i gcás den sórt sin déantar atomhas ar an dliteanas léasa bunaithe ar théarma léasa an léasa mhionathraithe trí na híocaíochtaí léasa leasaithe a lascainiú agus úsáid á baint as ráta lascaine leasaithe atá éifeachtach ar dháta an mhionathraithe

Cuirtear na sócmhainní i ndáil le ceart úsáide in iúl ar líne ar leithligh sa ráiteas comhdhlúite ar staid an airgeadais.

Déantar tomhas ar na sócmhainní i ndáil le ceart úsáide ar a gcostas, lena gcuimsítear na nithe seo a leanas:

- méid thomhas tosaigh an dliteanais léasa
- aon íocaíocht léasa arna déanamh ar an dáta tosaigh nó roimhe lúide aon dreasacht léasa a fuarthas
- aon chostas díreach tosaigh
- costais athchóirithe

## 2. Ráiteas ar Pholasaithe Cuntasaíochta (Ar lean)

Déantar sócmhainní i ndáil le ceart úsáide a dhímheas thar an tsaolré is giorra idir saolré ionchais na sócmhainne agus téarma an léasa ar bhonn an mhéid chothroim. Má bhíonn an Grúpa réasúnta cinnte go bhfeidhmeofaí rogha ceannaigh, déantar sócmhainn i ndáil le ceart úsáide a dhímheas thar shaolré ionchais na bunsócmhainne.

Aithnítear íocaíochtaí a bhaineann le léasanna gearrthréimhseacha agus gach léas de chuid sócmhainne ag a bhfuil luach íseal de réir méid cothrom mar chaiteachas i mbrabús nó i gcaillteanas. Is ionann léasanna gearrthréimhseacha agus léasanna ag a bhfuil téarma léasa de 12 mhí nó níos lú.

**Deontais**

Cuirtear deontais a bhaineann le caipiteal san áireamh mar ioncam iarchurtha sa Chlár Comhardaithe má tá an tsócmhainn á húsáid agus má scaoiltear le brabús nó caillteanas iad thar shaolré ionchais na sócmhainní lena mbaineann.

Aithnítear deontais ioncaim mar ioncam thar na tréimhsí riachtanacha chun teacht leis an deontas ar bhonn córasach maidir leis na costais dá bhfuil sé beartaithe.

Ní aithnítear deontais go dtí go bhfuil dearbhú réasúnta ann go gcomhlíonfaidh an Grúpa na tosca a cheanglaíonn iad agus go bhfaighfear na deontais.

**Sócmhainní airgeadais agus dliteanais**

Aithnítear sócmhainní airgeadais agus dliteanais ar an gClár Comhardaithe nuair a bhíonn an Grúpa ina pháirtí maidir le soláthar conartha ionstraime. Nuair a aithnítear ar dtús é, aicmítear sócmhainn airgeadais mar a thomhaistear é ag costas amúchta, cóirluach trí ioncam cuimsitheach eile nó cóirluach trí bhrabús agus trí chaillteanas. Ní dhéantar sócmhainní airgeadais a athaicmiú tar éis a aitheantais tosaigh mura n-athraíonn an Grúpa a mhúnla gnó chun sócmhainní airgeadais a bhainistiú. Tomhaistear na dliteanais airgeadais ar chostas amúchta.

Tomhaistear infheistíochtaí in ionstraimí cothromais ar chóirluach trí ioncam cuimsitheach eile toisc nach sealbhaítear iad le haghaidh trádála. Tá sé roghnaithe ag an nGrúpa ar bhealach do-chúlghairthe i gcomhréir le CITA 9 na hinfheistíochtaí cothromais a aicmiú amhail go bhfuil siad tomhaiste ag cóirluach trí ioncam cuimsitheach eile. Léirítear leis an gcinneadh sin straitéis fhadtéarmach infheistíochta na Cuideachta, lena gcumasaítear athruithe cóirluacha a aithint in ioncam cuimsitheach eile seachas sa ráiteas ioncaim.

Tomhaistear sócmhainn airgeadais ar an gcostas amúchta má chomhlíonann sé an dá thoisc seo a leanas agus mura n-ainmnítear é ag an gcóirluach trí bhrabús agus trí chaillteanas:

- Sealbhaítear é laistigh de mhúnla gnó, arb é a chuspóir é sócmhainní a shealbhú agus sreabhadh airgid conartha a bhailiú; agus
- Bíonn sreabhadh airgid ann ar dhátaí sonraithe mar gheall ar a dtéarmaí conartha, sreabhadh airgid atá ann le haghaidh íocaíochtaí de phríomhshuim nó d'ús ar an bpríomhshuim gan íoc.

Comhlíonann infháltais trádála, infháltais eile agus costais iarchurtha tionscadail na tosca seo agus tomhaistear iad ar an gcostas amúchta dá bharr sin.



## 2. Ráiteas ar Pholasaithe Cuntasaíochta (Ar lean)

Cuimsíonn airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim a iompraítear airgead ar láimh agus taiscí prapéilimh agus infheistíochtaí ardleachtachta gearrthréimhseacha eile atá inmhalartaithe go héasca chuig méid aitheanta airgead tirim agus atá faoi réir riosca neamhshuntasach i ndáil le hathruithe ar an luach.

Áirítear taiscí airgid thirim le haibíochtaí trí mhí nó níos mó mar thaiscí gearrthéarmacha laistigh de thrádáil agus infháltais eile.

Tomhaistear nithe iníoctha trádála ar aitheantas tosaigh ar an luach sonraisc, a mheasann cóirluach agus a iompraíonn costas amúchta ina dhiaidh sin. Ní bhaineann ús le trádáil agus nithe iníoctha eile.

Aithnítear iasachtaí lena mbaineann ús ar an gcóirluach, arb ionann é agus luach na bhfáltas a fuarthas lúide costais shocraithe lena mbaineann go díreach. Tar éis an aitheantais tosaigh, luaitear na hiasachtaí seo ar an gcostas amúchta ag úsáid mhodh an ghlanráta úis.

Dí-aithnítear sócmhainní airgeadais agus dliteanais ar an gClár Comhardaithe nuair a scoireann an Grúpa de bheith ina pháirtí maidir le soláthar conartha ionstraime.

Frithháirítear sócmhainní airgeadais agus dliteanais, agus cuirtear an glanmhéid in iúl sa chlár comhardaithe, nuair a bhíonn ceart infheidhmithe le dlí ag an nGrúpa na méideanna a fhritháireamh agus nuair atá sé beartaithe aige iad a shocrú ar bhonn glan nó an tsócmhainn a scaoileadh agus an dliteanas a shocrú ag an am céanna.

**Forálacha agus dliteanais theagmhasacha**

Aithnítear forálacha nuair a bhíonn oibleagáid reatha (dlíthiúil nó cuiditheach) ag an nGrúpa mar gheall ar theagmhas roimhe sin, agus gur dócha go gceanglófaí ar an nGrúpa an oibleagáid sin a shocrú agus gur féidir meastachán beacht a dhéanamh maidir le méid na hoibleagáide. Is é an méid a aithnítear mar fhoráil an meastúchán is fearr maidir leis an gcomaoin a theastaíonn chun an oibleagáid reatha a shocrú ar an dáta tuairiscithe, agus na rioscaí agus neamhchinnteachtaí maidir leis an oibleagáid á gcur san áireamh. I gcás ina dtomhaistear foráil agus úsáid á baint as sreafaí airgid a measadh chun an oibleagáid reatha a shocrú, is ionann an tsuim ghlanluacha agus luach láithreach na sreafaí airgid (nuair a bhíonn éifeacht an luach ama airgid ábhartha). Nuair a mheastar go n-aisghabhfaí roinnt sochar eacnamaíoch, nó na sochair eacnamaíocha ar fad, ó thríú páirtí, a theastaíonn chun foráil a shocrú, aithnítear infháltas mar shócmhainn má bhítear nach mór cinnte go bhfaighfí aisíocaíocht agus gur féidir méid an infháltais a thomhas go beacht.

Nuair nach dócha go mbeidh gá le heis-sreabhadh sochair gheilleagracha, nó nach féidir an méid a mheas go hiontaofa, nochtar an oibleagáid mar dhliteanas teagmhasach, mura bhfuil caolseans ann go dtarlóidh eis-sreabhadh sochair geilleagracha. Déantar oibleagáidí a d'fhéadfadh a bheith i gceist, nárbh fhéidir iad a dheimhniú ach amháin má tharlaíonn nó mura dtarlaíonn ceann amháin nó níos mó de theagmhais sa todhchaí, a nochtadh mar dhliteanais theagmhasacha mura bhfuil caolseans ann go dtarlóidh eis-sreabhadh sochair gheilleagracha.

## 2. Ráiteas ar Pholasaithe Cuntasaíochta (Ar lean)

**Ionstraimí airgeadais díorthacha**

Glacann an Grúpa páirt i mbabhtáil ráta úis chun an risíocht ar riosca ráta úis a bhainistiú. Nochtar tuilleadh mionsonraí maidir le hionstraimí díorthacha airgeadais i Nóta 26.

Aithnítear ionstraimí díorthacha airgeadais ar an gcóirluach i dtosach ar an dáta ar a gcuirtear tús leis an gconradh díorthach agus déantar atomhas air ina dhiaidh sin ar an gcóirluach ar dháta gach Cláir Chomhardaithe. Cinntear cóirluach na mbabhtálacha ráta úis ar an dáta tuairiscithe trí na sreafaí airgid amach anseo a lascainiú agus úsáid á baint as fachtóirí lascainithe idirshuite ó chuair an ráta úis ar an dáta tuairiscithe arna gcoigeartú le haghaidh riosca creidmheasa an chontrapháirtí. Aithnítear an gnóthachan nó an caillteanas a eascraíonn as sin mar bhrabús nó mar chaillteanas láithreach mura n-ainmnítear aon díorthach agus mura mbíonn sé éifeachtach mar ionstraim fálaithe; i gcás den sórt sin, braitheann amú an aitheantais mar bhrabús nó mar chaillteanas ar nádúr an ghaoil fálaithe.

**Ionstraimí fálaithe**

Ainmníonn an Grúpa a bhabhtáil ráta úis mar fháluithe ar an sreabhadh airgid. Ceanglaíonn sé seo ar an nGrúpa a chinntiú go mbeidh an caidreamh cuntasaíochta fálaithe ailínithe lena spriocanna agus a straitéis bainistíochta riosca agus cur chuige a bheidh níos cáilíochtúla agus níos réamhbhreathnaithe chun measúnú ar éifeachtúlacht fálaithe a chur i bhfeidhm. Ag céim bhunaithe an chaidrimh fálaithe, déanann an Grúpa taifead ar an gcaidreamh idir an ionstraim fálaithe agus an mhír fálaithe, chomh maith lena chuid cuspóirí um bainistiú riosca agus an straitéis atá aige chun idirbhearta fálaithe éagsúla a ghlacadh. Anuas air sin, ag céim cheaptha an fhálaithe agus ar bhonn leanúnach, déanann an Grúpa taifead ar éifeacht ard na hionstraime fálaithe a úsáidtear sa chaidreamh fálaithe i ndáil leis na hathruithe ar shreabhadh airgid na míre fálaithe a fhritháireamh.

Sainaithnítear scair éifeachtach na n-athruithe ar chóirluach na babhtála ráta úis agus tá siad incháilithe mar fhálú ar an sreabhadh airgid agus aithnítear iad in ioncam cuimsitheach eile agus carntar iad sa chothromas. Aithnítear an gnóthachan nó an caillteanas a bhaineann leis an scair neamhéifeachtach láithreach sa bhrabús nó sa chaillteanas, agus cuirtear san áireamh é sna costais airgeadais sa Ráiteas Ioncaim. Déantar méideanna carntha i gcothromas a athchúrsáil i mbrabús nó i gcaillteanas sna tréimhsí ina n-aithnítear an mhír fhálaithe i mbrabús nó caillteanas, ar an líne chéanna den Ráiteas Ioncaim leis an mír fhálaithe aitheanta.

Mura gcomhlíonann an ionstraim fálaithe na critéir maidir le cuntasaíocht fálaithe a thuilleadh, má théann sí in éag nó má dhíoltar, má fhoirceanntar nó má fheidhmítear í, nó má chúlghairtear an t-ainmniú, scoirtear go hionchasach de chuntasaíocht fálaithe.

Leagtar amach le nóta 26 na mionsonraí ar chóirluachanna babhtála ráta úis reatha an Ghrúpa a úsáidtear chun críocha fálaithe. Mionsonraítear gluaiseachtaí sa chúltaisce fálaithe sa chothromas chomh maith sa Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach.



## 2. Ráiteas ar Pholasaithe Cuntasaíochta (Ar lean)

**Laige sócmhainní airgeadais**

Éilítear le CITI 9 go n-aithneofaí na forálacha laige bunaithe ar chaillteanais mheasta do shochar ('CMS'). Baineann sé le sócmhainní airgeadais ar chostas amúchta, sócmhainní conartha faoi CITA 15, ioncam ó chonradh le custaiméirí. Maidir le hinfháltais trádála agus sócmhainní conartha, cuireann an Grúpa an cur chuige simplithe CITI 9 i bhfeidhm chun caillteanais mheasta chreidmheasa a thomhas, rud a úsáideann lamháltas de chaillteanas a bhfuil súil leis thar shaolré. Tá na lamháltais chaillteanais ar shócmhainní airgeadais bunaithe ar an mbonn tuisceana faoi riosca loicthe agus rátaí caillteanais ionchais. Úsáideann an Grúpa breithiúnas agus na boinn tuisceana seo á ndéanamh agus na hionchuir á roghnú maidir leis na ríomhanna i ndáil le caillteanais mheasta ar chreidmheas, bunaithe ar pholasaí bainistíochta riosca creidmheasa an Ghrúpa, ar an stair, ar thosca reatha margaidh agus ar mheastacháin a fhéachann chun tosaigh ag deireadh gach tréimhse tuairiscithe.

Maidir le gach sócmhainn airgeadais eile, aithníonn an Grúpa CMS saoil i gcás méadú suntasach ar an riosca creidmheasa ón aitheantas tosaigh. Mar sin féin, mura bhfuil méadú suntasach tagtha ar an riosca creidmheasa ar an ionstraim airgeadais ón aitheantas tosaigh, tomhaiseann an Grúpa an lamháltas caillteanais don ionstraim airgeadais sin ag méid atá comhionann le CMS 12 mhí. Léiríonn CMS Saoil na caillteanais chreidmheasa ionchais a thiocfaidh as gach teagmhas loicthe féideartha thar shaolré ionchais ionstraime airgeadais. I gcodarsnacht leis sin, léiríonn CMS 12 mhí an scair de shaolré CMS a mheastar a eascróidh as teagmhais loicthe ar ionstraim airgeadais a d'fhéadfadh tarlú laistigh de 12 mhí tar éis an dáta tuairiscithe.

**Iasachtaí lena mbaineann ús ar an luach cóir**

Aithnítear iasachtaí lena mbaineann ús ar an gcóirluach, arb ionann é agus luach na bhfáltas a fuarthas lúide costais shocraithe lena mbaineann go díreach. Tar éis an aitheantais tosaigh, luaitear na hiasachtaí seo ar an gcostas amúchta ag úsáid mhodh an ghlanráta úis.

**Ioncam airgeadais agus costais**

Saothraítear ioncam úis ar thaiscí bainc agus fabhraítear é ar bhonn ama de réir na tagartha don phríomhshuim atá gan íoc agus ar an nglanráta úis is infheidhme, arb é sin an ráta a lascainíonn na fáltais airgid mheasta amach anseo ar feadh shaolré mheasta na sócmhainne airgeadais ag luach tugtha anonn na sócmhainne sin.

Saothraítear ioncam freisin trí bhíthin ús, arna gcoigeartú ag an mboilsciú, a ghearradh ar chostais iarchurtha i ndáil le tionscadail tarchuir.

Cuimsíonn costais airgeadais ús ar iasachtaí agus babhtálacha ráta úis lena mbaineann. Aithnítear costais airgeadais mar chaiteachas sa tréimhse ina dtabhaítear iad, ach amháin i gcás ina mbaineann costais airgeadais go díreach le fáil, tógáil nó táirgeadh sócmhainní incháilithe; sa chás sin cuirtear san áireamh mar chostais iasachtaithe iad.

Ríomhtar costais airgeadais ag úsáid modh an ráta úis ghlain, modh a bhaineann le ríomh costas amúchta dliteanas airgeadais agus leithdháileadh caiteachas úis thar an tréimhse ábhartha. Is ionann an ráta úis glan agus an ráta a lascainíonn na híocaíochtaí airgid measta amach anseo le linn shaolré mheasta an dliteanais airgeadais.

## 2. Ráiteas ar Pholasaithe Cuntasaíochta (Ar lean)

**Breithiúnais i ndáil le cuntasaíocht chriticiúil agus príomhfhoinsí na neamhchinnteachta meastacháin**
Le hullmhú na Ráiteas Airgeadais, ní mór don bhainistíocht meastacháin agus boinn tuisceana a dhéanamh maidir leis na suimeanna glanluacha arna dtuairisciú le haghaidh sócmhainní agus dliteanas ar dháta an Chláir Comhardaithe agus na méideanna arna dtuairisciú le haghaidh ioncaim agus caiteachais le linn na tréimhse sin nach bhfuil soiléir ó fhoinsí eile. Tá na meastacháin agus na boinn tuisceana ghaolmhara bunaithe ar thaithí stairiúil agus tosca eile a mheastar a bheith bainteach.

Fágann saintréithe an mheastacháin go bhféadfadh torthaí iarbhír bheith difriúil leis na meastacháin sin. Measann an bhainistíocht gurb iad na meastacháin agus na boinn tuisceana chuntasaíochta a phléitear thíos a meastacháin chuntasaíochta ríthábhachtacha ('E') agus a breithiúnais ('J'):

- **Forálacha (E, J)**
  Ar an 1 Eanáir 2020, tháinig Rialachán AE 2019/943 ('Rialachán') maidir leis an margadh inmheánach don leictreachas i bhfeidhm, dliteanas féideartha don Ghrúpa faoi Airteagal 13 san áireamh. Is dócha go mbeidh oibleagáid íocaíochta ar an nGrúpa amhail an 30 Meán Fómhair 2024 de bhun an Rialacháin agus an pháipéir cinnidh MLA ó 22 Márta. Agus an dliteanas féideartha á mheas, rinne na stiúrthóirí boinn tuisceana maidir le léirmhíniú an pháipéir chinnidh MLA mar go bhfuil roinnt fadhbanna casta ag baint leis. Is é €100.9m a meastachán is fearr ar an bhforáil (2023: €106.5m) agus as sin meastar go n-aisghabhfar €65.2m trí tháillí OCT EirGrod agus €35.7m trí tháille fabhtachta MLA. Braithfidh na méideanna deiridh ar an mbealach a gcuirfidh an Coiste Margaidh Leictreachais Aonair Airteagail 12 agus 13 i bhfeidhm in Éirinn agus i dTuaisceart Éireann. Leis an bhforáil don bhliain roimhe rinneadh talamh slán de go n-íocfaí agus go n-aisghabhfaí iomlán an chúitimh trí MLA agus mar sin aithníodh infháltas comhfhreagrach i dtaobh na forálach iomláine agus mar thoradh air sin ní raibh aon tionchar ar an ráiteas ioncaim. Dheimhnigh an Rialtóir i bplé i 2023/24 gur cheart go n-íocfadh an OCT cuid den chúiteamh a bhí le híoc as Airteagal 13.7 faoi réir chinneadh 2022 an CMLA. Mar thoradh air sin, dí-aithníodh €65.2m ó infháltais agus aithníodh mar chostas díreach é sa chuntas brabúis agus caillteanais toisc go bhfuil athrú tagtha ar thoimhdí na bliana roimhe i dtaobh na meicníochta aisghabhála. Tá an méid in-aisghabhála i ndáil leis an gcuid den fhoráil inchurtha i leith aisghabháil MLA de €35.7m (2023: €106.5m) curtha san áireamh i dtrádáil agus infháltais eile.

  Tá cinneadh an CMLA ar an 22 Márta maidir leis an bPacáiste um Fhuinneamh Glan faoi réir agóidí dlíthiúla atá ag ceistiú dhlíthiúlacht an chinnidh a rinne CRU ag gníomhú dó trí Choiste CMLA. D'eisigh an Ard-Chúirt a Breithiúnas sa chás ar an 10 Samhain 2023, inár leagadh béim ar choinbhleachtaí i gCinneadh CMLA le hAirteagal 13. D'eisigh an Chúirt a cuid orduithe deiridh i ndáil leis an gcás ar an 1 Meitheamh 2024 agus tá sé faoi réir achomhairc sa Chúirt Uachtarach anois. Dá bhrí sin, leanann an bhainistíocht orthu ag bunú a soláthair ar chinneadh an CMLA toisc go dtógann sé treoir ón Rialtóir agus go bhfuil breithiúnas na hArd-Chúirte á achomharc anois. Ní socrú atá i mbreithiúnas na hArd-Chúirte agus níor réitíodh an éiginnteacht i ndáil le bonn na ríomhaireachta tar éis gur eisíodh orduithe deiridh na hardchúirte. Mar sin féin, rinne an bhainistíocht meastachán ar an oibleagáid, áfach, agus dá mbeadh an Breithiúnas le coinneáil, go mbeadh sé idir €224.0m agus €337.0m. Tá sé seo faoi réir neamhchinnteachta suntasaí i ndáil leis an meastachán mar gheall ar na castachtaí.



## 2. Ráiteas ar Pholasaithe Cuntasaíochta (Ar lean)

- **Sócmhainní agus dliteanais airgeadais áirithe a eascraíonn as conarthaí um Ghiniúint Éigeandála Sealadach (J)**
  Ar an 7 Iúil 2022, thug an Coimisiún um Rialáil Fóntas (CRU) treoir do EirGrid cpt faoi Rialachán 28(10) de na Comhphobail Eorpacha chun acmhainneacht giniúna leictreachais éigeandála bhreise a sholáthar do thréimhse an gheimhridh 2023-2024 go dtí an geimhreadh 2025-2026 agus más gá go dtí deireadh an gheimhridh 2026-27. Mar thoradh air sin tá conarthaí déanta ag an nGrúpa chun soláthar sócmhainní giniúna éigeandála sealadacha a chur ar fáil. Bhí na conarthaí seo casta go nádúrtha agus chruthaigh téarmaí an chonartha níos mó deacrachta mar gheall ar nádúr práinneach agus tábhachtach na gcásanna ar thug siad aghaidh orthu. Agus measúnú á dhéanamh ar an gcaoi a gcaitear le cuntasaíocht do na conarthaí seo, d'fhéach an Grúpa thar an bhfoirm dhlíthiúil agus ghabh sé bunsubstaint eacnamaíoch na socruithe mar gheall ar a dtéarmaí neamhchaighdeánacha agus a n-imeacht ó ghnáthchonarthaí tráchtála. Is éard a bhí i gceist le substaint a chur i bhfeidhm seachas foirm sa chomhthéacs seo anailís chuimsitheach ar na tairbhí eacnamaíocha agus na rioscaí a bhaineann leis na conarthaí. Níl sócmhainn inláimhsithe aitheanta ag an nGrúpa toisc go bhfuil sé socraithe againn go bhfuil dóchúlacht an-íseal ag an tsócmhainn go dtáirgfear sochair eacnamaíocha chuig an nGrúpa nó go mbeidh sé riachtanach iad a aistriú chuige. Tá sócmhainní agus dliteanais airgeadais aitheanta ag an nGrúpa ag eascairt as an gconradh mar go bhfuil an t-idirbheart struchtúrtha ar bhealach ina bhfuil an Grúpa ag éascú soláthar Giniúint Éigeandála Shealadach trí mhaoiniú a ghnóthófar ar deireadh trí ÚTC. Aithnítear €243.6m mar infháltais eile arb ionann é agus na suimeanna atá dlite ó cheann de na húinéirí ar láithreacha sealadacha um ghiniúint éigeandála. Tá luach tugtha anonn de €265.4m ag an infháltas fadtéarmach ach tá sé lascainithe go €243.6m agus úsáid á baint as ráta lascaine 4.09% agus 3.98% a léiríonn an ráta úis margaidh atá i réim d'ionstraim chomhchosúil a bhfuil rátáil chreidmheasa chomhchosúil aici.

  D'fhonn cur ar chumas EirGrid cpt an Treoir thuas a chomhlíonadh, chuir an tAire Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide deontas de €151.0m ar fáil in 2022 chun soláthar an 412 MV de ghiniúint shealadach éigeandála breise a mhaoiniú. Tá breithiúnas feidhmithe ag an mbainistíocht agus iad ag socrú cén uair a bheidh coinníollacha an deontais comhlíonta agus ar cheart dá bhrí sin an t-ioncam a aithint. Tá an t-airgead deontais curtha siar ar an gclár comhardaithe go dtí go mbeidh gach aonad i bhfeidhm agus in ann an acmhainneacht MV a sholáthar de réir na treorach agus súil ann go dtarlóidh sé sin in 2024/2025. Tá sé sin ag teacht leis an bprionsabal nár cheart ioncam a aithint ach nuair atá dearbhú réasúnta ann gur comhlíonadh coinníollacha an deontais.

- **Cóireáil chuntasaíochta ar SONI Teoranta (J)**
  Ar an 30 Lúnasa 2022, d'fhoilsigh an Rialtóir Fóntas (RF) i dTuaisceart Éireann a chinneadh maidir le rialachas SONI agus modhnuithe ar a cheadúnas OCT. Códaíodh na modhnuithe sin i gceadúnas SONI ar an 26 Deireadh Fómhair 2022. Ceanglaíonn coinníollacha an cheadúnais nua, i measc nithe eile, bord Stiúrthóirí SONI teo ar a mbeadh comhaltaí neamhspleácha den chuid is mó (agus go mbeadh gach stiúrthóir faofa ag an Rialtóir Fóntas); srian ar chinnteoireacht scairshealbhóirí le nach mbeadh cead acu na nithe sin atá forchoimeádta do chinnteoireacht scairshealbhóirí faoi UK Companies Act 2006 a chinneadh, mar aon le neamhspleáchas bainistíochta, oibriúcháin agus acmhainní ó EirGrid cpt.

  Ar an 1 Deireadh Fómhair 2023, ceapadh bord neamhspleách nua SONI Teo tar éis don Rialtóir Fóntas é a cheadú, an chéad chéim shuntasach i gcur i bhfeidhm na modhnuithe ceadúnais.

## 2. Ráiteas ar Pholasaithe Cuntasaíochta (Ar lean)

Mar gheall ar an athrú sin ar an struchtúr rialachais spreagadh an Grúpa chun measúnú a dhéanamh ar a urlámhas leantach ar SONI Teoranta faoi CITA. Tá 100% de na scaireanna in SONI Teoranta ag an nGrúpa fós ach stiúrthóirí neamhspleácha nach bhfuil baint acu le EirGrid cpt iad formhór na stiúrthóirí; Ní fhéadann EirGrid cpt tionchar a imirt ar chomhdhéanamh an bhoird gan faomhadh a fháil roimh ré ón Rialtóir Fóntas; Tá cead ag EirGrid cpt comhalta amháin ar a mhéad a bheith aige ar an mbord agus níl aon chearta vóta réitigh aige, agus tá cinnteoireacht scairshealbhóirí srianta do na hábhair sin atá forchoimeádta um chinnteoireacht scairshealbhóra faoi Acht na gCuideachtaí, 2006 sa RA.

Mar thoradh air sin, tháinig na stiúrthóirí ar an gconclúid de réir na rialacha cuntasaíochta nach bhféadann sé a chruthú go bhfuil cumas aige chun na gníomhaíochtaí ábhartha a threorú agus nach bhfuil aon chumhacht aige ar SONI Teoranta. Níl tionchar suntasach aige ar SONI Teoranta ach an oiread agus dá bhrí sin aithnítear mar leas cothromais é ag cóirluach. Tá tuilleadh faisnéise leagtha amach i Nóta 6.

- **Luacháil SONI Teoranta (E)**
  Gabhann úsáid ionchur nach féidir a bhrath leis an luacháil ar an infheistíocht chothromais. Fostaíonn an grúpa luachálaithe cáilithe tríú pháirtí chun an luacháil a dhéanamh ach tá an luacháil íogair fós ach go háirithe d'athruithe ar ionchur amháin nó níos mó nach féidir a bhrath ach a mheastar go bhféadfaidís teacht chun cinn go réasúnta laistigh den chéad bhliain airgeadais eile. Déanann an bhainistíocht athbhreithniú rialta ar na toimhdí sin le cinntiú go léiríonn siad na dálaí margaidh reatha ach d'fhéadfadh go mbeadh na torthaí iarbhír difriúil.

  Tá níos mó eolais curtha ar fáil i Nóta 26 faoi shuim ghlanluacha na sócmhainne seo agus íogaire na méideanna sin d'athruithe ar ionchuir nach féidir a bhrath.

- **Oibleagáidí Sochair Scoir (E)**
  Feidhmíonn an Grúpa plean pinsin sochair shainithe ar a dtugtar 'Ciste EirGrid'. Tá níos mó sonraí faoi na pleananna leagtha amach i Nóta 23. Tá luacháil achtúireach dhliteanais an phlean pinsin bunaithe ar thoimhdí airgeadais agus déimeagrafacha éagsúla faoin todhchaí lena n-áirítear rátaí lascaine, boilsciú, méaduithe tuarastail, arduithe pinsin agus rátaí básmhaireachta a bhfuil an ráta lascaine ina thoimhde ríthábhachtach. Ríomhtar oibleagáidí an Ghrúpa i ndáil leis an bplean ag achtúire cáilithe neamhspleách agus déantar iad a nuashonrú go bliantúil ar a laghad.

  Tá an oibleagáid amhail an 30 Meán Fómhair 2024 cothrom le €150.2m (2023: €172.2m) agus is ionann cóirluach na sócmhainní plean agus €171.4m (2023: €182.1). Fágann sé seo glan-easnamh pinsin de €21.2m le haghaidh an Ghrúpa roimh cháin iarchurtha (2023: €9.9m barrachas). Áirítear leis na figúir chomparáideacha plean sochair shainithe de chuid SONI Teoranta; Tá SONI Teoranta dí-chomhdhlúthaithe anois mar atá leagtha amach i Nóta 6.

Tá réimsí eile ann ina n-éilítear meastacháin chuntasaíochta agus breithiúnas ach ní mheastar go bhfuil siad chomh suntasach céanna leis na nithe a luaitear thuas.

## 3. Eolas Deighleoige agus Ioncaim

Is ionann deighleog fheidhmiúil agus comhchuid d'eintiteas a bhíonn rannpháirteach i ngníomhaíochtaí gnó ónar féidir léi ioncam a thuilleamh agus costais a thabhú, a dhéanann an Bord, príomhchinnteoir an eintitis i ndáil leis an oibriúchán, athbhreithniú rialta ar a torthaí oibriúcháin, chun cinntí a dhéanamh maidir leis na hacmhainní atá le leithdháileadh ar an deighleog agus chun measúnú a dhéanamh ar an bhfeidhmíocht, cinntí a bhfuil faisnéis airgeadais discréideach ar fáil ina leith. Déantar anailís ar an nGrúpa i gceithre phríomh-dheighleog intuairiscithe chun críocha tuairiscithe inmheánaigh. Tá Oibritheoir Córais Tarchurtha SONI (OCT SONI), atá ceadúnaithe ag Rialtóir Fóntas Thuaisceart Éireann agus a fhaigheann a chuid ioncaim ó bheith ina OCT i dTuaisceart Éireann le dí-chomhdhlúthú ón 1 Deireadh Fómhair 2023 agus mar sin ní thuairiscítear mar dheighleog é sa bhliain reatha. Bunaíodh SEMO agus SEMOpx mar chomhoibríochtaí conarthacha 75/25 idir EirGrid cpt agus SONI Teoranta. Mar thoradh air sin, níl an cion 25% de SEMO agus SEMOpx comhdhlúite a thuilleadh mar chuid den Ghrúpa agus is ionann na codanna SEMO agus SEMOpx agus leas 75% EirGrid cpt sna comhfhiontair chonarthacha. Tugadh tuairisc ar na deighleoga feidhmiúla seo a leanas:

- Oibritheoir Córais Tarchurtha EirGrid (OCT EirGrid, a fhaigheann a chuid ioncaim ó sholáthar seirbhísí mar an OCT in Éirinn agus a rialaíonn an Coimisiún um Rialáil Fóntais é. Tá roinnt Fochuideachtaí agus cuideachta Comhfhiontair curtha san áireamh mar seo a leanas i ndeighleog OCT EirGrid:
  - Tá trádáil i ndáil le Cuideachta Gníomhaíochta Ainmnithe Teileachumarsáid EirGrid, cuideachta a bhainistíonn ceadúnas an chábla snáthoptaice tráchtála arna thógáil mar chuid de thionscadal an Idirnascaire Thoir-Thiar (INTT) curtha san áireamh i ndeighleog Oibritheoir Córais Tarchurtha EirGrid mar gheall ar a méid choibhneasta.
  - Tá sciar OCT Eirgrid de na sócmhainní agus na dliteanais de chuid an Idirnascaire Cheiltigh CGA agus na sócmhainní agus na dliteanais sin nochta iontu féin sa nóta comhoibriúcháin (Nóta 12).
  - Tá Trádáil i gCuideachta Gníomhaíochta Ainmnithe EirGrid SPV 2022, an chuideachta a bunaíodh chun críocha soláthar giniúna éigeandála sealadaí a chur ar fáil san áireamh mar go ndéanfar aon chostais a aisghabháil trí ÚTC OCT.
  - Trádáil i nGabháltais RA EirGrid Teoranta, an chuideachta ghabháltais de chuid SONI Teoranta mar gheall ar a méid choibhneasta. Cuireadh san áireamh i ndeighleog OCT SONI é sa bhliain roimhe.
- Oibritheoir sa Mhargadh Leictreachais Aonair (SEMO) a fhaigheann a chuid ioncaim ó bheith ina Oibritheoir Margaidh le haghaidh mhargadh mórdhíola an leictreachais ar oileán na hÉireann (sciar 75% EirGrid cpt).
- Malartán Cumhachta an Oibreora sa Mhargadh Leictreachais Aonair (SONIpx), a fhaigheann a chuid ioncaim ó sholáthar ceantanna lá roimh ré agus margaí ionlae le haghaidh trádála sa Mhargadh Leictreachais Aonair (MLA) tar éis a cheapacháin mar oibritheoir ainmnithe sa mhargadh leictreachais ('OAML') ar oileán na hÉireann (sciar 75% EirGrid cpt).
- Oibríocht agus úinéireacht an Idirnascaire Thoir-Thiar, arb é an nasc idir eangaí leictreachais na hÉireann agus an Ríocht Aontaithe é.

## 3. Eolas Deighleoige agus Ioncaim (Ar lean)

Is iad seo a leanas na torthaí deighleoige le haghaidh na bliana airgeadais dar críoch an 30 Meán Fómhair 2024:

| | Nóta | OCT EirGrid €'000 | SEMO* €'000 | SEMOpx* €'000 | INTT €'000 | Díchuir €'000 | Iomlán €'000 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **Míreanna an Ráitis ar Ioncam** | | | | | | | |
| Ioncam na deighleoige | | 1,053,198 | 17,890 | 5,018 | 87,246 | (57,274) | 1,106,078 |
| Costais dhíreacha | | (1,032,212) | – | (1,665) | (586) | 57,274 | (977,189) |
| Ollbhrabús | | 20,986 | 17,890 | 3,353 | 86,660 | – | 128,889 |
| Costais oibriúcháin eile (gan dímheas ná amúchadh san áireamh) | | (95,533) | (10,366) | (1,020) | (22,557) | – | (129,476) |
| Dímheas agus amúchadh (glanmhéid an deontais amúchta) | | (10,256) | (3,555) | (185) | (14,005) | – | (28,001) |
| Iomlán na gcostas oibriúcháin eile | | (105,789) | (13,921) | (1,205) | (36,562) | – | (157,477) |
| Brabús oibriúcháin | | (84,803) | 3,969 | 2,148 | 50,098 | | (28,588) |
| Gnóthachan ag eascairt ó urlámhas a chailliúint ar fhochuideachta | | | | | | | 37,104 |
| Ús agus ioncam eile | | | | | | | 21,630 |
| Costais airgeadais | | | | | | | (20,332) |
| Brabús roimh chánachas | | | | | | | 9,814 |
| Muirear na cánach ioncaim | | | | | | | 359 |
| Brabús don bhliain | | | | | | | **10,173** |
| | | | | | | | |
| **Míreanna an Chláir Comhardaithe** | | | | | | | |
| Sócmhainní na deighleoige | | 1,748,153 | 242,382 | 4,371 | 406,383 | | 2,401,289 |
| Infheistíocht in SONI Teoranta | | | | | | | 61,774 |
| Iomlán na sócmhainní mar a thuairiscítear sa Chlár Comhardaithe Comhdhlúite | | | | | | | **2,463,063** |
| Dliteanais na deighleoige | | 1,478,530 | 195,197 | 784 | 186,074 | | 1,860,585 |
| Iomlán na ndliteanas mar a thuairiscítear sa Chlár Comhardaithe Comhdhlúite | | | | | | | **1,860,585** |

*Leas 75% EirGrid cpt sa chomhfhiontar conarthach tar éis dhí-chomhdhlúthú SONI mar atá leagtha amach i Nóta 6.

## 3. Eolas Deighleoige agus Ioncaim (Ar lean)

Is iad seo a leanas na torthaí comparáideacha deighleoige le haghaidh na bliana airgeadais dar críoch an 30 Meán Fómhair 2023:

| | Nóta | OCT EirGrid €'000 | SEMO* €'000 | SEMOpx* €'000 | OCT SONI €'000 | INTT €'000 | Díchuir €'000 | Iomlán €'000 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **Míreanna an Ráitis ar Ioncam** | | | | | | | | |
| Ioncam na deighleoige | | 979,401 | 16,555 | 4,565 | 122,316 | 71,431 | (53,752) | 1,140,516 |
| Costais dhíreacha | | (783,528) | – | (2,368) | (135,314) | (504) | 53,752 | (867,962) |
| Ollbhrabús | | 195,873 | 16,555 | 2,197 | (12,998) | 70,927 | – | 272,554 |
| Costais oibriúcháin eile (gan dímheas ná amúchadh san áireamh) | | (82,764) | (13,661) | (1,619) | (23,098) | (15,494) | – | (136,636) |
| Dímheas agus amúchadh (glanmhéid an deontais amúchta)* | | (24,833) | (3,780) | (192) | (7,193) | (13,496) | – | (49,494) |
| Iomlán na gcostas oibriúcháin eile | | (107,597) | (17,441) | (1,811) | (30,291) | (28,990) | – | (186,130) |
| Brabús oibriúcháin | | 88,276 | (886) | 386 | (43,289) | 41,937 | – | 86,424 |
| Ús agus ioncam eile | | | | | | | | 16,730 |
| Costais airgeadais | | | | | | | | (31,947) |
| Brabús roimh chánachas | | | | | | | | 71,207 |
| Muirear na cánach ioncaim | | | | | | | | (11,255) |
| Brabús don bhliain | | | | | | | | 59,952 |
| | | | | | | | | |
| **Míreanna an Chláir Comhardaithe** | | | | | | | | |
| Sócmhainní na deighleoige | | 1,545,773 | 284,350 | 3,302 | 103,360 | 427,351 | – | 2,364,136 |
| Dea-thoil agus sócmhainní doláimhsithe | 13 | | | | | | | 2,038 |
| Iomlán na sócmhainní mar a thuairiscítear sa Chlár Comhardaithe Comhdhlúite | | | | | | | | 2,366,174 |
| Dliteanais na deighleoige | | 1,220,752 | 237,638 | 802 | 83,240 | 193,993 | – | 1,736,425 |
| Iomlán na ndliteanas mar a thuairiscítear sa Chlár Comhardaithe Comhdhlúite | | | | | | | | 1,736,425 |

*Leas 100% in SEMO & SEMOpx roimh dhí-chomhdhlúthú SONI mar atá leagtha amach i Nóta 6.

### Faisnéis Gheografach

| | Ioncam | | Sócmhainní Neamhreatha | |
|---|---|---|---|---|
| | Bliain go dtí 30 Meán Fómhair 2024 €'000 | Bliain go dtí 30 Meán Fómhair 2023 €'000 | Bliain go dtí 30 Meán Fómhair 2024 €'000 | Bliain go dtí 30 Meán Fómhair 2023 €'000 |
| Éire | 1,106,078 | 1,012,913 | 755,976 | 571,880 |
| RA | – | 127,603 | 61,774 | 23,240 |
| **Iomlán** | **1,106,078** | 1,140,516 | **817,750** | 595,120 |

## 3. Eolas Deighleoige agus Ioncaim (Ar lean)

**Eolas maidir le sruthanna ioncaim**

- Cuimsíonn ioncaim OCT EirGrid agus SONI muirir maidir le hÚsáid Tarchuir an Chórais (ÚTC) atá riachtanach d'oibriú slán an chórais leictreachais.
- Is ionann ioncaim SEMO agus muirir le haghaidh oibritheoirí margaidh rannpháirteacha SEMO a úsáidtear chun na costais a bhaineann le riar an mhargaidh a aisghabháil.
- Is ionann ioncaim SEMOpx agus muirir mhargaí rannpháirteacha SEMOpx a cheadaíonn dóibh rochtain a fháil ar mhargadh lá roimhe ré agus ar an margadh ionlae, agus trádáil a dhéanamh iontu.
- Áiríodh ar ioncam INTT don bhliain airgeadais táille rialaithe na bliana airgeadais de (€16.6m) (2023: €1.2m). Baineann an chuid eile den ioncam i leith an INTT le hioncam ó phlódú de €72.4m (2023: €35.5m) agus ioncam ó sholáthar seirbhísí eile don chóras €16.5m (2023: €22.4m). Chomh maith leis sin, fuair INTT €14.8m (2023: €12.2m) in íocaíochtaí acmhainneacht freisin don bhliain agus ioncam eile de €0.1m (2023: €0.1m). B'ionann fáltais Cirt Airgeadais maidir le Tarchur ('CTA') agus €náid (2023: € náid) toisc go raibh tionchar ag an mBreatimeacht ar thrádáil trasteorann INTT mar nach féidir CTAnna a thrádáil. Faoin gComhaontú Saorthrádála, tá socruithe trádála nua MLA-BM don Mhargadh Lá Roimhe Ré le bunú, le comhaontú agus le cur chun feidhme chun socrú a chur i bhfeidhm amach anseo.

**Eolas maidir le mórchustaiméirí**

Áirítear le hioncaim deighleoige Oibritheoir Córais Tarchurtha EirGrid de €1,053.2m le haghaidh na bliana airgeadais go dtí an 30 Meán Fómhair 2024 (2023: €979.4m), ioncaim de thart ar €424.4m (2023: €388.2m), €131.3m (2023: €136.6m), €160.9m (2023: €134.9m), agus €71.8m (2023: €77.1m) a d'eascair as díolacháin leis an gceathrar custaiméirí is mó atá ag an deighleog.

Áirítear le hioncaim deighleoige SEMO de €17.9m le haghaidh na bliana airgeadais go dtí an 30 Meán Fómhair 2024 (2023: €16.5m) ioncaim de thart ar €7.4m (2023: €7.4m), €2.9m (2023: €3.2m), €3.2m (2023: €2.8m) agus €1.0m (2023: €1.2m) a d'eascair as díolacháin leis an gceathrar custaiméirí is mó atá ag an deighleog.

Áirítear le hioncaim deighleoige SEMOpx de €5.0m le haghaidh na bliana airgeadais go dtí an 30 Meán Fómhair 2024 (2023: €4.5m) ioncaim de thart ar €1.2m (2023: €1.1m), €0.7m (2023: €0.7m), €0.6m (2023: €0.6m) agus €0.3m (2023: €0.3m) a d'eascair as díolacháin leis an gceathrar custaiméirí is mó atá ag an deighleog.

**Iarmhéideanna conarthaí**

Áirítear le trádáil agus infháltais eile (Nóta 16) €168.6m (2023: €162.3m) a bhaineann le hinfháltais ó chonarthaí le custaiméirí.

Áirítear le trádáil agus nithe iníoctha eile (Nóta 17) €14.1m (2023: €12.2m) a bhaineann le dliteanais chonarthaí. €3.9m (2023: €3.8m) de dhliteanais chonarthaí na bliana roimhe mar ioncaim le linn na bliana.

## 4. Fostaithe

Bhí tionchar ag dí-chomhdhlúthú SONI mar atá leagtha amach i Nóta 6 ar mheánlíon fostaithe agus ar chostais an ghrúpa. Meánlíon na ndaoine arna bhfostú ag an nGrúpa le linn na bliana go dtí an 30 Meán Fómhair 2024 ná 482 (2023: 546), gan an fhoireann a bhaineann le tionscadail chaipitil san áireamh.

Meánlíon na ndaoine a bhí bainteach le tionscadail chaipitil le linn na bliana go dtí an 30 Meán Fómhair 2024 ná 128 (2023: 94). Caipitlíodh na costais foirne a bhain leis na fostaithe sin agus ba é €12.6m an t-iomlán dóibh don bhliain go dtí an 30 Meán Fómhair 2024 (2023: €9.7m).

Meánlíon na ndaoine arna bhfostú ar bhonn míosúil de réir gníomhaíochta gnó:

| | An Bhliain go dtí an 30 MF 2024 Líon | An Bhliain go dtí an 30 MF 2023 Líon |
|---|---|---|
| Oibritheoir Córais Tarchurtha EirGrid | 415 | 371 |
| OCT SONI | – | 96 |
| SEMO | 50 | 63 |
| SEMOpx | 8 | 9 |
| INTT | 9 | 7 |
| Tionscadail chaipitil | 128 | 94 |
| **Iomlán** | **610** | 640 |

An luach saothair iomlán, tuarastal na Stiúrthóirí Feidhmiúcháin san áireamh, comhdhéanta:

| | Bliain go dtí 30 Meán Fómhair 2024 € '000 | Bliain go dtí 30 Meán Fómhair 2023 € '000 |
|---|---|---|
| Pá agus tuarastail | 49,343 | 48,530 |
| Costais árachais sóisialta | 3,897 | 5,256 |
| Costais as sochair scoir eile | 5,615 | 6,092 |
| **Luach saothair iomlán arna íoc le fostaithe** | **58,855** | 59,878 |
| Costais fostaithe arna ngearradh ar an Ráiteas Ioncaim | 46,194 | 50,228 |
| Costais fostaithe chaipitlithe | 12,661 | 9,650 |
| **Luach saothair iomlán arna íoc le fostaithe** | **58,855** | 59,878 |

| Cúiteamh le haghaidh príomhphearsanra bainistíochta: | Bliain go dtí 30 Meán Fómhair 2024 € '000 | Bliain go dtí 30 Meán Fómhair 2023 € '000 |
|---|---|---|
| Tuarastail agus sochair ghearrthréimhseacha fostaithe | 2,086 | 1,944 |
| Sochair foircheannta | 256 | – |
| **Luach saothair iomlán arna íoc le fostaithe** | **2,342** | 1,944 |

Sainmhínítear príomhphearsanra bainistíochta mar an Bord Stiúrthóirí, an Príomhfheidhmeannach Eatramhach agus an seachtar comhaltaí de chuid na Foirne Feidhmiúcháin.

## 5. Costais Oibriúcháin Eile

| | Bliain go dtí 30 Meán Fómhair 2024 € '000 | Bliain go dtí 30 Meán Fómhair 2023 € '000 |
|---|---|---|
| Costais fostaithe (Nóta 4) | 46,194 | 50,228 |
| Dímheas réadmhaoine, gléasra agus trealaimh (Nóta 14) | 20,932 | 21,544 |
| Amúchadh sócmhainní doláimhsithe (Nóta 13) | 6,791 | 27,941 |
| Dímheas sócmhainní i ndáil le ceart úsáide (Nóta 15) | 3,333 | 3,401 |
| Amúchadh deontais (Nóta 18) | (3,055) | (3,239) |
| Oibríochtaí agus cothabháil | 83,282 | 86,255 |
| **Iomlán** | **157,477** | 186,130 |

## 6. Gnóthachan ag Teacht chun cinn de thoradh Urlámhas a Chailliúint ar Fhochuideachta

Ar an 30 Lúnasa 2022, d'fhoilsigh an Rialtóir Fóntas a chinneadh maidir leis an modhnú ceadúnais a bhí beartaithe d'Oibritheoir Córais Tarchurtha SONI, a tháinig i bhfeidhm ar an 26 Deireadh Fómhair 2022. Déanann na modhnuithe ceadúnais athrú bunúsach ar na socruithe rialachais idir SONI Teo agus a mháthairchuideachta (EirGrid cpt) agus éilíonn siad freisin go ndéanfaí SONI a scaradh ó thaobh bainistíochta agus acmhainní ó Ghrúpa EirGrid maidir le fostaithe, áitribh, TF agus córais eile, trealamh, áiseanna, próisis agus sócmhainní agus tá srian ar na hábhair sin atá forchoimeádta um chinnteoireacht scairshealbhóirí faoi Acht na gCuideachtaí, 2006 de chuid na Ríochta Aontaithe.

Ar an 1 Deireadh Fómhair 2023, ceapadh bord neamhspleách nua SONI Teo tar éis don RF é a cheadú, an chéad chéim shuntasach i gcur i bhfeidhm na modhnuithe ceadúnais. Is faoi Bhord nua SONI Teo atá an chinnteoireacht agus an fhreagracht go léir a bhaineann le feidhmíocht SONI anois.

Mar gheall ar na hathruithe ar rialachas a theastaíonn anois mar thoradh ar chinneadh an RF i leith Rialachas SONI, ní bheidh an Chuideachta in ann urlámhas ar SONI Teo a léiriú a thuilleadh ó thaobh na cuntasaíochta de faoi CITA ón 1 Deireadh Fómhair 2023 ar aghaidh. Tá 100% de na scaireanna in SONI Teoranta ag an nGrúpa fós ach stiúrthóirí neamhspleácha nach bhfuil baint acu le EirGrid cpt iad formhór na stiúrthóirí; Ní fhéadann EirGrid cpt tionchar a imirt ar chomhaltas an bhoird gan faomhadh a fháil roimh ré ón Rialtóir Fóntas agus níl cead ag EirGrid cpt ach comhalta amháin ar a mhó a bheith aige ar an mbord agus níl aon chearta aige i leith vóta réitigh, freisin tá cinnteoireacht scairshealbhóirí srianta do na hábhair sin atá forchoimeádta um chinnteoireacht scairshealbhóirí faoi Acht na gCuideachtaí, 2006 sa RA. Mar thoradh air sin, tháinig na stiúrthóirí ar an gconclúid nach bhféadann sé na gníomhaíochtaí ábhartha a threorú agus nach bhfuil cumhacht aige ar SONI Teoranta. Níl tionchar suntasach aige ar SONI Teoranta ach an oiread agus dá bhrí sin aithnítear mar leas cothromais é ag cóirluach.

Tá sócmhainní agus dliteanais SONI dí-aitheanta ag a suimeanna glanluacha, aithníodh cóirluach an leasa choinnithe mar infheistíocht i sócmhainn airgeadais. Aithníodh i mbrabús nó i gcaillteanas an gnóthachan ar an dí-chomhdhlúthú tosaigh ar an dáta ar a gcailltear urlámhas. Tá sé roghnaithe ag an nGrúpa ar bhealach do-chúlghairthe i gcomhréir le CITA 9 an infheistíocht cothromais seo a aicmiú amhail is go bhfuil tomhaiste ag cóirluach trí ioncam cuimsitheach eile. Léirítear leis an gcinneadh sin straitéis fhadtéarmach infheistíochta na Cuideachta, lena gcumasaítear athruithe cóirluacha a aithint in ioncam cuimsitheach eile seachas sa ráiteas ioncaim.

## 6. Gnóthachan ag Teacht chun cinn de thoradh Urlámhas a Chailliúint ar Fhochuideachta (Ar lean)

| | Bliain go dtí 30 Meán Fómhair 2024 € '000 |
|---|---|
| Infheistíochtaí | 31 |
| PPE & Sócmhainní Doláimhsithe | 21,170 |
| Ceadúnas atá inchurtha ina leith dobhraite | 2,035 |
| Airgead Tirim | 72,291 |
| Infháltais Trádála | 1,250 |
| Réamhíocaíochtaí agus Ioncam Fabhraithe | 21,431 |
| Infháltais Neamhbhilleáilte | 4,383 |
| Infháltais Eile | 44,234 |
| Sócmhainn Cánach Iarchurtha | 9,568 |
| Cánacha | 2,993 |
| Nithe Iníoctha Trádála | (511) |
| Fabhraithe | (28,961) |
| Soláthair | (39,969) |
| Nithe Iníoctha eile | (60,409) |
| Méideanna atá dlite do chuideachtaí Ghrúpa EirGrid | (4,610) |
| Iasachtaí | (13,852) |
| Pinsean | (752) |
| Glansócmhainní Dí-chomhdhlúthaithe | 30,322 |
| Cóirluach SONI Teoranta ar an 1 DF 2023 | 66,836 |
| | 36,514 |
| Difríocht charnach malairte ar aistriú athchúrsáilte le dí-chomhdhlúthú | 590 |
| **Gnóthachan ag eascairt ó urlámhas a chailliúint ar fhochuideachta** | **37,104** |

## 7. Ús agus Ioncam Eile, agus Costais Airgeadais

| | Bliain go dtí 30 Meán Fómhair 2024 € '000 | Bliain go dtí 30 Meán Fómhair 2023 € '000 |
|---|---|---|
| **Ioncam Úis:** | | |
| Ús eile | (1,862) | (2,786) |
| Ús barúlach | (1,364) | – |
| Ioncam úis ar thaiscí | (17,860) | (13,174) |
| Glanús scéime pinsin (Nóta 24) | (544) | (770) |
| **Ioncam Úis Iomlán** | **(21,630)** | (16,730) |
| | | |
| **Costais Airgeadais:** | | |
| Iasacht bhainc agus rótharraingtí | 12,992 | 13,719 |
| Ús barúlach | 6,870 | 17,747 |
| Ús léasa (Nóta 15) | 470 | 481 |
| **Costais airgeadais iomlána** | **20,332** | 31,947 |

Tá an Grúpa neamhchosanta ar riosca ráta úis toisc go bhfaigheann sé cistí ar iasacht ag rátaí comhlúthacha úis. Bainistíonn an Grúpa an riosca agus meascán cuí iasachtaí ag rátaí seasta agus comhlúthacha á choinneáil aige agus úsáid á bhaint aige as conarthaí babhtála ráta úis. Áirítear ar líne na n-iasachtaí bainc agus na rótharraingtí an t-ús a athaicmítear ón gcúlchiste fálaithe sreabhaidh airgid.

## 8. Brabús Roimh Chánachas

Tugtar an brabús roimh cháin tar éis ghearradh/(chur do shochar) na nithe seo a leanas:

| | Bliain go dtí 30 Meán Fómhair 2024 € '000 | Bliain go dtí 30 Meán Fómhair 2023 € '000 |
|---|---|---|
| Dímheas (Nóta 14 agus Nóta 15) | 24,265 | 24,946 |
| Amúchadh sócmhainní doláimhsithe (Nóta 13) | 6,791 | 27,941 |
| Amúchadh deontais (Nóta 18) | (3,055) | (3,239) |
| Gnóthachan malairte eachtraí | (2,317) | (884) |

Is iad seo a leanas na luachanna saothair comhiomlána a íocadh le stiúrthóirí, nó na luachanna saothair comhiomlána atá le fáil ag stiúrthóirí, i ndáil le seirbhísí incháilithe:

| | Bliain go dtí 30 Meán Fómhair 2024 € '000 | Bliain go dtí 30 Meán Fómhair 2023 € '000 |
|---|---|---|
| – le haghaidh seirbhísí mar Stiúrthóir | 119 | 102 |
| – le haghaidh Seirbhísí Stiúrthóra Feidhmiúcháin* | 142 | 234 |
| **Iomlán** | **261** | 336 |

*Bhí an tUasal Mark Foley ina Phríomhfheidhmeannach ar feadh na tréimhse ón 1 Deireadh Fómhair 2023. Ar an 12 Aibreán 2024 thug an tUasal Foley fógra de réir théarmaí a chonartha go raibh sé beartaithe aige éirí as mar Phríomhfheidhmeannach. Léiríonn an luach saothair a nochtar sa tábla thíos luach saothair an Uas. Foley le haghaidh sheirbhísí Stiúrthóra Feidhmiúcháin don tréimhse 1 Deireadh Fómhair 2023 go 12 Aibreán 2024. Rinneadh íocaíochtaí arb ionann iad agus €173,076 san iomlán leis an Uas. Foley in ionad fógra agus laethanta saoire fabhraithe de réir théarmaí a chonartha fostaíochta. Tar éis don Uasal Mark Foley éirí as mar Phríomhfheidhmeannach EirGrid in Aibreán 2024, cheap an Bord an tUasal Martin Corrigan, Príomhoifigeach Rialachais, i ról an Phríomhfheidhmeannaigh Eatramhaigh don tréimhse agus tugadh faoin bpróiseas foirmiúil chun Príomhfheidhmeannach nua a roghnú. Ní Stiúrthóir Feidhmiúcháin é an Príomhfheidhmeannach Eatramhach.

Ranníocaíochtaí comhiomlána a íocadh, a chaitear leo mar nithe íoctha nó atá le híoc le linn na bliana airgeadais le scéim um shochar pinsean i ndáil le seirbhísí incháilithe na stiúrthóirí:

| | Bliain go dtí 30 Meán Fómhair 2024 € '000 | Bliain go dtí 30 Meán Fómhair 2023 € '000 |
|---|---|---|
| – scéimeanna sochair shainithe (don Stiúrthóir Feidhmiúcháin)* | **32** | 66 |

Níl aon stiúrthóirí páirteach i scéim phinsin EirGrid faoi láthair.

Déantar anailís ar luach saothair an iniúchóra i dtaobh na bliana airgeadais mar a leanas:

| | Bliain go dtí 30 Meán Fómhair 2024 € '000 | Bliain go dtí 30 Meán Fómhair 2023 € '000 |
|---|---|---|
| – iniúchadh ar ghrúpchuideachtaí | 529 | 445 |
| – seirbhísí dearbhaithe eile | 30 | 23 |
| – seirbhísí comhairleacha cánach | – | – |
| – seirbhísí neamh-iniúchóireachta eile | – | – |

## 9. Cánacha Ioncaim

| | Bliain go dtí 30 Meán Fómhair 2024 € '000 | Bliain go dtí 30 Meán Fómhair 2023 € '000 |
|---|---|---|
| Costas na cánach reatha | 6,782 | 18,348 |
| Coigeartú maidir leis an mbliain roimhe | 108 | (2,734) |
| Costas na cánach reatha | 6,890 | 15,614 |
| | | |
| Cáin iarchurtha a bhaineann le bunsamhaltú agus malartú difríochtaí sealadacha | (7,249) | (4,359) |
| Coigeartú maidir leis an mbliain roimhe | – | – |
| Costas cánach iarchurtha | (7,249) | (4,359) |
| **Costas cánach ioncaim le haghaidh na bliana** | **(359)** | 11,255 |

Is féidir an muirear iomlán le haghaidh na bliana airgeadais a réiteach le brabús cuntasaíochta mar seo a leanas:

| | Bliain go dtí 30 Meán Fómhair 2024 € '000 | Bliain go dtí 30 Meán Fómhair 2023 € '000 |
|---|---|---|
| Brabús roimh cháin | 9,814 | 71,207 |
| Cánachas ar an ráta caighdeánach de 12.5% (2023: 12.5%) | 1,227 | 8,901 |
| Éifeacht na rátaí cánach níos airde ar ioncam eile | 2,489 | 508 |
| Éifeacht an ioncaim agus na gcostas a cuireadh as an áireamh agus brabús cánach á chinneadh | (3,211) | 2,795 |
| Éifeacht na rátaí cánach níos airde ar (chaillteanais)/gnóthachain i bhfochuideachtaí na Ríochta Aontaithe | – | (5,850) |
| Coigeartuithe maidir le blianta roimhe seo | 106 | (1,457) |
| Caillteanais úsáidte | (555) | (2,258) |
| Caillteanais ar aghaidh | 6,632 | 4,335 |
| Difríochtaí eile | (7,047) | 4,281 |
| **Costas cánach ioncaim arna aithint sa Ráiteas ar Ioncam** | **(359)** | 11,255 |

## 9. Cánacha Ioncaim (Ar lean)

**Fachtóirí a d'fhéadfadh difear a dhéanamh do rátaí cánach todhchaí agus nochtaí eile**

Thug Éire isteach cáin bhreisithe dhomhanda faoi shamhail-rialacha Cholún 2 an ECFE i rith 2023. Tá feidhm ag na rialacha le haghaidh na dtréimhsí cuntasaíochta a thosaíonn ar an 31 Nollaig 2023 nó ina dhiaidh. Ar an gcaoi sin, is í an chéad bhliain a d'fhéadfadh go mbeadh feidhm ag na rialacha i ndáil le EirGrid lena haghaidh ná an bhliain dar chríoch an 30 Meán Fómhair 2025. Ar an mbonn sin, níl aon tionchar cánach reatha i gceist le haghaidh na bliana dar críoch an 30 Meán Fómhair 2024. I gcás ina mbíonn Grúpa laistigh de raon feidhme rialacha nua, tá siad dlite as cáin bhreisithe a íoc as an difríocht idir ráta cánach éifeachtach Cholún 2 in aghaidh na dlínse agus an t-íosráta 15 faoin gcéad. Mar gheall ar choigeartuithe sonracha atá samhlaithe le reachtaíocht Cholún a Dó, féadann rátaí cánach éifeachtacha difriúla teacht chun cinn i gcomparáid leo siúd atá ríofa chun críocha CITA. Tá faoiseamh éigeantach sealadach ó chuntasaíocht cánach iarchurtha curtha i bhfeidhm ag an nGrúpa le haghaidh thionchair na cánach breisithe agus tabharfaidh sé cuntas ina leith mar cháin reatha nuair a thabhaítear í. Tá measúnú á dhéanamh ag an nGrúpa faoi láthair maidir le cibé acu an bhfuil EirGrid faoi réir reachtaíocht Cholún 2. I gcás go bhfuil sé laistigh den reachtaíocht, tá an Grúpa ag fiosrú an bhfuil díolúintí áirithe ar fáil ó na rialacha agus an bhfuil tearmann lenar féidir ríomh aon cháin bhreisithe a shimpliú. I gcás nach mbeifí in ann an Grúpa a dhíolmhú ó na rialacha, d'fhéadfadh go dtiocfadh cáin bhreisithe chun cinn in Éirinn. Bunaithe ar phróifíl an Ghrúpa le haghaidh na Bliana Airgeadais 23 agus 24, dá mbeadh feidhm ag reachtaíocht Cholún 2, ní bheadh tionchar ábhartha aige ar ráitis airgeadais an Ghrúpa.

Is é 25% an ráta caighdeánach cánach sa Ríocht Aontaithe. Ní mór iarmhéideanna cánach iarchurtha a aithint ag an ráta cánach todhchaí is infheidhme nuair atáthar ag súil go leachtófar an t-iarmhéid.

## 9. Cánacha Ioncaim (Ar lean)

Eascraíonn sócmhainní/(dliteanais) cánach iarchurtha ó na nithe seo a leanas:

| | Sócmhainní Doláimhsithe € '000 | Dímheas cánach luathaithe € '000 | Oibleagáidí Sochair Scoir € '000 | Fáluithe sreabhaidh airgid € '000 | Caillteanais chánach € '000 | Iomlán € '000 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| (Dliteanas)/sócmhainn cánach iarchurtha amhail an 1 Deireadh Fómhair 2022 | (229) | (32,653) | (1,671) | 1,475 | 2,706 | (30,372) |
| Creidmheas/(muirear) ar an Ráiteas Ioncaim don bhliain | – | (1,149) | (776) | – | 6,285 | 4,360 |
| Muirear ar an Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach | – | – | 1,304 | (1,930) | – | (626) |
| Difríochtaí malairte | (167) | 11 | 1 | – | 37 | (118) |
| (Dliteanas)/sócmhainn cánach iarchurtha amhail an 30 Meán Fómhair 2023 | (396) | (33,791) | (1,142) | (455) | 9,028 | (26,756) |
| Dí-chomhdhlúthú fochuideachta (Nóta 6) | 396 | (1,210) | (189) | – | (8,566) | (9,569) |
| Creidmheas/(muirear) ar an Ráiteas Ioncaim don bhliain | – | 1,467 | (250) | – | 6,033 | 7,250 |
| Creidmheas/(muirear) don Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach | – | – | (1,067) | 4,873 | – | 3,806 |
| Difríochtaí malairte | – | – | – | – | – | – |
| **(Dliteanas)/sócmhainn cánach iarchurtha amhail an 30 Meán Fómhair 2024** | **–** | **(33,534)** | **(2,648)** | **4,418** | **6,495** | **(25,269)** |
| Sócmhainn cánach iarchurtha | – | – | – | 4,418 | 6,495 | 10,913 |
| Dliteanas cánach iarchurtha | | (33,534) | (2,648) | – | – | (36,182) |
| **Iomlán 30 MF 2024** | **–** | **(33,534)** | **(2,648)** | **4,418** | **6,495** | **(25,269)** |
| Sócmhainn cánach iarchurtha | – | – | – | – | 9,028 | 9,028 |
| Dliteanas cánach iarchurtha | (396) | (33,791) | (1,142) | (455) | – | (35,784) |
| Iomlán 30 MF 2023 | (396) | (33,791) | (1,142) | (455) | 9,028 | (26,756) |

Anailís ar na (dliteanais)/sócmhainní cánach iarchurtha de réir na dlínse cánach:

| | 30 MF 2024 € '000 | 30 MF 2023 € '000 |
|---|---|---|
| Éire | (25,269) | (36,721) |
| RA | – | 9,965 |
| **Glandliteanas cánach iarchurtha** | **(25,269)** | **(26,756)** |

## 10. Díbhinní

Mar atá léirithe i Nóta 19 tá aicme amháin de scairchaipiteal arna heisiúint ag an gcuideachta, Gnáthscaireanna. Is iad seo a leanas na díbhinní i ndáil leis an gcineál scairchaipitil sin:

| Díbhinní le haghaidh Scairshealbhóirí | 30 MF 2024 € '000 | 30 MF 2023 € '000 |
|---|---|---|
| **Cothromas** | | |
| Díbhinn arna híoc – €133.33 in aghaidh na Gnáthscaire | 4,000 | 4,000 |
| **Iomlán** | **4,000** | 4,000 |

Molann Stiúrthóirí an Ghrúpa íocaíocht díbhinne deiridh de €4,000,000 (2023: €4,000,000) don bhliain airgeadais dar críoch an 30 Meán Fómhair 2024.

## 11. Infheistíochtaí cóirluacha

| | 30 MF 2024 € '000 | 30 MF 2023 € '000 |
|---|---|---|
| An t-iarmhéid amhail an 1 Deireadh Fómhair 2023 | 356 | 356 |
| Dí-chomhdhlúthú fochuideachta (Nóta 6) | (31) | – |
| Breiseanna (Nóta 6) | 66,836 | – |
| Gluaiseachtaí cóirluacha | (5,062) | – |
| **An t-iarmhéid amhail an 30 Meán Fómhair 2024** | **62,099** | 356 |

In 2018, fuair EirGrid leas cothromais 4.75% in Joint Allocation Office S.A. ar luach €0.2m; cuideachta atá cláraithe i Lucsamburg. Faoi Rialacha an Aontais Eorpaigh, tá oibleagáid ar OCTanna Ardán Leithdháilte Shingil a chur i bhfeidhm le haghaidh acmhainneachta ar idirnascairí. Tá EirGrid, agus é ina Oibritheoir Córais Tarchurtha deimhnithe le haghaidh an Idirnascaire Thoir-Thiar, anois ina scairshealbhóir sa Joint Allocation Office (JAO).

Faoi na rialacha Eorpacha (Cóid Líonraí), ceanglaítear ar EirGird bheith ag comhoibriú ar bhonn réigiúnach le 'Comhordaitheoir Slándála Réigiúnach' (CSR) amháin ar a laghad, agus mar sin de, fuair sé leas cothromais de 5% in CSR Coreso SA, cuideachta atá cláraithe sa Bheilg, le haghaidh €0.1m in 2018.

Mar atá leagtha amach i Nóta 6, níl an Chuideachta in ann urlámhas ar SONI Teo a léiriú a thuilleadh ó thaobh na cuntasaíochta de faoi CITA ón 1 Deireadh Fómhair 2023 ar aghaidh tar éis na n-athruithe rialachais a bhí riachtanach mar gheall ar chinneadh an Rialtóra Fóntas i leith Rialachas SONI. Tá sócmhainní agus dliteanais SONI dí-aitheanta ag a suimeanna glanluacha, aithníodh cóirluach an leasa choinnithe mar infheistíocht i sócmhainn airgeadais. Aithníodh i mbrabús nó i gcaillteanas an gnóthachan ar an gcomhdhlúthú tosaigh ar an dáta ar a gcailltear urlámhas. Tá sé roghnaithe ag an nGrúpa ar bhealach do-chúlghairthe i gcomhréir le CITA 9 an infheistíocht cothromais seo a aicmiú amhail is go bhfuil tomhaiste ag cóirluach trí ioncam cuimsitheach eile. Léirítear leis an gcinneadh sin straitéis fhadtéarmach infheistíochta na Cuideachta, lena gcumasaítear athruithe cóirluacha a aithint in ioncam cuimsitheach eile seachas sa ráiteas ioncaim. Leis an dí-aitheantas tosaigh ar an 1 Deireadh Fómhair 2023, socraíodh gurbh ionann cóirluach na hinfheistíochta agus €66.9m. Ar dháta tuairiscithe dheireadh na bliana, athluacháladh an infheistíocht ag €61.8m lenar léiríodh na dálaí margaidh nuashonraithe agus na réamhaisnéisí cuideachta. Aicmítear an tomhas cóirluacha ar an infheistíocht laistigh de leibhéal 3 den ordlathas cóirluacha toisc go mbraitheann sé ar ionchuir mhargaidh ar féidir a bhrath agus/nó ar ionchuir shuntasacha nach féidir a bhrath. Tá níos mó sonraí faoin bpróiseas luachála leagtha amach i Nóta 26.

## 12. Leas i gComhoibríochtaí

Is é an Margadh Leictreachais Aonair (MLA) an margadh leictreachais mórdhíola a fheidhmíonn in Éirinn agus i dTuaisceart Éireann. Cuireadh SEMO ar bun mar chomhoibríocht conartha 75/25 idir an Chuideachta agus SONI Teoranta atá freagrach as oibriú an mhargaidh leictreachais mórdhíola le haghaidh oileán na hÉireann.

D'fhorbair EirGrid cpt agus SONI Teoranta agus chuir siad i bhfeidhm seirbhísí an oibreora ainmnithe margaidh leictreachais (OAML) le haghaidh Thuaisceart Éireann agus Éireann trí OAMLpx, comhoibríocht conartha 75/25 idir EirGrid cpt agus SONI Teoranta. Tá EirGrid cpt ainmnithe ag an gCoimisiún um Rialáil Fóntais (CRU) mar OAML d'Éirinn agus tá SONI Teoranta ainmnithe ag an Rialtóir Fóntas (RF) mar an tOibritheoir Ainmnithe sa Mhargadh Leictreachais (OAML) do Thuaisceart Éireann. Ceadaíonn ainmnithe OAML do SONI Teoranta agus EirGrid cpt ceantanna lá roimh ré agus margaí ionlae le haghaidh trádála sa Mhargadh Leictreachais Aonair a sholáthar.

Is comhoibríocht 75/25 idir EirGrid cpt agus SONI Teoranta é Margadh Acmhainneachta Code JV, arna chur ar bun ar an 28 Meán Fómhair 2018. Is é an cuspóir atá aige ná Cód an Mhargaidh Acmhainneachta a riar.

Bhí leas 100% ag an nGrúpa in OAML agus in OAMLpx go dtí an 1 Deireadh Fómhair 2023 mar an mháthairchuideachta, bhí leas 75% ag EirGrid cpt agus bhí leas 25% ag SONI Teoranta. Tar éis na n-athruithe rialachais ar SONI Teoranta mar atá leagtha amach i Nóta 6, níl SONI Teoranta (OCT SONI agus a leas 25% in OAML agus OAMLpx) comhdhlúite a thuilleadh mar chuid d'fhigiúir an Ghrúpa agus déileáladh le SONI Teoranta mar infheistíocht i sócmhainn airgeadais a aithnítear ag cóirluach.

Tá na méideanna seo a leanas san áireamh i Ráitis Airgeadais an Ghrúpa ar bhonn líne i ndiaidh líne chun sciar 75% EirGrid de OAML agus OAMLpx a léiriú ar an mbonn gur comhoibríocht í:

| | 30 MF 2024 € '000 | 30 MF 2023 € '000 |
|---|---|---|
| Sócmhainní neamhreatha | 15,215 | 13,223 |
| Sócmhainní reatha | 229,356 | 201,352 |
| **Iomlán na sócmhainní** | **244,571** | 214,575 |
| Cothromas iomlán | 48,335 | 36,515 |
| Dliteanais reatha | 196,236 | 178,060 |
| Dliteanais iomlána | 196,236 | 178,060 |
| **Iomlán an chothromais agus na ndliteanas** | **244,571** | 214,575 |

| | Bliain go dtí 30 Meán Fómhair 2024 € '000 | Bliain go dtí 30 Meán Fómhair 2023 € '000 |
|---|---|---|
| Ioncam | 22,908 | 15,840 |
| Costais | (11,090) | (13,604) |
| **Brabús** | **11,818** | 2,236 |

## 12. Leas in Oibríochtaí Comhpháirteacha (Ar lean)

Tá leas cothromais de 50% ag EirGrid cpt in Idirnascaire Ceilteach CGA, cuideachta atá corpraithe in Éirinn, ar comhshocrú é idir EirGrid cpt agus Réseau De Transport D'Électricité ('RTE'). Is nasc leictreachais faoin bhfarraige é tionscadal an Idirnascaire Cheiltigh, a nascann Éire agus an Fhrainc. Is é cuspóir an chomhshocraithe ná an tIdirnascaire Ceilteach a sholáthar, a riar, agus a bhainistiú agus cur lena dhearadh, a fhorbairt agus a thógáil i gcéimeanna éagsúla. Tá sé ag céim thógála an tionscadail.

Faoi CITA 11, aicmíonn an Grúpa a leas i gcomhshocruithe mar chomhoibríochtaí nó comhfhiontair, ag brath ar chearta an Ghrúpa i leith sócmhainní agus i leith oibleagáidí i ndáil le dliteanais na socruithe. Agus measúnú á dhéanamh, pléann an Grúpa struchtúr agus foirm dhlíthiúil na socruithe, téarmaí conartha an tsocraithe lena n-aontaíonn na páirtithe agus fíricí agus tosca eile nuair is ábhartha.

Cé gur eintiteas dlíthiúil ar leith é Idirnascaire Ceilteach CGA, thug an Grúpa cuntas ina leith mar chomhoibríocht mar gheall ar na socruithe conartha atá i bhfeidhm idir EirGrid cpt agus RTE. Tá an t-airgead á sholáthar ag an dá pháirtí chun dliteanais Idirnascaire Ceilteach CGA a shocrú agus cuirtear a aschur ar fáil don dá pháirtí.

Mar thoradh air sin, tá cuntas tugtha ag an nGrúpa ar a sciar de shócmhainní, dliteanais, ioncam agus speansais Idirnascaire Ceilteach CGA ina Ráitis Airgeadais Ghrúpa ar bhonn líne ar líne. Meastar go bhfuil 50% de na cearta i ndáil leis na sócmhainní agus leis na hoibleagáidí as na dliteanais faoi úinéireacht EirGrid cpt.

Tá na méideanna a leanas ó Idirnascaire Ceilteach CGA curtha san áireamh i Ráitis Airgeadais an Ghrúpa ar bhonn líne ar líne:

| | 30 MF 2024 € '000 | 30 MF 2023 € '000 |
|---|---|---|
| Sócmhainní neamhreatha | – | – |
| Sócmhainní reatha | 4,150 | 253 |
| **Iomlán na sócmhainní** | **4,150** | **253** |
| Cothromas iomlán | 48 | 13 |
| Dliteanais reatha | 4,102 | 240 |
| Dliteanais iomlána | 4,102 | 240 |
| **Iomlán an chothromais agus na ndliteanas** | **4,150** | **253** |

| | Bliain go dtí 30 Meán Fómhair 2024 € '000 | Bliain go dtí 30 Meán Fómhair 2023 € '000 |
|---|---|---|
| Ioncam | 129 | 48 |
| Costais | (94) | (43) |
| **Brabús** | **35** | **5** |

## 13. Sócmhainní doláimhsithe

| | Dea-thoil € '000 | Comhaontu-ithe ceadúnais € '000 | Margadh Leictreachais Aonair Comhtháite € '000 | Bogearraí TF eile € '000 | Bogearraí atá á bhforbairt € '000 | Iomlán € '000 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **Costas** | | | | | | |
| An t-iarmhéid amhail an 1 Deireadh Fómhair 2022 | 4,331 | 17,560 | 108,627 | 63,965 | 27,627 | 222,110 |
| Breiseanna | – | – | – | – | 25,764 | 25,764 |
| Aistriú (chuig)/ó shócmhainní eile | – | – | 8,257 | 8,838 | (17,095) | – |
| Difríochtaí malairte | 147 | 582 | 759 | 771 | 248 | 2,507 |
| An t-iarmhéid amhail an 30 Meán Fómhair 2023 | 4,478 | 18,142 | 117,643 | 73,574 | 36,544 | 250,381 |
| Dí-chomhdhlúthú fochuideachta (Nóta 6) | (4,478) | (18,142) | (29,616) | (25,756) | (10,036) | (88,028) |
| Breiseanna | – | – | – | – | 32,314 | 32,314 |
| Aistriú (chuig)/ó shócmhainní eile | – | – | 2,457 | 1,440 | (3,897) | – |
| **An t-iarmhéid amhail an 30 Meán Fómhair 2024** | **–** | **–** | **90,484** | **49,258** | **54,925** | **194,667** |
| | | | | | | |
| **Amúchadh carntha** | | | | | | |
| An t-iarmhéid amhail an 1 Deireadh Fómhair 2022 | 4,331 | 15,578 | 80,165 | 58,144 | – | 158,218 |
| Amúchadh | – | – | 22,184 | 5,757 | – | 27,941 |
| Difríochtaí malairte | 147 | 529 | 628 | 690 | – | 1,994 |
| An t-iarmhéid amhail an 30 Meán Fómhair 2023 | 4,478 | 16,107 | 102,977 | 64,591 | – | 188,153 |
| Dí-chomhdhlúthú fochuideachta (Nóta 6) | (4,478) | (16,107) | (25,949) | (22,762) | – | (69,296) |
| Amúchadh | – | – | 3,737 | 3,054 | – | 6,791 |
| **An t-iarmhéid amhail an 30 Meán Fómhair 2024** | **–** | **–** | **80,765** | **44,883** | **–** | **125,648** |
| **An tsuim ghlanluacha amhail an 30 Meán Fómhair 2024** | **–** | **–** | **9,719** | **4,375** | **54,925** | **69,019** |
| An tsuim ghlanluacha amhail an 30 Meán Fómhair 2023 | – | 2,035 | 14,666 | 8,983 | 36,544 | 62,228 |

## 14. Réadmhaoin, Gléasra agus Trealamh

| | Talamh agus foirgnimh € '000 | Daing-neáin agus feistis € '000 | TF, trealamh teileachu-marsáide agus eile € '000 | Mótarf-heithiclí € '000 | INTT € '000 | Margadh Leictreachais Aonair Com-htháite (ii) € '000 | Sócmhainní arna dTógáil (iii) € '000 | Iomlán € '000 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **Costas** | | | | | | | | |
| An t-iarmhéid amhail an 1 Deireadh Fómhair 2022 | 27,264 | 5,706 | 68,971 | 77 | 570,325 | 3,894 | 32,039 | 708,276 |
| Breiseanna | – | – | – | – | – | – | 36,969 | 36,969 |
| Aistrithe (chuig)/ó shócmhainní eile | – | 1,704 | 1,667 | – | – | – | (3,371) | – |
| Difríochtaí malairte | 233 | – | 137 | – | – | 33 | 1 | 404 |
| An t-iarmhéid amhail an 30 Meán Fómhair 2023 | 27,497 | 7,410 | 70,775 | 77 | 570,325 | 3,927 | 65,638 | 745,649 |
| Dí-chomhdhlúthú fochuideachta (Nóta 6) | (7,090) | – | (4,577) | – | – | (1,003) | (404) | (13,074) |
| Coigeartú ar dheontas an Idirnascaire Cheiltigh (iv) | – | – | – | – | – | – | 21,522 | 21,522 |
| Breiseanna | – | – | – | – | – | – | 161,313 | 161,313 |
| Aistrithe (chuig)/ó shócmhainní eile | – | 2,833 | 468 | – | 4,643 | – | (7,944) | – |
| **An t-iarmhéid amhail an 30 Meán Fómhair 2024** | **20,407** | **10,243** | **66,666** | **77** | **574,968** | **2,924** | **240,125** | **915,410** |
| | | | | | | | | |
| **Dímheas** | | | | | | | | |
| An t-iarmhéid amhail an 1 Deireadh Fómhair 2022 | 9,923 | 3,980 | 58,498 | 77 | 150,741 | 3,117 | – | 226,336 |
| An Muirear | 636 | 945 | 2,943 | – | 16,237 | 783 | – | 21,544 |
| Difríochtaí malairte | 128 | – | 110 | – | – | 27 | – | 265 |
| An t-iarmhéid amhail an 30 Meán Fómhair 2023 | 10,687 | 4,925 | 61,551 | 77 | 166,978 | 3,927 | – | 248,145 |
| Dí-chomhdhlúthú fochuideachta (Nóta 6) | (4,110) | – | (3,487) | – | – | (1.003) | – | (8,600) |
| An Muirear | 434 | 1,430 | 2,322 | – | 16,746 | – | – | 20,932 |
| **An t-iarmhéid amhail an 30 Meán Fómhair 2024** | **7,011** | **6,355** | **60,386** | **77** | **183,724** | **2,924** | **–** | **260,477** |
| **An tsuim ghlanluacha amhail an 30 Meán Fómhair 2024** | **13,396** | **3,888** | **6,280** | **–** | **391,244** | **–** | **240,125** | **654,933** |
| An tsuim ghlanluacha amhail an 30 Meán Fómhair 2023 | 16,810 | 2,485 | 9,224 | – | 403,347 | – | 65,638 | 497,504 |

(i) Áirítear le costas fhoirgnimh an Ghrúpa feabhsúcháin léasachta.
(ii) Baineann an tsócmhainn seo le costais a bhaineann le hathdhearadh an MLA agus le crua-earraí TF.
(iii) Is éard atá i Sócmhainní atá á dTógáil ná crua-earraí TF, teileachumarsáid, saoráidí, INTT agus caiteachas tionscadail an Idirnascaire Cheiltigh. €6.7m (2023: €7.3m) de chostais iasachtaithe an Idirnascaire Cheiltigh a chaipitliú i rith na bliana.
(iv) Tá deontais an Idirnascaire Cheiltigh a fuarthas go dtí deireadh 2022/23 athaicmithe agus taispeánta i Nóta 18 toisc go dtugtar cuntas i leith gach deontas de chineál caipitil mar ioncam iarchurtha sa Chlár Comhardaithe.

## 15. Sócmhainní i ndáil le Ceart Úsáide agus Dliteanais Léasa

| Sócmhainní i ndáil le ceart úsáide | Réadmhaoin € '000 | Mótarfheithiclí € '000 | Ceadúnas Urthrá € '000 | Iomlán € '000 |
|---|---|---|---|---|
| **Costas** | | | | |
| An t-iarmhéid amhail an 1 Deireadh Fómhair 2022 | 34,167 | 44 | 17,057 | 51,268 |
| Modhnú nó breiseanna léasa | – | – | – | – |
| An t-iarmhéid amhail an 1 Deireadh Fómhair 2023 | 34,167 | 44 | 17,057 | 51,268 |
| Modhnú nó breiseanna léasa | – | – | – | – |
| **An t-iarmhéid amhail an 30 Meán Fómhair 2024** | **34,167** | **44** | **17,057** | **51,268** |
| | | | | |
| **Dímheas carntha** | | | | |
| An t-iarmhéid amhail an 1 Deireadh Fómhair 2022 | 9,646 | 44 | 3,145 | 12,835 |
| Dímheas | 2,849 | – | 552 | 3,401 |
| An t-iarmhéid amhail an 1 Deireadh Fómhair 2023 | 12,495 | 44 | 3,697 | 16,236 |
| Dímheas | 2,781 | – | 552 | 3,333 |
| **An t-iarmhéid amhail an 30 Meán Fómhair 2024** | **15,276** | **44** | **4,249** | **19,569** |
| **An tsuim ghlanluacha amhail an 30 Meán Fómhair 2024** | **18,891** | **–** | **12,808** | **31,699** |
| An tsuim ghlanluacha amhail an 30 Meán Fómhair 2023 | 21,672 | – | 13,360 | 35,032 |

| Dliteanais léasa | Iomlán € '000 |
|---|---|
| An t-iarmhéid amhail an 1 Deireadh Fómhair 2023 | 34,793 |
| Mionathrú ar léas | – |
| Ús | 470 |
| Íocaíochtaí léasa | (2,903) |
| Difríochtaí malairte | 266 |
| **An t-iarmhéid amhail an 30 Meán Fómhair 2024** | **32,626** |

| **Tá anailís déanta orthu mar seo a leanas:** | **€ '000** |
|---|---|
| Reatha | 3,187 |
| Neamh-Reatha | 29,439 |
| **An t-iarmhéid amhail an 30 Meán Fómhair 2024** | **32,626** |

Taispeánann an tábla thíos an anailís aibíochta a bhaineann leis an dliteanas léasa lascainithe agus neamhlascainithe a eascraíonn as gníomhaíochtaí léasa an Ghrúpa.

| Dliteanais léasa | Lascainithe € '000 | Neamhlascainithe € '000 |
|---|---|---|
| Laistigh de bhliain amháin | 3,188 | 3,620 |
| Idir dhá bhliain agus cúig bliana | 13,632 | 14,394 |
| Tar éis cúig bliana | 15,806 | 17,216 |
| **Iomlán** | **32,626** | **35,230** |

## 15. Ceart Úsáide Sócmhainní agus Dliteanais Léasa (Ar lean)

| Méideanna a aithnítear sa ráiteas comhdhlúite ar ioncam | Iomlán € '000 |
|---|---|
| Dímheas maidir le sócmhainní i ndáil le ceart úsáide | 3,333 |
| Costais a bhaineann le léasanna gearrthréimhseacha | – |
| Íocaíochtaí léasa athraitheacha * | 8 |
| Costais a bhaineann le léasanna de shócmhainní lena mbaineann luach íseal, gan léasanna gearrthréimhseacha de shócmhainní lena mbaineann luach íseal san áireamh | – |
| Ús ar dhliteanais léasa | 470 |

* Tá conradh seirbhíse priontála bainistithe ag an nGrúpa agus tá íocaíochtaí léasa athraitheacha bainteach le húsáid na bunsócmhainne amach anseo, mar sin fágadh na híocaíochtaí seo as an áireamh sa tomhas ar na dliteanais léasa.

| Méideanna a aithnítear sa ráiteas comhdhlúite ar shreabhadh airgid | Iomlán € '000 |
|---|---|
| Iomlán na sreafaí airgid le haghaidh an léasa le linn na bliana* | 2,903 |

*Áirítear iontu costas úis, aisíocaíochtaí príomhshuime, agus speansais léasa ghearrthéarmacha agus ar luach íseal.

## 16. Trádáil agus Infháltais Eile

| | 30 MF 2024 € '000 | 30 MF 2023 € '000 |
|---|---|---|
| **Méideanna atá dlite i níos lú ná bliain:** | | |
| Infháltais trádála | 1,255 | 2,273 |
| Réamhíocaíochtaí agus costais iarchurtha tionscadail | 94,208 | 147,902 |
| Réamhíocaíocht | 44,651 | 9,774 |
| Taiscí gearrthéarmacha | 134,551 | 50,206 |
| Infháltais neamhbhilleáilte | 168,605 | 162,293 |
| Infháltais eile | 167,908 | 150,486 |
| Méid atá dlite ag cuideachtaí gaolmhara | 4,393 | – |
| **Iomlán** | **615,571** | 522,935 |
| **Méideanna atá dlite i níos mó ná bliain amháin:** | | |
| Réamhíocaíochtaí agus costais iarchurtha tionscadail | 30,898 | 61,525 |
| Réamhíocaíocht | 71,804 | 107,837 |
| Infháltais eile | 178,569 | 277,568 |
| | **281,271** | 446,930 |
| **Iomlán** | **896,842** | 969,865 |

Dar leis na Stiúrthóirí go bhfuil suim ghlanluacha na trádála agus na n-infháltas eile thar ar a gcóirluach.

Tá infháltais BSL ar a bhfuil luach tugtha anonn de €171.1m san áireamh in infháltais eile, a aisíocfar thar thréimhse trí bliana, agus a aibeoidh i mí Feabhra 2027. Tá sé lascainithe agus úsáid á baint as ráta lascaine 4.09% a léiríonn an ráta úis margaidh atá i réim d'ionstraim chomhchosúil le rátáil chreidmheasa chomhchosúil. Tá €98.2m san áireamh i méideanna atá dlite i níos mó ná bliain amháin.

Cuimsítear le hinfháltais neamhbhilleáilte den chuid is mó ioncam le haghaidh an dá mhí dheireanacha den bhliain airgeadais, nár billeáladh i gcomhréir leis an amchlár rialála ag deireadh na bliana airgeadais faoi leith sin.

Áirítear le nithe iníoctha eile atá dlite i níos lú ná bliain amháin €22.4m (2023: €53.4m) a bhaineann leis an bhforáil atá leagtha amach i Nóta 21. I gcás cúitimh bheimis ag súil go mbeadh aon íocaíocht clúdaithe ag cistí a choinnítear ar Chlár Comhardaithe an Ghrúpa ionas go mbeidh na costais in-aisghabhála. Áirítear le nithe iníoctha eile atá dlite i níos mó ná bliain amháin €35.7m (2023: €106.5m) a bhaineann le costais aisghabhála a eascraíonn as feidhmiú Rialachán 2019/943 ón Aontas Eorpach maidir leis an margadh inmheánach le haghaidh leictreachais a cuireadh i bhfeidhm ar an 1 Eanáir 2020. Tá an Grúpa sásta go bhfaighidh na costais go léir a eascraíonn as na hábhair seo tacaíocht ó tháillí rialáilte. Aithníodh na costais seo le soláthar a leagtar amach i Nóta 21.

Áirítear le réamhíocaíochtaí agus costais a bhaineann le tionscadail iarchurtha, costais iarchurtha i ndáil le tionscadail tarchuir de €77.9m. (2023: €92.3m), agus d'fhéadfaí nach mbeifí in ann €47.0m (2023: €31.0m) a aisghabháil laistigh de dhá mhí dhéag.

## 17. Trádáil agus Nithe Iníoctha Eile

| | 30 MF 2024 € '000 | 30 MF 2023 € '000 |
|---|---|---|
| **Méideanna atá dlite i níos lú ná bliain:** | | |
| Nithe Iníoctha Trádála | 71,565 | 77,632 |
| Fabhraithe | 323,633 | 330,237 |
| Ioncam iarchurtha | 5,164 | 3,949 |
| Cánachas agus árachas sóisialta | 12,969 | 7,284 |
| Nithe Iníoctha eile | 411,430 | 412,095 |
| **Iomlán** | **824,761** | 831,197 |
| **Méideanna atá dlite i níos mó ná bliain amháin:** | | |
| Ioncam iarchurtha | 8,910 | 8,235 |
| | **8,910** | 8,235 |
| **Iomlán** | **833,671** | 839,432 |

Cuimsítear le cánachas agus árachas sóisialta na nithe seo a leanas:

| | 30 MF 2024 € '000 | 30 MF 2023 € '000 |
|---|---|---|
| ÍMAT/ÁSPC | 1,392 | 1,538 |
| CBL | 11,238 | 4,798 |
| Cáin shiarchoinneálach | 339 | 948 |
| **Iomlán** | **12,969** | 7,284 |

Cuimsítear le nithe iníoctha trádála agus fabhruithe, méideanna gan íoc le haghaidh ceannacháin trádála agus costais leantacha go príomha. Dar leis na Stiúrthóirí go measann suim ghlanluacha na nithe iníoctha trádála a gcóirluach. Tá beartais i ndáil le bainistíocht an riosca airgeadais i bhfeidhm ag an nGrúpa chun a chinntiú go n-íoctar gach ní iníoctha laistigh den tréimhse ama chreidmheasa.

Áirítear le nithe iníoctha eile atá dlite i níos lú ná bliain €108.4m (2023: €115.2m) atá dlite don mhargadh cothromúcháin MLA de bharr ró-aisghabhálacha a íocfar ar ais leis an gcoigeartú ar an táille k-fhachtóra.

## 18. Deontais

| | 30 MF 2024 € '000 |
|---|---|
| An t-iarmhéid amhail an 1 Deireadh Fómhair 2022 | 83,912 |
| Breiseanna | 151,000 |
| Amúchadh an deontais | (3,239) |
| An t-iarmhéid amhail an 30 Meán Fómhair 2023 | 231,673 |
| Athaicmiú dheontas an Idirnascaire Cheiltigh (Nóta 14) | 21,522 |
| Breiseanna | 33,752 |
| Amúchadh an deontais | (3,055) |
| **An t-iarmhéid amhail an 30 Meán Fómhair 2024** | **283,892** |

| **Tá anailís déanta orthu mar seo a leanas:** | **€ '000** |
|---|---|
| Reatha | 154,055 |
| Neamh-Reatha | 129,837 |
| **An t-iarmhéid amhail an 30 Meán Fómhair 2024** | **283,892** |

Ar an 7 Iúil 2022, thug an Coimisiún um Rialáil Fóntas (CRU) treoir do EirGrid cpt faoi Rialachán 28(10) de na Comhphobail Eorpacha chun acmhainneacht giniúna leictreachais éigeandála bhreise a sholáthar do thréimhse an gheimhridh 2023-2024 go dtí an geimhreadh 2025-2026 agus más gá go dtí deireadh an gheimhridh 2026-27. D'fhonn cur ar chumas EirGrid cpt an Treoir a chomhlíonadh, chuir an tAire Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide deontas de €151.0m ar fáil in 2022. Is é cuspóir an deontais soláthar 412MV de ghiniúint éigeandála shealadach bhreise a chur ar fáil don tréimhse ó gheimhreadh 2023-24 go geimhreadh 2025-26 agus, más gá, go dtí deireadh an gheimhridh 2026-27. Cuirtear an t-airgead deontais siar ar an gclár comhardaithe go dtí go gcuireann an Grúpa an acmhainneacht MV ar fáil de réir na treorach agus meastar go dtarlóidh sé sin in 2024/2025.

Sna blianta roimhe seo, fuair an Grúpa deontais chaipitil ó Choimisiún an AE don Idirnascaire Thoir-Thiar. Ba é an maoiniú deontais iomlán a bhí ar fáil agus a fuarthas ó Choimisiún an AE don tionscadal ná €112.3m, agus tá €77.6m de dheontais gan amúchadh curtha san áireamh san iarmhéid ag deireadh na bliana. Níl aon choinníollacha neamhchomhlíonta nó teagmhas eile ag baint leis na deontais chaipitil a fuarthas. Amúchtar deontais chaipitil i gcomhréir le dímheas shócmhainn INTT.

Faigheann an Grúpa deontais i leith thionscadal an Idirnascaire Cheiltigh faoi chlár na Saoráide um Chónascadh na hEorpa (SCE), sásra airgeadais an Aontais Eorpaigh chun tacú le bonneagar tras-Eorpach. Is nasc leictreach nua é an tIdirnascaire Ceilteach idir an Fhrainc agus Éire atá á chomhfhorbairt ag EirGrid cpt agus OCT na Fraince – Réseau De Transport D'Électricité ('RTE'). Fuarthas €33.8m de dheontais SCE i rith na bliana, rud a d'fhág gurbh ionann iomlán na ndeontas CCE agus €55.2m ag deireadh na bliana.

## 19. Scairchaipiteal Eisithe

| | 30 MF 2024 €'000 | 30 MF 2023 €'000 |
|---|---|---|
| **Údaraithe:** | | |
| 30,000 i ngnáthscaireanna ar €1.25 an ceann | 38 | 38 |
| | | |
| **Cionroinnte, tarraingthe anuas agus íoctha go hiomlán:** | | |
| Scairchaipiteal tarraingthe anuas agus é léirithe mar chothromas: | | |
| 30,000 i ngnáthscaireanna ar €1.25 an ceann | 38 | 38 |

Tá cineál amháin de ghnáthscair ag an gCuideachta, gnáthscair nach bhfuil aon ioncam seasta ag dul leis.

## 20. Airgead Tirim agus Coibhéisí Airgid Thirim

| | 30 MF 2024 €'000 | 30 MF 2023 €'000 |
|---|---|---|
| Airgead Corparáideach | 196,171 | 300,321 |
| Airgead Srianta/Imfhálaithe | 518,200 | 473,086 |
| **An t-iarmhéid amhail an 30 Meán Fómhair 2024** | **714,371** | 773,407 |

Cuimsítear le hairgead agus coibhéisí airgid thirim airgead arna shealbhú ag an nGrúpa agus cúltaiscí bainc gearrthréimhseacha ag a bhfuil aibíocht de thrí mhí nó níos lú tráth a eisiúna. Measann suim ghlanluacha na sócmhainní seo a gcóirluach. Tá an riosca creidmheasa i ndáil le cistí leachtacha teoranta toisc gur bainc iad na contrapháirtithe ag a bhfuil rátálacha creidmheasa atá sách ard agus atá sannta ag gníomhaireachtaí idirnáisiúnta rátálacha creidmheasa.

Áirítear le hiarmhéideanna airgid an Ghrúpa €111.1m (2023: €131.8m) arna shealbhú ar iontaobhas le haghaidh rannpháirtithe margaidh sa MLA, €75.1m (2023: €85.8m) arna shealbhú i gcuntais cúlchiste chomhthaobhaigh MLA (cuntais shlándála arna sealbhú in ainm na rannpháirtithe margaidh), taiscí slándála, comhthaobhacht agus bannaí €39.3m (2023: €35.2m) agus €4.4m (2023: €6.4m) a léiríonn airgead nach féidir a úsáid ach amháin chun críocha shócmhainn INTT, €52.5m (2023: €53.5m) a léiríonn airgead nach féidir a úsáid ach chun críocha shócmhainn an Idirnascaire Cheiltigh, €46.1m (2023: €156.4m) d'airgead tirim a dhéantar a imfhalú de réir mar a bhailítear an t-airgead tirim agus a thugtar ar ais é don chustaiméir ábhartha, €189.7m (2023: náid) a bhaineann leis an gcáin amhantair fuinnimh. I gcomhréir le hAcht na hEarnála Fuinnimh (Cáin amhantair san Earnáil Fuinnimh, Teorainn le hIoncaim Mhargaidh) 2023, ghlac OCT EirGrid an ról mar ghníomhaire bailiúcháin um ioncaim bhreise arna nginiúint ag rannpháirtithe (táirgeoirí, idirghabhálaithe agus trádálaithe) ó mhí na Nollag 2022 go Meitheamh 2023. Cuireadh €134.6m (2023: €50.2m) breise d'airgead tirim imfhálaithe i dtaiscí le haibíocht de níos mó ná 3 mhí agus tá sé taispeánta i Nóta 16.

## 21. Soláthair

| | Pacáiste Fuinnimh Ghlan €'000 | Soláthar Eile €'000 | Iomlán €'000 |
|---|---|---|---|
| An t-iarmhéid amhail an 30 Meán Fómhair 2023 | 106,501 | 53,374 | 159,875 |
| Dí-chomhdhlúthú fochuideachta (Nóta 6) | (26,625) | (13,344) | (39,969) |
| Aistrithe chuig fabhruithe (Nóta 17) | – | (20,065) | (20,065) |
| Soláthair déanta i rith na bliana | 20,987 | 2,441 | 23,428 |
| **An t-iarmhéid amhail an 30 Meán Fómhair 2024** | **100,863** | **22,406** | **123,269** |

| **Tá anailís déanta orthu mar seo a leanas:** | **€'000** | **€'000** | **€'000** |
|---|---|---|---|
| Reatha | – | 22,406 | 22,406 |
| Neamh-Reatha | 100,863 | – | 100,863 |
| **An t-iarmhéid amhail an 30 Meán Fómhair 2024** | **100,863** | **22,406** | **123,269** |

### (a) Pacáiste Fuinnimh Ghlain

Tá Rialachán AE 2019/943 ('Rialachán') maidir leis an margadh inmheánach don leictreachas mar chuid den Phacáiste Fuinnimh Ghlain agus tháinig sé i bhfeidhm ar an 1 Eanáir 2020. Tagraíonn Airteagal 12 den Rialachán seo do sheoladh na freagartha giniúna agus éilimh, agus tagraíonn Airteagal 13 don athsheoladh (i gcás ina n-iarrann oibritheoir córais tarchurtha ar ghineadóir an leibhéal beartaithe táirgthe a athrú – chun é a laghdú de ghnáth sa chomhthéacs seo).

Creidimid gur dócha, de bhun an Rialacháin, go bhfuil oibleagáid íocaíochta ar an nGrúpa amhail an 30 Meán Fómhair 2024. Braithfidh an méid deiridh ar conas a chuireann na hÚdaráis Rialála an Rialachán i bhfeidhm in Éirinn agus i dTuaisceart Éireann. D'fhoilsigh an CMLA páipéar cinnidh ar chur i bhfeidhm an rialacháin agus tharla breithiúnas Cúirte ina dhiaidh sin nach bhfuil socraithe fós.

**Cinneadh CMLA**

Sheol an Coiste MLA roinnt comhairliúchán i ndáil leis an Rialachán. I mí an Mhárta 2022, d'fhoilsigh an Coiste MLA páipéar breise inar tugadh breac-chuntas ar fhreagra agus ar chinntí an Choiste sna réimsí seo a leanas: léirmhíniú seolta agus athsheolta i ndáil leis an MLA, léirmhíniú gníomhaíochtaí a bhféadfar a mheas gur seoladh margadhbhunaithe agus seoladh nach bhfuil margadhbhunaithe iad faoi dhearadh an mhargaidh reatha de bhun Airteagal 13, an leibhéal cuí cúitimh le haghaidh athsheoladh nach bhfuil margadhbhunaithe sa MLA a chinneadh, cúiteamh ex-post a chur chun feidhme, fadhbanna a ardaítear maidir le daingne sa MLA a phlé agus nuashonrú a dhéanamh maidir leis an gcaoi a gcaitear le haonaid nua in-athnuaite MLA. Dheimhnigh an Coiste MLA nach mbeidh sé indéanta, mar gheall ar na hathruithe suntasacha córais, é a chur i bhfeidhm go hiomlán sa ghearrthéarma. Bhíothas chun cúiteamh a sholáthar ar bhonn ex-post ó mhí Eanáir 2020 agus bhí íocaíochtaí le tosú sa bhliain táille 2024/25.

**Breithiúnas na hArd-Chúirte**

In 2022, thionscain dhá ghrúpa ar leith d'fhorbróirí feirmeacha gaoithe imeachtaí Athbhreithnithe Bhreithiúnaigh na hArd-Chúirte i bPoblacht na hÉireann ag tabhairt dúshlán faoi dhlíthiúlacht Cinnidh CMLA a rinne an Coimisiún um Rialáil Fóntas (CRU) ag gníomhú dó tríd an CMLA. Lorg gach iarratasóir orduithe agus dearbhuithe Cúirte éagsúla lena n-áirítear ordú chun Cinneadh CMLA a aisiompú, agus ordú chun ceangal ar CRU lánéifeacht a thabhairt don fhoráil cúitimh in Airteagal 13(7) dearbhú gur cheart do EirGrid cúiteamh faoi Airteagal 13(7) a íoc agus é gníomhú mar OCT agus ordú lena gcoisctear aon iarchur cúitimh go dtí 2024/25 mar atá leagtha amach i gCinneadh CMLA.

## 21. Soláthair (Ar lean)

D'eisigh an Ard-Chúirt a Breithiúnas sa chás ar an 10 Samhain 2023 agus leag sé amach cinneadh na Cúirte go raibh roinnt gnéithe de Chinneadh CMLA ag teacht salach ar Airteagal 13(7). Go háirithe, thug an Breithiúnas dúshlán don mhodheolaíocht ríofa a glacadh i gCinneadh CMLA agus luaigh sé gur cheart do EirGrid cúiteamh a íoc, ina ról mar an OCT seachas tríd an MLA. D'eisigh an Chúirt a cuid orduithe deiridh i ndáil leis an gcás ar an 1 Iúil 2024. Tá CRU ag achomharc i gcoinne Bhreithiúnas na hArd-Chúirte agus d'eisigh siad iarratas chun tosaigh ar chead achomharc a dhéanamh don Chúirt Uachtarach, iarradh freisin é a chur ar aghaidh go Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh i Lucsamburg ('CBAE') chun treoracha a chur ar fáil maidir leis an léirmhíniú ar Airteagal 13(7). D'aontaigh an Chúirt Uachtarach leis an iarratas chun tosaigh agus thug siad éisteacht don achomharc ar an 12 agus an 13 Nollaig. Níl cinneadh déanta go dtí seo agus tá bac i bhfeidhm fós ar na horduithe deireanacha ón Ard-Chúirt go dtabharfar imeachtaí na Cúirte Uachtaraí chun críche.

Amhail an 30 Meán Fómhair 2024, níl an próiseas dlí reatha tugtha chun críche toisc nach bhfuil cinneadh déanta maidir le toradh an phróisis achomhairc sa Chúirt Uachtarach. Mar thoradh air sin, níl aon mhodheolaíocht shoiléir ann chun íocaíochtaí a ríomh agus a dhéanamh. Tá dlúthfhaireachán á dhéanamh ag EirGrid ar na himeachtaí dlí.

**Dliteanas measta**

**Cinneadh CMLA**
Rinne EirGrid athbhreithniú ar chinneadh an CMLA agus d'iarr agus fuair sé soiléiriú ón Rialtóir maidir le meicníochtaí trína n-íocfaidh sé cúiteamh. Meastar gurb ionann an dliteanas féideartha de réir léirmhíniú Eirgrid ar chinneadh an CMLA agus €100.9m (2023: €106.5m).

**Breithiúnas na hArd-Chúirte**
Faoi láthair, is deacair an tionchar airgeadais atá ag breithiúnas na hArd-Chúirte a mheas go cruinn. Is é meastachán na bainistíochta ar an gcúiteamh is iníoctha faoi Airteagal 13(7), ná idir €224m agus €307m, dá mbeadh an Breithiúnas le coinneáil. Tá sé seo faoi réir neamhchinnteacht meastacháin suntasach mar gheall ar chastacht impleachtaí airgeadais Airteagal 13(7) de Rialachán 943 a léirmhíniú i gcomhthéacs an Bhreithiúnais agus in éagmais treoir rialála bhreise.

**Measúnú deiridh**
Glacann COT EirGrid treoir ón Rialtóir. Is é CMLA an t-údarás cinnteoireachta um ábhair an Mhargaidh Leictreachais Aonair (MLA) ar oileán na hÉireann. Ní socrú atá i mbreithiúnas na hArd-Chúirte agus níor réitíodh an éiginnteacht i ndáil le bonn na ríomhaireachta tar éis gur eisíodh orduithe deiridh na hardchúirte. Beidh roinnt ama ag teastáil don achomharc chun na Cúirte Uachtaraí sula dtiocfar ar chinneadh. Mar gheall ar an gcastacht, d'fhéadfadh go mbeadh comhairliúchán breise rialála ag teastáil ansin, beidh gá comhairle dlí a fháil agus beidh sé riachtanach aon leasuithe ar thograí margaidh a fhaomhadh ag an gCoiste MLA.

Dá bhrí sin, aithníonn an bhainistíocht fós an soláthar ar an 30 Meán Fómhair 2024 i gcomhréir lena léirmhíniú ar chinneadh CMLA ó mhí an Mhárta 2022. Meastar gurb ionann an dliteanas féideartha de réir léirmhíniú Eirgrid ar chinneadh an CMLA agus €100.9m) agus as sin meastar go n-aisghabhfar €65.2m trí tháille OCT EirGrid agus €35.7m trí tháille fabhtachta MLA. Leis an soláthar don bhliain roimhe rinneadh talamh slán de go n-íocfaí agus go n-aisghabhfaí iomlán an chúitimh trí MLA agus mar sin aithníodh infháltas comhfhreagrach i dtaobh an tsoláthair iomláin agus mar thoradh air sin ní raibh aon tionchar ar an ráiteas ioncaim.



## 21. Soláthair (Ar lean)

Dheimhnigh an Rialtóir i bplé i 2023/24 gur cheart go n-íocfadh an OCT cuid den chúiteamh a bhí le híoc as Airteagal 13.7 faoi réir chinneadh 2022 an CMLA. Mar thoradh air sin, dí-aithníodh €65.2m ó infháltais agus aithníodh mar chostas díreach é sa chuntas brabúis agus caillteanais toisc go bhfuil athrú tagtha ar thoimhdí na bliana roimhe i dtaobh an tsásra aisghabhála. Tá an méid in-aisghabhála i ndáil leis an gcuid den fhoráil inchurtha i leith aisghabháil MLA de €35.7m (2023: €106.5m) curtha san áireamh in infháltais trádála agus eile i Nóta 16 ar aon dul leis an mbliain roimhe.

**(b) Soláthar Eile**
Tá soláthar i dtaobh dliteanas féideartha de €22.7m aitheanta ag an gCuideachta (2023: €45.5m) i ndáil le cúiteamh a d'fhéadfadh a bheith dlite. Tá cinneadh an tsoláthair faoi réir breithiúnas a rinneadh tar éis stádas reatha na gcásanna, ár dtaithí ar chásanna comhchosúla agus comhairle ónár saineolaithe inmheánacha agus go seachtracha, a chur san áireamh. Tá tionchar deiridh agus uainiú na n-íocaíochtaí éiginnte ag an bpointe seo, ach i gcás ina n-eascraíonn cúiteamh do pháirtithe lena mbaineann as imeachtaí dlí, íocfar é tar éis na próisis dlí ábhartha a thabhairt chun críche. Táthar ag súil go n-íocfar sin laistigh de 12 mhí ó dháta an chláir comhardaithe. Sa chás go bhfuil cúiteamh dlite, bheimis ag súil go mbeadh an íocaíocht clúdaithe ag cistí atá ar Chlár Comhardaithe an Ghrúpa. Dá réir sin, tá méid in-aisghabhála de €22.7m (2023: €45.5m) curtha san áireamh in infháltais Trádála agus eile i Nóta 15.

## 22. Ceangaltais Chaipitil

| | 30 MF 2024 € '000 | 30 MF 2023 € '000 |
|---|---|---|
| Caiteachas a ndearnadh conradh dó, ach nach ndearnadh foráil dó sna Ráitis Airgeadais | 556,400 | 653,900 |

Tá sciar na nGrúpaí de ghealltanais chaipitil thionscadal an Idirnascaire Cheiltigh ar comhshocrú é idir EirGrid cpt agus Réseau De Transport D'Électricité ('RTE') san áireamh

## 23. Dliteanais Theagmhasacha

Níl an Chuideachta ar an eolas faoi aon dliteanais theagmhasacha ag deireadh na bliana airgeadais.

## 24. Oibleagáidí Sochair Scoir

**Scéimeanna Sochair Sainithe**

Ar an 1 Deireadh Fómhair 2023, rinneadh SONI teoranta a dhí-chomhdhlúthú ón nGrúpa mar atá leagtha amach i Nóta 6. Mar thoradh air sin, ní gá nochtaí i ndáil le Plean Fócais SONI don tréimhse thuairiscithe reatha ach nochtar an fhaisnéis chomparáideach.

Feidhmíonn an Grúpa socrú sochair shainithe le haghaidh fostaithe cáilitheacha ('Ciste EirGrid').

Feidhmíonn príomhscéim pinsin an Ghrúpa in Éirinn, Ciste EirGrid, faoi dhlí iontaobhais na hÉireann agus bainistítear agus riartar é thar ceann a cuid ball, i gcomhréir leis na téarmaí an ghníomhais iontaobhais fholuítigh; rialacháin scéime; agus reachtaíocht na hÉireann (an tAcht Pinsean 1990 go príomha). Faoi reachtaíocht na hÉireann, ceanglaítear ar scéim pinsin sochair shainithe go leor cistí a bhailiú agus a choinneáil chun a dteidlíochtaí pinsin a íoc leis na baill dá dtiocfadh an scéim chun deiridh. Éilítear ar iontaobhaithe scéimeanna pinsin, luachálacha agus tuarascálacha achtúireacha a fháil go rialta, Togra Cistiúcháin a chur i bhfeidhm a thugann aghaidh ar aon easnamh cistiúcháin reachtúil agus é sin a chur faoi bhráid Údarás Pinsean na hÉireann lena fhaomhadh (i gcás inarb iomchuí). Má thagann barrachas chun cinn sa scéim, tá ceart neamhchoinníollach ag EirGrid sócmhainní na scéime a réadú ag am éigin i rith shaolré an phlean nó nuair a bheidh an plean socraithe.

Tá Ciste EirGrid dúnta anois le haghaidh baill nua agus tháinig sé seo i bhfeidhm ar an 1 Aibreán 2019. Bhí iontrálaithe nua in EirGrid cpt i dteideal dul isteach i socrú grúpa eatramhach Cuntais Coigiltis Scoir Phearsanta (CCSP) ón 1 Aibreán 2019 agus bhí siad incháilithe chun dul isteach sa scéim ranníocaíochtaí sainithe nua ó Lúnasa 2021.

Faoi Chiste EirGrid, bíonn fostaithe incháilithe i dteideal pinsean agus cnapshuim a fháil nuair a théann siad ar scor. D'fhéadfaí go mbeadh pinsean marthanóra agus/nó cnapshuim iníoctha dá bhfaigheadh duine bás faoi Scéimeanna SS (RAG Sainithe). Tá sochair scoir atá iníoctha bunaithe ar thuarastal agus ar fhad na seirbhíse.

Riartar Ciste EirGrid ag iontaobhas ar leithligh atá scartha go dlíthiúil ón nGrúpa. Tá iontaobhaíocht na Scéimeanna SS á cur i gcrích faoi láthair ag meascán d'Iontaobhaithe arna n-ainmniú ag Baill agus d'Iontaobhaithe arna n-ainmniú ag an gCuideachta. Ceanglaítear ar iontaobhaithe Scéimeanna SS gníomhú i gcomhréir leis na doiciméid reachtúla iontaobhais agus tá freagracht mhuiníneach orthu gníomhú ar son leas thairbhithe na Scéimeanna SS. Áirítear le liosta neamhchuimsitheach de dhualgais iontaobhaithe Scéimeanna SS na nithe seo a leanas; bailiú agus infheistiú ranníocaíochtaí, straitéis infheistíochta a chinneadh, riar na sochar agus gníomhú le hintinn mhaith agus i gcomhréir le doiciméid iontaobhais Scéimeanna SS.

Ní raibh aon leasú, ciorrúchán ábhartha ná socrú i ndáil le Ciste EirGrid le linn na bliana airgeadais.

## 24. Oibleagáidí Sochair Scoir (Ar lean)

Fágann Scéimeanna SS go bhfuil an Grúpa neamhchosanta ar rioscaí amhail riosca infheistíochta, riosca ráta úis, riosca fadsaolaí agus riosca tuarastail.

| | |
|---|---|
| **Riosca infheistíochta** | Ríomhtar luach láithreach dhliteanas na Scéimeanna SS ag úsáid ráta lascaine arna chinneadh agus tagairt á déanamh do thoradh bannaí corparáide ardchaighdeáin; má bhíonn an brabús ar shócmhainní Scéimeanna SS faoi bhun an ráta sin, cruthóidh sé easnamh nochta cuntasaíochta (agus gach rud eile cothrom). |
| **Riosca ráta úis** | Ríomhtar luach láithreach dhliteanas na Scéimeanna SS ag úsáid ráta lascaine arna chinneadh agus tagairt á déanamh do thoradh bannaí corparáide ardchaighdeáin ar dháta an tomhais. Méadóidh laghdú ar thorthaí bannaí corparáide dliteanas na Scéimeanna SS (agus gach rud eile cothrom). |
| **Riosca fadsaolaí** | Ríomhtar luach láithreach dhliteanas na Scéimeanna SS agus tagairt á déanamh don mheastachán is fearr ar bhásmhaireacht rannpháirtithe Scéimeanna SS, le linn na fostaíochta agus ina diaidh. Méadóidh méadú ar ionchas saoil rannpháirtithe na Scéimeanna SS, dliteanas na Scéimeanna SS (agus gach rud eile cothrom). |
| **Riosca tuarastail** | Ríomhtar luach láithreach dhliteanas na Scéimeanna SS agus tagairt á déanamh do na boinn tuisceana maidir le tuarastail amach anseo le haghaidh rannpháirtithe na Scéimeanna SS. Dá bharr sin, méadóidh méadú ar thuarastal rannpháirtithe na Scéimeanna SS (coibhneasta don bhonn tuisceana roghnaithe) dliteanas na Scéimeanna SS (agus gach rud eile cothrom). |

**Scéimeanna Ranníocaíochta Sainithe**

Toisc gur dúnadh Ciste EirGrid d'iontrálaithe nua in 2019, bunaíodh Scéim Ranníocaíochta Sainithe ('Scéim RS EirGrid'). B'ionann na ranníocaíochtaí sainithe a d'íoc EirGrid cpt agus €1.8m (2023: €1.4m). €0.4m (2023: €0.3m) de ranníocaíochtaí ba ranníocaíochtaí fabhraithe iad agus níl siad íoctha fós ag deireadh na bliana.

**Scéim Sochair Shainithe SONI – nochtadh 2023**

Toisc gur dúnadh Rannóg Fócais SONI le haghaidh baill nua ó bhí 1998 ann, seachas chun baill foirne a thabhairt isteach mar gheall ar aistriú na feidhme pleanála i dTuaisceart Éireann i mblianta roimhe sin, oibríonn an Grúpa scéim ranníocaíochtaí sainithe fhaofa freisin, 'Rannóg Roghanna SONI' (ar rannóg ranníocaíochtaí sainithe í de chuid Scéim Pinsin SONI le haghaidh fostaithe de chuid SONI Teoranta). Íocann na baill agus SONI Teoranta ranníocaíochtaí ar rátaí seasta. Léiríonn na sochair a fhaightear ag am scoir, ciste carntha gach fostaí agus an costas a bhaineann le sochair a cheannach ag an am sin. Árachaítear sochair bháis ar bhonn grúpa agus d'fhéadfaí iad a íoc mar chnapshuim agus/nó mar phinsean marthanóra. Sealbhaítear sócmhainní Rannóg Roghanna SONI ar iontaobhas agus tá siad ar leithligh ó chinn an Ghrúpa. An t-aon oibleagáid atá ag SONI Teoranta i leith Rannóg Roghanna SONI ná ranníocaíochtaí sonraithe a dhéanamh agus costais riaracháin a íoc. Aithnítear oibleagáidí le haghaidh ranníocaíochtaí le Rannóg Roghanna SONI mar chostas sa Ráiteas Ioncaim nuair a thabhaítear iad.

## 24. Oibleagáidí Sochair Scoir (Ar lean)

Feidhmíonn Rannóg Fócais SONI faoi dhlí iontaobhais na Ríochta Aontaithe agus déantar í a bhainistiú agus a riar thar ceann a mball i gcomhréir le téarmaí ghníomhas an iontaobhais, na rialacha scéime agus reachtaíocht na Ríochta Aontaithe (Acht na bPinsean, 1993, Acht na bPinsean, 1995 agus Acht na bPinsean, 2004 go príomha). Faoi reachtaíocht na Ríochta Aontaithe, ní mór don scéim pinsin sochair shainithe an cuspóir maoinithe reachtúil a chomhlíonadh, cuspóir a bhaineann le sócmhainní leordhóthanacha cuí a bheith ar fáil chun a dliteanais a chlúdach. Ceanglaítear ar iontaobhaithe scéimeanna pinsin: Ráiteas ar Phrionsabail Chistiúcháin a ullmhú; luachálacha agus tuarascálacha achtúireacha a fháil go rialta; Sceidil Ranníocaíochtaí a chur i bhfeidhm, agus i gcás ina bhfuil sé ábhartha, Plean Téarnaimh a thugann aghaidh ar aon easnamh cistiúcháin; agus Ráitis Achoimre ar Chistiú a sheoladh chuig baill na scéime pinsin go rialta. Má thagann barrachas chun cinn sa scéim, níl ceart neamhchoinníollach ag SONI sócmhainní na scéime a réadú ag am éigin i rith shaolré an phlean nó nuair a bheidh an plean socraithe.

Faoi Rannóg Fócais SONI, tá fostaithe incháilithe i dteideal chun pinsean a fháil nuair a théann siad ar scor.

### Scéimeanna Sochair Sainithe – Dliteanais

Rinneadh na luachálacha achtúireacha is déanaí ar shócmhainní agus luach láithreach na n-oibleagáidí sochair shainithe ar an 30 Meán Fómhair 2024 le haghaidh phlean EirGrid, de réir na gceanglas a ghabhann le Caighdeán Idirnáisiúnta Cuntasaíochta 19: Sochair Fostaithe (IAS 19). Tomhaiseadh luachanna láithreacha na n-oibleagáidí sochair shainithe, agus na costais seirbhíse reatha agus na hiarchostais seirbhíse lena mbaineann ag úsáid Mhodh na nAonad Réamh-mheasta Creidmheasa.

Is mar seo a leanas an méid atá sa Chlár Comhardaithe a d'eascair as na hoibleagáidí mar gheall ar na pleananna sochair shainithe seo:

| | Iomlán Phlean EirGrid 30 MF 2024 € '000 | Iomlán 30 MF 2023 € '000 | Plean EirGrid 30 MF 2023 € '000 | Plean Fócais SONI 30 MF 2023 € '000 |
|---|---|---|---|---|
| Luach láithreach na n-oibleagáidí sochair sainithe maoinithe atá maoinithe go hiomlán nó go páirteach | 150,174 | 172,165 | 144,127 | 28,038 |
| Cóirluach shócmhainní na Scéimeanna ag deireadh na bliana | (171,355) | (182,058) | (154,772) | (27,286) |
| (Glansócmhainn)/glandliteanas | (21,181) | (9,893) | (10,645) | 752 |
| Cáin iarchurtha ar oibleagáid ghlan an phinsin (nóta 8) | 2,648 | 1,142 | 1,330 | (188) |
| **(Glansócmhainn)/Glandliteanas tar éis Cáin Iarchurtha** | (18,533) | (8,751) | (9,315) | 564 |

D'fhéadfaí anailís a dhéanamh ar na méideanna sa Ráiteas Comhdhlúite Ioncaim mar seo a leanas:

| | An Bhliain go dtí an 30 MF 2024 Líon | An Bhliain go dtí an 30 MF 2023 Líon |
|---|---|---|
| Costas na seirbhíse reatha | 3,402 | 3,937 |
| Glanioncam úis | (544) | (770) |
| Costas phinsean an fhostóra arna chaipitliú | (610) | (990) |
| **Méid a cuimsíodh i gcostais oibriúcháin eile a bhaineann le scéimeanna sochair sainithe** | **2,248** | 2,177 |



## 24. Oibleagáidí Sochair Scoir (Ar lean)

Is iad seo a leanas na méideanna a aithníodh sa Ráiteas Comhdhlúite ar Ioncam Cuimsitheach:

| | Iomlán Phlean EirGrid Bliain go dtí an 30 MF 2024 € '000 | Bliain Iomlán go dtí an 30 MF 2023 € '000 | Plean EirGrid go dtí an 30 MF 2023 € '000 | Plean Fócais SONI go dtí an 30 MF 2023 € '000 |
|---|---|---|---|---|
| Atomhas an ghlandliteanais sochair shainithe: | | | | |
| Gnóthachan/(caillteanas) achtúireach ag eascairt ó shócmhainní Scéimeanna | 8,522 | (9,685) | (6,959) | (2,726) |
| Gnóthachan/(caillteanas) achtúireach a eascraíonn as athruithe ar thoimhdí déimeagrafacha | 2,041 | (108) | (939) | 831 |
| (Gnóthachan)/caillteanas achtúireach a eascraíonn as athruithe ar thoimhdí airgeadais | (3,368) | 4,848 | 2,828 | 2,020 |
| Gnóthachan/(caillteanas) achtúireach a eascraíonn as coigeartuithe eispéiris | 1,345 | (4,901) | (1,839) | (3,062) |
| Srian uasteorainn sócmhainní | – | 1,174 | – | 1,174 |
| **An méid a áiríodh sa Ráiteas Comhdhlúite ar Ioncam Cuimsitheach** | **8,540** | (8,672) | (6,909) | (1,763) |

Is iad seo a leanas na gluaiseachtaí i luach láithreach na n-oibleagáidí sochair shainithe sa bhliain reatha airgeadais:

| | Plean EirGrid 30 MF 2024 € '000 | Plean EirGrid 30 MF 2023 € '000 | Plean Fócais SONI 30 MF 2023 € '000 |
|---|---|---|---|
| Luach láithreach na hoibleagáide sainithe ag tús na bliana | 144,127 | 135,957 | 26,718 |
| Costas na seirbhíse reatha, ranníocaíochtaí ag rannpháirtithe na Scéimeanna san áireamh | 4,465 | 4,937 | 196 |
| Costas úis | 5,801 | 4,995 | 1,383 |
| Gnóthachan/(caillteanas) achtúireach a eascraíonn as athruithe ar thoimhdí déimeagrafacha | (2,041) | 939 | (831) |
| Caillteanas/(gnóthachan) achtúireach a eascraíonn as athruithe ar thoimhdí airgeadais | 3,368 | (2,828) | (2,020) |
| Gnóthachan/(caillteanas) achtúireach a eascraíonn as coigeartuithe eispéiris | (1,345) | 1,839 | 3,031 |
| Sochair a íocadh | (4,201) | (1,712) | (1,347) |
| Difríochtaí malairte | – | – | 908 |
| **Luach láithreach na hoibleagáide sochair sainithe ag deireadh na bliana** | **150,174** | 144,127 | 28,038 |

## 24. Oibleagáidí Sochair Scoir (Ar lean)

Is iad seo a leanas na gluaiseachtaí i luach láithreach shócmhainní an phlean sa bhliain reatha airgeadais:

| | Plean EirGrid 30 MF 2024 €'000 | Plean EirGrid 30 MF 2023 € '000 | Plean Fócais SONI 30 MF 2023 € '000 |
|---|---|---|---|
| Cóirluach shócmhainní na Scéimeanna ag tús na bliana | 154,772 | 149,329 | 27,828 |
| Ioncam Úis | 6,346 | 5,679 | 1,470 |
| Gnóthachain/(caillteanais) ar shócmhainní na Scéimeanna | 8,522 | (6,959) | (2,726) |
| Ranníocaíochtaí ó na Cuideachtaí | 4,853 | 7,260 | 1,393 |
| Ranníocaíochtaí ó rannpháirtithe na Scéimeanna | 1,063 | 1,175 | 21 |
| Costais riaracháin | – | – | (291) |
| Sochair a íocadh | (4,201) | (1,712) | (1,347) |
| Difríochtaí malairte | – | – | 938 |
| **Cóirluach shócmhainní na Scéimeanna ag deireadh na bliana** | **171,355** | 154,772 | 27,286 |

Is iad seo a leanas na príomhchatagóirí de shócmhainní plean ar dháta an Chláir Comhardaithe le haghaidh gach catagóire:

| Cóirluach | Plean EirGrid 30 MF 2024 € '000 | Plean EirGrid 30 MF 2023 € '000 | Plean Fócais SONI 30 MF 2023 €'000 |
|---|---|---|---|
| Cothromais | 48,465 | 48,700 | 8,033 |
| Bannaí & Sárurrúis | 86,568 | 59,600 | 18,850 |
| Sealúchas | 12,588 | 13,700 | – |
| Airgead Tirim | 2,879 | 8,600 | – |
| Malairtí | 17,028 | 20,300 | – |
| Blianachtaí | 3,827 | 3,872 | – |
| Eile | – | – | 403 |
| **Cóirluach shócmhainní an phlean** | **171,355** | 154,772 | 27,286 |

I gcás shócmhainní phlean EirGrid, tá praghsanna margaidh luaite acu ar fad i margadh gníomhach seachas blianachtaí €167.6m (2023: €150.9m). Níl praghsanna margaidh luaite ag na Blianachtaí €3.8m (2023: €3.9m) i margadh gníomhach. Tá an Grúpa ag súil le ranníocaíochtaí de €4.4m (2023: €4.6m) a íoc le haghaidh Phlean Eirgrid sa bhliain airgeadais go dtí an 30 Meán Fómhair 2024. An fáltas iarbhír ar shócmhainní scéime Phlean EirGrid ná gnóthachan de €14.9m (2023: Caillteanas 1.3m).

Maidir le sócmhainní Phlean Fócais SONI, tá praghsanna margaidh luaite de €27.3m i margadh gníomhach ag gach catagóir le haghaidh 2023. Rinneadh ranníocaíochtaí de €1.2m in 2023 le haghaidh Phlean Fócais SONI agus ba é an fáltas iarbhír ar shócmhainní Scéim Fócais SONI in 2023 ná caillteanas de €1.2m.

An fáltas iarbhír ar shócmhainní scéime an Ghrúpa ná gnóthachan de €14.9m (2023: caillteanas €2.5m).



## 24. Oibleagáidí Sochair Scoir (Ar lean)

Is iad seo a leanas na príomhthoimhdí a úsáidtear chun críocha na luachálacha achtúireacha:

| Modh luachála | Aonad Tuartha Phlean EirGrid 30 Meán Fómhair 2024 | Aonad Tuartha Phlean EirGrid 30 Meán Fómhair 2023 | Aonad Tuartha Phlean Fócais SONI 30 Meán Fómhair 2023 |
|---|---|---|---|
| Ráta lascaine | 3.45% | 4.05% | 5.45% |
| Méadú ar an bpinsean stáit | 1.95% | 2.45% | – |
| Méaduithe ar thuarastail | 2.45% Móide scála | 2.95% Móide scála | 3.75% Móide scála |
| Méaduithe ar phinsin | 2.15% | 2.65% | 3.2% |
| Boilsciú | 2.2% | 2.7% | 3.5% |
| | | | |
| **Ionchas saoil iarscoir iad siúd a rachaidh ar scor ag aois 65 in 2039:** | | | |
| – Fir | 24.7 bliain | 24.6 bliain | 24.3 bliain |
| – Mná | 26.5 bliain | 26.4 bliain | 26.2 bliain |

Ba é an ráta lascaine arna úsáid ag achtúire an phlean agus na dliteanais phinsin á ríomh ag deireadh na bliana ná 3.45% (2023: 4.05%). Bunaíodh ráta lascaine phlean EirGrid ar thoradh go dtí fuascailt ar bhandaí corparáide ardchaighdeáin a bhí ainmnithe in Euro eachtarshuite go neastréimhse ama de 23 bliain (2023: 23 bliain).

Ba é an ráta lascaine arna úsáid ag achtúire an phlean agus an dliteanas pinsin do Phlean Fócais SONI sa bhliain roimhe ná 5.45% do Phlean Fócais SONI. Bunaíodh an ráta lascaine do Phlean Fócais SONI an bhliain roimhe ar thoradh go dtí fuascailt ar bhandaí corparáide ardchaighdeáin a bhí ainmnithe i Steirling agus iad eachtarshuite go neastréimhse ama de 13 bliain (. Tagann sé seo le téarma measta na n-oibleagáidí sochair iarscoir.

Baineann neamhchinnteachtaí bunúsacha leis na toimhdí déimeagrafacha agus airgeadais arna nglacadh ag an nGrúpa. Mar chomhartha ar thionchar na n-athruithe i dtoimhdí achtúireacha, mhéadódh laghdú 50 bonnphointe ar rátaí lascaine glandliteanas an phlean pinsin faoi thart ar 12% (2023: 11%).

**Riachtanais Chistiúcháin agus Sreabhadh Airgid amach anseo**

Éilítear luacháil chistiúcháin leanúnach ar Chiste EirGrid gach trí bliana chun athbhreithniú a dhéanamh ar an ráta ranníocaíochta a theastaíonn chun sochair amach anseo a chistiú. Rinneadh an luacháil achtúireach is déanaí ar an 1 Eanáir 2023. Coigeartaítear an ráta ranníocaíochta a theastaíonn chun íoc as dliteanais seirbhíse amach anseo le haghaidh baill reatha ghníomhacha an phinsin, chun luach aon bharrachais nó easnaimh iarsheirbhíse, atá i gCiste EirGrid, a chur san áireamh.

Déantar athbhreithniú bliantúil ar staid an Chaighdeáin Cistiúcháin (an t-íosriachtanas cistiúcháin reachtúil) a bhaineann le Ciste EirGrid. I gcás nach bhfuil sócmhainní leordhóthanacha ag scéim sochair shainithe Éireannach chun an Caighdeán Cistiúcháin a shásamh, d'fhéadfadh go mbeadh cistiú luathaithe, i bhfoirm Togra Cistiúcháin, ag teastáil. Toisc go gcomhlíonann Ciste EirGrid an Caighdeán Cistiúcháin, níl aon Togra Cistiúcháin den sórt sin ag teastáil.

## 25. Iasachtaí

Tugtar breac-chuntas ar iasachtaí an Ghrúpa, lena mbaineann ús, thíos.

| In-aisíoctha i dtráthchodanna | Iomlán 30 MF 2024 € '000 | In-aisíoctha i dtráth-chodanna 30 MF 2024 € '000 | In-aisíoctha ar bhealach eile seachas tráthchodan-na 30 MF 2024 € '000 | Iomlán 30 MF 2023 € '000 | In-aisíoctha i dtráth-chodanna 30 MF 2023 € '000 | In-aisíoctha ar bhealach eile seachas tráthchodan-na 30 MF 2023 € '000 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **In-aisíoctha laistigh de bhliain amháin:** | | | | | | |
| Iasachtaí bainc | 39,167 | 21,067 | 18,100 | 33,981 | 20,129 | 13,852 |
| Iomlán na n-iasachtaí reatha | 39,167 | 21,067 | 18,100 | 33,981 | 20,129 | 13,852 |
| **In-aisíoctha tar éis níos mó ná bliain amháin:** | | | | | | |
| Idir bliain amháin agus dhá bhliain | 22,145 | 22,145 | – | 21,067 | 21,067 | – |
| Idir dhá bhliain agus cúig bliana | 116,659 | 96,659 | 20,000 | 93,121 | 93,121 | – |
| Laistigh de chúig bliana nó níos mó ná sin | 337,628 | 337,628 | – | 286,698 | 286,698 | – |
| Iomlán na n-iasachtaí neamhreatha | 476,432 | 456,432 | 20,000 | 400,886 | 400,886 | – |
| **Iomlán na n-iasachtaí gan íoc** | **515,599** | **477,499** | **38,100** | 434,867 | 421,015 | 13,852 |

Is iad seo a leanas téarmaí na n-iasachtaí gan íoc:

| | | Bliain airgeadais aibíochta | Ag tús na bliana €'000 | Dí-chomhdhlúthú fochuideachta (Nóta 6) €'000 | Sreabhadh airgid €'000 | Neamhairgid €'000 | Ag deireadh na bliana* €'000 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **Iasachtaí téarma neamhurraithe** | | | | | | | |
| INTT [Idirnascaire EirGrid DAC] | EUR | 2030 | 66,387 | – | (8,669) | 213 | 57,931 |
| INTT [EirGrid cpt] | EUR | 2035 | 171,718 | – | (11,460) | – | 160,258 |
| An tIdirnascaire Ceilteach [EirGrid cpt] | EUR | 2052 | 91,455 | – | 38,200 | – | 129,655 |
| An tIdirnascaire Ceilteach [EirGrid cpt] | EUR | 2052 | 91,455 | – | 38,200 | – | 129,655 |
| | | | 421,015 | – | 56,271 | 213 | 477,499 |
| **Saoráidí creidmheasa imrothlacha** | | | | | | | |
| SCI EirGrid (EirGrid cpt] | EUR | 2028 | | – | 20,000 | – | 20,000 |
| SONI [SONI Teoranta] | STG | | 11,543 | (11,543) | – | – | – |
| SCI EirGrid SONI (EirGrid cpt] | EUR | 2025 | 2,309 | (2,309) | 18,100 | – | 18,100 |
| | | | 13,852 | (13,852) | 38,100 | – | 38,100 |
| **Iomlán** | | | **434,867** | **(13,852)** | **94,371** | **213** | **515,599** |

*Iarmhéideanna glan ar aon chostais as fiachais gan amúchadh a eisiúint.

## 25. Iasachtaí (Ar lean)

**Iasachtaí téarma INTT**

Ráthaíonn EirGrid cpt iasachtaí na fochuideachta, Idirnascaire EirGrid CGA trí struchtúr trasráthaíochta. Is iasachtaí neamhurraithe iad na hiasachtaí bainc. Aistríodh sciar de na hiasachtaí ó ráta comhlúthach úis atá bunaithe ar euribor móide corrlach chuig ráta úis sheasta agus úsáid á baint as conarthaí babhtála ráta úis, féach ar Nóta 26 le haghaidh tuilleadh sonraí.

**Iasachtaí téarma Cheilteach agus saoráid chreidmheasa**

Bhain tionscadal an Idirnascaire Cheiltigh Cinnteoireacht Infheistíochta Airgeadais amach ar an 7 Samhain 2022. Ar 15 Samhain 2022 chuir na hiasachtóirí go léir saoráidí maoiniúcháin €800m i gcrích, arb é atá iontu iasachtaí téarma de €600m agus saoráidí creidmheasa imrothlacha de €200m. Tarraingíodh €261.8m den téarma iasachta ag deireadh na bliana agus níor úsáideadh an tsaoráid chreidmheasa imrothlach. Úsáidtear an téarma iasachtaí chun an tionscadal a thógáil amháin agus úsáidfear an SCI chun críocha caipiteal oibre a nascadh. Is iasachtaí neamhurraithe iad na hiasachtaí bainc agus tá téarma 29 bliain acu a chlúdaíonn 4 bliana den tréimhse thógála agus 25 bliain den tsaolré oibriúcháin. Tá €300m den iasacht téarma sheasta bunaithe ar ráta 3.4% móide corrlach agus €300m ar ráta úis athraithigh/chomhlúthaigh bunaithe ar Euribor móide corrlach.

Tiontaíodh €282m den iasacht téarma ó ráta comhlúthach úis go ráta seasta úis trí úsáid a bhaint as conarthaí babhtála ráta úis, féach nóta 26 le haghaidh tuilleadh sonraí.

**Áiseanna creidmheasa SEMO**

Cuireadh saoráidí creidmheasa €150m i bhfeidhm chun an MLA nua a chur ar fáil. Is féidir €37.5m den tsaoráid a úsáid freisin chun an clár DS3 OCTanna de chuid EirGrid a mhaoiniú. Ag deireadh na bliana, tá €18.1m tarraingthe anuas ag EirGrid 2023: €náid) ó na saoráidí creidmheasa rothlacha sin chun ceanglais caipitil oibre i ndáil le costais DS3 a mhaoiniú.

**Saoráid chreidmheasa EirGrid cpt**

I mí Iúil 2023, chuir EirGrid cpt SCI de €200m i bhfeidhm i mí Lúnasa 2023 le hiasacht cairdín €100m chun easnaimh ghearrthéarmacha airgid a bhainistiú a eascraíonn as éagsúlachtaí ama idir tabhú costas agus aisghabháil rialála. Tarraingíodh €20m (2023:€náid) anuas ó na saoráidí creidmheasa seo ag deireadh na bliana.

**Saoráidí iasachta neamhúsáidte**

Bhí saoráidí iasachta neamhúsáidte de €950.1m ag an nGrúpa (2023: €1,012.2m) ar dháta an Chláir Comhardaithe. €538.2m (2023: €614.4m) agus iasachtaí neamhúsáidte do thionscadal an Idirnascaire Cheiltigh; Is iasachtaí neamhúsáidte é €131.9m (€200.0m) atá socraithe ionas go mbeidh go leor saoráidí fuireachais ag an nGrúpa chun freastal ar shrianta gan bhuiséad/gan choinne agus íocaíochtaí DS3 agus is saoráid chreidmheasa imrothlach neamhúsáidte é €280.0m (tá iasacht cairdín €100m san áireamh) chun riachtanais ghearrthéarmacha caipitil oibre a bhainistiú.

## 26. Catagóirí de Shócmhainní Airgeadais agus Dliteanais Airgeadais

| Suim Ghlanluacha | Sócmhainní airgeadais ag costais amúchta € '000 | Dliteanais airgeadais ar chostas amúchta €' 000 | Cóirluach trí OCI € '000 | Iomlán € '000 |
|---|---|---|---|---|
| **30 MF 2024** | | | | |
| Trádáil agus infháltais eile | 347,732 | – | – | 347,732 |
| Costais tionscadail iarchurtha | 77,898 | – | – | 77,898 |
| Taiscí gearrthéarmacha | 134,551 | – | – | 134,551 |
| Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim | 714,371 | – | – | 714,371 |
| Trádáil agus nithe iníoctha eile | – | (482,995) | – | (482,995) |
| Iasachtaí | – | (515,599) | – | (515,599) |
| Dliteanais léasa | – | (32,626) | – | (32,626) |
| Ionstraimí díorthacha airgeadais (Nóta 26) | – | – | (35,346) | (35,346) |
| **Iomlán** | **1,274,552** | **(1,031,220)** | **(35,346)** | **207,986** |
| | | | | |
| **30 MF 2023** | | | | |
| Infheistíochtaí | – | – | 356 | 356 |
| Trádáil agus infháltais eile | 430,328 | – | – | 430,328 |
| Costais tionscadail iarchurtha | 92,525 | – | – | 92,525 |
| Taiscí gearrthéarmacha | 50,206 | – | – | 50,206 |
| Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim | 773,407 | – | – | 773,407 |
| Trádáil agus nithe iníoctha eile | – | (489,727) | – | (489,727) |
| Iasachtaí | – | (434,867) | – | (434,867) |
| Dliteanais léasa | – | (34,793) | – | (34,793) |
| Ionstraimí díorthacha airgeadais (Nóta 26) | – | – | 3,638 | 3,638 |
| Iomlán | 1,346,466 | (959,387) | 3,994 | 391,073 |

| Dliteanais & sócmhainní arna gcoinneáil ag cóirluach | Leibhéal 1 €'000 | Leibhéal 2 €'000 | Leibhéal 3 €'000 | Iomlán €'000 |
|---|---|---|---|---|
| **30 MF 2024** | | | | |
| Infheistíochtaí (Nóta 11) | – | – | 62,099 | 62,099 |
| Ionstraimí díorthacha airgeadais (Nóta 26) | – | (35,346) | – | (35,346) |
| **Iomlán** | **–** | **(35,346)** | **62,099** | **26,753** |
| | | | | |
| **30 MF 2023** | | | | |
| Infheistíochtaí (Nóta 11) | – | – | 356 | 356 |
| Ionstraimí díorthacha airgeadais (Nóta 26) | – | 3,638 | – | 3,638 |
| Iomlán | – | 3,638 | 356 | 3,994 |



## 26. Catagóirí na Sócmhainní Airgeadais agus na nDliteanas Airgeadais (Ar lean)

Cuirtear ionstraimí airgeadais a thomhaistear i ndiaidh an aitheantais tosaigh ag cóirluach i Leibhéil 1 go 3 bunaithe ar a mhéid a bhíonn an cóirluach inbhraite:

- is ionann tomhais cóirluacha Leibhéal 1 agus iad siúd a dhíorthaíonn ó phraghsanna (gan choigeartú) a luaitear i margaí gníomhacha le haghaidh sócmhainní nó dliteanais atá díreach mar an gcéanna;
- is ionann tomhais cóirluacha Leibhéal 2 agus iad siúd a dhíorthaíonn ó ionchuir seachas na praghsanna a luaitear agus a áirítear laistigh de Leibhéal 1 atá inbhraite le haghaidh na sócmhainne nó an dliteanais, go díreach (.i. mar phraghsanna) nó go hindíreach (.i. díorthaithe ó phraghsanna);
- Is ionann tomhais cóirluacha Leibhéal 3 agus iad siúd a dhíorthaíonn ó theicnící luachála, ionchuir le haghaidh na sócmhainne nó an dliteanais san áireamh, nach bhfuil bunaithe ar shonraí inbhraite margaidh (ionchuir neamh-inbhraite).

### Meastachán cóirluachanna

Mínítear thíos na príomh-mhodhanna agus príomhthoimhdí a úsáidtear chun cóirluachanna sócmhainní agus dliteanais airgeadais a mheas.

### Infheistíochtaí

Tomhaistear infheistíochtaí in ionstraimí cothromais ar chóirluach. Ba é a bhí i gceist leis an bpróiseas luachála ná luach reatha na sreafaí airgid thirim amach anseo a mheas, chomh maith le hiolruithe margaidh agus teicnící ábhartha eile. Tá an luacháil teoranta do roinnt fachtóirí athraitheacha, lena n-áirítear ach gan a bheith teoranta do dhálaí margaidh, rátaí lascaine, feidhmíocht airgeadais na hinstitiúide infheistiúcháin agus toimhdí maidir le luach foirceannaidh. Leanann an bhainistíocht ar aghaidh ag déanamh dlúthmhonatóireachta ar na fachtóirí sin le cinntiú go léirítear na dálaí agus na hionchais reatha le meastacháin chóirluacha. D'fhéadfadh go mbeadh éagsúlachtaí ábhartha ar an luacháil i dtréimhsí tuairiscithe amach anseo a bheith mar thoradh ar athruithe ar na príomhthoimhdí.

Cé gur baineadh úsáid as ionchuir inbhraite áirithe agus an infheistíocht á luacháil braitheann an infheistíocht go mór ar ionchuir neamh-inbhraite agus dá bhrí sin aicmítear mar leibhéal 3 í. Socraítear cóirluach na hinfheistíochta agus úsáid á baint as modheolaíocht luachála atá meáite go cothrom idir cur chuige an tsreabhaidh airgid lascainithe ('SAL') agus iolruithe margaidh coigeartaithe. Áirítear le hionchuir Leibhéal 2 a úsáidtear sa luacháil sonraí margaidh inbhraite amhail rátaí saor ó riosca, torthaí bannaí corparáideach, costas margaidh díorthaithe an chothromais agus an fhiachais chun meánchostas ualaithe caipitil agus iolruithe margaidh an tionscail a ríomh ar bhonn cuideachtaí inchomparáide. Áirítear le hionchuir Leibhéal 3 fachtóirí riosca sonracha don eintiteas atá neamh-inbhraite, iolruithe imeachta um ríomhanna luacha fhoirceannta agus TRÚCDA chun gnó rialála na n-infheistíochtaí a léiriú. Mar thoradh ar úsáid na n-ionchur neamh-inbhraite sin aicmítear an infheistíocht faoi leibhéal 3 den ordlathas cóirluacha.

Tá cóirluach na hinfheistíochta ag deireadh na bliana lom ar athruithe ar phríomh-ionchuir neamh-inbhraite:

- Ráta lascaine sa DCF – Le méadú/lagdhú 1% ar an ráta lascaine (laghdófaí)/mhéadófaí an cóirluach faoi (€1.9m)/€2.0m;
- Ráta fáis iolra imeachta sa DCF – Le méadú/(laghdú) de 1 ar an iolra imeachta mhéadófaí/laghdófaí an cóirluach faoi €2.3m/(€2.3m);
- Iolra TRÚCDA – Le méadú de 1 ar an iolra TRÚCDA mhéadófaí/(laghdófaí) an cóirluach faoi €4.4m/(€4.4m).

## 26. Catagóirí na Sócmhainní Airgeadais agus na nDliteanas Airgeadais (Ar lean)

Tá na hionchuir sin idirghaolmhar; mar shampla, d'fhéadfadh go ngabhfadh méadú ar an ráta lascaine le hathruithe ar bhrath an riosca margaidh agus d'fhéadfadh go mbeadh tionchar aige sin ar TRÚCDA coigeartaithe.

Tá cóirluach na n-infheistíochtaí méadaithe ó €0.4m go €63.0m ós rud é go dtomhaistear SONI Teoranta mar infheistíocht chothromais ag cóirluach anois agus is é an toradh air sin gnóthachan sa ráiteas ioncaim ar dhí-chomhdhlúthú tosaigh agus caillteanas cuimsitheach eile ag eascairt ón luacháil ag deireadh na bliana mar a leagtar amach ar chaoi níos sonraí i Nóta 6.

**Trádáil agus infháltais/nithe iníoctha eile agus costais tionscadail iarchurtha**
I gcás na n-infháltas agus na nithe iníoctha, is neastachán réasúnta den chóirluach é suim ghlanluacha lúide liúntais laige, nuair is cuí.

**Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim**
I gcás taiscí bainc gearrthréimhseacha agus airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim, meastar go léiríonn an tsuim ghlanluacha neastachán réasúnta ar chóirluach.

**Iasachtaí**
Ríomhtar an cóirluach bunaithe ar shreabhadh airgid príomha agus úis lascainithe amach anseo agus níl aon difríocht ábhartha idir an cóirluach agus an tsuim ghlanluacha.

**Ionstraimí airgeadais díorthacha (babhtálacha ráta úis)**
Cinntear cóirluach bhabhtálacha ráta úis an Ghrúpa ar an dáta tuairiscithe trí bhíthin sreabhadh airgid na todhchaí a lascainiú ag úsáid cuar ráta úis inbhraite ar an dáta tuairiscithe agus, mar sin de, meastar gur ionstraimí Leibhéal 2 iad. Ní raibh aon aistriú idir leibhéil luachála le linn na bliana.

Tá rátálacha creidmheasa arda ag na bainc a shealbhaíonn na díorthaigh agus mar sin meastar go bhfuil risíocht do riosca creidmheasa neamhábhartha. Tá luacháil déanta ag an nGrúpa ar na coigeartuithe creidmheasa riachtanacha agus choigeartaigh sé na luachálacha dá réir. D'fhan an Grúpa i riocht cobhsaí creidmheasa agus airgeadais ar feadh na bliana airgeadais dar críoch an 30 Meán Fómhair 2024 agus rinne sé measúnú freisin ar an gcoigeartú dochair a theastaíonn agus rinne sé na luachálacha a choigeartú dá réir.

**Bainistíocht chaipitil**
Nuair a dílsíodh an t-oibritheoir córais tarchurtha, bhí caipiteal ag EirGrid cpt a tugadh isteach faoin Scéim Aistrithe dar dáta an 1 Iúil 2006. Is ionann an caipiteal seo agus bunchaipiteal an Ghrúpa. Ní dhearnadh aon athrú ar bhunchaipiteal an Ghrúpa le linn na bliana airgeadais. Tá aon athrú ar struchtúr an chaipitil faoi réir faomhadh ón Aire Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide.

Maoinítear an Grúpa ar bhonn leanúnach trí chóras na dtáillí rialála. Tá saoráidí bainc curtha i bhfeidhm ag an nGrúpa chun leachtacht agus sreabhadh airgid a bhainistiú chun neamhréireanna amaithe idir fáil na dtáillí rialála agus riachtanais caipitil oibre a cheadú.



## 26. Catagóirí na Sócmhainní Airgeadais agus na nDliteanas Airgeadais (Ar lean)

Maoiníonn iasachtaí seachtracha, faoi réir faomhadh ón Aire, tionscadail lena mbaineann caiteachas caipitil suntasach. Socraítear cumhachtaí iasachtaíochta an Ghrúpa le reachtaíocht agus bíonn iasachtaí aonair faoi réir faomhadh ón Aire. Ar an 14 Márta 2008, achtaíodh an tAcht um Rialáil Leictreachais (Leasú) (EirGrid), 2008. Go príomha, thug an tAcht seo cumhacht don Ghrúpa an tIdirnascaire Thoir-Thiar a thógáil agus, chomh maith leis sin, mhéadaigh sé cumhachtaí iasachtaíochta an Ghrúpa go teorainn de €750m. Le halt 13 den Bhille um EirGrid, Leictreachas agus Móin (Leasú) 2022, leasaítear alt 6 den Acht um Rialáil Leictreachais (Leasú) (EirGrid), 2008 lena bhforáiltear do theorainn iasachta mhéadaithe suas le €3 bhilliún do EirGrid. Cabhraíonn an leasú leis an Eangach Náisiúnta a neartú mar chuid de 'Ár dTodhchaí Leictreachais a Mhúnlú' agus leis an Idirnascaire Ceilteach (Éire-an Fhrainc) a sholáthar.

Beartas an Ghrúpa ná costas cistí íseal, seasmhach, inghlactha a chinntiú le himeacht ama, faoi réir leibhéil inghlactha rioscaí. Cothaíonn an Grúpa próifíl chothromaithe aibíochta freisin i ndáil leis an gcroíphunann iasachta chun aisíocaíochtaí arda agus riosca athmhaoiniúcháin a sheachaint.

Tá sonraí breise faoi na saoráidí iasachtaíochta agus na straitéisí fálaithe gaolmhara leagtha amach thíos.

**Forléargas ar bhainistiú riosca airgeadais**
Níl aon chomhchruinnithe suntasacha riosca ann, agus níor tháinig aon athruithe suntasacha i rith na bliana airgeadais nó tar éis dheireadh na bliana ar na cineálacha riosca airgeadais a mbíonn an Grúpa ag plé leis nó ar an gcaoi a mbainistíonn an Grúpa na rioscaí sin. Tar éis an dí-chomhdhlúthú ar SONI Teoranta, áfach, ní bhainistíonn Bord EirGrid na rioscaí airgeadais a bhaineann le SONI Teoranta a thuilleadh.

Bainistíonn feidhm chiste an Ghrúpa maoiniú, leachtacht agus neamhchosaint an Ghrúpa ar rioscaí úis agus rioscaí a bhaineann le ráta malairte eachtraí. Déantar athbhreithniú rialta ar na beartais atá ann chun an Ghrúpa a chosaint ar na rioscaí seo agus ar rioscaí eile, agus déanann an Bord iad a cheadú.

Baineann na príomhrioscaí airgeadais ar a bhfuil an Grúpa neamhchosanta le leachtacht, caipiteal, an margadh (ráta úis san áireamh) agus riosca caipitil a eascraíonn as oibríochtaí laethúla agus as tionscadail a bhaineann le caiteachas príomhchaipitil.

Bainistíonn an Grúpa a riosca leachtachta agus caipitil le haghaidh oibríochtaí laethúla tríd an bpróiseas rialála chun táillí a shocrú leis an gCoimisiún um Rialáil Fóntas (CRU) trí bhuiséadú aonair agus monatóireacht ar éagsúlachtaí. Tá idirbheartaíocht déanta ag an nGrúpa i leith saoráidí cúltaca le bainc éagsúla chun tacú le tuartha ar an sreabhadh airgid agus leis na riachtanais a ghabhann leo.

Maidir le caiteachas caipitil, tá próisis cheadaithe um príomhchaiteachas agus um bainistíocht tionscadal curtha i bhfeidhm ag an nGrúpa.

## 26. Catagóirí na Sócmhainní Airgeadais agus na nDliteanas Airgeadais (Ar lean)

### Bainistíocht riosca creidmheasa

Tagraíonn riosca creidmheasa don riosca a mhainneoidh contrapháirtí ar a chuid oibleagáidí conartha agus go mbeidh caillteanas airgeadais an Ghrúpa mar thoradh air. Tá an Grúpa neamhchosanta ar riosca creidmheasa ó na contrapháirtithe a bhfuil cuntais bhainc aige leo. Maolaíonn an Grúpa a risíocht nuair a leathnaíonn sé cistí ar fud roinnt institiúidí airgeadais ag a bhfuil ráthaíocht cheannasach maidir le taiscí custaiméirí nó ag a bhfuil rátáil chreidmheasa, ó ghníomhaireacht rátála neamhspleách, atá comhsheasmhach leis an mbeartas ciste arna cheadú ag an mBord. Tá an Grúpa neamhchosanta ar riosca contrapháirtí freisin maidir le háiseanna gan tarraingt agus ionstraimí babhtála ráta úis. I gcomhréir lenár mBeartas Ciste, ní phléann an Grúpa ach amháin le contrapháirtithe ag a bhfuil rátálacha creidmheasa arda chun an riosca seo a mhaolú. Ní cheapann an bhainistíocht nach gcomhlíonfadh aon chontrapháirtí suntasach a chuid oibleagáidí. Léirítear an uasrisíocht ar riosca creidmheasa i suim ghlanluacha gach sócmhainne.

Maidir leis an margadh cothromúcháin, faoi théarmaí an Chóid Trádála agus Socraíochta don Mhargadh Leictreachais Aonair ('MLA') ceanglaítear ar gach rannpháirtí clúdach creidmheasa a sholáthar ar leibhéal a gcuireann an tOibritheoir Margaidh in iúl dó. Is féidir clúdach creidmheasa den sórt sin a chur ar fáil trí litir creidmheasa theannta neamh-inchúlghairthe nó taisce airgid thirim arna coinneáil i gcuntas cúlchiste chomhthaobhaigh MLA (cuntais slándála le hainm na rannpháirtithe margaidh). Roinneann rannpháirtithe an mhargaidh aon drochfhiach a thagann as an MLA, a mhéid a sháraíonn sé an clúdach creidmheasa atá ar fáil, agus ní íocann an tOibritheoir Margaidh as. B'ionann infhháltais trádála rannpháirtithe margaidh SEMO, a áiríodh le hinfháltais eile de chuid an Ghrúpa, amhail an 30 Meán Fómhair 2024 agus €10.5m (2023: €17.1m). Áirítear le nithe iníoctha eile €108.4m (2023: €115.2m) dlite don mhargadh i leith barrachas margaidh. Eascraíonn comhardú an mhargaidh go príomha mar gheall ar mhíréir idir ráta ioncaim na táille buiséadaithe agus costais sriantachta iarbhír a bhíonn éagsúil gach bliain mar gheall ar nádúr dothuartha an mhargaidh cothromúcháin. Socraítear na hiarmhéideanna margaidh le coigeartú táille k-fhachtóra i mblianta ina dhiaidh sin.

Bainistíonn EPEX na margaí lá roimh ré agus ionlae do SONIpx. Is é an tImréiteach Tráchtearraí Eorpacha (ECC) a dhéanann imréiteach agus socrú mhalartán cumhachta SEMOpx agus glacann sé freagracht airgeadais as gach trádáil a thugtar i gcrích. Coinníonn ECC ceanglais chomhthaobhachta le baill an mhalartáin agus lena mbainc imréitigh, agus íocann ECC as aon drochfhiach mar chontrapháirtí.

Tá socruithe cuí i bhfeidhm freisin chun riosca creidmheasa an Ghrúpa, a thagann as a chuid gníomhaíochtaí mar Oibritheoir Córais Tarchurtha, a bhainistiú go héifeachtúil. Ní mór do gach úsáideoir seachadadh chuig an nGrúpa agus urrús a choinneáil ina dhiaidh sin maidir le híocaíocht an airgid ar fad atá dlite don Ghrúpa faoin gComhaontú um Úsáid an Chórais ('Clúdach Slándála') i bhfoirm litreach creidmheasa nó taisce in airgead tirim.

Rialaíonn rialacha leithdháilte JAO na rannpháirtithe i margadh FTR. Tugann na rialacha leithdháilte seo údarás i ndáil le ráthaíocht bainc nó taisce airgid thirim.

Aisghabhtar costais iarchurtha an tionscadail ó na húinéirí sócmhainní tarchuir atá á rialú ag comhaontuithe a éascaíonn idirghníomhú oibríochta idir na OCTanna agus na ÚTCanna. Cinntítear leis na comhaontuithe sin nach bhfuil na OCTanna neamhchosanta ar aon riosca creidmheasa ó ghnóthú chostais an tionscadail.



## 26. Catagóirí na Sócmhainní Airgeadais agus na nDliteanas Airgeadais (Ar lean)

Cuireann an Grúpa an cur chuige simplithe i bhfeidhm i ndáil le caillteanais chreidmheasa thuartha a sholáthar, arna leagan amach ag CITA 9, a cheadaíonn úsáid soláthair an chaillteanais thuartha thar shaolré le haghaidh gach uile infhháltas trádála agus sócmhainn chonartha. Úsáidtear maitrís liúntais chun CMSanna na n-infhháltas trádála a thomhas ach níl aon risíocht ann ar loiceadh mhainneachtain de bharr na bpolasaithe um bainistíocht riosca creidmheasa a leagtar amach thuas. Mar thoradh air sin, bhí an liúntas caillteanais amhail an 30 Meán Fómhair 2024 cothrom le nialas.

An mheántréimhse chreidmheasa maidir le hinfháltais thrádála ná dhá mhí. Seo a leanas próifíl aoise na n-iarmhéideanna dlite nach bhfuil laige orthu:

| | 30 MF 2024<br>€ '000 | 30 MF 2023<br>€ '000 |
|---|---|---|
| Idir 60 agus 90 lá | – | – |
| Idir 90 agus 120 lá | – | – |
| Breis agus 120 lá | – | – |
| **Iomlán** | **–** | – |

## 27. Ionstraimí Díorthacha Airgeadais agus Bainistíocht Riosca Airgeadais

### Bainistíocht riosca leachtachta

Tá an Bord Stiúrthóirí freagrach as an riosca leachtachta a bhainistiú, agus thóg an Bord creat iomchuí um bainistíocht riosca chun bainistíocht a dhéanamh ar riachtanais bainistíochta maoiniúcháin agus leachtachta ghearrthréimhseacha, mheántréimhseacha agus fhadtréimseacha an Ghrúpa. Bainistíonn an Grúpa an riosca leachtachta le cúltaiscí, saoráidí bainc agus saoráidí iasachtaithe cúltaiscí leordhóthanacha a chothú, monatóireacht leanúnach a dhéanamh ar shreafaí airgid tuartha agus iarbhír agus próifílí aibíochta sócmhainní agus dliteanas airgeadais a mheaitseáil. Déantar monatóireacht leanúnach ar chomhlíonadh an Ghrúpa maidir le conarthaí fiachais, bunaithe ar chuntais bhainistíochta.

Tá beartais i ndáil le bainistíocht an riosca airgeadais i bhfeidhm ag an nGrúpa chun a chinntiú go n-íoctar gach ní iníoctha laistigh den tréimhse ama chreidmheasa. Tá gach ní iníoctha trádála ar an dáta tuairiscithe laistigh den chreat creidmheasa sin. I gcás ina mbíonn an Chuideachta ina cúis le híocaíocht dhéanach sonraisc, íoctar ús leis an soláthraí.

Tá rochtain ag an nGrúpa ar shaoráidí cistiúcháin, agus bhí méid iomlán gan úsáid na saoráidí cothrom le €950.1m ar dháta an Chláir Comhardaithe (2023: €1,012.2m). Is ionann €538.2m (2023: €614.6m) agus iasachtaí neamhúsáidte do thionscadal an Idirnascaire Cheiltigh; Iasachtaí neamhúsáidte atá in €131.9m (€200.0m) a socraíodh le go mbeadh neart saoráidí teannta ag an nGrúpa chun freastal ar shrian neamhbhuiséadaithe/neamhionchais agus íocaíochtaí DS3 agus maidir le €280m saoráid chreidmheasa rothlach nach n-úsáidtear atá ann (lena n-áirítear iasacht cairdín €100m) chun freastal ar riachtanais ghearrthéarmacha caipitil oibre.

## 27. Ionstraimí Airgeadais Díorthacha agus Bainistíocht Riosca Airgeadais (Ar lean)

Tugtar sonraí sa tábla a leanas maidir leis an aibíocht chonartha atá fágtha ag an nGrúpa le haghaidh a dhliteanais airgid neamhdhíorthacha. Leagadh amach an tábla bunaithe ar shreafaí airgid neamhlascainithe maidir le dliteanais airgeadais, bunaithe ar an dáta is luaithe faoina gceanglaítear ar an nGrúpa íocaíocht a dhéanamh. Áirítear leis an tábla ús agus príomhshreabhadh airgid.

| | Níos lú ná 1 mhí € '000 | 1 go 12 mhí € '000 | 1 go 5 bliana € '000 | Níos mó ná 5 bliana € '000 | Iomlán € '000 |
|---|---|---|---|---|---|
| **30 MF 2024** | | | | | |
| Trádáil agus nithe iníoctha eile | 42,030 | 399,054 | – | – | 441,084 |
| Dliteanais léasa lena n-áirítear ús | – | 3,620 | 14,394 | 17,216 | 35,230 |
| Iasachtaí lena n-áirítear ús | – | 41,734 | 219,809 | 888,234 | 1,149,777 |
| **Iomlán** | **42,030** | **444,408** | **234,203** | **905,450** | **1,626,091** |
| **30 MF 2023** | | | | | |
| Trádáil agus nithe iníoctha eile | 46,561 | 319,012 | – | – | 365,573 |
| Dliteanais léasa lena n-áirítear ús | – | 2,958 | 14,819 | 20,517 | 38,294 |
| Iasachtaí lena n-áirítear ús | – | 52,252 | 211,694 | 938,084 | 1,202,030 |
| Iomlán | 46,561 | 374,222 | 226,513 | 958,601 | 1,605,897 |

Meastar go dtiocfaidh fáluithe ar an sreabhadh airgid agus go mbeidh tionchar aige ar an ráiteas ioncaim thar thréimhse 12 bliain agus 29 bliain.

Is mar a leanas iad na méideanna arna n-aithint agus arna n-athaicmiú maidir le cúltaisce an fhálaithe ar an sreabhadh airgid:

| | 30 MF 2024 € '000 | 30 MF 2023 € '000 |
|---|---|---|
| Gnóthachan a eascraíonn i rith na bliana | (37,744) | 11,992 |
| Scaoilte i rith na bliana | (1,240) | 3,448 |
| **Iomlán** | **(38,984)** | 15,440 |

## 27. Ionstraimí Airgeadais Díorthacha agus Bainistíocht Riosca Airgeadais (Ar lean)

### Riosca Margaidh

**Bainistíocht riosca ráta úis**

Tá an Grúpa neamhchosanta ar riosca ráta úis toisc go bhfaigheann sé cistí ar iasacht ag rátaí comhlúthacha úis. Bainistíonn an Grúpa an riosca agus meascán cuí idir iasachtaí ag rátaí seasta agus comhlúthacha a chothabháil agus úsáid á baint as conarthaí babhtála ráta úis.

Bhí sócmhainn na babhtála ráta úis ag deireadh na bliana cothrom le €35.3m (2023: sócmhainn €3.6m). Bhí an méid barúlach ar na babhtálacha INTT cothrom le €205.7m (2023: €224.2m) ar ráta úis de 3.8% (2023:%): 3.8%) a d'fhálaigh na saoráidí neamhurraithe iasachta téarmaí de €218.2m (2023: €239.5m). Tá €282m den iasacht téarma an Idirnascaire Cheiltigh €600m fálaithe. Bhí an méid barúlach ar bhabhtálacha an Idirnascaire Cheiltigh cothrom le €130.9m (2023: €92.7m) a d'fhálaigh na saoráidí neamhurraithe iasachta téarmaí de €130.9m (2023: €92.7m).

Faoi chonarthaí babhtála ráta úis, d'aontaigh an Grúpa an difríocht idir méideanna úis seasta agus ar ráta comhlúthach a mhalartú, arna ríomh bunaithe ar mhéideanna aontaithe de phrionsabal barúlach. Cuireann conarthaí den sórt sin ar chumas an Ghrúpa an riosca a bhaineann le risíocht ar an sreabhadh airgid a mhaolú i ndáil leis an ús eisithe ar ráta athraitheach maidir le hiasachtaí.

Socraítear babhtálacha ráta úis an Ghrúpa go tráthrialta agus athshocraítear na rátaí comhlúthacha idir gach trí agus sé mhí. Íocfaidh an Grúpa nó gheobhaidh sé an difríocht idir an ráta úis seasta agus comhlúthach ar bhonn glan.

Ainmnítear gach conradh babhtála ráta úis a mhalartaíonn méideanna úis ar ráta comhlúthach le haghaidh méideanna úis ar ráta seasta mar fhálú ar an sreabhadh airgid chun risíocht shreabhadh airgid an Ghrúpa a mhaolú, rud a mbíonn rátaí úis athraitheacha ar iasachtaí mar thoradh air. Tarlaíonn na glansocraíochtaí faoi na babhtálacha ráta úis agus íocaíochtaí úis ar na hiasachtaí go comhuaineach. Aithnítear an méid a iarchuirtear i gcothromas mar bhrabús nó mar chaillteanas thar an tréimhse ina ndéanann na híocaíochtaí úis ar ráta comhlúthach maidir leis an bhfiachas difear don bhrabús nó don chaillteanas.

### Anailís ar íogaireacht an ráta úis

Cinneadh na hanailísí íogaireachta thíos bunaithe ar an gcomhrisíocht ar rátaí úis le haghaidh iasachtaí agus ionstraimí díorthacha ar dháta an Chláir Comhardaithe. Úsáidtear méadú nó laghdú de 50 bonnphointe agus riosca ráta úis á thuairisciú agus léiríonn sé sin measúnú na bainistíochta ar athruithe ar rátaí úis, a bhfuil seans réasúnta ann go dtarlóidh siad. Meastar gur neasúchán réasúnta é bonnphointe 50 pointe ar luaineachtaí gearrthéarmacha féideartha ar bhonn treochtaí stairiúla i rátaí úis margaidh. Meastar gur toimhde ábhartha í lena léirítear go cuí an tionchar féideartha ar fheidhmíocht an Ghrúpa gan an iomarca béime ná easpa béime a chur ar risíocht fhéideartha.

Dá mbeadh rátaí úis reatha agus réamhrátaí úis 50 (2023: 50) bonnphointe níos airde/níos ísle agus dá mbeadh gach athróg eile seasta, bheadh na nithe seo a leanas a bhaineann leis an nGrúpa fíor:

- Bheadh € náid (2023: €nialas) de dhifríocht ar an mbrabús le haghaidh na bliana amhail an 30 Meán Fómhair 2024agus
- Bheadh €21.8m/ (€23.6m)/ (2023 ar chúlchistí cothromais eile: €20.7m/ (€21.7m)) de dhifríocht ar chúltaiscí cothromais eile, mar gheall ar athruithe sa chóirluach a bhaineann leis an bhfálú ar an sreabhadh airgid go príomha.

## 27. Ionstraimí Airgeadais Díorthacha agus Bainistíocht Riosca Airgeadais (Ar lean)

**Bainistíocht an riosca a bhaineann le malartú airgeadra eachtraigh**

Nochtadh an Grúpa do riosca airgeadra eachtraigh trí oibríochtaí SONI Teoranta sa bhliain roimhe agus nochtar fós do riosca é trí UK Holdings Limited. Corpraíodh an dá eintiteas i dTuaisceart Éireann, ina bhfuil airgeadra feidhmiúil Steirling i réim. Maolaíodh an riosca a eascraíonn ó SONI Teoranta le hairgeadraí feidhmiúla Steirling i bpáirt ós rud é go raibh formhór an ioncaim agus an chaiteachais ó oibríochtaí an RA ainmnithe i Steirling. Tá iarracht déanta ag an nGrúpa an risíocht seo a laghdú tuilleadh agus oibríochtaí i dTuaisceart Éireann a mhaoiniú agus úsáid á baint as iasachtaí Steirling. Tá an riosca aistrithe maidir leis an malairt eachtrach laghdaithe go mór tar éis go ndearnadh dí-chomhdlúthú ar SONI Teoranta.

**Anailís íogaireachta um malairt airgeadra eachtraigh**

Cinneadh na hanailísí íogaireachta thíos bunaithe ar risíocht an Ghrúpa ar a oibríochtaí Steirling amhail dáta an Chláir Comhardaithe. Sa bhliain roimhe thug deighleog OCT SONI (OCT SONI agus UK Holdings Limited) taifead ar chaillteanas roimh cháin de €37.5m agus thug an t-eintiteas UK Holding Limited (a thaispeántar faoi dheighleog OCT EirGrid sa bhliain reatha) taifead ar chaillteanas roimh cháin de €1.1m sa bhliain reatha. Úsáideadh méadú nó laghdú de 20% agus riosca malairte airgeadra eachtraigh á thuairisciú agus léiríonn sé sin measúnú an lucht bainistíochta ar athruithe ar rátaí malairte, a bhfuil seans réasúnta ann go dtarlóidh siad.

Dá mbeadh rátaí malairte 20% níos airde/níos ísle agus dá mbeadh gach athróg eile seasta, bheadh brabús an Ghrúpa roimh cháin don bhliain go dtí 30 Meán Fómhair 2024 €11.2m níos airde/níos ísle (2023: €1.4m níos airde/níos ísle). Bheadh tionchar ag €3.9m ar chúlchistí cothromais eile (2023: €2.8m).

## 28. Idirbhearta Páirtithe Gaolmhara

Is eagraíocht tráchtála stáit Éireannach é EirGrid cpt agus, mar sin de, is páirtí é atá gaolmhar le Rialtas na hÉireann. Tá scair amháin de scairchaipiteal na Cuideachta in aghaidh an duine ag Brendan Tuohy, Mark Foley agus Martin Corrigan thar ceann an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, tá gnáthscair amháin den Chuideachta ag an Aire Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide agus tá an chuid eile den scairchaipiteal eisithe ag an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, nó sealbhaítear é thar a cheann.

Ní raibh aon leas tairbhiúil ag comhaltaí boird sa Ghrúpa le linn na bliana.

Mar an gcéanna le heintitis eile, bíonn an Grúpa ag plé le gnáthchúrsa an ghnó le comhlachtaí eile arna n-urrú ag an Rialtas amhail BSL, agus nochtar na mór-idirbhearta thíos.

Tá Comhaontú Bonneagair i bhfeidhm idir an Grúpa agus BSL faoi choimirce an Choimisiúin um Rialáil Fóntas (CRU), i ndáil le róil úinéir agus oibritheoir an chórais tarchurtha. Mar seo a leanas a bhí na muirir ar na Ráitis Chomhdhlúite Ioncaim faoin gComhaontú seo:

| | Bliain go dtí 30 Meán Fómhair 2024 € '000 | Bliain go dtí 30 Meán Fómhair 2023 € '000 |
|---|---|---|
| **Muirear úinéir na sócmhainní tarchuir** | **324,839** | 275,895 |

Ar 30 Meán Fómhair 2024 bhí iomlán de €59.9m (2023: €52.9m) iníoctha le BSL faoin gComhaontú seo. Bhí an ghluaiseacht san iarmhéid seo mar a leanas:

| | 30 MF 2024 € '000 | 30 MF 2023 € '000 |
|---|---|---|
| An t-iarmhéid tosaigh | 52,908 | 38,228 |
| Muirir le linn na bliana | 354,075 | 300,726 |
| Íocaíochtaí déanta le linn na bliana | (347,085) | (286,046) |
| **An t-iarmhéid deiridh** | **59,898** | 52,908 |

Tá an t-iarmhéid gan íoc seo neamhurraithe agus tá sé iníoctha in airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim.

## 28. IDIRBHEARTA PÁIRTITHE GAOLMHARA (Ar lean)

Ar an 7 Iúil 2022, thug an Coimisiún um Rialáil Fóntas (CRU) treoir do EirGrid cpt faoi Rialachán 28(10) de na Comhphobail Eorpacha chun acmhainneacht giniúna leictreachais éigeandála bhreise a sholáthar do thréimhse an gheimhridh 2023-2024 go dtí an geimhreadh 2025-2026 agus más gá go dtí deireadh an gheimhridh 2026-27. D'fhonn cur ar chumas EirGrid cpt an Treoir a chomhlíonadh, chuir an tAire Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide deontas de €151.0m ar fáil in 2022. (Féach ar Nóta 18 le haghaidh tuilleadh sonraí). Tá conarthaí déanta ag an nGrúpa a sholáthraíonn sócmhainní giniúna éigeandála sealadacha. Rinne EirGrid Cpt agus EirGrid 2022 SPV CGA Comhaontú Seirbhísí, Comhaontú Díolacháin Sócmhainní agus comhaontú Nuachana le BSL sa bhliain roimhe. Thabhaigh an Grúpa costais dhíreacha Giniúna Éigeandála Sealadaí de €197.2m (2023: €121.7m). San áireamh i nithe trádála iníoctha tá €náid (2023: €16.6m) iníoctha le BSL agus bhí €13,8m (2023: €37.9m) san áireamh i bhfabhruithe i leith na gcomhaontuithe seo. San áireamh in infháltais eile tá infháltas BSL ar a bhfuil luach tugtha anonn de €171.1m a bhaineann leis an gcomhaontú díola sócmhainne agus úsáid á baint as ráta lascaine de 4.09% a léiríonn an ráta úis margaidh atá i réim d'ionstraim chomhchosúil le rátáil chreidmheasa den chineál céanna.

Tá Oibritheoir Córais Tarchurtha SONI (OCT SONI), atá ceadúnaithe ag Rialtóir Fóntas Thuaisceart Éireann (RF) ina pháirtí gaolmhar le EirGrid cpt toisc go bhfuil sé 100% faoi úinéireacht EirGrid UK Holdings atá ina fhochuideachta de chuid EirGrid cpt. Rinneadh SONI Teoranta a chomhdhlúthú mar fhochuideachta de chuid EirGrid cpt sa bhliain roimhe. Aithníodh mar infheistíocht ag cóirluach é sa bhliain reatha tar éis go ndearnadh é a dhí-chomhdhlúthú i ndiaidh na n-athruithe rialachais a éilíodh mar thoradh ar chinneadh an RF i leith Rialachas SONI, a dtugtar tuilleadh sonraí faoi i Nóta 6.

Ar an 30 Meán Fómhair 2024, bhí €4.4m san iomlán iníoctha ag SONI Teoranta le EirGrid cpt. Bhí an ghluaiseacht san iarmhéid seo mar a leanas:

| | 30 MF 2024 €'000 |
|---|---|
| Iarmhéid ag eascairt ó dhí-chomhdhlúthú | 4,610 |
| Gluaiseachtaí i rith na bliana | (217) |
| **An t-iarmhéid deiridh** | **4,393** |

Tá polasaí um leithdháileadh costas ag EirGrid le cinntiú go ndéantar costais a athmhuirearú ar an gceadúnaí nó an fhochuideachta cheart. Déantar costais mar sheirbhísí corparáideacha, saoráidí agus costais líon na bhfostaithe a athmhuirearú ar bhonn modhanna córasacha um leithdháileadh agus leithdháiltear costais caiteachais caipitil i gcoitinne ar aon dul le socruithe sonracha arna bhfaomhadh ag an rialtóir. Leis an gcur chuige sin cinntítear go gcomhlíontar na ceanglais rialála agus go leithdháiltear costais go cothrom. I gCinneadh an RF ar Rialachas, shonraigh an RF gurb í an phríomhoibleagáid a ghabhann le Cuid B de Choinníoll 42 ná "nach mór don Cheadúnaí (OCT SONI) a chinntiú maidir le gach gníomhaíocht a dhéanann sé agus é i mbun a ghnó mar Oibritheoir Córais Tarchurtha go ndéantar trí mheán bainistíochta ar leithligh agus acmhainní ar leithligh iad. Tá próiseas díchumaisc SONI idir lámha agus le linn na tréimhse aistrithe, beidh feidhm ag an sciar de na costais agus de na hathmhuirearuithe leis na feidhmeanna sin a roinntear fós.

## 29. Teagmhais Iarchláir Comhardaithe

Níor tharla aon teagmhas eile idir an dáta tuairiscithe agus an dáta ar ar fhaomh an Bord na ráitis airgeadais, a dteastódh nochtadh agus/nó coigeartú ar na ráitis airgeadais ina leith.

## 30. Faomhadh na Ráiteas Airgeadais

D'fhaomh an Bord na Ráitis Airgeadais ar an 24 Eanáir 2025.

# Ráitis Airgeadais na Cuideachta

## Clár Comhardaithe na Cuideachta ar an 30 Meán Fómhair 2024

| | Nótaí | 30 MF 2024 € '000 | 30 MF 2023 € '000 |
|---|---|---|---|
| **Sócmhainní Neamhreatha** | | | |
| Infheistíochtaí i bhfochuideachtaí | 31 (E) | 155,761 | 155,761 |
| Infheistíochtaí eile | 31 (G) | 325 | 325 |
| Sócmhainní doláimhsithe | 31 (H) | 69,019 | 43,502 |
| Réadmhaoin, gléasra agus trealamh | 31 (I) | 262,140 | 85,945 |
| Sócmhainní i ndáil le ceart úsáide | 31 (J) | 18,257 | 21,001 |
| Sócmhainn sochair scoir | 31 (S) | 21,181 | 10,645 |
| **Iomlán na sócmhainní neamhreatha** | | **526,683** | 317,179 |
| Trádáil agus infháltais eile: méideanna atá le híoc tar éis níos mó ná bliain amháin | 31 (K) | 299,299 | 393,329 |
| **Sócmhainní reatha** | | | |
| Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim | 31 (L) | 684,336 | 683,504 |
| Trádáil agus infháltais eile | 31 (M) | 809,072 | 601,670 |
| **Iomlán na sócmhainní reatha** | | **1,493,408** | 1,285,174 |
| Trádáil agus nithe iníoctha eile: méideanna atá le íoc laistigh de bhliain amháin | 31 (N) | (1,004,180) | (656,397) |
| **Glansócmhainní reatha** | | **489,228** | 628,777 |
| **Iomlán na sócmhainní lúide dliteanais reatha** | | **1,315,210** | 1,339,285 |
| Trádáil agus nithe iníoctha eile: méideanna atá le híoc tar éis níos mó ná bliain amháin | 31 (O) | (536,184) | (517,565) |
| **Soláthair** | | | |
| Soláthairtí eile | 31 (T) | (123,269) | (119,906) |
| **Glansócmhainní** | | **655,757** | 701,814 |
| **Caipiteal agus cúlchistí** | | | |
| Scairchaipiteal tarraingthe anuas agus é léirithe mar chothromas | 19 | 38 | 38 |
| Cúlchiste caipitil | | 49,182 | 49,182 |
| Cúlchiste fálaithe | | (28,497) | 3,948 |
| Tuilleamh coinnithe | | 635,034 | 648,646 |
| **Cothromas iomlán** | | **655,757** | 701,814 |

Arna cheadú ag an mBord agus arna shíniú thar a cheann:

| | | |
|---|---|---|
| **Brendan Tuohy** | **Ivan Schuster** | **Dáta** |
| Cathaoirleach | Stiúrthóir | 24 Eanáir 2025 |

## Ráiteas na Cuideachta ar Athruithe sa Chothromas le haghaidh na Bliana Airgeadais go dtí an 30 Meán Fómhair 2024

| | Scairchaipiteal eisithe € '000 | Cúlchiste caipitil € '000 | Cúlchiste fálaithe € '000 | Tuilleamh coinnithe € '000 | An t-iomlán is féidir a leagan ar shealbhóirí cothromais € '000 |
|---|---|---|---|---|---|
| **An t-iarmhéid amhail an 1 Deireadh Fómhair 2023** | 38 | 49,182 | (7,930) | 546,137 | 587,427 |
| Brabús don bhliain | – | – | – | 112,554 | 112,554 |
| **Ioncam cuimsitheach eile** | | | | | |
| Atomhais ar scéim sochair shainithe glan ar cháin iarchurtha | – | – | – | (6,045) | (6,045) |
| Gluaiseacht an fhálaithe ar an sreabhadh airgid glan ar cháin iarchurtha | | | 11,878 | – | 11,878 |
| Díbhinní | – | – | – | (4,000) | (4,000) |
| An t-iarmhéid amhail an 30 Meán Fómhair 2023 | 38 | 49,182 | 3,948 | 648,646 | 701,814 |
| Caillteanas don bhliain | – | – | – | (17,084) | (17,084) |
| **Ioncam cuimsitheach eile** | | | | | |
| Atomhais ar scéim sochair shainithe glan ar cháin iarchurtha | – | – | – | 7,472 | 7,472 |
| Gluaiseacht an fhálaithe ar an sreabhadh airgid glan ar cháin iarchurtha | – | – | (32,445) | – | (32,445) |
| Díbhinní | – | – | – | (4,000) | (4,000) |
| **An t-iarmhéid amhail an 30 Meán Fómhair 2024** | **38** | **49,182** | **(28,497)** | **635,034** | **655,757** |

### Cúlchiste Caipitil

Tháinig an cúlchiste caipitil ó dhílsiú oibríochtaí an oibreora córais tarchuir ó BSL go dtí an Chuideachta faoin Scéim Aistrithe dar dáta an 1 Iúil 2006. Níor tharla aon ghluaiseacht sa chúlchiste ó shin i leith.

### Cúlchiste Fálaithe

Léiríonn an cúlchiste fálaithe an sciar carnach de na gnóthachain agus de na caillteanais maidir le hionstraimí fálaithe a measadh a bheith éifeachtach ar fháluithe ar an sreabhadh airgid. Aithnítear an gnóthachan nó an caillteanas carnach iarchurtha ar na hionstraimí fálaithe sa bhrabús nó sa chaillteanas má bhíonn tionchar ag idirbheart fálaithe ar an mbrabús nó caillteanas, nó má chuimsítear é mar choigeartú bunaidh ar mhír fhálaithe neamh-airgeadais.

### Tuilleamh Coinnithe

Cuimsíonn tuilleamh coinnithe, tuilleamh carntha glan ar dhíbhinní sa bhliain airgeadais reatha agus sna blianta airgeadais roimhe sin.

## 31 (A) Ráiteas Comhlíonta

Ullmhaíodh ráitis airgeadais aonair na Cuideachta i gcomhréir le Creat um Nochtadh Laghdaithe an Chaighdeáin Tuairiscithe Airgeadais 101 (Márta 2018) ('FRS 101'). Glacadh le díolúintí áirithe i ráitis airgeadais na Cuideachta faoi FRS 101. Áirítear leis na díolúintí sin:

- ráiteas ar sreabhadh airgead agus nótaí gaolmhara;
- nochtaí maidir le haithint ioncaim;
- nochtaí maidir le cúiteamh phríomhphearsanra bainistíochta;
- nochtaí maidir le hidirbhearta le fochuideachtaí ar lánúinéireacht;
- nochtaí maidir le bainistiú caipitil;
- faisnéis chomparáideach áirithe; agus
- éifeachtaí CITAnna nua, nach bhfuil éifeachtach go fóill áfach.

Ós rud é go gcuimsíonn na ráitis airgeadais ccomhdhlúite na nochtaí coibhéiseacha, bhain an Chuideachta leas freisin as na díolúintí atá ar fáil faoi CTA 101 maidir leis na nochtaí seo a leanas:

- Nochtaí áirithe a éilíonn Tomhas cóirluacha CITA 13 agus na nochtaí a éilíonn Nochtaí Ionstraimí Airgeadais CITA 7.

## 31 (B) Eolas Ginearálta

Is cuideachta phoiblí theoranta é EirGrid cpt agus tá sé corpraithe in Éirinn. Tá oifig chláraithe EirGrid cpt lonnaithe i bhfoirgneamh An Ubhchrutha, 160 Bóthar Shíol Bhroin, Droichead na Dothra, Baile Átha Cliath 4 (Uimhir chlárúcháin 338522). Déantar cur síos ar phríomhghníomhaíocht na Cuideachta ar leathanach 162 de Thuarascáil na Stiúrthóirí. Is é EirGrid cpt an grúpa is mó a raibh an Chuideachta ina ball de agus a bhfuil grúpchuntais ullmhaithe ina leith. Tá cóipeanna de ghrúpchuntais chomhdhlúite EirGrid cpt atá san áireamh ar leathanaigh 3 go 55 ar fáil ó Rúnaí na Cuideachta, EirGrid cpt, 160 Bóthar Shíol Bhroin, Baile Átha Cliath 4.

Cuireann an Chuideachta beartais chuntasaíochta i bhfeidhm atá comhsheashmhach leo siúd atá á gcur i bhfeidhm ag an nGrúpa. Féach ar leathanaigh 12-23 de ráitis airgeadais an Ghrúpa le haghaidh nochta maidir leis na beartais chuntasaíochta ábhartha.

## 31 (C) Brabúis Inchurtha i leith EirGrid cpt

Ba ionann (Caillteanas)/Brabús don bhliain a bhí inchurtha i leith na Máthairchuideachta agus (€17.1m) (2023: €112.6m). I gcomhréir le hAlt 304(2) d'Acht na gCuideachtaí, 2014, tá úsáid á baint ag an gCuideachta as an díolúine óna Ráiteas Ioncaim aonair a chur i láthair ag an gCruinniú Ginearálta Bliantúil. Tá leas bainte freisin ag an gCuideachta as an díolúine a bhaineann le comhdú a Ráitis Ioncaim aonair le Cláraitheoir na gCuideachtaí arna cheadú ag Alt 304(2) d'Acht na gCuideachtaí, 2014.

## 31 (D) Fostaithe

Meánlíon na ndaoine arna bhfostú ag an gCuideachta le linn na bliana go dtí an 30 Meán Fómhair 2024 ná 482 (2023: 432), gan an fhoireann a bhaineann le tionscadail chaipitil san áireamh.

Meánlíon na ndaoine a bhí bainteach le tionscadail chaipitil le linn na bliana go dtí an 30 Meán Fómhair 2024 ná 128 (2023: 88). Caipitlíodh na costais foirne a bhain leis na fostaithe sin agus ba é €12.6m an t-iomlán dóibh don bhliain go dtí an 30 Meán Fómhair 2024 (2023: €8.9m).

Meánlíon na ndaoine arna bhfostú ar bhonn míosúil de réir gníomhaíochta gnó:

| | An Bhliain go dtí an 30 MF 2024 Líon | An Bhliain go dtí an 30 MF 2023 Líon |
|---|---|---|
| Oibritheoir Córais Tarchurtha EirGrid | 415 | 371 |
| SEMO | 50 | 47 |
| SEMOpx | 8 | 7 |
| INTT | 9 | 7 |
| Tionscadail chaipitil | 128 | 88 |
| **Iomlán** | **610** | 520 |

Chuimsigh luach saothair iomlán, tuarastal an Stiúrthóra Feidhmiúcháin san áireamh, na nithe seo a leanas:

| | An Bhliain go dtí an 30 MF 2024 Líon | An Bhliain go dtí an 30 MF 2023 Líon |
|---|---|---|
| Pá agus tuarastail | 49,343 | 40,100 |
| Costais árachais sóisialta | 3,897 | 4,642 |
| Costais as sochair scoir eile | 5,615 | 5,268 |
| **Luach saothair iomlán arna íoc le fostaithe** | **58,855** | 50,010 |
| | | |
| Costais fostaithe arna ngearradh ar an Ráiteas Ioncaim | 46,194 | 41,130 |
| Costais fostaithe chaipitlithe | 12,661 | 8,880 |
| **Luach saothair iomlán arna íoc le fostaithe** | **58,855** | 50,010 |

## 31 (E) Infheistíocht i bhFochuideachtaí

Is iad seo a leanas fochuideachtaí an Ghrúpa, agus tá siad faoi úinéireacht iomlán an Ghrúpa:

| Fochuideachta | Tír an ionchorpraithe | Fochuideachta |
|---|---|---|
| Gabháltais RA EirGrid Teoranta | Tuaisceart Éireann | TSO cuideachta sealbhaíochta |
| Cuideachta Gníomhaíochta Ainmnithe Idirnascaire EirGrid | Éire | Idirnasc |
| Cuideachta Gníomhaíochta Ainmnithe Theileachumarsáid EirGrid | Éire | Teileachumarsáid |
| Cuideachta Gníomhaíochta Ainmnithe Idirnascaire Ceilteach EirGrid | Éire | Cuideachta dhíomhaoin |
| Cuideachta Gníomhaíochta Ainmnithe EirGrid SPV 2022 | Éire | Soláthar giniúna éigeandála |

EirGrid UK Holdings Limited, Cuideachta Gníomhaíochta Ainmnithe Idirnascaire EirGrid, Cuideachta Gníomhaíochta Ainmnithe Theileachumarsáid EirGrid agus Cuideachta Gníomhaíochta Ainmnithe Idirnascaire Ceilteach EirGrid agus Cuideachta Gníomhaíochta Ainmnithe Eirgrid SPV 2022 faoi úinéireacht dhíreach na Cuideachta.

Tá EirGrid UK Holdings ina úineir ar 100% de na scaireanna in SONI Teoranta ach níl aon urlámhas ná tionchar suntasach aige ar SONI Teoranta ón 1 Deireadh Fómhair 2023 tar éis na n-athruithe rialachais ag eascairt ó na modhnuithe ar cheadúnas an RF mar atá leagtha amach i Nóta 6.

Tá EirGrid cpt agus Cuideachta Gníomhaíochta Ainmnithe Idirnascaire EirGrid ina bpáirtithe i roinnt comhaontuithe airgeadais maidir le húinéireacht an Idirnascaire Thoir-Thiar, lena n-éilítear go héifeachtúil faomhadh ó bhainc iasachta le haghaidh aon dáileadh ó Chuideachta Gníomhaíochta Ainmnithe Idirnascaire EirGrid agus EirGrid cpt.

Tá oifig chláraithe Chuideachta Gníomhaíochta Ainmnithe Idirnascaire EirGrid, Chuideachta Gníomhaíochta Ainmnithe Theileachumarsáid EirGrid, Chuideachta Gníomhaíochta Ainmnithe Idirnascaire Ceilteach EirGrid agus Cuideachta Gníomhaíochta Ainmnithe EirGrid SPV 2022 lonnaithe ag: An tUbhchruth, 160 Bóthar Shíol Bhroin, Droichead na Dothra, Baile Átha Cliath 4.

Is í oifig chláraithe EirGrid UK Holdings Teoranta, Teach Victoria, 15-17 Sráid Gloucester, Béal Feirste, Tuaisceart Éireann, BT1 4LS.

| Infheistíocht i bhFochuideachtaí | 30 MF 2024 € '000 | 30 MF 2023 € '000 |
|---|---|---|
| An t-iarmhéid amhail an 1 Deireadh Fómhair 2023 | 155,761 | 155,761 |
| Breiseanna | – | – |
| **An t-iarmhéid amhail an 30 Meán Fómhair 2024** | **155,761** | 155,761 |

Tá réamhíocaíochtaí iomlána de €31.7m tugtha ag an gCuideachta do Chuideachta Gníomhaíochta Ainmnithe Idirnascaire EirGrid, le fiachas iomlán ar iasacht de €285.0m (2009. Tá infheistíocht de €155.5m. (2023: €155.5m) i gCuideachta Gníomhaíochta Ainmnithe Idirnascaire EirGrid agus €0.2m i gCuideachta Gníomhaíochta Ainmnithe Theileachumarsáid EirGrid, a léiríonn an meastachán luacha reatha den ráta tráchtála d'ús nach bhfaigheann an Chuideachta thar shaolré na n-iasachtaí seo. Is é an t-iarmhéid fiachais ar iasacht chuig Cuideachta Gníomhaíochta Ainmnithe Idirnascaire EirGrid ag deireadh na bliana ná €119.1m (2023: €124.2m).

## 31 (F) Leas in Oibríocht Chomhpháirteach

Is é an Margadh Leictreachais aonair an margadh leictreachais mórdhíola a oibríonn in Éirinn agus i dTuaisceart Éireann, margadh ar cuireadh tús leis ar an 1 Samhain 2007. Ar an dáta sin, cuireadh stop leis an seanmhargadh leictreachais mórdhíola in Éirinn agus cuireadh tús leis an Margadh Leictreachais Aonair nua. Cuireadh SEMO ar bun mar chomhoibríocht conartha idir an gCuideachta agus SONI Teoranta atá teoranta as oibriú an mhargaidh leictreachais mórdhíola le haghaidh oileán na hÉireann ón 1 Samhain 2007 ar aghaidh. Tá leas de 75% ag an gCuideachta in SEMO.

Tá seirbhísí OAML forbartha agus curtha i bhfeidhm ag EirGrid cpt agus SONI Teoranta le haghaidh Tuaisceart Éireann agus le haghaidh na hÉireann le SEMOpx, comhoibríocht conartha 75/25 idir EirGrid cpt agus SONI Teoranta. Cuireadh SEMOpx ar bun ar an 28 Meán Fómhair 2018. Tá EirGrid cpt ainmnithe ag an gCoimisiún um Rialáil Fóntais mar OAML le haghaidh na hÉireann agus tá SONI Teoranta ainmnithe ag an Rialtóir Fóntas mar an tOibritheoir Ainmnithe sa Mhargadh Leictreachais (OAML) le haghaidh Tuaisceart Éireann. Ceadaíonn ainmnithe OAML do SONI Teoranta agus EirGrid cpt ceantanna lá roimh ré agus margaí ionlae le haghaidh trádála sa Mhargadh Leictreachais Aonair a sholáthar.

Is comhoibríocht 75/25 idir EirGrid cpt agus SONI Teoranta é Margadh Acmhainneachta Code JV, arna chur ar bun ar an 28 Meán Fómhair 2018. Is é an cuspóir atá aige ná Cód an Mhargaidh Acmhainneachta a riar.

Tá measta ag an gCuideachta gur comhoibríochtaí iad na socruithe sin, agus mar sin de, cuireadh sciar na sócmhainní, na ndliteanas, an ioncaim agus an chaiteachais san áireamh i Ráitis Airgeadais na Cuideachta ar bhonn líne ar líne.

Áirítear le Ráitis Airgeadais na Cuideachta na méideanna a leanas ar bhonn líne ar líne chun SEMO agus SEMOpx a léiriú i gcuntais na Cuideachta.

| | 30 MF 2024 € '000 | 30 MF 2023 € '000 |
|---|---|---|
| Sócmhainní neamhreatha | 15,215 | 13,223 |
| Sócmhainní reatha | 229,356 | 201,352 |
| **Iomlán na sócmhainní** | **244,571** | 214,575 |
| Cothromas iomlán | 48,335 | 36,515 |
| Dliteanais reatha | 196,236 | 178,060 |
| Dliteanais iomlána | 196,236 | 178,060 |
| **Iomlán an chothromais agus na ndliteanas** | **244,571** | 214,575 |

## 31 (F) Leas in Oibríocht Chomhpháirteach (Ar lean)

Tá leas cothromais de 50% ag EirGrid cpt in Idirnascaire Ceilteach CGA, cuideachta atá corpraithe in Éirinn, ar comhshocrú é idir EirGrid cpt agus Réseau De Transport D'Électricité ('RTE'). Nasc leictreachais beartaithe faoin bhfarraige is ea tionscadal an Idirnascaire Cheiltigh, tionscadal a nascfaidh Éire agus an Fhrainc. Cuspóir an chomhshocraithe ná oibreacha ainmnithe áirithe a dhéanamh le linn chéim dheartha agus chomhairliúcháin an tionscadail.

Faoi CITA 11, aicmíonn an Chuideachta a leas i gcomhshocruithe mar chomhoibríochtaí nó chomhfhiontair ag brath ar chearta na Cuideachta i leith sócmhainní agus i leith oibleagáidí i ndáil le dliteanais na gcomhshocruithe. Agus measúnú á dhéanamh, measann an Chuideachta struchtúir agus foirm dhlíthiúil na socruithe, téarmaí conartha an tsocraithe lena n-aontaíonn na páirtithe agus fíricí agus tosca eile nuair is ábhartha.

Cé gur eintiteas dlíthiúil ar leith é Idirnascaire Ceilteach CGA, thug an Chuideachta cuntas air mar oibríocht chomhpháirteach mar gheall ar na socruithe conartha atá i bhfeidhm idir EirGrid cpt agus RTE. Tá an t-airgead á sholáthar ag an dá pháirtí chun dliteanais Idirnascaire Ceilteach CGA a shocrú agus cuirtear a aschur ar fáil don dá pháirtí.

Mar thoradh air sin, tá cuntas tugtha ag an gCuideachta ar a sciar de shócmhainní, dliteanais, ioncam agus speansais Idirnascaire Ceilteach CGA ina Ráitis Airgeadais Ghrúpa ar bhonn líne ar líne. Meastar go bhfuil 50% de na cearta i ndáil leis na sócmhainní agus leis na hoibleagáidí as na dliteanais faoi úinéireacht EirGrid cpt.

Tá na méideanna seo a leanas curtha san áireamh i Ráitis Airgeadais na Cuideachta ar bhonn líne ar líne:

| | 30 MF 2024 € '000 | 30 MF 2023 € '000 |
|---|---|---|
| Sócmhainní neamhreatha | – | – |
| Sócmhainní reatha | 4,150 | 253 |
| **Iomlán na sócmhainní** | **4,150** | 253 |
| Cothromas iomlán | 48 | 13 |
| Dliteanais reatha | 4,102 | 240 |
| Dliteanais iomlána | 4,102 | 240 |
| **Iomlán an chothromais agus na ndliteanas** | **4,150** | 253 |

| | An Bhliain go dtí an 30 MF 2024 Líon | An Bhliain go dtí an 30 MF 2023 Líon |
|---|---|---|
| Ioncam | 129 | 48 |
| Costais | (94) | (43) |
| **Brabús** | **35** | 5 |

## 31 (G) Infheistíochtaí Eile

| | 30 MF 2024 € '000 | 30 MF 2023 € '000 |
|---|---|---|
| An t-iarmhéid amhail an 1 Deireadh Fómhair 2023 | 325 | 325 |
| Breiseanna | – | – |
| **An t-iarmhéid amhail an 30 Meán Fómhair 2024** | **325** | 325 |

In 2018 fuair EirGrid leas cothromais de 4.75% in Joint Allocation Office S.A. le haghaidh €0.2m, cuideachta atá cláraithe i Lucsamburg. Faoi Rialacha AE, ceanglaítear ar OCTanna Ardán Leithdháilte Lárnach a chur i bhfeidhm i ndáil le hacmhainneacht ar idirnascairí. Tá EirGrid, agus é ina OCT deimhnithe le haghaidh an Idirnascaire Thoir-Thiar, anois ina scairshealbhóir sa Joint Allocation Office (JAO), a mhol na OCTanna go mbeadh sé mar an Ardán Leithdháilte Shingil.

Faoi na rialacha Eorpacha (Cóid Líonraí), ceanglaítear ar EirGrid bheith ag comhoibriú ar bhonn réigiúnach le 'Comhordaitheoir Slándála Réigiúnach' (CSR) amháin ar a laghad, agus mar sin de, fuair sé leas cothromais de 3.7% in CSR Coreso SA le haghaidh €0.1m in 2018, cuideachta atá cláraithe sa Bheilg.

## 31 (H) Sócmhainní Doláimhsithe

| | Margadh Leictreachais Aonair Comhtháite € '000 | Bogearraí TF eile € '000 | Bogearraí atá á bhforbairt € '000 | Iomlán € '000 |
|---|---|---|---|---|
| **Costas** | | | | |
| An t-iarmhéid amhail an 30 Meán Fómhair 2023 | 88,030 | 47,819 | 26,510 | 162,359 |
| Breiseanna | – | – | 32,313 | 32,313 |
| Aistriú (chuig)/ó shócmhainní eile | 2,457 | 1,440 | (3,897) | – |
| An t-iarmhéid amhail an 30 Meán Fómhair 2024 | 90,487 | 49,259 | 54,926 | 194,672 |
| **Amúchadh** | | | | |
| An t-iarmhéid amhail an 30 Meán Fómhair 2023 | 77,029 | 41,828 | – | 118,857 |
| Muirear amúchta | 3,740 | 3,056 | – | 6,796 |
| An t-iarmhéid amhail an 30 Meán Fómhair 2024 | 80,769 | 44,884 | – | 125,653 |
| **An tsuim ghlanluacha amhail an 30 Meán Fómhair 2024** | **9,718** | **4,375** | **54,926** | **69,019** |
| An tsuim ghlanluacha amhail an 30 Meán Fómhair 2023 | 11,001 | 5,991 | 26,510 | 43,502 |

Tá athrú suntasach déanta ar an MLA. Tá reachtaíocht AE ag spreagadh margaí fuinnimh ar fud na hEorpa teacht le chéile agus é mar aidhm margadh leictreachais inmheánach atá go hiomlán fuascailte a chruthú. Bhí infheistíocht shuntasach ag teastáil agus an MLA á athdhearadh agus tá na costais seo sainithe mar shócmhainn de chuid an Mhargaidh Leictreachais Aonair Chomhtháite ('C-MLA').

## 31 (I) Maoin, Gléasra agus Trealamh

| | Talamh agus foirgnimh € '000 | Daingneáin agus feistis € '000 | TF, trealamh teileachumarsáide agus eile € '000 | Mótarfheithiclí € '000 | Margadh Leictreachais Aonair Comhtháite (ii) € '000 | Sócmhainní arna dTógáil (iii) € '000 | Iomlán € '000 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **Costas** | | | | | | | |
| An t-iarmhéid amhail an 30 Meán Fómhair 2023 | 20,408 | 7,410 | 65,673 | 77 | 2,923 | 61,895 | 158,386 |
| Coigeartú ar dheontas an Idirnascaire Cheiltigh (iv) | – | – | – | – | – | – | 21.522 |
| Breiseanna | – | – | – | – | – | 158,834 | 158,834 |
| Diúscairtí | – | – | – | – | – | – | – |
| Aistriú (chuig)/ó aicmí eile | – | 2,833 | 469 | – | – | 3,302 | – |
| An t-iarmhéid amhail an 30 Meán Fómhair 2024 | 20,408 | 10,243 | 66,142 | 77 | 2,923 | 238,949 | 338,742 |
| | | | | | | | |
| **Dímheas** | | | | | | | |
| An t-iarmhéid amhail an 30 Meán Fómhair 2023 | 6,580 | 4,924 | 57,937 | 77 | 2,923 | – | 72,441 |
| An Muirear | 433 | 1,433 | 2,295 | – | – | – | 4,161 |
| Diúscairtí | – | – | – | – | – | – | – |
| An t-iarmhéid amhail an 30 Meán Fómhair 2024 | 7,013 | 6,357 | 60,232 | 77 | 2,923 | – | 76,602 |
| **An tsuim ghlanluacha amhail an 30 Meán Fómhair 2024** | **13,395** | **3,886** | **5,910** | **–** | **–** | **238,949** | **262,140** |
| An tsuim ghlanluacha amhail an 30 Meán Fómhair 2023 | 13,828 | 2,486 | 7,736 | – | – | 61,895 | 85,945 |

(i) Léirítear le costas fhoirgnimh na Cuideachta feabhsúcháin léasachta.
(ii) Baineann an tsócmhainn seo le costais a bhaineann le hathdhearadh an MLA nua agus le Crua-earraí TF.
(iii) Is éard atá i Sócmhainní atá á dTógáil ná crua-earraí TF, teileachumarsáid, saoráidí, INTT agus caiteachas tionscadail an Idirnascaire Cheiltigh. €6.7m (2023: €7.1m) de thionscadal an Idirnascaire Cheiltigh i rith na bliana.
(iv) Tá deontais an Idirnascaire Cheiltigh a fuarthas go dtí deireadh 2022/23 athaicmithe agus taispeánta i Nóta 31 (p) toisc go dtugtar cuntas i leith gach deontais de chineál caipitil mar ioncam iarchurtha sa Chlár Comhardaithe.

## 31 (J) Sócmhainní i ndáil le Ceart Úsáide agus Dliteanais Léasa

| Sócmhainní i ndáil le ceart úsáide | Réadmhaoin € '000 | Mótarfheithiclí € '000 | Iomlán € '000 |
|---|---|---|---|
| **Costas** | | | |
| An t-iarmhéid amhail an 1 Deireadh Fómhair 2022 | 33,331 | 29 | 33,360 |
| Mionathruithe ar léas | – | – | – |
| An t-iarmhéid amhail an 1 Deireadh Fómhair 2023 | 33,331 | 29 | 33,360 |
| Mionathruithe ar léas | – | – | – |
| **An t-iarmhéid amhail an 30 Meán Fómhair 2024** | 33,331 | 29 | 33,360 |
| | | | |
| **Dímheas carntha agus caillteanais laige** | | | |
| An t-iarmhéid amhail an 1 Deireadh Fómhair 2022 | 9,517 | 29 | 9,546 |
| Dímheas | 2,813 | – | 2,813 |
| An t-iarmhéid amhail an 1 Deireadh Fómhair 2023 | 12,330 | 29 | 12,359 |
| Dímheas | 2,744 | – | 2,744 |
| An t-iarmhéid amhail an 30 Meán Fómhair 2024 | 15,074 | 29 | 15,103 |
| **An tsuim ghlanluacha amhail an 30 Meán Fómhair 2024** | **18,257** | **–** | **18,257** |
| An tsuim ghlanluacha amhail an 30 Meán Fómhair 2023 | 21,001 | – | 21,001 |

| Dliteanais léasa | Iomlán € '000 |
|---|---|
| An t-iarmhéid amhail an 1 Deireadh Fómhair 2023 | 25,391 |
| Mionathrú ar léas | – |
| Ús | 340 |
| Íocaíochtaí léasa | (2,547) |
| **An t-iarmhéid amhail an 30 Meán Fómhair 2024** | **23,184** |

| Tá anailís déanta orthu mar seo a leanas: | € '000 |
|---|---|
| Reatha | 2,890 |
| Neamh-Reatha | 20,294 |
| **An t-iarmhéid amhail an 30 Meán Fómhair 2024** | **23,184** |

Taispeánann an tábla thíos an anailís aibíochta a bhaineann leis an dliteanas léasa lascainithe agus neamhlascainithe a eascraíonn as gníomhaíochtaí léasa an Ghrúpa.

| Dliteanais léasa | Lascainithe € '000 | Neamhlascainithe € '000 |
|---|---|---|
| Laistigh de bhliain amháin | 2,890 | 3,194 |
| Idir dhá bhliain agus cúig bliana | 12,399 | 13,197 |
| Tar éis cúig bliana | 7,895 | 8,044 |
| **Iomlán** | **23,184** | **24,435** |

## 31 (J) Ceart Úsáide Sócmhainní agus Dliteanais Léasa (Ar lean)

| Méideanna a aithnítear sa ráiteas comhdhlúite ar ioncam | Iomlán €'000 |
|---|---|
| Dímheas maidir le sócmhainní i ndáil le ceart úsáide | 2,744 |
| Costais a bhaineann le léasanna gearrthréimhseacha | – |
| Íocaíochtaí léasa athraitheacha * | 8 |
| Costais a bhaineann le léasanna de shócmhainní lena mbaineann luach íseal, gan léasanna gearrthréimhseacha de shócmhainní lena mbaineann luach íseal san áireamh | – |
| Ús ar dhliteanais léasa | 340 |

* Tá conradh seirbhíse priontála bainistithe ag an nGrúpa agus tá íocaíochtaí léasa athraitheacha bainteach le húsáid na bunsócmhainne amach anseo, mar sin fágadh na híocaíochtaí seo as an áireamh sa tomhas ar na dliteanais léasa.

| Méideanna a aithnítear sa ráiteas comhdhlúite ar shreabhadh airgid | Iomlán €'000 |
|---|---|
| Iomlán na sreafaí airgid le haghaidh an léasa le linn na bliana* | 2,547 |

*Áirítear iontu costas úis, aisíocaíochtaí príomhshuime, agus speansais léasa ghearrthéarmacha agus ar luach íseal.

## 31 (K) Trádáil agus Infháltais Eile – Méideanna dlite tar éis níos mó ná bliain amháin

| | Nóta | 30 MF 2024 €'000 | 30 MF 2023 €'000 |
|---|---|---|---|
| Réamhíocaíochtaí agus costais iarchurtha tionscadail | | 30,898 | 45,769 |
| Réamhíocaíocht | | 71,804 | 107,837 |
| Infháltais eile | | 35,585 | 79,875 |
| Méideanna dlite ag gnóthais fochuideachta | | 152,741 | 155,336 |
| Ionstraim airgeadais dhíorthach | | – | 4,512 |
| Cáin iarchurtha | 31 (R) | 8,271 | – |
| **Iomlán** | | **299,299** | 393,329 |

Dar leis na Stiúrthóirí go bhfuil suim ghlanluacha na trádála agus na n-infháltas eile thar ar a gcóirluach.

Áirítear le réamhíocaíochtaí agus costais na Cuideachta a bhaineann le tionscadail iarchurtha, costais iarchurtha i ndáil le tionscadail tarchuir de €30.9m. (2023: €45.8m) d'fhéadfadh sé nach mbeidh siad ar fad in-aisghabhála laistigh de dhá mhí dhéag.

Áirítear le nithe infháltais eile €35.7m (2023: €79.9m) a bhaineann le costais aisghabhála a eascraíonn as feidhmiú Rialachán 2019/943 ón Aontas Eorpach maidir leis an margadh inmheánach le haghaidh leictreachais a cuireadh i bhfeidhm ar an 1 Eanáir 2020. Tá an Grúpa sásta go bhfaighidh na costais go léir a eascraíonn as na hábhair seo tacaíocht ó tháille rialáilthe mhargadhbhunaithe. Aithníodh na costais seo trí fhoráil mar atá leagtha amach i Nóta 30 (T).

## 31 (L) Airgead Tirim agus Coibhéisí Airgid Thirim

| | 30 MF 2024 €'000 | 30 MF 2023 €'000 |
|---|---|---|
| Airgead Corparáideach | 170,536 | 278,128 |
| Airgead Srianta/Imfhálaithe | 513,800 | 405,376 |
| **An t-iarmhéid amhail an 30 Meán Fómhair 2024** | **684,336** | 683,504 |

Cuimsítear le hairgead tirim agus coibhéisí airgid thirim airgead tirim arna shealbhú ag an gCuideachta agus taiscí bainc gearrthréimhseacha ag a bhfuil aibíocht de thrí mhí nó níos lú tráth a eisiúna. Measann suim ghlanluacha na sócmhainní seo a gcóirluach. Tá an riosca creidmheasa i ndáil le cistí leachtach toisc gur bainc iad na contrapháirtithe ag a bhfuil rátálacha creidmheasa atá sách ard agus atá sannta ag gníomhaireachtaí idirnáisiúnta rátálacha creidmheasa.

San áireamh le hiarmhéideanna airgid tá taiscí slándála, comhthaobhacht agus bannaí de €39.3m (2023: €31.6m). San áireamh leis na hiarmhéideanna airgid tá €111.1m (2023: €98.9m) arna shealbhú ar iontaobhas le haghaidh rannpháirtithe margaidh sa MAL agus €75.1m (2023: €64.4m) arna shealbhú i gcuntais cúlchiste chomhthaobhaigh an MAL (cuntais shlándála arna sealbhú in ainm na rannpháirtithe margaidh), €náid (2023: €0.6m) a léiríonn airgead nach féidir a úsáid ach amháin chun críocha shócmhainn INTT, €52.5m (2023: €53.5m) a léiríonn airgead nach féidir a úsáid ach chun críocha shócmhainn an Idirnascaire Cheiltigh, €46.1m (2023: €156.4m) d'airgead tirim a dhéantar a imfhalú de réir mar a bhailítear an t-airgead tirim agus a thugtar ar ais don chustaiméir ábhartha agus €189.7m (2023: náid) a bhaineann leis an gcáin amhantair fuinnimh. I gcomhréir le hAcht na hEarnála Fuinnimh (Cáin amhantair san Earnáil Fuinnimh, Teorainn le hIoncaim Mhargaidh) 2023, ghlac OCT EirGrid an ról mar ghníomhaire bailiúcháin um ioncaim bhreise arna nginiúint ag rannpháirtithe (táirgeoirí, idirghabhálaithe agus trádálaithe) ó mhí na Nollag 2022 go Meitheamh 2023.

## 31 (M) Trádáil agus Infháltais Eile – Méideanna dlite laistigh de bhliain amháin

| | 30 MF 2024 €'000 | 30 MF 2023 €'000 |
|---|---|---|
| Infháltais trádála | 1,239 | 1,023 |
| Réamhíocaíochtaí agus costais iarchurtha tionscadail | 91,270 | 66,491 |
| Réamhíocaíocht | 44,651 | 9,774 |
| Taiscí gearrthéarmacha | 134,551 | 50,206 |
| Infháltais neamhbhilleáilte | 168,471 | 157,516 |
| Infháltais eile | 67,310 | 88,995 |
| Infháltais na cánach reatha | 3,608 | 2,815 |
| Méideanna dlite ag an gcuideachta ábhartha | 3,243 | – |
| Méideanna dlite ag gnóthais fochuideachta | 294,729 | 224,850 |
| **Iomlán** | **809,072** | 601,670 |

Áirítear le réamhíocaíochtaí agus costais na Cuideachta a bhaineann le tionscadail iarchurtha, costais iarchurtha i ndáil le tionscadail tarchuir de €47.0m. (2023: €31.0m), agus d'fhéadfadh sé nach mbeifí in ann iad a aisghabháil laistigh de dhá mhí dhéag.

Áirítear le nithe infháltais eile €22.4m (2023: €40.0m) a bhaineann leis an soláthar leanúnach éilimh dlí atá leagtha amach i Nóta 30 (T). I gcás cúitimh bheimis ag súil go mbeadh aon íocaíocht clúdaithe ag cistí a choinnítear ar Chlár Comhardaithe an Ghrúpa ionas go mbeidh na costais in-aisghabhála.

## 31 (N) Trádáil agus Nithe Iníoctha Eile - Méideanna Dlite Laistigh de Bhliain Amháin

| | Nóta | 30 MF 2024 € '000 | 30 MF 2023 € '000 |
|---|---|---|---|
| Nithe Iníoctha Trádála | | 71,261 | 76,766 |
| Fabhraithe | | 321,381 | 284,208 |
| Ioncam iarchurtha | | 4,523 | 3,274 |
| Cánachas agus árachas sóisialta | | 11,827 | 15,043 |
| Nithe Iníoctha eile | | 411,430 | 255,429 |
| Méideanna dlite do ghnóthais fochuideachta | | 33 | 4,980 |
| Deontais | 31 (P) | 151,000 | – |
| Iasachtaí | 31 (Q) | 29,835 | 11,246 |
| Dliteanais léasa | 31 (J) | 2,890 | 2,208 |
| Cáin iarchurtha | 31 (R) | – | 3,243 |
| **Iomlán** | | **1,004,180** | 656,397 |

Cuimsítear le cánachas agus árachas sóisialta na nithe seo a leanas:

| | 30 MF 2024 € '000 | 30 MF 2023 € '000 |
|---|---|---|
| Cáin ioncaim arna hasbhaint faoi ÍMAT | 831 | 762 |
| Árachas sóisialach pá-choibhneasa | 561 | 504 |
| CBL | 10,109 | 12,956 |
| Cáin shiarchoinneálach | 326 | 821 |
| **Iomlán** | **11,827** | 15,043 |

Cuimsítear le nithe iníoctha trádála agus fabhruithe, méideanna gan íoc le haghaidh ceannacháin trádála agus costais leantacha go príomha.

Áirítear le nithe iníoctha eile atá dlite i níos lú ná bliain €108.4m (2023: €86.4m) atá dlite don mhargadh cothromúcháin MLA de bharr ró-aisghabhálacha a íocfar ar ais leis an gcoigeartú ar an táille k-fhachtóra.

## 31 (O) Trádáil agus Infháltais Eile – Méideanna dlite tar éis níos mó ná bliain amháin

| | Nóta | 30 MF 2024 € '000 | 30 MF 2023 € '000 |
|---|---|---|---|
| Ionstraim airgeadais dhíorthach | | 32,569 | – |
| Deontais | 31 (P) | 55,274 | 151,000 |
| Iasachtaí | 31 (Q) | 428,047 | 343,382 |
| Dliteanais léasa | 31 (J) | 20,294 | 23,183 |
| **Iomlán** | | **536,184** | 517,565 |

## 31 (P) Deontais

| | 30 MF 2024 € '000 | 30 MF 2023 € '000 |
|---|---|---|
| An t-iarmhéid amhail an 1 Deireadh Fómhair 2023 | 151,000 | – |
| Athaicmiú dheontas an Idirnascaire Cheiltigh | 21,522 | – |
| Breiseanna | 33,752 | 151,000 |
| Amúchadh | – | – |
| **An t-iarmhéid amhail an 30 Meán Fómhair 2024** | **206,274** | 151,000 |

| **Tá anailís déanta orthu mar seo a leanas:** | **€ '000** | **€ '000** |
|---|---|---|
| Reatha | 151,000 | – |
| Neamh-Reatha | 55,274 | 151,000 |
| **An t-iarmhéid deiridh** | **206,274** | 151,000 |

Ar an 7 Iúil 2022, thug an Coimisiún um Rialáil Fóntas (CRU) treoir do EirGrid cpt faoi Rialachán 28(10) de na Comhphobail Eorpacha chun acmhainneacht giniúna leictreachais éigeandála bhreise a sholáthar do thréimhse an gheimhridh 2023-2024 go dtí an geimhreadh 2025-2026 agus más gá go dtí deireadh an gheimhridh 2026-27. D'fhonn cur ar chumas EirGrid cpt an Treoir a chomhlíonadh, chuir an tAire Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide deontas de €151.0m ar fáil in 2022. Is é cuspóir an deontais soláthar 412MV de ghiniúint éigeandála shealadach bhreise a chur ar fáil don tréimhse ó gheimhreadh 2023-24 go geimhreadh 2025-26 agus, más gá, go dtí deireadh an gheimhridh 2026-27. Cuirtear an t-airgead deontais siar go dtí go gcuireann an Chuideachta an acmhainneacht MV de réir na treorach, meastar go dtarlóidh sé sin in 2024/25.

Faigheann an Grúpa deontais i leith thionscadal an Idirnascaire Cheiltigh faoi chlár na Saoráide um Chónascadh na hEorpa (SCE), sásra airgeadais an Aontais Eorpaigh chun tacú le bonneagar tras-Eorpach. Is nasc leictreach nua é an tIdirnascaire Ceilteach idir an Fhrainc agus Éire atá á chomhfhorbairt ag EirGrid cpt agus OCT na Fraince – Réseau De Transport D'Électricité ('RTE'). Fuarthas €33.8m de dheontais SCE i rith na bliana, rud a thug iomlán na ndeontas SCE go dtí €55.2m ag deireadh na bliana.

## 31 (Q) Iasachtaí

| | Iomlán 30 MF 2024 € '000 | In-aisíoctha i dtráthchodanna 30 MF 2024 € '000 | In-aisíoctha ar bhealach eile seachas tráthchodanna 30 MF 2024 € '000 | Iomlán 30 MF 2023 € '000 | In-aisíoctha i dtráthchodanna 30 MF 2023 € '000 | In-aisíoctha ar bhealach eile seachas tráthchodanna 30 MF 2023 € '000 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **In-aisíoctha laistigh de bhliain amháin:** | | | | | | |
| Iasachtaí bainc | 29,835 | 11,735 | 18,100 | 11,246 | 11,246 | – |
| Iomlán na n-iasachtaí reatha | 29,835 | 11,735 | 18,100 | 11,246 | 11,246 | – |
| **In-aisíoctha tar éis níos mó ná bliain amháin:** | | | | | | |
| Idir bliain amháin agus dhá bhliain | 12,235 | 12,235 | – | 11,734 | 11,734 | – |
| Idir dhá bhliain agus cúig bliana | 83,205 | 63,205 | 20,000 | 61,570 | 61,570 | – |
| Laistigh de chúig bliana nó níos mó ná sin | 332,607 | 332,607 | – | 270,078 | 270,078 | – |
| Iomlán na n-iasachtaí neamhreatha | 428,047 | 408,047 | 20,000 | 343,382 | 343,382 | – |
| **Iomlán na n-iasachtaí gan íoc** | **457,882** | **419,782** | **38,100** | 354,628 | 354,628 | – |

Aistríodh sciar de na hiasachtaí ón ráta comhlúthach úis go ráta comhlúthach úis seasta agus conarthaí babhtála ráta úis á n-úsáid. Féach Nóta 25 de na ráitis chomhdhlúite airgeadais.

Bhí saoráidí iasachta neamhúsáidte de €950.1m ag an gCuideachta (2023: €964.6m) ar dháta an Chláir Comhardaithe. €538.2m iasachtaí neamhúsáidte do thionscadal an Idirnascaire Cheiltigh; Is iasachtaí neamhúsáidte é €131.9m atá socraithe ionas go mbeidh go leor saoráidí fuireachais ag an nGrúpa chun freastal ar shrianta gan bhuiséad/gan choinne agus íocaíochtaí DS3 agus is saoráid creidmheasa imrothlaigh neamhúsáidte é €280.0m (tá iasacht cairdín €100m san áireamh) chun riachtanais ghearrthéarmacha caipitil oibre a bhainistiú.

## 31 (R) Cáin Iarchurtha

| | Dímheas cánach luathaithe € '000 | Oibleagáidí Sochair Scoir € '000 | Fáluithe sreabhaidh airgid € '000 | Caillteanais chánach € '000 | Iomlán € '000 |
|---|---|---|---|---|---|
| Sócmhainn cánach iarchurtha amhail an 1 Deireadh Fómhair 2022 | 505 | (1,672) | 1,133 | – | (34) |
| Creidmheas don Ráiteas Ioncaim don bhliain | (1,853) | (523) | – | – | (2,376) |
| Muirear ar an Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach | – | 864 | (1,697) | – | (833) |
| Sócmhainn cánach iarchurtha amhail an 30 Meán Fómhair 2023 | (1,348) | (1,331) | (564) | – | (3,243) |
| (Muirear)/Creidmheas ar an Ráiteas ar Ioncam don bhliain | 1,702 | (250) | – | 6,494 | 7,946 |
| (Muirear)/creidmheas don Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach | – | (1,067) | 4,635 | – | 3,568 |
| **Dliteanas cánach iarchurtha amhail an 30 Meán Fómhair 2024** | **354** | **(2,648)** | **4,071** | **6,494** | **8,271** |

## 31 (S) Oibleagáidí Sochair Scoir

Is mar seo a leanas an méid atá sa Chlár Comhardaithe a d'eascair as na hoibleagáidí mar gheall ar na pleananna sochair shainithe seo:

| | 30 MF 2024 € '000 | 30 MF 2023 € '000 |
|---|---|---|
| Luach láithreach na n-oibleagáidí sochair sainithe maoinithe atá maoinithe go hiomlán nó go páirteach | 150,174 | 144,127 |
| Cóirluach shócmhainní na Scéimeanna ag deireadh na bliana | (171,355) | (154,772) |
| **Glansócmhainn** | **(21,181)** | (10,645) |

Mar atá leagtha amach i Nóta 24, tá scéim pinsin amháin coinnithe ar chlár comhardaithe EirGrid cpt. Tá faisnéis curtha ar fáil maidir leis na scéimeanna pinsin sin de réir Nóta 24 de na ráitis airgeadais chomhdhlúite. Toisc nach bhfuil aon difríocht ábhartha idir an fhaisnéis a thugtar sna nótaí comhdhlúite agus faisnéis na Cuideachta, roghnaíodh gan an fhaisnéis seo a atáirgeadh.

## 31 (T) Soláthair

| | Pacáiste Fuinnimh Ghlan €'000 | Soláthar Eile €'000 | Iomlán €'000 |
|---|---|---|---|
| An t-iarmhéid amhail an 30 Meán Fómhair 2023 | 79,875 | 40,031 | 119,906 |
| Aistrithe chuig fabhruithe | – | (20,065) | (20,065) |
| Soláthair déanta i rith na bliana | 20,988 | 2,440 | 23,428 |
| **An t-iarmhéid amhail an 30 Meán Fómhair 2024** | **100,863** | **22,406** | **123,269** |

Tá tuilleadh eolais ar na forálacha seo leagtha amach i Nóta 21 de na ráitis airgeadais chomhdhlúite.

## 31 (U) Ceangaltais Chaipitil

| | 30 MF 2024 € '000 | 30 MF 2023 € '000 |
|---|---|---|
| Caiteachas a ndearnadh conradh dó, ach nach ndearnadh foráil dó sna Ráitis Airgeadais | 556,400 | 653,900 |

Is iad seo sciar na Cuideachtaí de ghealltanais chaipitil tionscadail an Idirnascaire Cheiltigh ar comhshocrú é idir EirGrid cpt agus Réseau De Transport D'Électricité ('RTE').

## 31 (V) Dliteanais Theagmhasacha

Níl an Chuideachta ar an eolas faoi aon dliteanais theagmhasacha ag deireadh na bliana airgeadais.

## 31 (W) Idirbhearta Páirtithe Gaolmhara

Is eagraíocht tráchtála stáit Éireannach é EirGrid cpt agus, mar sin de, is páirtí é atá gaolmhar le Rialtas na hÉireann. Tá tuilleadh sonraí faoi idirbhearta páirtithe gaolmhara leagtha amach sna ráitis airgeadais chomhdhlúite i Nóta 28.

Tá Comhaontú Bonneagair i bhfeidhm idir an Grúpa agus BSL faoi choimirce an Choimisiúin um Rialáil Fóntas (CRU), i ndáil le róil úinéir agus oibritheoir an chórais tarchurtha. Nochtar na hidirbhearta faoin gcomhaontú seo i Nóta 28.

Ar an 7 Iúil 2022, thug an Coimisiún um Rialáil Fóntas (CRU) treoir do EirGrid cpt faoi Rialachán 28(10) de na Comhphobail Eorpacha chun acmhainneacht giniúna leictreachais éigeandála bhreise a sholáthar do thréimhse an gheimhridh 2023-2024 go dtí an geimhreadh 2025-2026 agus más gá go dtí deireadh an gheimhridh 2026-27. D'fhonn cur ar chumas EirGrid cpt an Treoir a chomhlíonadh, chuir an tAire Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide deontas de €151.0m ar fáil in 2022 (Féach ar Nóta 30 (P) le haghaidh tuilleadh sonraí). Tá conarthaí déanta ag EirGrid cpt le BSL freisin a sholáthraíonn sócmhainní giniúna éigeandála sealadacha. Thabhaigh EirGrid cpt costais dhíreacha Giniúna Éigeandála Sealadaí de €197.2m (2023: €121.7m). San áireamh i nithe trádála iníoctha tá €náid (2023: €16.6m) iníoctha le BSL agus bhí €13.8m (2023: €37.9m) san áireamh i bhfabhruithe i leith na gcomhaontuithe seo.

Ráthaíonn EirGrid cpt iasachtaí ó Chuideachta Gníomhaíochta Ainmnithe Idirnascaire EirGrid trí struchtúr trasráthaíochta. Tá litreacha tacaíochta eisithe ag an gCuideachta dá fochuideachtaí EirGrid UK Holdings Teoranta, Cuideachta Gníomhaíochta Ainmnithe Idirnascaire Eirgrid agus an Cuideachta Gníomhaíochta Ainmnithe Idirnascaire Ceilteach EirGrid.

Tá leas bainte ag an gCuideachta as an díolúine faoi mhír 8(k) de CTA101, gan idirbhearta le fochuideachtaí comhlacha atá go hiomlán faoina úinéireacht a nochtadh. Níl SONI Teoranta ina fhochuideachta a thuilleadh tar éis chinneadh an RF i leith rialachas SONI, ar a dtugtar tuilleadh sonraí i nóta 6. Is páirtí gaolmhar fós é, áfach, toisc go bhfuil sé 100% faoi úinéireacht EirGrid UK Holdings atá ina fhochuideachta de chuid EirGrid cpt agus aithnítear SONI Teoranta mar infheistíocht ag cóirluach sna ráitis airgeadais chomhdhlúite.

Thug Eirgrid cpt Tiomantas Máthairchuideachta do SONI Teoranta dar luach £10.0m (2023: £10.0m).

## 31 (W) Idirbhearta Páirtí Ghaolmhair (Ar lean)

Ar an 30 Meán Fómhair 2024, bhí €3.2m san iomlán iníoctha ag SONI Teoranta le EirGrid cpt. Bhí an ghluaiseacht san iarmhéid seo mar a leanas:

| | 30 MF 2024<br>€ '000 |
|---|---|
| Iarmhéid ar an 1 Deireadh Fómhair 2023 | 3,228 |
| Gluaiseachtaí i rith na bliana | 15 |
| **An t-iarmhéid deiridh** | **3,243** |

Tá polasaí um leithdháileadh costas ag EirGrid le cinntiú go ndéantar costais a athmhuirearú ar an gceadúnaí nó an fhochuideachta cheart. Déantar costais mar sheirbhísí corparáideacha, saoráidí agus costais líon na bhfostaithe a athmhuirearú ar bhonn modhanna córasacha um leithdháileadh agus leithdháiltear costais caiteachais caipitil i gcoitinne ar aon dul le socruithe sonracha arna bhfaomhadh ag an rialtóir. Leis an gcur chuige sin cinntítear go gcomhlíontar na ceanglais rialála agus go leithdháiltear costais go cothrom. I gCinneadh an RF ar Rialachas, shonraigh an RF gurb í an phríomhoibleagáid a ghabhann le Cuid B de Choinníoll 42 ná "nach mór don Cheadúnaí (OCT SONI) a chinntiú maidir le gach gníomhaíocht a dhéanann sé agus é i mbun a ghnó mar Oibritheoir Córais Tarchurtha go ndéantar trí mheán bainistíochta ar leithligh agus acmhainní ar leithligh iad. Tá próiseas díchumaisc SONI idir lámha agus le linn na tréimhse aistrithe, beidh feidhm ag an sciar de na costais agus de na hathmhuirearuithe leis na feidhmeanna sin a roinntear fós.

## 31 (X) Teagmhais Iarchláir Chomhardaithe

Níor tharla aon teagmhas eile idir an dáta tuairiscithe agus an dáta ar ar fhaomh an Bord na ráitis airgeadais, a dteastódh nochtadh agus/nó coigeartú ar na ráitis airgeadais ina leith.

## 31 (Y) Faomhadh na Ráiteas Airgeadais

D'fhaomh an Bord na Ráitis Airgeadais ar an 24 Eanáir 2025.

# Nótaí



EirGrid
GROUP


**Grúpa EirGrid**

An tUbhchruth,
160 Bóthar Shíol Bhroin,
Droichead na Dothra,
Baile Átha Cliath D04 FW28

**T +353 1 677 1700**

**eirgridgroup.com**